



 Foras na Gaeilge



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

An Suirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025: **Cumas, Úsáid agus Dearcthaí ar Oileán na hÉireann**

Colin J. Flynn

Noel Ó Murchadha

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Suirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025: Cumas, Úsáid agus Dearcthaí ar Oileán na hÉireann
Colin J. Flynn, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide,
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Noel Ó Murchadha, Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Bealtaine 2026

Ar fáil le híoslódáil ó: www.tara.tcd.ie

DOI: <https://doi.org/10.25546/112714>

Conas tagairt don tuarascáil seo:

Flynn, C. J. & Ó Murchadha, N. (2026). An suirbhé ar dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025: Cumas, úsáid agus dearcthaí ar Oileán na hÉireann. Coláiste na Tríonóide. <https://doi.org/10.25546/112714>

Cóipcheart © Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2, Éire

Foilsithe ag: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Aistriúchán Gaeilge: Snasta Teoranta

Dearadh: Pixelpod

Maoinithe ag: Foras na Gaeilge

Na húdair

Ba é **Colin J. Flynn** céad údar na tuarascála seo. Is Ollamh Cúnta le Teangeolaíocht Fheidhmeach é i Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Díríonn a chuid taighde ar ghnéithe síceolaíochtúla agus sóisialta den fhoghlaím teanga, den dátheangacha agus den ilteangachas.

Ba é **Noel Ó Murchadha** príomhthaighdeoir an tionscadail seo. Is Ollamh Comhlach le hOideachas Teanga é i Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé ina thionólaí chomh maith ar an nGrúpa Taighde um Úsáid Teanga agus Ilteangachas san Oideachas (LUMIERE). Is é an réimse taighde atá aige ná an tsochtheangeolaíocht.

Buíochas

Is iad Foras na Gaeilge a mhaoinigh an tionscadal seo agus ba mhaith leis na húdair buíochas a ghabháil le foireann an Fhorais as a n-ionchur, go háirithe John Walsh a choimisiúnaigh an taighde agus a chuir comhairle ar fáil le linn an phróisis. D'oibrigh Ipsos B&A i gcomhpháirt le foireann Choláiste na Tríonóide ar an mbailiú sonraí agus gabhaimid buíochas leis an bhfoireann ar fad ó Ipsos B&A a raibh baint acu leis an obair as a ngairmiúlacht agus a n-éifeachtúlacht, go háirithe Tarik Laher, Rachel Mulcahy agus Luke Reaper. Gabhaimid buíochas le Eugene McKendry a dhein moltaí luachmhara maidir leis an gcaibidil ar Thuaisceart Éireann agus a chuir aiseolas ar fáil ar dhréacht den chaibidil sin chomh maith. Chuir Mirain Rhys agus Ane Ortega treoir agus aiseolas ar fáil maidir leis na rannóga ar an mBreatnais agus ar an mBascais faoi seach agus gabhaimid buíochas leo as sin. Táimid buíoch de Lauren Kavanagh as an ionchur agus as an gcomhairle shuntasach a chuir sí ar fáil maidir leis an anailís staitistiúil ar na sonraí.

Táimid buíoch de Geraldine Fitzgerald agus Monica Shanchidrian i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as lámh chunta a thabhairt le gnéithe difriúla den tuarascáil. Chuir Dónall Ó Baoill agus Pádraig Ó Duibhir ionchur tábhachtach ar fáil mar phiarmheasúnóirí, agus táimid buíoch go rabhamar in ann tarraingt ar a saineolas. Is iad Snasta Teoranta a d'aistrigh an leagan Béarla den tuarascáil go Gaeilge agus gabhaimid buíochas leo as a n-obair ar an leagan sin den tuarascáil. Is iad Pixelpod a dhear an tuarascáil dheireanach, agus ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Yvonne Rath as a dúthracht leis an ngné sin den obair. Ar ndóigh, ní bheifí in ann an taighde seo a chur i gcrích murach an 1,498 rannpháirtí a ghlac páirt ann agus aithnímid go buíoch an t-am a chaith siad leis agus an t-ionchur a chuir siad ar fáil. Is iad na húdair amháin atá freagrach as ábhar na tuarascála agus as aon dearcadh a chuirtear in iúl inti.

Clár an ábhair

Buíochas	iv
Clár an ábhair	v
Liosta na dtáblaí	vii
Liosta na bhfíoracha	ix
Achoimre fheidhmeach	x
1. Réamhrá	1
1.1 Réamhrá	2
1.2 Sainmhíniú ar an dearcadh	2
1.3 Dearcthaí teanga	2
1.4 Dearcthaí i leith na Gaeilge	3
1.5 Struchtúr na tuarascála	4
2. An Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann	5
2.1 Réamhrá	6
2.2 Aistriú agus athbheochan teanga in PÉ	6
2.3 Reachtaíocht agus beartas in PÉ	8
2.4 An Ghaeilge san oideachas in PÉ	11
2.5 Dearcthaí i leith na Gaeilge in PÉ	14
2.6 Achoimre	15
3. An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann	16
3.1 Réamhrá	17
3.2 Aistriú agus athbheochan teanga in TÉ	17
3.3 Reachtaíocht agus beartas in TÉ	20
3.4 An Ghaeilge san oideachas in TÉ	22
3.5 Dearcthaí i leith na Gaeilge in TÉ	25
3.6 Achoimre	27
4. Comhthéacsanna inchomparáide: An Bhreatain Bheag agus Pobl Féinrialaithe Thír na mBascach	28
4.1 Réamhrá	29
4.2 An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag	29
4.2.1 Comhthéacs agus stádas na teanga	29
4.2.2 Iarrachtaí athbheochana teanga	29
4.2.3 Beartas Breatnaise le déanaí	30
4.2.4 Úsáid na Breatnaise agus dearcthaí i leith na teanga	30
4.2.5 An Bhreatnais sa chóras oideachais	31
4.3 An Bhascais i bPobl Féinrialaitheach Thír na mBascach	33
4.3.1 Comhthéacs agus stádas na teanga	33
4.3.2 Iarrachtaí athbheochana teanga	33
4.3.3 Beartas Bascaise le déanaí	34
4.3.4 Úsáid na Bascaise agus dearcthaí i leith na teanga	34
4.3.5 An Bhascais sa chóras oideachais	34

4.4	Achoimre	35
5.	An Mhodheolaíocht	36
5.1	Réamhrá	37
5.2	Dearadh na samplaí	37
5.2.1	Dearadh an tsampla le haghaidh Phoblacht na hÉireann	37
5.2.2	Dearadh an tsampla le haghaidh Thuaisceart Éireann	38
5.3	Sampla agus ráta freagartha: Poblacht na hÉireann	38
5.4	Sampla agus ráta freagartha: Thuaisceart Éireann	39
5.5	Ualú ceartaitheach	39
5.6	An ceistneoir	40
5.7	Oiliúint agallóirí	40
5.8	Suirbhé píolótach	41
5.9	Agallóireacht phearsanta ríomhchuidithe	41
5.10	Eitic, toiliú agus cosaint sonraí	41
5.11	Achoimre	41
6.	Torthaí 2025	44
6.1	Réamhrá	43
6.2	Inniúlacht sa Ghaeilge	43
6.2.1	Cumas labhartha na Gaeilge (féintuairiscithe)	43
6.2.2	Cumas Gaeilge a léamh	47
6.3	Minicíocht labhartha na Gaeilge	47
6.4	Dearcthaí i leith na Gaeilge	56
6.4.1	Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge	56
6.4.2	Dearcadh i leith oideachas na Gaeilge	60
6.4.3	Dearcadh i leith bheartas an rialtais maidir leis an nGaeilge	63
6.4.4	Todhchaí na Gaeilge	65
6.5	Achoimre	66
7.	Plé agus tátal	67
7.1	Réamhrá	68
7.2	Achoimre ar na torthaí	68
7.3	Comhthéacs thorthaí an tsuirbhé	69
7.4	Moltaí ó thaobh beartais de	72
7.5	Moltaí maidir le leaganacha eile den suirbhé amach anseo	74
7.6	Tátal	75
8.	Tagairtí	76
9.	Aguisín: An ceistneoir	85

Liosta na dtáblaí

Tábla 1: <i>Dáileadh iarbhair an tsampla vs dáileadh ualaithe an tsampla: Poblacht na hÉireann</i>	39
Tábla 2: <i>Dáileadh iarbhair an tsampla vs dáileadh ualaithe an tsampla: Tuaisceart Éireann</i>	40
Tábla 3: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	43
Tábla 4: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha de réir inscne agus aoise, Poblacht na hÉireann</i>	44
Tábla 5: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha de réir inscne agus aoise, Tuaisceart Éireann</i>	44
Tábla 6: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir féiniúlachta náisiúnta, Tuaisceart Éireann</i>	45
Tábla 7: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir reiligiúin, Tuaisceart Éireann</i>	45
Tábla 8: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir saoránachta, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	45
Tábla 9: <i>Deacrachtaí a tuairiscíodh i ndáil le gnéithe den Ghaeilge labhartha i measc na bhfreagróirí a dheimhnigh leibhéal éigin líofachta, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	46
Tábla 10: <i>Iarrachtaí ar an nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú mar dhuine fásta</i>	46
Tábla 11: <i>An leibhéal oideachais is airde i measc na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	46
Tábla 12: <i>Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha i measc daoine le céim agus daoine gan chéim, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	47
Tábla 13: <i>Cumas Gaeilge a léamh i measc freagróirí le roinnt Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	47
Tábla 14: <i>Minicíocht labhartha na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	47
Tábla 15: <i>Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir aoise agus inscne, Poblacht na hÉireann</i>	48
Tábla 16: <i>Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir aoise agus inscne, Tuaisceart Éireann</i>	48
Tábla 17: <i>Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir leibhéal líofachta, Poblacht na hÉireann</i>	49
Tábla 18: <i>Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir leibhéal líofachta, Tuaisceart Éireann</i>	49
Tábla 19: <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge sa bhaile le linn óige na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	49
Tábla 20: <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir mhinicíocht úsáide na teanga sa bhaile le linn óige na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann</i>	49
Tábla 21: <i>Leibhéal teagmhála leis an nGaeilge sa bhunscoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	50
Tábla 22: <i>Leibhéal teagmhála leis an nGaeilge san iarbhunscoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	50
Tábla 23: <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir leibhéal teagmhála leis an nGaeilge sa bhunscoil, Poblacht na hÉireann</i>	50
Tábla 24: <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir leibhéal teagmhála leis an nGaeilge sa bhunscoil, Poblacht na hÉireann</i>	50
Tábla 25: <i>Cuimhní na bhfreagróirí i dtaca le dearcadh na dtuismitheoirí ar fhoghlaim na Gaeilge ar scoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	51
Tábla 26: <i>Cumas labhartha Gaeilge na máithreacha, de réir na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	52
Tábla 27: <i>Cumas labhartha Gaeilge na n-aithreacha, de réir na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	52
Tábla 28: <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir chumas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge,</i>	

<i>Poblacht na hÉireann</i>	53
<u>Tábla 29:</u> <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge sa bhaile, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	53
<u>Tábla 30:</u> <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge san ionad oibre, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	53
<u>Tábla 31:</u> <i>Úsáid na Gaeilge i measc phiaraí na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	53
<u>Tábla 32:</u> <i>Leibhéal na rannpháirtíochta i gclubanna nó in imeachtaí Gaeilge</i>	54
<u>Tábla 33:</u> <i>Minicíocht úsáide cineálacha éagsúla meán Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	54
<u>Tábla 34:</u> <i>Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	56
<u>Tábla 35:</u> <i>Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge, de réir inscne agus aoise, Poblacht na hÉireann</i>	56
<u>Tábla 36:</u> <i>Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge, de réir inscne agus aoise, Tuaisceart Éireann</i>	56
<u>Tábla 37:</u> <i>Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge, de réir féiniúlachta náisiúnta, Tuaisceart Éireann</i>	57
<u>Tábla 38:</u> <i>An tábhacht a fheictear a bhaineann leis an nGaeilge a bheith agat le bheith fíor-Ghaelach, Poblacht na hÉireann</i>	57
<u>Tábla 39:</u> <i>Dearcadh i leith an chláir scoile ‘is oiriúnaí do fhormhór mór leanaí an lae inniu’, Poblacht na hÉireann</i>	62
<u>Tábla 40:</u> <i>Dearcadh i leith an chláir scoile ‘is oiriúnaí do mhórmhór leanaí an lae inniu’, Tuaisceart Éireann</i>	62
<u>Tábla 41:</u> <i>Dearcadh i leith sheasamh an rialtais reatha i dtaobh na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	63
<u>Tábla 42:</u> <i>An t-aon rogha amháin is fearr leis na freagróirí maidir le todhchaí na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann</i>	66

Liosta na bhfíoracha

Fíor 1: Cion na ndaoine a raibh Gaeilge acu agus a raibh comhrá acu sa teanga le linn na seachtaine sin, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	48
Fíor 2: Cúiseanna na dtuismitheoirí le go bhfoghlaimeodh a gcuid leanaí Gaeilge ar scoil (iad siúd i bhfabhar), Poblacht na hÉireann	51
Fíor 3: Cúiseanna na dtuismitheoirí le go bhfoghlaimeodh a gcuid leanaí Gaeilge ar scoil (iad siúd i bhfabhar), Tuaisceart Éireann	52
Fíor 4: Úsáid na meán sóisialta agus na n-ardán teachtaireachta ag freagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	55
Fíor 5: Cion úsáideoirí na meán sóisialta nó na n-ardán teachtaireachta a rinne cumarsáid as Gaeilge orthu, Poblacht na hÉireann	55
Fíor 6: Cion úsáideoirí na meán sóisialta nó na n-ardán teachtaireachta a rinne cumarsáid as Gaeilge orthu, Tuaisceart Éireann	55
Fíor 7: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur teanga mharbh í an Ghaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	57
Fíor 8: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur cuma leis an gcuid is mó daoine bealach amháin nó eile faoin nGaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	58
Fíor 9: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas nach mbeadh Éire/Tuaisceart Éireann ann mar atá siad i bhfírinne gan phobal na Gaeilge	58
Fíor 10: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas nach mór an Ghaeilge a bheith ag duine chun traidisiúin chultúrtha na hÉireann a thuiscint i gceart, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	59
Fíor 11: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur cinnte go gcaillfeadh Éire/Tuaisceart Éireann a féiniúlacht mar chultúr ar leith go cinnte gan an Ghaeilge	60
Fíor 12: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur cuma leis an bhfreagróir cé acu an Ghaeilge nó an Béarla a bheadh á labhairt, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	60
Fíor 13: Dearcadh i leith fhoghlaime na Gaeilge ar scoil, Poblacht na hÉireann	61
Fíor 14: Dearcadh i leith fhoghlaime na Gaeilge ar scoil, Tuaisceart Éireann	61
Fíor 15: Toilteanas tuismitheoirí a gcuid leanaí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann in aice láimhe: Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	62
Fíor 16: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis na ráitis ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge, Poblacht na hÉireann	63
Fíor 17: A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis na ráitis ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge, Tuaisceart Éireann	64
Fíor 18: An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú, Poblacht na hÉireann	64
Fíor 19: An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú, Tuaisceart Éireann	65
Fíor 20: An tábhacht a leag tuismitheoirí ar an nGaeilge a bheith ag a gcuid leanaí agus iad ag fás aníos, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann	65

Achoimre fheidhmeach

Cúlra

Tríd an taighde ar dhearcthaí teanga, faightear léargas luachmhar ar an gcaoi a ndéanann daoine a mbealach tríd an saol sóisialta acu. Cé go dtugann dearcthaí teanga tuiscint dúinn ar a motháíonn daoine faoi theanga ar leith, tá níos mó i gceist leo ná cúrsaí teanga amháin. Is léiriú iad ar an gcaoi a mbreathnaíonn an tsochaí ar chainteoirí na teanga áirithe sin. Nochtann siad na luachanna sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla a bhaineann leis an teanga, lena n-áirítear an ról atá aici i bhforbairt agus i gcur in iúl féiniúlachtaí pearsanta, grúpa agus náisiúnta. D'fhéadfadh baint a bheith ag dearcadh duine leis na teangacha a bheartaíonn sé a fhoghlaim, cé chomh maith agus a fhoghlaimíonn sé iad, cé chomh minic a úsáideann sé teanga, agus na teangacha a úsáideann sé i gcomhthéacsanna áirithe agus le daoine áirithe. D'fhéadfadh dearcthaí teanga dul i bhfeidhm ar chinntí chomh maith, amhail cá háit a socraíonn duine cur faoi, dul ag obair agus dul ar saoire, agus na scoileanna a roghnaíonn sé dá chuid páistí. Maidir le beocht teangacha mionlaigh, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag dearcthaí teanga maidir le cé acu a théann teanga faoi aistriú teanga nó a dhéantar iarrachtaí athbheochana ina leith. Céim rithabhachtach is ea léargas a fháil ar dhearcthaí teanga le beartas teanga atá idir láidir agus éifeachtach a cheapadh.

Tógtar sa tuarascáil seo ar thraidisiún seanbhunaithe taighde ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Is siar sna 1970idí a tosaíodh ag déanamh mórthaighde suirbhé-bhunaithe ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus, i gcás Phoblacht na hÉireann (PÉ), tá leaganacha den suirbhé céanna á ndéanamh thart ar gach 10 mbliana ó shin i leith. Rinneadh an suirbhé i dTuaisceart Éireann (TÉ) den chéad uair sa bhliain 2001, mar chuid de shuirbhé uile-oileáin maoinithe ag Foras na Gaeilge, agus tá an dlínse sin san áireamh i ngach suirbhé atá déanta ó shin. San iomlán, is léiriú é an bailiúchán saothar seo ar an dearcadh atá agus a bhí ag an bpobal i gcoitinne in PÉ agus in TÉ araon i leith na Gaeilge, agus ar an dearcadh atá acu i leith bheartas an rialtais i ndáil leis an teanga. Ar ndóigh, is in dhá chomhthéacs shochtheangeolaíocha an-éagsúil a rinneadh na suirbhéanna, agus ní mór iad sin a thuiscint maidir le stádas na Gaeilge sa dá dhlínse.

In PÉ, tá cás sochtheangeolaíoch na Gaeilge casta go leor. Tá ardstádas ag an teanga i measc an phobail i gcoitinne ó thaobh luach siombalach de, ach ní úsáideann ach mionlach beag den phobal go rialta í. Ós í an teanga náisiúnta agus príomhtheanga oifigiúil an stáit í, tá leibhéal aitheantais bhunreachtúil agus tacaíochta institiúidí ag an nGaeilge atá neamhghnách i gcomparáid le go leor teangacha mionlaigh eile go hidirnáisiúnta. Is ábhar lárnach í an Ghaeilge ó thús deireadh na bhunscoile agus na hiarbhunscoile, tá sí seanbhunaithe i riarachán poiblí agus i ggraoltóireacht, tá tacaíocht reachtaíochta aici faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus tá stádas iomlán aici mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, léiríonn sonraí daonáirimh go dtuairiscíonn cuid shuntasach den daonra arís is arís eile go bhfuil cumas éigin acu sa Ghaeilge, agus chuir 40% de na freagróirí sa daonáireamh ba dhéanaí in iúl gur féidir leo an teanga a labhairt. Bíodh sin mar atá, níor chuir ach mionlach sách beag (1%) in iúl sa daonáireamh go raibh Gaeilge á húsáid go laethúil acu lasmuigh den chóras oideachais. Is i líon beag ceantair Ghaeltachta atá an Ghaeilge fós i réim mar ghnáth-theanga an phobail den chuid is mó, áit a bhfuil ard-dlús de chainteoirí laethúla na teanga. Fiú sna ceantair siúd is láidre ó thaobh na Gaeilge de, ní haon dóithín é an Ghaeilge a choinneáil i réim mar theanga bhaile agus phobail. Lasmuigh den Ghaeltacht, tá ról le himirt ag nuachainteoirí Gaeilge — dream is iondúil a fhoghlaimíonn an teanga ar scoil — i mbeocht na teanga a chothú amach anseo.

In ainneoin gur réasúnta annamh a úsáidtear í, tríd is tríd, tá dearcthaí i leith na Gaeilge in PÉ dearfach i gcónaí le himeacht ama. Tá tuairiscithe ag tromlach mór go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge, agus meastar go forleathan gur comhartha tábhachtach féiniúlachta náisiúnta agus saineiúlachta cultúrtha í an teanga. Tá tacaíocht láidir ann i measc an phobail freisin do rannpháirtíocht an stáit i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge le sonrú fiú i measc daoine a thuairiscíonn gur beag inniúlacht atá acu sa teanga agus nach n-úsáideann ach go hannamh í, má úsáideann in aon chor. Tagann an neamhréireacht dhealraitheach sin idir dearcthaí fabhracha agus úsáid theoranta chun cinn arís is arís eile thar na blianta fada taighde agus tá sí ar cheann de na príomhcheisteanna sochtheangeolaíocha a chaithfear a mheas agus iarracht á déanamh tuiscint a fháil ar ról na Gaeilge sa tsochaí in PÉ. Measann an chuid is mó de dhaoine gur siombail oidhreacht, mhuintearais agus féiniúlachta í an Ghaeilge, cé nach n-úsáidtear chomh minic sin í mar theanga chumarsáide. Tá sé tábhachtach breathnú go mion ar an teannas seo idir dearcthaí teanga agus úsáid teanga chun beartas éifeachtach a cheapadh le tacú leis an nGaeilge agus le lucht labhartha na teanga.

Ní hionann an scéal in TÉ ar bhealaí suntasacha. Sa dlínse seo, is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge i gcomhthéacs atá sainithe go stairiúil ag deighilt pholaitiúil, féiniúlachtaí conspóideacha, agus tacaíocht institiúideach fhánach don teanga. De réir sonraí daonáirimh, tá na leibhéil chumais agus úsáide

níos ísle i gcoitinne ná mar atá in PÉ, agus is beag comhaontú atá ann faoi bhrí shóisialta na teanga de. Tá dlúthbhaint ag cumas sa Ghaeilge, úsáid na teanga, agus dearccháí i leith na teanga le cúla reiligiúnach agus le féiniúlacht náisiúnta. Is i measc an phobail Chaitlicigh agus Náisiúnaigh a bhíonn na dearccháí is dearfaí i leith na Gaeilge de ghnáth, áit a dtuigtear go minic gur acmhainn chultúrtha í an teanga, gur suaitheantas féiniúlachta polaitiúla í, agus gur siombail leanúnachais stairiúil í. I measc an phobail Phrotastúnaigh agus Aontachtaigh, is mó seans go measfar an Ghaeilge a bheith gan tábhacht nó achrannach ó thaobh na polaitíochta de. Tá próifíl dearccháí an phobail Phrotastúnaigh agus Aontachtaigh in TÉ comhdhéanta de mhionlach beag a thacaíonn leis an teanga, tromlach ar cuma leo fúithi den chuid is mó, agus mionlach eile ar féidir leo a bheith thar a bheith naimhdeach i leith na Gaeilge.

Tá na difríochtaí sin leabaithe sa chomhthéacs polaitiúil agus institiúideach níos leithne ina bhfeidhmíonn an Ghaeilge in TÉ. Go stairiúil, níor tugadh an t-aitheantas oifigiúil ná an tacaíocht chórasach chéanna don teanga agus a tugadh in PÉ. Is minic a bhíonn beartas maidir le cur chun cinn na Gaeilge fite fuaite le polaitíocht agus le cur agus cúiteamh ar cheist na féiniúlachta. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta le cúpla scór bliain anuas, lena n-áirítear fás an oideachais trí mheán na Gaeilge, aitheantas faoin gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, agus aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge sa dlínse, tá an Ghaeilge fós ina hábhar conspóide sa díoscúrsa poiblí in TÉ. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag tosca teangeolaíoch ar dearccháí i leith na teanga in TÉ, mar a bhíonn in PÉ freisin, ach bíonn tionchar ag dinimic shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil níos leithne orthu freisin. I gcás TÉ, áfach, tá an dinimic sin deighilte agus bíonn i bhfad níos mó conspóide ann mar gheall uirthi ná mar a bhíonn in PÉ. Sa tuarascáil seo, pléitear torthaí an tsuirbhé is déanaí sa chomhthéacs sin.

An suirbhé

Sa tuarascáil seo, déantar anailís ar dearccháí comhaimseartha i leith na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann bunaithe ar shonraí ó shuirbhé ionadaíoch ar an mórsála a rinneadh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 2025. Seo é an séú leagan de chlár taighde a théann siar breis is dhá scór bliain go leith. Is deis iad torthaí an tsuirbhé, mar sin, iniúchadh a dhéanamh ar na dearccháí reatha i leith na Gaeilge i gcomhthéacs na ndearccháí a tuairiscíodh i suirbhéanna roimhe seo. Amhail na staidéir roimhe seo, tá níos mó i gceist anseo ná dearccháí i leith na Gaeilge agus i leith gnéithe éagsúla de bheartas na Gaeilge amháin. Rinneadh sonraí a ghiniúint freisin ar phróifílí sochdhéimeagrafacha na rannpháirtithe, ar a gcumas sa Ghaeilge agus ar an úsáid a bhaineann siad aisti, dar leo féin. Tugadh faoin tuarascáil seo d'fhonn cur lenár dtuiscint ar dhinimic shochtheangeolaíoch na Gaeilge sa dá dhlinse tráth a bhfuil forbairtí suntasacha beartais ag teacht chun cinn agus plé ag leanúint ar aghaidh ar a bhfuil i ndán don teanga.

Forbraíodh an ionstraim shuirbhé chun comhsheasmhacht a choinneáil le leaganacha roimhe seo den suirbhé, agus ag an am céanna, leasuithe riachtanacha a chur san áireamh chun an dinimic theangeolaíoch agus na comhthéacsanna beartais atá ann faoi láthair in PÉ agus in TÉ a léiriú. Tá an mhodheolaíocht a úsáideadh ag teacht leis an dea-chleachtas sa mhórthaighde suirbhé-bhunaithe. San iomlán, earcaíodh 1,000 rannpháirtí fásta in PÉ agus 498 rannpháirtí fásta in TÉ. Samplaí randamacha dochulacht-bhunaithe a bhí sna samplaí, agus dá bhrí sin, tá siad an-ionadaíoch ar dhaonra iomlán na ndaoine fásta i ngach dlínse agus is féidir na torthaí a ghinearálú chuig na daonraí sin (lamháil earráide PÉ $\pm 3.1\%$, leibhéal muiníne 95%; lamháil earráide TÉ $\pm 4.4\%$, leibhéal muiníne 95%). Baineadh amach rátaí freagartha 50.1% (PÉ) agus 38.5% (TÉ), rátaí atá ag teacht leis na treochtaí rannpháirtíochta reatha sa taighde suirbhé-bhunaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Rinneadh ualú ceartaitheach ar na torthaí d'fhonn iad a chun iad a chur ar aon dul leis an daonra. Rinneadh an méid sin de réir inscne, aoise agus réigiúin, agus trí thagairt do mheastacháin daonra i Suirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar an Lucht Saothair, R1, 2025 in PÉ agus do Dhaonáireamh 2021 in TÉ.

Baineadh úsáid as teicníc na hAgallóireachta Pearsanta Ríomhchuidithe (CAPI) leis an suirbhé a dhéanamh, an chéad uair a úsáideadh an teicneolaíocht seo sa tsraith suirbhéanna seo. Chuir agallóirí oilte de chuid Ipsos B&A agallamh ar na rannpháirtithe ina dteach féin, agus tugadh an rogha dóibh dul faoin agallamh i nGaeilge nó i mBéarla. Cé go bhfuil an suirbhé bunaithe ar shonraí féintuairiscithe, d'fhág an scála agus an dearadh go raibh bonn láidir eimpíreach ann le hanailís a dhéanamh ar phatrúin leathana i dtaobh cumais, úsáide agus dearcadh, agus le hiad sin a chur i gcomhthéacs na suirbhéanna a rinneadh le caoga bliain anuas.

Na torthaí

Maidir le cumas sa Ghaeilge, thuairiscigh beagnach leath (49%) de na daoine fásta i suirbhé 2025 in PÉ go raibh ar a laghad bunlófachta i labhairt na teanga acu, agus thuairiscigh duine as gach deichniúr (10%) ardlófachta sa Ghaeilge. Bhí an figiúr foriomlán maidir le bunlófachta nó ardlófachta sa Ghaeilge ní b'ísle in 2025 ná mar a tuairiscíodh sa suirbhé in 2013 (57%). Bhí an figiúr a tuairiscíodh maidir le hardlófachta ní b'airde in 2013 freisin ag 14%. Bhí an cumas labhartha Gaeilge a féintuairiscíodh i bhfad ní b'ísle in TÉ, áit ar thuairiscigh beagán faoi bhun duine as gach cúigear freagróirí (19%) go raibh ar a laghad bunlófachta acu sa teanga agus nár thuairiscigh ach mionlach beag (2%) go raibh ardlófachta acu. In 2013, thuairiscigh 17% go raibh ar a laghad bunlófachta acu agus 3% go raibh ardlófachta acu.

Toradh suntasach is ea comhchruinniú cumas sa Gaeilge i measc daoine óga sa dá dhlínse. Cuir i gcás gur tuairiscíodh na leibhéil ab airde ardlófachta (17%) i measc rannpháirtithe a bhí idir 18 agus 24 bliain d'aois in PÉ agus nach raibh sé ach leath chomh dóchúil go dtuairisceoidís nach raibh Gaeilge ar bith acu i gcomparáid leo siúd idir 25 agus 44 bliain d'aois (14% i gcomparáid le 29%). In TÉ, bhí dlúthbhaint ag cumas sa Ghaeilge le féiniúlacht náisiúnta agus le ceangal reiligiúnach, agus is i measc na ndaoine a shainaithin iad féin mar Éireannach agus Caitliceach ba mhó a bhí inniúlacht sa Ghaeilge le sonrú (m.sh., thuairiscigh 32% de na Caitlicigh go raibh ar a laghad bunlófachta acu i gcomparáid le 4% de na Protastúnaigh). Bhí baint dhearfach ag leibhéil oideachais ní b'airde le cumas sa Ghaeilge sa dá dhlínse, agus seans ní ba mhó ann go dtuairisceodh siad siúd a raibh céim bainte amach acu ardlófachta i gcomparáid leo siúd gan chéim (PÉ: 13% de dhaoine le céim i gcomparáid le 8% de dhaoine gan chéim; TÉ: 4% de dhaoine le céim i gcomparáid le 1% de dhaoine gan chéim).

Maidir le húsáid na teanga, is rud réasúnta neamhchoitianta fós é Gaeilge a labhairt gach lá – thuairiscigh 9% de dhaoine fásta in PÉ agus 4% in TÉ go n-úsáideann siad an teanga go laethúil. Ba iad 6% (PÉ) agus 1% (TÉ) na figiúirí a tuairiscíodh i suirbhé 2013. Is léir ó shuirbhé 2025 go bhfuil nasc idir cumas féintuairiscithe agus cé chomh minic a úsáidtear an teanga, agus gur mó seans go labhrófaí Gaeilge go rialta i measc na ndaoine siúd a thuairiscigh ardlófachta sa teanga. In PÉ, thuairiscigh breis is dhá thrían de na daoine fásta a raibh ardlófachta acu (68%) go raibh Gaeilge á labhairt acu go laethúil nó go seachtainiúil.

Bhí teagmháil leis an nGaeilge sa bhaile le linn na hóige ina toisc thábhachtach maidir le húsáid na teanga amach sa saol in PÉ. Is i measc na bhfreagróirí siúd a tógadh i dtithe ina raibh Gaeilge á labhairt go laethúil ba mhó seans go labhróidís an teanga mar dhaoine fásta; níorbh fhíor é sin maidir leo siúd nach raibh ach teagmháil theoranta ná teagmháil ar bith acu léi sa bhaile. Bhí dlúthbhaint ag cumas tuismitheoirí sa Ghaeilge, mar aon lena mian go bhfoghlaimedh a gcuid páistí í, le húsáid na teanga faoi láthair freisin. Ba léir chomh maith a thábhachtaí atá an córas oideachais ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de. In PÉ, thuairiscigh tromlach mór díobh siúd a d'fhreastail ar scoileanna inar teagascadh na hábhair go léir trí Ghaeilge go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil nó go seachtainiúil faoi láthair (60% díobh siúd a d'fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 64% díobh siúd a d'fhreastail ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge). Cé gur thuairiscigh rannpháirtithe gur réasúnta annamh a tháinig siad i dteagmháil leis na meáin chumarsáide Ghaeilge, ba mhinice a bhreathnaigh siad ar ábhar teilifíse agus ar ábhar físe ná ar mheáin eile i nGaeilge.

Tríd is tríd, bhí na dearcthaí i leith na Gaeilge dearfach den chuid ba mhó sa dá dhlínse, agus léirigh tromlach na ndaoine tacaíocht don teanga. In PÉ, thuairiscigh tromlach an-mhór (78%) de na freagróirí in 2025 go raibh siad i bhfách leis an nGaeilge ar an iomlán, figiúr atá i bhfad níos airde ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2013 (67%). In TÉ, thuairiscigh tromlach (55%) go raibh siad i bhfách leis an nGaeilge ar an iomlán freisin. Cé gurb ísle an tacaíocht ar an iomlán don Ghaeilge in TÉ ná in PÉ, tá an figiúr sin níos airde ná an mionlach mór (45%) a tuairiscíodh in TÉ i suirbhé 2013.

Níor aontaigh tromlaigh láidre (66%) sa dá dhlínse gur teanga mharbh í an Ghaeilge agus bhí cuid mhaith freagróirí den tuairim go raibh baint idir an Ghaeilge agus saineúlacht a ndlínse: in PÉ, d'aontaigh 70% nach mbeadh Éire ann mar atá sí i bhfírinne gan an Ghaeilge, agus in TÉ d'aontaigh 46% leis an ráiteas céanna i ndáil leis an dlínse sin. Ba léir ó shuirbhé 2025 go raibh tacaíocht shuntasach ann do bheartais éagsúla rialtais ar son na Gaeilge. Chuir tromlach an-mhór in PÉ (idir 71% agus 89%) agus thart ar leath de na freagróirí in TÉ (idir 49% agus 59%) tábhacht le raon tionscnamh beartais rialtais a thacaíonn leis an nGaeilge. Áiríodh orthu sin an Ghaeilge a chothú sa Ghaeltacht, a chinntiú go dteagasctar an Ghaeilge go maith, agus seirbhísí agus acmhainní a chur ar fáil i nGaeilge. Ní raibh ach mionlaigh bheaga in PÉ (13%) agus in TÉ (12%) a d'aontaigh nár cheart don rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn ar chor ar bith.

Maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais, d'aontaigh tromlaigh sa dá dhlínse gur cheart go bhfoghlaimedh gach páiste an Ghaeilge mar ábhar scoile (87% in PÉ agus 57% in TÉ) agus gur cheart go gcuirfí scoileanna lán-Ghaeilge ar fáil sna háiteanna a bhfuil éileamh orthu (84% in PÉ agus 67% in

TÉ). Léirigh mionlaigh shuntasacha tuismitheoirí sa dá dhlínse go mbeidís sásta a gcuid páistí a chur chuig scoileanna lán-Ghaeilge dá mbeadh fáil orthu go háitiúil (in PÉ: 44% i gcás na bunscolaíochta agus 40% i gcás na hiar-bhunscolaíochta; in TÉ: 26% i gcás na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta araon). Tá na figiúirí sin i bhfad níos airde ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2013 (in PÉ: 23% i gcás na bunscolaíochta agus 12% i gcás na hiar-bhunscolaíochta; in TÉ: 18% i gcás na bunscolaíochta agus 11% i gcás na hiar-bhunscolaíochta).

Maidir leis an spriocshamhail theangeolaíoch, is é an rogha ba mhó ar thacaigh rannpháirtithe sa dá dhlínse léi ná samhail dhátheangach ina mbeadh an Béarla mar phríomhtheanga. B'fhearr le breis is leath (55%) de na freagróirí in PÉ an tsamhail sin agus b'fhearr le nach mór leath (44%) de na freagróirí in TÉ í. Ba iad 43% agus 34% na figiúirí a tuairiscíodh in 2013 maidir le PÉ agus TÉ faoi seach. Níor aontaigh ach mionlach an-bheag sa dá dhlínse gur cheart an Ghaeilge a chaitheamh i leataobh agus dearmad a dhéanamh uirthi (1% in PÉ agus 2% in TÉ). Ba iad 1% agus 8% na céatadáin a tuairiscíodh in 2013 maidir le PÉ agus TÉ faoi seach.

Léirmhíniú

Is féidir torthaí shuirbhé 2025 maidir le cumas teanga féintuairiscithe a thuiscint den chuid is mó i gcomhthéacs stádas stairiúil agus reatha na Gaeilge sa chóras oideachais sa dá dhlínse. In PÉ agus in TÉ araon, is beag bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge atá ann i gcomparáid le scoileanna Béarla, agus i gcomparáid le dlínsí eile a bhfuil teangacha mionlaigh acu, ar nós na Breataine Bige agus Phobal Féinrialaitheach Thír na mBascach. Ina theannta sin, is beag clár trí Ghaeilge atá ar fáil sna hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais, agus is fánach na deiseanna atá ann leanúint leis an nGaeilge le taobh ábhair eile sna hearnálacha sin. In PÉ agus in TÉ araon, tá easpa bonneagair agus acmhainní comhordaithe, comhtháite ann i gcomhair forbairt teanga san oideachas aosach — bonneagar agus acmhainní a chuirfeadh ar chumas foghlaimoirí leanúint lena n-aistear teanga tar éis an oideachais éigeantaigh. Tá an scéal mar an gcéanna i gcás na forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí, do léachtóirí agus d'fhostaithe eile san earnáil phoiblí. Ina theannta sin, fágann sraith laghdaithe atá curtha i bhfeidhm ar an íosmhéid ama a chuirtear i leataobh don Ghaeilge i scoileanna in PÉ le trí scór bliain anuas gur deacair an rud é staidéar domhain a dhéanamh ar an nGaeilge na laethanta seo. Tá córas athbheithnithe na ndíolúintí a tugadh isteach le déanaí sa scolaíocht éigeantach ina lae eile ar staidéar na Gaeilge.

Is cúis dóchais go bhfuil na rátaí úsáide laethúla agus seachtainiúla a tuairiscíodh i suirbhé 2025 réasúnta ard agus go bhfuil na dearcthaí i leith na teanga dearfach den chuid is mó. Is cosúil gurb é is údar leis na torthaí sin ná an méadú atá tagtha ar fheasacht an phobail ar an nGaeilge sa tsochaí chomhaimseartha. Tá an Ghaeilge chun tosaigh sa dioscúrsa poiblí le blianta beaga anuas. Is san earnáil acadúil agus san earnáil beartais amháin a bhíodh an plé sin tráth dá raibh, ach anois is minic a bhíonn sé sna meáin chumarsáide agus i mbéal an phobail. Áirítear leis sin, mar shampla, cur agus cúiteamh agus plé ar leochaileacht na Gaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht, tionscnaimh bheartais le déanaí amhail Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus Identity and Language (Northern Ireland) Act 2022 agus an borradh atá faoi na healaíona Gaeilge ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ina dhiaidh sin, tá méadú tagtha ar an méid Gaeilge ar na meáin chraolta in PÉ le blianta beaga anuas mar gheall ar an dualgas atá ar chomhlachtaí poiblí sa dlínse fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge agus mar gheall ar an méadú atá tagtha ar chraoladh teilifíse trí Ghaeilge ag an gcráoltóir náisiúnta RTÉ. Ní cosúil go bhfuil an fás atá ag teacht ar an ilteangachas in Éirinn i láthair na huairé ag déanamh dochar ar bith do na dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge ach an oiread. Ina áit sin, tá seans ann go bhfuil normalú an ilteangachais go ginearálta ag cur le hathmhéasúnú ar ról na Gaeilge sa tsochaí agus le hathfhrámú na teanga mar theanga amháin i measc an-chuid teangacha laistigh de shochaí atá ag éirí níos ilteangaí i gcónaí.

Impleachtaí agus moltaí

Tá roinnt impleachtaí ag baint le torthaí an tsuirbhé i gcomhthéacs an bheartais teanga agus na pleanála teanga. Ar dtús, is ábhar imní iad na leibhéil ísle chumais sa Ghaeilge a tuairiscíodh i gcomhthéacs tionscnamh beartais, go háirithe in PÉ, arb aidhm leo líon foriomlán na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú, chomh maith le líon na n-oibrithe sa tseirbhís phoiblí atá inniúil sa teanga a mhéadú.

Cé gur údar misnigh é go bhfuil na rátaí úsáide laethúla agus seachtainiúla Gaeilge réasúnta ard, mura mbeidh ardleibhéil chumais sa teanga mar bhonn agus mar thaca ag úsáid na Gaeilge, ní dócha go bhféadfar na huaillmhianta beartais maidir leis an nGaeilge a bhaint amach. Bíonn beartas teanga rathúil ag brath cuid mhaith ar líon criticiúil úsáideoirí a bhfuil ardchumas sa teanga acu a bheith ann.

Léiríonn na torthaí ón gcuid den suirbhé a bhaineann le dearcthaí teanga gur dearfach den chuid is mó atá an timpeallacht dearcaidh sa dá dhlínse. Tugann na leibhéil arda tacaíochta don teanga i gcoitinne,

agus d'idirghabháil rialtais ar son na teanga go sonrach, le fios go gcuirfeadh an daonra fásta i gcoitinne fáilte mhór roimh thionscnaimh bheartais bhreise le tacú leis an nGaeilge. Is fianaise iad na torthaí freisin go bhfuil éileamh ar an oideachas trí mheán na Gaeilge i measc mionlaigh shuntasacha tuismitheoirí agus go bhfuil dúil i measc mionlach suntasach den daonra fásta páirt a ghlacadh i ndeiseanna forbartha teanga.

Ar bhonn thorthaí an tsuirbhé, tá roinnt moltaí á ndéanamh a bhaineann le cúrsaí beartais. Tugann an bhearna idir dearcthaí fabhracha i leith na Gaeilge agus na leibhéil chumais sa teanga le fios go bhfuil gá le hidirghabhálacha leanúnacha atá spriocdhírthe ar fhorbairt teanga ar feadh an tsaoil. Ba cheart díriú sa chomhthéacs seo ar bhearta beartais a thabharfadh tús áite do chumas sa Ghaeilge a neartú ar bhonn córasach ar fud na gcóras oideachais. D'fhéadfaí athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar na deiseanna atá ann leis an soláthar réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú sa dá dhlínse. Sna hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais faoi láthair, is sách teoranta atá líon na gclár trí mheán na Gaeilge atá ar fáil agus na deiseanna le staidéar leanúnach a dhéanamh ar an nGaeilge taobh le príomhréimse staidéir eile. D'fhéadfadh méadú ar an soláthar sna hearnálacha sin cur go mór le forbairt cumais sa Ghaeilge i measc an daonra fásta. Is cosúil go bhfuil an laghdú ar an íosmhéid ama a chuirtear i leataobh don Ghaeilge mar ábhar i mbunscoileanna in PÉ ag teacht salach ar spriocanna beartais foriomlána an stáit ó thaobh na Gaeilge de agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh air sin d'fhonn teagmháil leis an nGaeilge a mhéadú ag an leibhéal sin. Má chuirtear i bhfeidhm na moltaí a rinneadh le déanaí le foghlaim teangacha seachas Béarla a dhéanamh reachtúil i mbunscoileanna in TÉ, beidh sé ina dheis luachmhar le cur le foghlaim na Gaeilge sa dhlínse. D'fhéadfaí breathnú ar na deiseanna freisin le soláthar na Gaeilge mar ábhar a leathnú taobh amuigh de scoileanna Caitliceacha agus scoileanna comhtháite sa chóras iar-bhunscolaíochta in TÉ agus, ar an gcaoi sin, cumas sa Ghaeilge a fhorbairt i measc codanna níos leithne den daonra. Dá gcuirfí i gcrích é, d'fhéadfadh forbairt bheartaithe Fhoras na Gaeilge maidir le hionad léiriúcháin Gaeilge i mBéal Feirste cur le leathnú eolais ar an nGaeilge agus le cumas sa teanga i measc sciatha den phobal a bhfuil rochtain theoranta acu ar an teanga faoi láthair. In PÉ, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na ndíolúintí Gaeilge d'fhonn is nach dtabharfaí a leithéid ach i gcúinsí neamhchoitianta agus eisceachtúla, rud nach bhfuil fíor faoi láthair.

D'fhéadfaí breathnú ar ranganna Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta i suíomhanna foirmiúla agus pobal-bhunaithe araon, agus ar chontanam struchtúrtha agus córasach forbartha teanga a thabhairt isteach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí deiseanna breise a chur ar fáil d'fhorbairt na Gaeilge mar chuid den fhorbairt ghairmiúil leanúnach, go háirithe d'oibrithe san earnáil phoiblí agus d'oideoirí i ngach earnáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin deiseanna forbartha teanga a chur ar fáil do dhaoine fásta atá tagtha go PÉ nó TÉ tar éis dóibh oideachas éigeantach a chur i gcrích cheana féin, nó do dhaoine fásta nach raibh an deis acu an Ghaeilge a fhoghlaim san iar-bhunscoil toisc go raibh díolúine acu. Bheadh gá le cúrsaí gaolmhara oideachais do mhúinteoirí san earnáil oideachais aosach ionas go bhféadfaí tacú le haon soláthar leathnaithe do dhaoine fásta. Sa chomhthéacs seo, is fiú súil a choimeád ar bhunú Institiúid Náisiúnta um Foghlaim na Breatnaise atá beartaithe sa Bhreatain Bheag agus a bheidh freagrach as tacú le daoine de gach aois chun an Bhreatnais a fhoghlaim.

Mar fhocal scoir, déantar roinnt moltaí le haghaidh taighde amach anseo. Bhí idir scála agus uaillmhian an staidéir bunaidh a rinne an Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge ina léiriú ar ar féidir a bhaint amach sa chineál seo taighde. Tionscadal ilbhliantúil a bhí ann a raibh an-chuid acmhainní curtha ar fáil dó agus a raibh painéal saineolaithe ina bhun. Chuaigh sé i bhfad ní b'fhaide ná an staidéar seo agus leaganacha eile den suirbhé a rinneadh ó shin. Ar a laghad, d'fhéadfaí a chinntiú go mbeadh a ndóthain acmhainní ag suirbhéanna amach anseo le 1,000 rannpháirtí a earcú sa dá dhlínse. Ó thaobh na modheolaíochta de, moltar go mbeadh gach leagan den suirbhé amach anseo bunaithe ar shamplaí ualaithe le go mbeadh an sampla i gcomhréir le próifíl an daonra i gcoitinne. Moltar freisin go ndéanfaí róshampláil ar an nGaeltacht le sonraí a bhfuil géarghá leo a bhailiú maidir le stádas na Gaeilge sna háiteanna sin a bhfuil an teanga i mbaol mar theanga an phobail. Ionas tógáil ar théagair an tsuirbhé reatha, d'fhéadfaí cur le dearadh leaganacha den suirbhé amach anseo ach leas a bhaint as breis uirlisí cainníochtúla (m.sh., teicníc na pearsa comhoiriúnaithe, nó “matched-guise” mar is fearr aithne uirthi, a úsáideadh i staidéar 1973), chomh maith le hionstraimí cáilíochtúla, amhail agallaimh dhoimhne le foghrúpaí rannpháirtithe a roghnófaí go straitéiseach. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar na sonraí a ghintear trí na leaganacha éagsúla den suirbhé seo a thaisceadh i gcartlann taighde atá ar fáil go poiblí agus, ar an gcaoi sin, rochtain phoiblí fhadtéarmach ar na sonraí a chinntiú. Ar deireadh, agus rud atá an-tábhachtach go deo, tugann an staidéar le fios go bhfuil bearna mhór agus thábhachtach sa bhailiúchán taighde mar atá faoi láthair, is é sin an easpa sonraí mórskála atá bailithe le gairid ar chumas teanga, ar úsáid teanga, agus ar dhearcadh teanga i measc páistí agus daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Is den rithábhacht go dtabharfaí aghaidh ar an mbearna sin, ní hamháin le tuiscint níos fearr a fháil ar bhunús na saincheisteanna inniúlachta a sainathnódh sa taighde seo, ach le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann forbairt ar dhearcadh i leith na Gaeilge i measc na n-óg.



Réamhrá

1. Réamhrá

1.1 Réamhrá

Imscrúdú ar dhearcthaí i leith na Gaeilge ar oileán na hÉireann is ábhar don taighde seo, agus é bunaithe ar shuirbhé ionadaíoch ar an mórsála a rinneadh i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 2025 ¹. Seo é an séú suirbhé agus an suirbhé is déanaí i sraith suirbhéanna ar dhearcthaí i leith na Gaeilge ar cuireadh tús léi go luath sna 1970idí i bPoblacht na hÉireann. Tá an suirbhé, a bhí coimisiúnaithe agus maoinithe ag an gcomhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas, Foras na Gaeilge, dírithe ar inniúlacht féintuairiscithe rannpháirtithe fásta sa Ghaeilge, ar an gcaoi a n-úsáideann siad an teanga agus ar na dearcthaí atá acu i leith na teanga, ar lucht labhartha na teanga agus ar thionscnaimh bheartais a bhaineann leis an teanga. Chomh maith le torthaí agus tátal an tsuirbhé a chur i láthair agus plé a dhéanamh orthu, áirítear sa tuarascáil seo athbhreithniú ar chomhthéacs agus stádas na Gaeilge, dhá thuairisc cás-staidéir ar chomhthéacsanna mionteangacha inchomparáide eile san Eoraip, agus cuntas ar an modheolaíocht a úsáideadh leis na sonraí a ghiniúint agus le hanailís a dhéanamh orthu. Cuirtear tús leis an gcaibidil réamhráiteach seo le sainmhíniú ar dhearcthaí agus ar dhearcthaí teanga, mar aon le plé ar a úsáidí a bhíonn taighde ar dhearcthaí teanga. Déantar achoimre ghearr ansin ar stair an taighde ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Mar chlabhsúr, tugtar breac-chuntas ar struchtúr an chuid eile den tuarascáil.

1.2 Sainmhíniú ar an dearcadh

Is réimse taighde é an dearcadh atá tábhachtach agus seanbhunaithe sna heolaíochtaí sóisialta. Cé nach bhfuil údair ar aon intinn maidir le croí an tsainmhínithe a thugann siad ar an dearcadh, tá sainmhíniú forleathan tugtha air mar “an clonadh le bheith fabhrach nó neamhfhabhrach i leith aicme rudaí” (Sarnoff, 1970, lch. 279). Ina theannta sin, glactar leis go ginearálta gur rud é an dearcadh a fhoghlaimítear, gur freagairt mheastóireachta é (is é sin le rá, fabhrach nó neamhfhabhrach) agus, cé gur féidir athrú a theacht air, gur gnách go bhfanann sé réasúnta seasmhach le himeacht ama (Fishbein & Ajzen, 1975). Deirtear go bhfuil trí ghné ag baint le gach dearcadh: an ghné chognaíoch, an ghné mhothaitheach agus an ghné iompraíoch (Eagly & Chaiken, 1998). Bíodh is go dtagraíonn an ghné chognaíoch do thuairimí agus do smaointe duine, tagraíonn an ghné mhothaitheach do mhothúcháin, agus an ghné iompraíoch don chaoi a ngníomhaíonn duine i leith an rud is ábhar don dearcadh. Is léiriú iad dearcthaí ar na meastóireachtaí a dhéanaimid orainn féin, ar dhaoine eile, ar rudaí, ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar smaointe (Bohner & Wanke, 2002), teanga ina measc.

1.3 Dearcthaí teanga

Tá dearcthaí teanga i lár an aonaigh sa teangeolaíocht ó tosaíodh ag déanamh taighde sa nua-shíctheangeolaíocht agus sa nua-shochtheangeolaíocht ag deireadh na 1960idí agus ag tús na 1970idí. Is beag tábhacht a thugtaí dóibh roimhe sin, áfach. Go dtí lár an fichiú haois, mheasadh cuid mhaith daoine i réimse na teangeolaíochta agus i réimsí gaolmhara eile gur rud tánaisteach nó fiú imeallach a bhí sa staidéar ar úsáideoirí teanga, ar a saol sóisialta agus ar a bhfeasacht ar a dteanga féin i gcomparáid leis an staidéar ar struchtúr na teanga (Gal & Irvine, 1995; Woolard, 1998). D’áitigh Bloomfield (1933), cuir i gcás, nach bhfuil i gceist lena leithéid de shaincheisteanna ach gné amháin den teangeolaíocht—gné nach dtéann go croí na ceiste, cor bealaigh a d’fhéadfá a chur ort féin tar éis rudaí eile a oibriú amach. Bíodh sin mar atá, ó thug Wallace Lambert agus Robert Gardner (m.sh., Gardner & Lambert, 1972) agus William Labov (1966) faoi thaighde ceannródaíoch ar dhearcthaí teanga i réimsí na síceolaíochta (sóisialta) agus na sochtheangeolaíochta faoi seach, tá dearcthaí teanga ina gcroí-réimse imscrúdaithe sna disciplíní sin. D’áitigh Silverstein (1979, lch. 193) ina dhiaidh sin go bhfuil smaointe daoine maidir le teanga ríthábhachtach le tuiscint iomlán a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn teanga. Tá dearcthaí teanga ina ngné lárnach den taighde, ní hamháin i réimsí na síceolaíochta agus na sochtheangeolaíochta, ach i ndisciplíní gaolmhara eile ar nós shíceolaíocht shóisialta na teanga, na teangeolaíochta feidhmí agus léann na cumarsáide chomh maith (Kircher & Zipp, 2022). Tá an scéal

¹ Úsáidimid na téarmaí Poblacht na hÉireann (giorrúchán PÉ) agus Tuaisceart Éireann (giorrúchán TÉ) ó thús deireadh na tuarascála seo. Admhaímid nach bhfuil ceachtar den dá théarma gan locht agus go bhfuil easaontas ann fúthu.

amhlaidh toisc go bhfuil an teanga fite fuaite le saol sóisialta agus cultúrtha an duine.

Is luachmhar an rud é an taighde ar an gcaoi a bhfreagraíonn daoine do theanga ina gcuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí mar gheall go dtugann na freagairtí sin léargas ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad ar an saol sóisialta atá acu (Preston, 2018). Tá sé aitheanta le fada an lá gur mó atá i gceist le dearthaí teanga ná teanga amháin, agus gur féidir leo léargas a thabhairt dúinn chomh maith ar dhearchthaí i leith cainteoirí teangacha áirithe agus i leith na luachanna sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla a bhaineann leis na teangacha sin (Garrett, 2010; Kircher & Zipp, 2022). Ar an mbealach sin, is féidir leo aird a tharraingt ar an gcaoi a mbreathnaíonn daoine ar dhaoine eile agus ar an gcaoi a gcaitheann siad leo, rud a thugann chun solais claontachtaí agus réamhchlaontachtaí atá ann sa tsochaí ach nach gcuirtear in iúl go hoscailte (Kircher & Zipp, 2022). Agus iad ag tarraingt ar thaighde a bhí déanta cheana, leagann Kircher agus Zipp (2022) béim ar an gcaoi a bhféadfadh dearthaí teanga tionchar a imirt ar nithe amháin na teangacha a bheartaíonn daoine a fhoghlaim, cé chomh minic a úsáideann siad teanga, na teangacha a úsáideann siad i gcomhthéacsanna áirithe agus le daoine áirithe, na teangacha a labhraíonn siad lena gclann, cibé acu an dtarlaíonn aistriú nó cailliúint teanga nó cibé acu an gcothaítear nó an athbheoítear iad. Aithnítear, chomh maith leis an méid sin, go bhfuil eolas ar dhearchthaí teanga tábhachtach le bheith in ann beartas éifeachtach teanga a cheapadh.

Tá baint ag na gnéithe éagsúla de dhearchthaí teanga le chéile, ach ní hé sin le rá go mbíonn siad ar aon dul le chéile i gcónaí (Garrett, 2010; Kircher & Zipp, 2022). D'fhéadfadh Éireannach a bheith den tuairim gur scil luachmhar í an Ghaeilge i sochaí an lae inniu agus gur cuid thábhachtach dá fhéiniúlacht aonair agus náisiúnta í, cuir i gcás. Ina shaol ó lá go lá, áfach, d'fhéadfadh sé a bheith sách éighníomhach i leith na teanga. Mar shampla, cé go bhféadfadh duine a bheith réasúnta inniúil sa Ghaeilge, b'fhéidir nach mbeadh comhráite aige sa teanga, nach léifeadh sé ábhar i nGaeilge, nach n-úsáidfeadh sé na meáin chumarsáide Ghaeilge nó nach roghnódh sé a chuid páistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge. Ar an mbealach sin, is féidir le hiompar teangeolaíoch duine léargas a thabhairt ar dhearchthaí teanga atá ag teacht salach de réir dealraimh ar a ndeir sé go hoscailte, ar a smaoiníonn sé agus ar a gcreideann sé. Is cuid dhílis den taighde ar dhearchthaí teanga tuiscint a fháil ar neamhréireachtaí dealraitheacha dá leithéid agus cuireann imscrúdú ar an gcaoi a léirítear iad i gcomhthéacs na Gaeilge go mór lenár dtuiscint ar shochaí na hÉireann.

1.4 Dearthaí i leith na Gaeilge

Ghlac taighdeoirí Gaeilge an taighde ar dhearchthaí teanga chucu féin go luath. Rinneadh an chéad suirbhé foirmiúil ar scála mór ar dhearchthaí an phobail i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann go luath sna 1970idí agus is é an Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge (CILAR) a bhí ina bhun. Dúirt Joshua Fishman, an scoláire mór le rá i réimse an aisiompaithe teanga agus comhairleoir de chuid an Choiste, go raibh an tuarascáil a tháinig as (CILAR, 1975) ar an staidéar tíre ar theanga ab fhearr a léigh sé riamh gan aon agó (Armstrong, 1975). Tá leaganacha den suirbhé céanna á riaradh go rialta ó shin, gach 10 mbliana nó mar sin. D'fhoilsigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) tuarascálacha ar staidéir a rinne macasamhail shuirbhé CILAR sna 1980idí (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1983) agus arís sna 1990idí (Ó Riagáin & Ó Gliasáin, 1993). Bhí ról lárnach ag ITÉ agus a fhoireann i gcuid mhaith den taighde ar dhearchthaí i leith na Gaeilge a rinneadh sna blianta luatha sin, agus tá baint ag Pádraig Ó Riagáin—a d'oibrigh in ITÉ agus, ina dhiaidh sin, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath—le gach leagan den suirbhé atá déanta ó na 1970idí go dtí an lá atá inniu ann.

Rinne Foras na Gaeilge an chéad suirbhé uile-oileáin ar dhearchthaí i leith na Gaeilge a choimisiúnú in 2001 agus bhí sonraí maidir le Tuaisceart Éireann san áireamh ann den chéad uair. Is é Ó Riagáin, ball de CILAR agus céadúdar thuarascálacha 1983 agus 1993, a leag amach an suirbhé sin agus é mar aidhm aige go mbeadh sé ag teacht a bheag nó a mhór leis na suirbhéanna a rinneadh i bPoblacht na hÉireann roimhe sin. Cé nár foilsíodh tuarascáil iomlán ar an suirbhé sin, rinneadh anailís ar chuid de na sonraí in Ó Riagáin (2007) agus Ó Riagáin (2012). Níor foilsíodh an tuarascáil ar an gcéad leagan eile den suirbhé uile-oileáin (Darmody & Daly, 2015) go dtí 14 bliana ina dhiaidh sin, an t-eatramh ab fhaide ó cuireadh tús leis an taighde seo sna 1970idí. Is iad an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Amárach Research a rinne an suirbhé sin, agus chuir Ó Riagáin comhairle ar fáil ar ábhar na hionstraimhe suirbhé.

Mar thoradh ar an obair sin agus in ainneoin mionathruithe a rinneadh ar an gceistneoir, ar an daonra samplach agus ar an modheolaíocht samplála, tá sonraí láidre ar fáil atá ina dtaifead ar dhearchthaí an phobail i leith na Gaeilge le 50 bliain anuas, tréimhse shuntasach ama sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

De bhreis ar an gcróishaorthar sin, is ann do thaighde comhlántach a rinne taighdeoirí eile, inar baineadh úsáid as samplaí ionadaíocha ar an mórsála le breathnú ar dhearchthaí i leith na Gaeilge. Mar shampla,

chuir Micheál Mac Gréil suirbhé ar dhearcthaí i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann san áireamh mar chuid de shraith tionscadal ní ba leithne a bhí dírithe ar dhearcthaí agus ar chineálacha caidrimh idirghrúpa (Mac Gréil, 1977; Mac Gréil, 1996; Mac Gréil & Rhatigan, 2009).

Cé nach raibh daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois san áireamh sa taighde thuas, tá imscrúdú déanta ar a ndearcthaí i leith na Gaeilge agus i leith fhoghlaím na Gaeilge i snáithe taighde tábhachtach eile. Léiriú eile is ea an saothar sin ar a thábhachtaí a bhí ITÉ i dtaighde ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus ar inniúlacht sa Ghaeilge. Chuir Harris agus a chuid comhghleacaithe (m.sh., Harris & Murtagh, 1999; Harris et al., 2006) tomhais ar dhearcadh/spreagadh daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí san áireamh i staidéir níos leithne ar ghnóthachtáil daltaí sa Ghaeilge, rud a léirigh go raibh dearcthaí dearfacha ina dtuar ar ghnóthachtáil níos fearr i measc daltaí i gcuid mhaith cásanna. Díol suntais anseo is ea an easpa taighde ar an mórscála atá déanta le déanaí ar dhearcthaí páistí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) i leith na Gaeilge. Cé go bhfuil fáil ar roinnt sonraí, iad bunaithe den chuid is mó ar líon beag míreanna ceistneora i staidéir níos mó a rinneadh ar an óige agus ar an oideachas in Éirinn, níl suirbhé ionadaíoch ar an mórscála ar dhearcthaí páistí i leith na Gaeilge agus i leith fhoghlaím na Gaeilge déanta i bPoblacht na hÉireann ó bhí 2002 ann agus ní dhearnadh imscrúdú críochnúil ar an mórscála ar an gceist i dTuaisceart Éireann riamh. Cé nach bhfuil sé i gceist ag an taighde seo aghaidh a thabhairt ar an gceist sin anois, is léir gur bearna an-suntasach é sa bhunachar eolais atá ar fáil.

Taobh leis an saothar dóchúlacht-bhunaithe ar an mórscála atá déanta ar dhearcthaí i leith na Gaeilge, is ann do chorpas taighde chomhlántaigh a bhaineann leis an ábhar seo. Tá staidéir chainníochtúla agus cháilíochtúla ar dhearcthaí teanga sa taighde sin nach bhfuil bunaithe ar shamplaí dóchúlachta agus nach bhfuil ceaptha le bheith ionadaíoch. Mar sin féin, cuireann an taighde sin go mór leis an taighde ar dhearcthaí i leith na Gaeilge toisc go mbaintear úsáid as modhanna cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla le dearcthaí i leith na Gaeilge a mheas i measc spriocphobal. Ar an gcaoi sin, is minic a fhaightear tuiscint níos fearr ar dhearcthaí teanga i measc pobail ar leith ná mar is féidir a bhaint de thátal as taighde atá bunaithe ar dhóchúlacht amháin.

1.5 Struchtúr na tuarascála

Tá seacht gcaibidil sa tuarascáil seo. Tar éis na caibidle réamhráití seo, déantar athbhreithniú i gCaibidil 2 agus i gCaibidil 3 ar chomhthéacs na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Déantar tagairt do shonraí daonáirimh le cuntas a thabhairt ar stádas na Gaeilge sa lá atá inniu ann i ndáil le líon na gcainteoirí agus sonraí déimeagrafacha, agus cuirtear an méid sin i gcomhthéacs treochtaí stairiúla an aistrithe teanga agus na hathbheochana teanga sa dá dhlínse. Déantar plé ansin ar stádas na Gaeilge sa reachtaíocht agus i mbeartas oifigiúil stáit sa dá dhlínse, lena n-áirítear athbhreithniú ar sheasamh na teanga sa chóras oideachais. Ar deireadh, déantar anailís ar thaighde a rinneadh roimhe seo ar dhearcthaí teanga sa dá dhlínse.

D'fhoill an Ghaeilge a fhrámú ina comhthéacs idirnáisiúnta mar theanga mhionlaigh, dírithe i gCaibidil 4 ar athbhreithniú ar chomhthéacsanna teangacha mionlaigh eile. Cuirtear i láthair cás-staidéir ar an mBreatnais agus ar an mBascais. Roghnaíodh na comhthéacsanna sin toisc a chosúla atá siad le comhthéacs na Gaeilge ar bhealaí éagsúla. Tugtar breac-chuntas ar stádas na dteangacha sin sna cás-staidéir.

I gCaibidil 5, leagtar amach an mhodheolaíocht a roghnaíodh le haghaidh an staidéir seo. Áirítear leis sin plé ar na ceistneoirí a úsáideadh sa dá dhlínse, na daonraí samplacha agus an straitéis samplála, nósanna imeachta earcaíochta rannpháirtithe agus an mhodheolaíocht a úsáideadh le hanailís a dhéanamh ar na sonraí. Cuirtear an cur chuige a roghnaíodh le haghaidh an staidéir seo i láthair i gcomhthéacs leaganacha eile den suirbhé a rinneadh roimhe seo, go mór mór an suirbhé uile-oileáin in 2013. Aibhsítear na gnéithe den mhodheolaíocht a bhfuil athrú tagtha orthu agus na gnéithe nach bhfuil mar threoir don léitheoir maidir le hinchomparáideacht na dtorthaí.

Leagtar amach i gCaibidil 6 na torthaí ó chomhthéacs Phoblacht na hÉireann agus ó chomhthéacs Thuaisceart Éireann. Leagtar béim ar chumas sa Ghaeilge, ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí i leith na teanga. I gcás gurb ábhartha, cuirtear an méid sin i gcomparáid le próifíl shochdhéimeagrafach na bhfreagróirí.

Sa chaibidil dheireanach, Caibidil 7, tá plé ar na torthaí, chomh maith leis na himpleachtaí agus an tátal is féidir a bhaint astu. Mar chlabhsúr, tá liosta moltaí maidir le beartas agus taighde. Tá liosta iomlán na dtagairtí ag deireadh na tuarascála agus cuirtear cóip den cheistneoir ar fáil san aguisín.



An Ghaeilge i bPoblacht
na hÉireann

2. The Irish Language in the Republic of Ireland

2.1 Réamhrá

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar chomhthéacs na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann (PÉ). Ar dtús, déantar cur síos gairid ar threocht an aistrithe teanga ón nGaeilge chuig an mBéarla mar theanga an phobail sula bpléitear na hiarrachtaí athbheochana teanga atá ag dul ar aghaidh ó dheireadh an 19ú haois. Cuirtear i láthair líon na gcainteoirí, idir stairiúil agus reatha, agus pléitear ansin iad. Pléitear an creat dlíthiúil agus an comhthéacs beartais don Ghaeilge mar atá faoi láthair in PÉ. Ar deireadh, déantar athbhreithniú ar sheasamh na Gaeilge sa chóras oideachais sula dtugtar an chaibidil chun críche le forbheathnú ar thaighde a rinneadh roimhe seo ar dhearccháin i leith na teanga in PÉ.

2.2 Aistriú agus athbheochan teanga in PÉ

Tá an Ghaeilge á labhairt ar oileán na hÉireann ó luathaoiseanna na ré Críostaí, agus tá traidisiún scríofa ag baint léi a théann siar go dtí an 5ú haois (Ó Riagáin, 2007; Stifter et al., 2023). Amach sa chaibidil seo, déanfar plé mionsonraithe ar na hathruithe sóisialta, polaitiúla agus teangeolaíocha a tharla le himeacht ama. Is leor a rá anseo, áfach, gurb é ba chúis lena seasamh mar theanga mhionlaigh in Éirinn, áit a labhraítear Béarla anois den chuid is mó, ná coilíniú, gorta, eisimirce, reachtaíocht frithGhaeilge, lagbheartas agus lagphleanáil teanga, agus dearccháin i leith na teanga.

Faoi thús an 18ú haois, bhí an Ghaeilge ag cúlú go gasta roimh an mBéarla mar mheán cumarsáide labhartha in go leor áiteanna ar fud na tíre (Ó Riagáin, 2007). Faoi dheireadh an 19ú haois, agus an Ghaeilge brúite siar mar theanga labhartha go ceantair iargúlta, bhí trí cheantar canúna ar leith tagtha chun cinn: an Mhumhain, Connachta agus Ulaidh. I gcuid mhaith de Chúige Laighean, áfach, bhí an Ghaeilge ar an dé deiridh mar theanga an phobail (Ó Cuív, 1951), agus toisc a ghasa a tháinig meath ar an teanga sa réigiún ina dhiaidh sin, is beag pobal Gaeilge a bhí fágtha sa chúige faoin 20ú haois.

In ainneoin an mhéid sin, is dócha gurb í an Ghaeilge an teanga ba mhó a bhí i dtreis i measc mhuintir oileán na hÉireann, i gceantair thuaithe ar a laghad agus go háirithe i gCúige Mumhan, i gCúige Chonnacht agus i gContae Dhún na nGall, go dtí tús an 19ú haois (FitzGerald, 1984; Mac Giolla Chríost, 2005; Ó Murchadha, 2021). Téann Wolf (2014) níos faide ná sin ag áitiú gur dócha go raibh an Ghaeilge nach mór i dtreis ar oileán na hÉireann ar feadh cuid mhaith den 19ú haois. Mar a luadh cheana, ní ag an tráth sin ar thosaigh meath na Gaeilge. Is é fírinne an scéil go raibh an Béarla i réim cheana féin i roinnt ceantar, go mór mór ceantair uirbeacha, faoi dheireadh an 17ú haois nó tús an 18ú haois (Mac Giolla Chríost, 2005). Is é Rialtas na Breataine a rinne an chéad daonáireamh a thaifead líon na gcainteoirí Gaeilge sa bhliain 1851. Sa daonáireamh sin, tuairiscíodh gur chainteoirí Gaeilge iad 1,524,286 duine. Tugann Mac Murchaidh (2014) le fios, áfach, go raibh ar a laghad tráchttaire amháin ag an am – Robert Mac Adam, ag scríobh dó sa bhliain 1858 – den tuairim gur meastachán íseal a bhí ann, agus gur thuairiscigh líon suntasach cainteoirí Gaeilge i gceantair dhátheangacha go raibh siad aineolach ar an nGaeilge de bharr náire a bheith orthu, nó toisc go raibh siad ag ceapadh nárbh fhéidir gur chun a leasa a bhí an rialtas agus a leithéid de cheist á chur acu (Mac Murchaidh, 2014).

Tharraing Mac Murchaidh (2014), mar aon le FitzGerald (1984), aird ar chúis eile a luann tráchtairí leis an líon cainteoirí Gaeilge a bheith ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis i ndaonáireamh 1851: gur cuireadh an cheist teanga i bhfonóta ag bun fhoirm an daonáirimh. D'áitigh Adams (1973) gur dócha gur lig go leor áiritheoirí an cheist tharstu nó gur cheap siad nach raibh tábhacht léi de bharr go raibh sí i bhfonóta. Cuireadh an cheist teanga i bhfonóta arís i ndaonáirimh 1861 agus 1871. Bhí meath mall fós le sonrú sna figiúirí sna blianta sin, ach nuair a bogadh an cheist teanga go dtí an phríomhchuid den fhoirm dhaonáirimh sa bhliain 1881, tháinig méadú ar líon na gcainteoirí Gaeilge a taifeadadh in ainneoin laghdú a bheith tagtha ar an daonra i gcoitinne. Ba é tátal Adams (1973) go dtacaíonn an treocht sin leis an tuairim gur gannmheastacháin a bhí i líon iomlán na gcainteoirí Gaeilge a taifeadadh i ndaonáireamh 1851, chomh maith leis na daonáirimh in 1861 agus in 1871. Ina theannta sin, d'aibhsigh FitzGerald (1984) nár spreag an t-atmaisféar a bhí i réim in 1881 daoine le maíomh go raibh inniúlacht sa Ghaeilge acu nuair nach raibh, agus gur beag deis a bhí ag daoine aonair cur lena gcuid Gaeilge lasmuigh den bhaile sa tréimhse roimh theacht na hAthbheochana.

In ainneoin go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag na saincheistanna modheolaíochta agus mothachtalachta sin ar líon na gcainteoirí Gaeilge a taifeadh sa 19ú haois, níl aon amhras ach gur lean líon na gcainteoirí ar an oileán ag dul i laghad isteach san 20ú haois. I ndaonáirimh 1901 agus 1911 — na daonáirimh dheireanacha inar taifeadh figiúirí maidir leis an oileán ar fad — taifeadh 619,710 cainteoir (19%) agus 553,717 cainteoir (18%) faoi seach maidir leis an limistéar a dtabharfaí Saorstát Éireann air ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ón gcéad daonáireamh a réachtáil Saorstát Éireann sa bhliain 1926, feicimid méadú seasta ag teacht ar an gcéatadán den daonra a thuairiscíonn gur cainteoirí Gaeilge iad, ó 543,511 (18%) in 1926 go 1.6 milliún (43%) in 2002. Is cinnte gurb iad tabhairt isteach na Gaeilge i gcuraclaim na bunscoile agus na meánscoile, chomh maith le hiarrachtaí Chonradh na Gaeilge an teanga a theagasc d'fhoghlaimeoirí fásta, ba chúis leis an mborradh sin faoi líon na gcainteoirí Gaeilge (Ó Fiaich, 1972).

Sna blianta 2006, 2011 agus 2016, tá laghdú beag le sonrú arís ar an gcéatadán den daonra a taifeadh mar chainteoirí Gaeilge ó 43% go 40%. Níor tháinig aon athrú ar an bhfigiúr in 2022 (i.e., 40% den daonra). Mar sin féin, i gcomhréir leis an méadú a bhí tagtha ar an daonra foriomlán, mhéadaigh líon na gcainteoirí Gaeilge ó 1.76 milliún go 1.87 milliún idir 2016 agus 2022. As a measc siúd ar cuireadh in iúl go raibh siad in ann an Ghaeilge a labhairt, tuairiscíodh go raibh 195,029 duine acu go raibh labhairt na Gaeilge go han-mhaith acu (ceist a cuireadh den chéad uair i ndaonáireamh 2022). Bhí laghdú beag le sonrú sa líon daoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais ó 73,803 in 2016 go dtí 71,968 in 2022.

Breathnófar ar ról agus ar thionchar bheartais oideachais na Gaeilge i rannóg ar leith thíos. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a lua anseo go bhfuil méadú ollmhór tagtha ar líon na ndaoine a thuairiscíonn gur cainteoirí Gaeilge iad ó bhunú an stáit go dtí an lá atá inniu ann, agus is cinnte gurb í cuid mhór den chúis leis sin ná go bhfuil an Ghaeilge ina croí-ábhar ag daltaí scoile ó bunaíodh Saorstát Éireann. Fágann sé sin go dtuairiscíonn líon mór de fhreagróirí an daonáirimh go bhfuil eolas éigin acu ar an teanga de bharr a gcuid scolaíochta (féach m.sh., Walsh, 2022). Ós rud é go raibh úsáid na Gaeilge mar theanga phobail an-teoranta ar feadh fhorhmór an 20ú haois agus go dtí an lá atá inniu ann, agus b'fhéidir ní ba theoranta fós mar theanga bhaile, ciallaíonn sé sin gur tríd an gcóras oideachais a d'fhoghlaim formhór mór na gcainteoirí atá ar taifead sa daonáireamh an Ghaeilge mar theanga bhreise. Is féidir leis an gcóras oideachais a bheith ina thoisc thábhachtach freisin i dtaobh inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt i measc leanaí Gaeltachta, fiú i gcás na leanaí a úsáideann Gaeilge sa bhaile sna ceantair Ghaeltachta is láidre.

Ní thugtar mórán eolais sa daonáireamh ar chainteoirí T1 nó cainteoirí 'dúchais' Gaeilge. Aithnítear go forleathan ar aon chuma go bhfuil sé deacair sainmhíniú beacht a thabhairt ar céard is cainteoir T1 nó 'dúchais' ann in aon chomhthéacs (féach m.sh., Davies, 2003). Is fíor é sin go háirithe i gcomhthéacs teanga mhionlaigh ar nós na Gaeilge. Cuir i gcás go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine sa Ghaeltacht agus go dtuairiscíonn sé gur cainteoir Gaeilge é, d'fhéadfaí an té sin a áireamh mar chainteoir T1 Gaeilge. Bheadh sé sin ina thomhas garbh sa chás is fearr, áfach, ós rud é gur dócha gurb iomaí cainteoir Gaeilge a bhog isteach sa Ghaeltacht ar chúiseanna éagsúla. Tógadh cuid ar a laghad de na cainteoirí sin, b'fhéidir cuid mhaith, le Béarla agus/nó le teanga eile lasmuigh den Ghaeltacht. Fiú i measc na ndaoine siúd a tógadh sa Ghaeltacht, tá athruithe tagtha ar rátaí seachadta na teanga ó ghlúin go glúin le himeacht na mblianta. Ní hannamh na laethanta seo a thógtar duine le Béarla (agus/nó teanga eile) mar theanga bhaile i gceantar Gaeltachta (Ó Giollagáin & Mac Donnacha, 2008; Ó Laighin, 2022). Is léir an méid sin ó na sonraí daonáirimh. Mar shampla, i ndaonáireamh 2022 bhí cónaí ar 102,973 duine trí bliana d'aois agus os a chionn i gceantair Ghaeltachta agus léirigh 65,156 (63%) acu go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt. Is laghdú é sin ó 66,238 nó 69% in 2011. As na cainteoirí Gaeilge a bhí trí bliana d'aois agus os a chionn sa Ghaeltacht in 2022, tuairiscíodh go raibh 20,261 (31%) acu ag labhairt na teanga go laethúil lasmuigh den chóras oideachais, agus go raibh 6,435 duine eile ag labhairt Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais.

Ar na cúiseanna a luadh thuas, tá drogall ar thaighdeoirí meastacháin a thabhairt ar líon reatha na gcainteoirí T1 Gaeilge. Na taighdeoirí a bhí sásta buile faoi thuairim a thabhairt mar sin féin, mheas siadsan go raibh líon na gcainteoirí T1 Gaeilge sa raon idir 60,000 agus 100,000 (m.sh. Ó Dochartaigh, 2006; Singleton, 2007). Tá cónaí ar fhorhmór na gcainteoirí T1 sin sna ceantair Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí, Chorcaí, Phort Láirge agus na Mí.

Tá cainteoirí Gaeilge eile scaipthe ar fud an chuid eile den tír freisin a d'fhéadfaí a chatagóiriú mar chainteoirí T1. Ina measc bheadh cainteoirí T1 a bhog amach as an nGaeltacht, agus b'fhéidir a gcuid leanaí sa chás go bhfuil siad á dtógáil le Gaeilge. D'fhéadfaí páistí a thóg cainteoirí T2 le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a chur san áireamh freisin. Meastar in anailís ar thuairisceáin ó Dhaonáireamh 2016 i bPoblacht na hÉireann go bhfuil 1,796 teaghlach le páistí sa Ghaeltacht ina labhraítear Gaeilge go laethúil sa bhaile (Joyce et al., 2021; Ní Chéilleachair, 2025). Tugtar le fios in anailís ar fhigiúirí a bhaineann

le ceantair i bPoblacht na hÉireann atá lasmuigh den Ghaeltacht go bhfuil 4,458 teaghlach ann ina labhraítear Gaeilge go laethúil (Joyce et al., 2021). Tugtar le tuiscint in anailís ar shonraí daonáirimh ó 2022 sa Ghaeltacht gur fhan an líon teaghlach inar dhócha gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlach réasúnta socair ag 1,751 (Ní Chéilleachair, 2025).

Lasmuigh de chatagóir na gcainteoirí T1/dúchais, tá coincheap na ‘nuachainteoirí’ tagtha chun cinn le blianta beaga anuas (O’Rourke & Walsh, 2015, 2020). Ar dtús, forbraíodh an coincheap réasúnta nua seo mar iarracht fáil réidh leis na fochialla diúltacha a bhaineann le lipéid amhail ‘cainteoir dara teanga’ nó ‘foghlaiméir’ ionas go n-aithneofaí ar bhealach dearfach ról tábhachtach na ndaoine siúd a bhfuil ardleibhéal inniúlachta bainte amach acu sa teanga agus a úsáideann go rialta í ina saol laethúil. Ní i gcomhthéacs na Gaeilge amháin a úsáidtear an téarma, agus cumadh i dtosach báire é le cur síos a dhéanamh ar úsáideoirí teanga i gcomhthéacsanna teanga mionlaigh. Tá úsáid níos leithne á baint as an téarma ó shin (féach m.sh., Ó Murchadha et al., 2018). Tá tábhacht leis an gcoincheap sin anseo ós rud é nach féidir leis an líon an-bheag cainteoirí traidisiúnta T1 sa Ghaeltacht an teanga a athbheochan leo féin tríd an teanga a úsáid ná trí sheachadadh na teanga ó ghlúin go glúin. Is é fírinne an scéil, mar sin, go bhfuil todhchaí na Gaeilge mar theanga laethúil ag brath, go páirteach ar a laghad, ar na nuachainteoirí díograiseacha sin. Is minic a shealbhaíonn cainteoirí sa chatagóir seo Gaeilge lasmuigh den bhaile, agus in go leor cásanna, is trí iarracht chomhfhiúsach agus úsáid dhíograiseach a fhoghlaimíonn siad an teanga amach sa saol. Rinne O’Rourke agus Walsh (2015) tagairt do chainteoirí Gaeilge a chaitheann dúthracht le hí a úsáid go rialta agus le líofacht.

Cé gur lipéad nua é nuachainteoir, ní rud nua é aitheantas a thabhairt dóibh siúd atá sa chatagóir sin (i.e. foghlaiméirí fásta, mar ghníomhairí tábhachtacha in athbheochan teangacha mionlaigh; Ó Murchadha et al., 2018). Tá saineolaithe sa réimse ag áitiú le tamall anuas go bhféadfadh ról tábhachtach agus ról ar leith a bheith ag daoine a fhoghlaimíonn an teanga mhionlaigh amach sa saol le líon na gcainteoirí a mhéadú agus an t-aistriú teanga a aisiompú (m.sh., Baker et al., 2011; Flynn, 2020; MacCaluim, 2007; McLeod et al., 2010). D’aithin Rialtas na hÉireann an méid sin chomh maith sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010).

2.3 Reachtaíocht agus beartas in PÉ

Tá dhá theanga oifigiúla i bPoblacht na hÉireann: an Ghaeilge agus an Béarla. Is í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil an stáit agus bronnadh stádas iomlán uirthi mar theanga oibre oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh in 2022. Cé go bhfuil an stádas ar leith sin aici, is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge nach labhraíonn ach beagán daoine mar chéad teanga (T1). Is mó daoine a labhraíonn mar theanga chumarsáide go laethúil í, ach is grúpa beag daoine é mar sin féin.

Ó 1922 ar aghaidh, chuir Rialtas na hÉireann an Ghaeilge i gcroílár na físe don stát nua. Thosaigh sé ag cur sraith beartas chun feidhme ag féachaint le rialtas agus sochaí na hÉireann a ath-Ghaelú. Ón tús, leagadh síos an Ghaeilge mar theanga oifigiúil i mBunreacht Shaorstát Éireann, 1922, agus ina dhiaidh sin mar an teanga náisiúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil i mBunreacht na hÉireann, 1937. Leagadh síos an ‘Sacs-Bhéarla’ mar theanga oifigiúil (1922) nó mar theanga oifigiúil eile a nglactar léi (1937). Toisc an stádas ar leith sin a bheith ag an nGaeilge, bhí sé indéanta beartais teanga a chur i bhfeidhm i réimsí amhail riarachán poiblí, oideachas, craoltóireacht agus pleanáil Gaeltachta (Walsh, 2022). Is é fírinne an scéil, ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta i mBunreacht 1937, gurb ag an téacs Gaeilge de réir dlí a bheidh an forlámhas i gcás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teach le chéile (Airteagal 25.4.6 den Bhunreacht; féach Walsh, 2022 le haghaidh plé níos leithne).

Sna blianta idir 1922 agus an lá inniu, achtaíodh go leor reachtaíochta a bhain leis an nGaeilge, nó a raibh tionchar díreach aici ar an nGaeilge. D’fhág stádas oifigiúil na Gaeilge gur ainmníodh mar chroí-ábhar curaclaim í, rud a chiallaigh go raibh ról mór ag an Roinn Oideachais agus, dá réir sin, ag na scoileanna in athbheochan na Gaeilge.

Forbairt thábhachtach reachtaíochta eile ab ea bunú Choimisiún na Gaeltachta sa bhliain 1925, coimisiún ar leagadh de chúram air a dhéanamh amach cá háit a raibh an Ghaeilge fós i réim mar theanga an phobail agus cá mhéad a bhí sí i réim. Foilsíodh torthaí an Choimisiúin i dtuarascáil chuimsitheach in 1926. Uaidh sin amach, tá úsáid á baint as an téarma ‘Gaeltacht’ go hoifigiúil i ndáil le réigiún geografach. Roimhe sin, bhaintí úsáid as an téarma i gciall níos leithne le tagairt a dhéanamh don chultúr a bhain le pobal na Gaeilge (Ó hIfearnáin, 2009; Ó Laighin, 2022). Rinne an Coimisiún líon suntasach moltaí don Rialtas sa tuarascáil: ceann acu go mbunófaí roinn rialtais a bheadh freagrach as gnóthaí Gaeltachta. Ceann eile go ndéanfaí iarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol sna ceantair Ghaeltachta láithreacha bonn, agus í a athbhunú sna réimsí sin den saol de réir a chéile chomh luath agus

ab fhéidir (Ó Laighin, 2022).

Mar a tharla, thóg sé 30 bliain roinn rialtais ar leith don Ghaeltacht a bhunú. Idir an dá linn, leagadh riaradh na Gaeltachta mar chúram ar ranna éagsúla, mar shampla an Roinn Iascaigh (ina raibh Rannán Seirbhísí na Gaeltachta ag an am), an Roinn Tailte, srl. (Walsh, 2022). Sa bhliain 1956, bunaíodh Roinn na Gaeltachta. Laghdaíodh limistéar oifigiúil na Gaeltachta ag an am céanna. Rinneadh amhlaidh d'fhonn na ceantair a mbeadh an roinn nua freagrach astu a shainiú go beacht, is é sin le rá, na ceantair siúd a measadh a bheith ina bhfíorcheantair Ghaeltachta (Ó Riagáin, 1997; Walsh, 2022).

Sa dara leath den 20ú haois, bhí athrú le brath ar fhorbairt beartais maidir leis an nGaeilge i gcomparáid leis na blianta díreach tar éis an neamhspleáchais. Idirthréimhse rithábachtach a bhí ann maidir le cur chuige an stáit i leith na Gaeilge agus an rud is suntasaí a luaitear léi ná an t-aistriú ó shamhail a bhí siombalach agus oideachasúil den chuid ba mhó go cur chuige comhtháite ar airíodh leis forbairt shocheacnamaíoch, athbheochan pobail, agus cearta teanga. Ag an am céanna, agus rud is údar conspóide go minic é, tháinig athrú ó bhonn ar choincheap an bheartais teanga de réir a chéile. Níor cheist caomhnaithe cultúir é a thuilleadh, ach ceist planála straitéisí agus tacaíochta institiúidí.

Sna blianta tar éis an chogaidh (c. 1950–1970), aithníodh go mór na heasnamh a bhain leis an mbeartas bunúsach a fuarthas le hoidhreacht ón tréimhse roimhe sin. In ainneoin go raibh an Ghaeilge éigeantach sa chóras oideachais, bhí teipthe ar an mbeartas stáit sin pobal inbhuanaithe cainteoirí Gaeilge a chruthú. Is as firinne an scéil sin a tháinig Tuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge (1963). Luadh sa tuarascáil, i measc rudaí eile, gur ghá an Ghaeilge a athbhunú mar ghnáth-theanga an phobail tríd an teaghlach agus sa bhaile go príomha. Tá cáineadh déanta ar an Tuarascáil toisc an friotal a bheith doiléir agus rómánsúil (Breathnach, 1964), ach níl aon amhras ach gur tharraing sí aird arís ar a thábhachtaí a bheadh pobal labhartha Gaeilge leis an teanga a thabhairt slán agus a leathnú. Leagadh béim ar an dearcadh gurbh iad teacht slán agus neartú na Gaeltachta na tosca ba thábhachtaí ar fad i dtaobh thodhchaí na teanga. Aithníodh freisin go raibh tábhacht nár bheag ag baint le tosca geilleagracha, is é sin le rá gurbh iad an bhochtaineacht agus an eisimirce ba chúis le meath na teanga sa Ghaeltacht, agus dá réir sin, go raibh ceangal idir beartas teanga agus forbairt gheilleagrach réigiúnach.

D'fhoilsigh an rialtas Páipéar Bán ar Athbheochan na Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 1965) mar fhreagra ar thuarascáil an Choimisiúin, agus is leis an doiciméad sin a cuireadh tús leis an aistriú go cur chuige 'pleanála teanga' i leith chothabháil agus athbheochan na Gaeilge. Ar phríomh-shaintréithe an chur chuige nua sin bhí aimsiú fíricí, planáil (is é sin, spriocanna a shocrú agus modhanna a roghnú), cur chun feidhme, agus úsáid aiseolais le bonn eolais a chur faoin bpróiseas ar fad (Ó Ciosáin, 1988).

Maidir le forbairt gheilleagrach réigiúnach, go háirithe sa Ghaeltacht, bhunaigh an rialtas Gaeltarra Éireann in 1957 d'fhonn tionsclaíocht a chur chun cinn sna réigiúin sin. Chuir an comhlacht eastáit tionsclaíochta ar bun ar fud na Gaeltachta agus é mar phríomhaidhm acu tionscail 'dhúchasacha' a fhorbairt, agus dá réir sin, cur le cothabháil agus leathnú na Gaeilge mar theanga phobail (Walsh, 2022). Bíodh sin mar atá, bhí an cúlú eacnamaíochta leanúnach i rith na 1950idí ina chúis le heisimirce fhorleathan ar fud na hÉireann, go mór mór sna ceantair Ghaeltachta. Thart ar an am seo, chuir Seán Lemass agus T.K. Whitaker an Chéad Chlár um Leathnú Eacnamaíoch (1958–63) chun feidhme. Is éard b'aidhm leis an bplean eacnamaíoch sin ná éirí as prionsabal na caomhnaitheachta a forbraíodh i luathbhlianta an stáit agus beartas a chur ina áit a d'fhéachfadh le hinfeistíocht dhíreach choigríche a mhealladh isteach. Lean Gaeltarra Éireann sampla an phlean agus, ó lár na 1960idí ar aghaidh, bhí sé ag díriú ar fhorbairt phríobháideach a éascú trí infheistíocht choigríche sa Ghaeltacht (Walsh, 2022).

In 1972, seoladh Raidió na Gaeltachta mar sheirbhís thiomnaithe raidió Gaeilge tar éis feachtas pobail. Bhí sé i bhfad ní ba thábhachtaí ná craoltóireacht amháin sa mhéid gurbh ionann é agus beartas normalaithe teanga sna meáin chumarsáide. Chuir sé go mór le stádas agus úsáid fheidhmiúil na teanga laistigh de na Gaeltachtaí agus bhí sé ina nasc thar a bheith tábhachtach do lucht na teanga i gcónaí.

Tharla forbairt eile maidir le beartas na Gaeilge sna 1980idí. In 1980, bunaíodh Údarás na Gaeltachta. Tháinig an tÚdarás in áit Gaeltarra Éireann, ach lean sé ar aghaidh leis an aidhm reachtúil chéanna, is é sin an teanga a chothú trí fhorbairt shocheacnamaíoch, mar aon le heisimirce agus meath déimeagrafach a choinneáil ó dhóras trí phleanáil réigiúnach chomhtháite. Bíodh sin mar atá, mar a thug Walsh (2022) faoi deara, léirigh na blianta ina dhiaidh sin gur éirigh leis an Údarás tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe go príomha agus nár éirigh leis ach ról imeallach a imirt maidir le húsáid na teanga a chothú agus/nó a leathnú sa Ghaeltacht.

Cé gur minic a luaitear marbhántacht agus cailleadh dóchais leis an tréimhse lár aoise seo, tháinig athmheasúnú ó bhonn ar straitéis an stáit aisti ar deireadh thiar. Bhí an tréimhse athbheochana neamhchriticiúil a lean an neamhspleáchas thart agus creat beartais nua ina thús a bhí ní ba phragmataí,

ach a bhí ní b'éiginnte leis.

Thart ar theacht an 21ú haois, tháinig neart forbairtí tábhachtacha eile ó thaobh beartas teanga de. Ceann de na forbairtí sin ab ea bunú Fhoras na Gaeilge sa bhliain 1999 mar cheann de dhá ghníomhaireacht an Fhorais Teanga (is í Gníomhaireacht na hUltaise nó Tha Boord o Ulstèr-Scotch an ceann eile). Cuireadh ar bun é mar thoradh díreach ar Chomhaontú Aoine an Chéasta (Comhaontú Bhéal Feirste), 1998, áit a ndearnadh foráil go gcruthófaí comhlacht cur chun feidhme uile-oileáin don Ghaeilge. Ba é an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 an bunús dlí leis, agus ghlac an Foras ar lámh cúraimí Bhord na Gaeilge in PÉ, chomh maith le cúraimí An Gúm agus An Coiste Téarmaíochta. An Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann is príomh-shainordú d'Fhoras na Gaeilge, agus áirítear ar a chuid freagrachtaí eile téarmaíocht agus foclóireacht a fhorbairt, maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí teanga, tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le teagasc na Gaeilge, dul i mbun taighde agus feachtais bholscaireachta, agus an caidreamh leis an bpobal agus leis na meáin chumarsáide a bhainistiú.

Ar cheann de na forbairtí ba shuntasáí i mbeartas na Gaeilge sa tréimhse seo, bhí achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Toradh deiridh ab ea é ar na blianta fada abhcóideachta agus brú dlíthiúil le héifeacht phraiticiúil, infheidhmithe a thabhairt d'Airteagal 8 den Bhunreacht, áit a leagtar síos gurb í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil an stáit. Cheadaigh an tOireachtas in 2003 é agus tháinig sé i bhfeidhm ina chéimeanna. Is é ba phríomhchuspóir leis ná go mbeadh fáil ní b'fhéarr ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge agus go mbeidís ar chaighdeán ní b'airde. Ní ba thábhachtaí fós, bhí sé ina aidhm aige an cur chun cinn deonach a bhí i réim a athrú ina dhualgas reachtúil ar an earnáil phoiblí. I measc phríomhchumhachtaí an Achta bhí: (1) Oifig an Choimisinéara Teanga a chur ar bun, oifig reachtúil neamhspleách ar leagadh de chúram uirthi monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta, gearáin ón bpobal a imscrúdú, agus comhairle a chur ar fáil; (2) Dualgas a leagan ar chomhlachtaí poiblí scéimeanna teanga a ullmhú agus a chur chun feidhme. Sna scéimeanna sin, éilíodh ar chomhlachtaí sonraí a thabhairt faoi na seirbhísí Gaeilge a bhí á gcur ar fáil acu cheana agus na seirbhísí a bhí sé i gceist acu a chur ar fáil san am a bhí le teacht (lena n-áirítear pleananna maidir le cén chaoi a gcuirfí a leithéid de sheirbhísí ar fáil); (3) Bunús reachtúil nua a chur le cearta a bhí ann cheana féin an Ghaeilge a úsáid os comhair na cúirte; agus (4) Rialacháin a leagan síos maidir le cumarsáid trí Ghaeilge ón stát agus leis an stát.

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 ina dhlí ar an 22 Nollaig 2021 mar neartú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá sé mar aidhm ag an Acht leasaithe na seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a fheabhsú agus cur leo, chomh maith le deiseanna suntasacha fostaíochta a chruthú dóibh siúd a bhfuil inniúlacht sa teanga acu. I measc phríomhchuspóirí an Achta tá: go mbeidh 20% d'earcaigh san earnáil phoiblí inniúil sa Ghaeilge faoi dheireadh 2030; gur i nGaeilge a chuirfear ar fáil gach seirbhís phoiblí a chuirtear ar fáil i gceantair Ghaeltachta agus do cheantair Ghaeltachta; gur trí mheán na Gaeilge a oibreoidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht; agus go bhforbrófar Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge.

D'fhoilsigh an rialtas an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge i mí na Nollag 2010. D'eascair an Straitéis as an tuiscint go raibh gá le plean comhtháite fadtéarmach, i dteannta Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thodhchaí na teanga. Ní píosa reachtaíochta é, ach creat beartais agus treochar ardleibhéil. Tá a cur chun feidhme ceaptha treoir a thabhairt d'obair ranna rialtais agus gníomhaireachtaí teanga cuí, agus is éard is aidhm fhoriomlán léi ná líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a mhéadú go 250,000 faoi 2030. Is ar naoi bpríomhréimse gníomhaíochta atá sí dírithe: oideachas; an Ghaeltacht; an teanga a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlach; riarachán, seirbhísí agus pobal; meáin agus teicneolaíocht; foclóirí; reachtaíocht agus stádas; saol eacnamaíoch; agus tionscnaimh tras-earnálacha.

Sa bhliain 2007, d'fhoilsigh foireann taighdeoirí, a bhí bunaithe den chuid ba mhó in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollaigáin et al., 2007). Éilíodh sa tuarascáil nach dtabharfaí sainmhíniú go hiomlán geografach ar an nGhaeltacht a thuilleadh. D'áitigh na húdair gur cheart critéir theangeolaíocha a úsáid le stádas Gaeltachta a shocrú. Moladh gur cheart pleanáil teanga phobalbhunaithe a thabhairt isteach, agus í a chur in oiriúint do dhálaí sochtheangeolaíocha na gceantar ar leith. Leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin sa teaghlach, go háirithe sa luathóige, agus moladh gur cheart go mbeadh sé ní ba shoiléire cé atá freagrach as an bpleanáil teanga ó thaobh institiúidí de. Chuir cuid mhaith de mholtáí na tuarascála bonn eolais faoi fhorbairtí beartais a tharla ina dhiaidh sin, go háirithe Acht na Gaeltachta, 2012.

Bhí dhá phríomhaidhm le hAcht na Gaeltachta, 2012: struchtúr nua pleanála teanga a leagan síos agus struchtúr agus feidhmeanna Údarás na Gaeltachta a leasú. Tá slógadh ar leibhéal an phobail lárnach don phróiseas pleanála teanga a tugadh isteach faoin Acht agus tá sé de dhualgas ar phobail gníomhú ar

leibhéal áitiúil le pleananna teanga a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm. Den chéad uair i stair an stáit, is féidir le ceantair atá suite lasmuigh den Ghaeltacht reachtúil aitheantas a lorg faoin Acht mar Líonraí Gaeilge nó mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta, ar choinníoll go gcomhlíontar critéir shonraithe. In éineacht le hathruithe ar fheidhmeanna Údarás na Gaeltachta, tugadh éifeacht reachtúil le hAcht na Gaeltachta, 2012 d'fheidhmiú an Phróisis Pleanála Teanga ag Údarás na Gaeltachta laistigh den Ghaeltacht. Rinneadh foráil freisin le líon na gcomhaltaí ar bhord an Údaráis a laghdú agus cuireadh deireadh leis an gceanglas maidir le toghcháin bhoird.

Le hachóimre a dhéanamh ar threocht an bheartais agus na pleanála teanga in Éirinn ó 1922 i leith, is féidir linn dul i muinín na sintéise a rinne Ó Murchadha (2021) ar thaighde a rinneadh roimhe sin agus an scéal a roinnt ina cúig ré. Sa chéad ré, ó 1922 go dtí na 1950idí, bunaíodh beartas na Gaeilge trí institiúidí na Gaeilge san oideachas agus san earnáil phoiblí. Bhí an beartas ag brath go mór ar shamhlacha agus ar idéalacha a bhí fréamhaithe sa tréimhse roimh an neamhspleáchas, is é sin le rá go nglacadh an stát ról ceannaireachta réamhghníomhach agus go dtionscnaíodh sé bearta go neamhspleách.

Ó na 1950idí go dtí na 1970idí, rinne an stát sainmhíniú as an nua ar a ról i mbeartas teanga. I measc na dtéarmaí atá luaite leis an tréimhse seo tá marbhántacht nó cúlú (Ó Riagáin, 1997), dí-institiúidiú (Mac Giolla Chríost, 2005; 2012), agus athearnáiliú na Gaeilge (Ó Giollagáin, 2014). Ghearr an stát siar ar iarrachtaí leis an teanga náisiúnta a athbheochan, rinne saincheistanna na Gaeilge a dhí-chomhtháthú, tharraing siar ón oideachas lán-Ghaeilge, thug íslíú céime don Ghaeilge mar ábhar éigeantach Ardteistiméireachta, agus mhaolaigh riachtanais Gaeilge sa státseirbhís nó fuair réidh leo go hiomlán.

Meastar gur ré faillí neamhurchóidí a bhí sa tréimhse ó na 1970idí go dtí na 1990idí (Ó Riagáin, 1997) nó ré inar fhreagair an stát do bhrú ón bpobal sular tugadh faoi institiúidiú na Gaeilge an athuair (Ó hIfearnáin, 2009). Is i gcaitheamh na tréimhse sin a d'aistrigh an stát ó cheannaireacht go tacaíocht trí ghníomhú mar éascaitheoir frithghníomhach do thionscnaimh ón mbun aníos, mar a léiríodh le bunú seirbhísí raidió agus teilifíse Gaeilge agus leis an spéis athnuaite san oideachas lán-Ghaeilge.

Ó na 1990idí go dtí lár na 2000idí, glacadh cur chuige déthaobhach: ag caitheamh leis an nGaeilge mar shaincheist a bhain le cearta teanga mionlaigh ar thaobh amháin agus mar theanga oidhreacht ar an taobh eile (Ó hIfearnáin, 2009). Le linn na tréimhse seo, tháinig athruithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cuireadh gníomhaireachtaí ar bun le beartas Gaeilge a bhainistiú, agus leagadh ní ba mhó freagrachta ar dhaoine aonair agus ar phobail as cothabháil agus athbheochan na teanga.

Ar deireadh, ó dheireadh na 2000idí go dtí an lá atá inniu ann, is iad an ghéarchéim airgeadais dhomhanda in 2008 agus na bearta déine a d'eascair aisti ba mhó a d'fhág a lorg ar an mbeartas Gaeilge toisc go raibh siad ina gcúis le laghdú díréireach ar an maoiniú don Ghaeilge agus don Ghaeltacht (Ó Ceallaigh, 2020). D'athraigh an beartas tuilleadh de réir threochtaí an domhandaithe agus an chaipitleachais dhéanaigh (Heller & Duchêne 2016), agus bhíothas ag caitheamh ní ba mhó leis an nGaeilge amhail is gur thráchtearra í (Brennan, 2018). Dhírigh an stát freisin ar sheirbhísí a chur ar fáil don phobal agus, ag an am céanna, an fhreagracht a leagan ar ghníomhaireachtaí agus ar phobail áitiúla — socrú a ndearnadh gnás de le hAcht na Gaeltachta, 2012. Tá cumhacht shuntasach fós ag an stát, áfach, fiú agus pobail áitiúla ag glacadh leis an bpríomhfhreagracht as an bpleanáil teanga.

2.4 An Ghaeilge san Oideachas in PÉ

I bPoblacht na hÉireann, tá an Ghaeilge ina croí-ábhar curaclaim. Déantar staidéar uirthi ó thús na bunscoile go dtí deireadh na hiar-bhunscoile. I gcásanna áirithe, is ceadmhach do dhaltaí díolúine a fháil ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, i.e., bunaithe ar aois an dalta ar theacht go hÉirinn dó/di nó ar dheacrachtaí sonracha foghlama a bheith aige/aici. I gcás go gceadaítear díolúine sa bhunscoil, ní gá iarratas eile a dhéanamh le hí a thabhairt ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Go traidisiúnta, is annamh a ceadaíodh díolúine ón nGaeilge, ach tá líon na ndíolúintí ag méadú as éadan ó tugadh isteach rialacháin nua ina leith in 2019 agus mar thoradh ar athbhreithniú ar na rialacháin sin in 2022.

Cuirtear teagasc Gaeilge ar fáil in dhá chineál scoile. Feidhmíonn formhór mór bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna na tíre trí mheán an Bhéarla. Teagasctar an Ghaeilge mar ábhar sna scoileanna sin. Is ann do scoileanna lán-Ghaeilge chomh maith, agus is scoileanna trí Ghaeilge iad díreach faoi bhun 8% den na scoileanna ag leibhéal na bunscolaíochta agus díreach breis agus 3% ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta (Ó Ciardha, 2026). Feidhmíonn na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge agus é mar aidhm acu an curaclam (seachas an Béarla) a theagasc i nGaeilge.

Is curaclam teanga comhtháite é Curaclam Teanga na Bunscoile. Tacaíonn sé le teagasc agus foghlaim

i nGaeilge agus i mBéarla araon. Tá an struchtúr agus na snáitheanna céanna ag an gcuraclam i ndáil leis an mBéarla agus leis an nGaeilge araon agus tá sé mar aidhm aige naisc a dhéanamh idir teangacha agus laistigh díobh d'fhonn tacú le haistriú scileanna idir teangacha. Tá dhá leagan den churaclam ann le húsáid i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Béarla.

I mbunscoileanna Béarla, ba cheart an Ghaeilge a theagasc 3 uair an chloig ar a laghad sa tseachtain. Laghdú é sin ó 3.5 uair an chloig, a tháinig mar thoradh ar athbhreithniú ar churaclam na bunscoile in 2025 (féach m.sh., Flynn & Singleton, 2025). Ní bhíonn scrúduithe Gaeilge ag leibhéal na bunscoile.

In iar-bhunscoileanna Béarla, is iondúil go mbíonn rang Gaeilge amháin ag scoláirí gach lá scoile, é thart ar 40 nóiméad ar fad, ach dáileann cuid mhór scoileanna an t-am sin anois le go mbeidh líon níos lú de ranganna níos faide ann sa tseachtain. Ag an leibhéal seo, déantar measúnú ar scileanna Gaeilge trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (ag deireadh Bhliain 3) agus tríd an Ardteistiméireacht ar Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, nó Bonnleibhéal (ag deireadh Bhliain 6). Cé nach bhfuil sé riachtanach a thuilleadh pas a fháil i bpáipéar Gaeilge na hArdteistiméireachta leis an Ardteistiméireacht a bhaint amach, ní mór do gach dalta nach bhfuil díolúine acu staidéar a dhéanamh ar an teanga go dtí deireadh na hiar-bhunscolaíochta agus cláraítear go huathoibríoch iad do na scrúduithe Gaeilge. Ina theannta sin, is riachtanas iontrála í Gaeilge na hArdteistiméireachta d'ollscoileanna Ollscoil na hÉireann, agus i gcás roinnt cúrsaí, caithfear grád íosta a fháil sa scrúdú. Mar sin féin, níor thug 28% de dhaltáí na hArdteistiméireachta faoin scrúdú Gaeilge in 2025 (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2025).

Go stairiúil, is ar an gcóras oideachais a leagadh an fhreagracht as athbheochan na Gaeilge. Cé go raibh an Ghaeilge á theagasc i roinnt scoileanna roimh an neamhspleáchas faoin gClár Teagaisc Dhátheangaigh, is é bunú an stáit in 1922 a chuir dlús leis an aidhm oideachais trí Ghaeilge a chur ar fáil do gach leanbh. Ag an am sin, bheartaigh an Rialtas go n-úsáidfí an Ghaeilge mar an teanga theagaisc i ranganna naíonán (an chéad dá bhliain den bhunscoil). Socraíodh chomh maith go dteagascfaí Gaeilge ar feadh uair an chloig gach lá nó go n-úsáidfí mar an teanga theagaisc i ngach scoil. Bhí cur chun feidhme an bheartais sin ag brath, ar ndóigh, ar na scileanna teanga agus oideolaíochta ba ghá a bheith ag na múinteoirí. Is go mall, mar sin, a cuireadh i bhfeidhm é. Bíodh sin mar atá, faoi 1931 bhí 228 bunscoil lán-Ghaeilge sa stát, agus bhí an líon sin méadaithe go 704 faoi 1939 (Walsh, 2023).

D'fhonn úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc a spreagadh in iar-bhunscoileanna, tugadh isteach scéim deontais dreasachta in 1924 faoina ndearnadh scoileanna a chatagóiriú de réir leibhéal an tsoláthair Gaeilge. Teagascadh na hábhair go léir, seachas teangacha nua-aimseartha, trí Ghaeilge i scoileanna de ghrád A, teagascadh roinnt ábhar trí Ghaeilge i scoileanna de ghrád B, agus níor teagascadh an Ghaeilge ach mar ghnáthábhar i scoileanna de ghrád C. Faoi 1930, bhí 21 scoil de Ghrád A ann agus faoi lár na 1940idí, bhí an líon sin méadaithe go 100. Chomh maith leis sin, bhí ábhar amháin ar a laghad seachas an Ghaeilge á theagasc trí Ghaeilge i mbreis agus 110 iar-bhunscoil faoin am sin (Ó Buachalla, 1984; Ó hUallacháin, 1978; Walsh, 2023).

Lean an treocht aníos sin san oideachas lán-Ghaeilge ar aghaidh go dtí na 1950idí. Sna blianta i ndiaidh an neamhspleáchais, bhí tacaíocht mhór fós ann d'athbheochan teanga agus cultúir mar bheartas rialtais. Mar sin féin, faoi dheireadh na 1940idí, bhí múinteoirí ag cur a n-imní in iúl faoin mbeartas oideachais teanga seo trí Chumann Múinteoirí Éireann. Le himeacht na 1960idí agus na 1970idí, tháinig laghdú millteanach mór ar líon na scoileanna ina raibh an teagasc á dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Cuir i gcás, faoi lár na 1970idí, nach raibh ach dornán iar-bhunscoileanna sa tír ina raibh rang ar a laghad á theagasc trí mheán na Gaeilge amháin. As 574 scoil san iomlán, bhí ní ba lú ná 25 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ann, agus ní ba lú ná 30 iar-bhunscoil dhátheangach (Ó hUallacháin, 1978).

Bhí tionchar díreach nó indíreach ag an-chuid tionscnaimh beartais (oideachais) teanga ar oideachas na Gaeilge thar na blianta. Bunaíodh Coláistí Ullmhúcháin (iar-bhunscoileanna) in 1926 mar mhodh earcaíochta chun na múinteoireachta bunscoile. Bhí ardchaighdeán Gaeilge ag teastáil le dul isteach sna scoileanna agus is trí mheán na Gaeilge a d'fheidhmigh siad. In 1930, cuireadh roinnt áiteanna sna scoileanna sin ar leataobh do scoláirí de bhunadh na Gaeltachta. Dúnadh na scoileanna in 1961, áfach.

Rinneadh ábhar éigeantach den Ghaeilge san Ardteistiméireacht in 1928, agus bhí pas san ábhar ag teastáil leis an teastas a bhaint amach. Mar sin féin, cuireadh deireadh in 1973 leis an riachtanas sin pas a fháil sa Ghaeilge. Tugadh isteach scrúdú béil Gaeilge san Ardteistiméireacht in 1960 agus in 2011, méadaíodh an céatadán de na marcanna a bhronntar as an scrúdú béil sin go 40%.

I dTuarascáil an Choimisiúin um Athbheochan na Gaeilge (1963), a luadh cheana, rinneadh moltaí maidir leis an nGaeilge i scoileanna chomh maith. Mar shampla, moladh gur cheart an Ghaeilge a choinneáil éigeantach, ach feabhas a chur ar mhodhanna teagaisc agus béim ní ba mhó a leagan ar an nGaeilge labhartha. Rud amháin a tháinig as sin ná gur tugadh isteach modhanna closamhairc do theagasc teanga

i mbunscoileanna agus i ranganna sóisearacha iar-bhunscoile. Bhí siad sin ar thús cadhnaíochta ag an am. Moladh freisin go gcuirfí sruthanna speisialta lán-Ghaeilge ar bun laistigh de scoileanna Béarla. Uaidh sin, tosaíodh ag cur aonaid lán-Ghaeilge ar bun in iar-bhunscoileanna sna 1980idí, agus tá líon na n-aonad sin ag fás ó shin. In 2025, bhí 14 aonad lán-Ghaeilge ann, a bhí ag freastal ar 1,577 dalta (An Roinn Oideachais agus Óige, 2025b).

Sna 1970idí, tháinig borradh faoi ghluaiseacht phobail (faoi stiúir tuismitheoirí agus gníomhaithe teanga) a d'fhéach le scoileanna lán-Ghaeilge a (ath)bhunú. Mar thoradh air sin, tá méadú seasta ag teacht ar líon na mbunscoileanna lán-Ghaeilge in PÉ go dtí le déanaí. De réir na bhfigiúirí reatha ar www.gaeloideachas.ie, tá 256 bunscoil lán-Ghaeilge ann, mar aon le 74 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Tharla roinnt forbairtí beartais le déanaí i réimse an oideachais trí mheán na Gaeilge agus don Ghaeilge mar ábhar i scoileanna trí mheán an Bhéarla. In 2016, tugadh isteach an Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017–2022 d'fhonn freagairt do chuspóirí Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge. Sa pholasaí leagtar síos creat straitéiseach le tacú leis an oideachas trí mheán na Gaeilge i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta agus tugtar aitheantas do thábhacht theangeolaíoch, chultúrtha agus eacnamaíoch na limistéar sin. Is é is aidhm leis ná pobail labhartha Gaeilge a choinneáil sa Ghaeltacht agus eagraítear an obair faoi sheacht gcolún: an soláthar oideachais a láidriú, an teagasc trí Ghaeilge a fheabhsú, ceannaireacht agus bainistíocht scoile a fhorbairt, an curaclam don Ghaeilge a fheabhsú, acmhainní agus tacaíochtaí teanga a fheabhsú, an t-oideachas luathbhlianta a neartú, agus feasacht a chothú i measc tuismitheoirí faoi bhuntáistí an oideachais trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach raon gníomhartha agus tacaí spriocdhírthe a fhéachann le soláthar ardchaighdeán a chinntiú agus, ag an am céanna, láidreachtaí teangeolaíocha atá ann cheana féin a fhorbairt i gcomhar le próisis áitiúla pleanála teanga. Mar atá i gcás an phróisis pleanála teanga sa Ghaeltacht, is ar phobal áitiúil na scoile féin a leagtar an chuid is mó den fhreagracht as na ceanglais a chomhlíonadh le haitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Iúil 2023, chuaigh an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, oideoirí, ceannairí scoile, boird scoile, agus eagraíochtaí Gaeilge, maidir le beartas nua le haghaidh an oideachais trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Foilsíodh tuarascáil (An Roinn Oideachais, 2022) ar sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht le bheith mar bhonn tagartha faoin bpróiseas comhairliúcháin agus forbartha beartais. Leagtar amach sa bheartas nua (An Roinn Oideachais, 2025b) fíis na Roinne le haghaidh oideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán atá inrochtana ag cách i suíomhanna ionchuimsitheacha, ilchultúrtha. Is é is aidhm leis nasc buan a chothú i measc leanaí agus daoine óga leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach d'fhonn cur ar a gcumas an teanga a úsáid go hinniúil muiníneach ar feadh a saoil. Tá acmhainní cuí le cur ar fáil do shuíomhanna agus pobail Ghaeilge le tacú leo. I measc na ngníomhartha a mholtar leis an bhfís sin a bhaint amach tá an earnáil a fhás, caighdeán a fhorbairt, tacú le cleachtas gairmiúil, inniúlacht teanga a chothú, acmhainní a chur ar fáil, agus teaghlaigh agus pobail a spreagadh. Níl sé i gceist ag an mbeartas scoileanna nua lán-Ghaeilge a bhunú ann féin, ach tugtar gealltanas go gcuirfear tascfhórsa ar bun le cur le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear é a dhéanamh níos éasca do scoileanna Béarla iad féin a aistriú ina scoileanna lán-Ghaeilge.

Seoladh an Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla (An Roinn Oideachais agus Óige, 2025a) i gcomhráth leis an bPolasaí don Oideachas LánGhaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gnímh tacú le hoideoirí feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna agus a chinntiú go mbraitheann na foghlaimeoirí eispéireas luachmhar agus tarraingteach agus iad i mbun foghlama. Leagtar amach ceithre cholún ina ndírítear ar dhearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a fhorbairt, úsáid na Gaeilge a mhéadú, tacú le rochtain ar an nGaeilge do gach foghlaimeoir, agus tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú. Suimiúil go leor, cé go bhfuil an t-ionchuimsiú ina ghné lárnach den tríú colún (tacú le rochtain do gach foghlaimeoir), ní thugtar aghaidh sa Plean Gnímh ar cheist chonspóideach na ndíolúintí Gaeilge. Is féidir le córas na ndíolúintí a bheith ina bhac ar fhoghlaim na Gaeilge d'imircigh nua agus d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.

Tá forbairtí tábhachtacha tarlaithe freisin i réimse an ardoideachais. In 1929, go gairid i ndiaidh bhunú an stáit, leagadh freagracht speisialta as an ardoideachas trí mheán na Gaeilge ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh faoi Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe 1929. Rinneadh foráil san Acht “chun soláthar do dhéanamh chun an deontas bliantúil is iníoctha le Coláiste Príomh-scoile na Gaillimhe do mhéadú agus chun a chur in áirithe go mbeidh na daoine a cheapfar chun oifigí agus postanna sa Choláiste sin inniúil ar a ndualgais do chólíona tríd an nGaedhilg.” Mar sin féin, le hAcht an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú), 2006, cuireadh deireadh leis an oibleagáid cainteoirí Gaeilge a cheapadh, ach leagadh síos go raibh an t-oideachas trí mheán na Gaeilge ar cheann de phríomhchuspóirí straitéiseacha na hOllscoile.

Ritheadh Acht na nOllscoileanna in 1997. I measc ‘cuspóirí’ ollscoileanna tá “teangacha oifigiúla an Stáit

a chur chun cinn, ag féachaint go speisialta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d'úsáid na teanga Gaeilge agus do chaomhnú agus do chur chun cinn chultúir shainiúla na hÉireann”.

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 de bhun fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais, 1998 le struchtúr sonrach a leagan síos i gcomhair freastal ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá sé de chúram uirthi freisin tacú le teagasc na Gaeilge mar ábhar i ngach suíomh.

Cé go raibh meascán d'fhorbairtí dearfacha agus forbairtí nach raibh chomh dearfach céanna ann i ndáil leis an nGaeilge sa chóras oideachais, bhí an toradh ginearálta níos dearfaí ná mar a bheadh mura mbeadh áit lárnach tugtha don Ghaeilge sa chóras oideachais. Ní féidir a shéanadh gur mar thoradh ar bheartais Ghaeilge agus oideachais an stáit, den chuid is mó, atá cibé cumas dátheangach atá ann i measc an phobail i gcoitinne i bPoblacht na hÉireann. Ní bheadh thart ar 40% de dhaonra na tíre in ann a mhaíomh go raibh eolas acu ar an teanga murach iad i bhfianaise na bhfigiúirí a bhí ann i dtreo dheireadh an 19ú haois. Is léir freisin, áfach, nach ionann an dul chun cinn sin ar na leibhéil inniúlachta a thuairiscítear i ndaonáirimh agus dul chun cinn ar úsáid fhorleathan na Gaeilge. Bíodh sin mar atá, is léiríú iad na figiúirí ó shuirbhéanna dearcadh, a phléifear sa chéad chuid eile, go bhfuil nasc idir na dearchthaí dearfacha fadbhunaithe i leith na Gaeilge in Éirinn agus teagmháil leis an teanga ar scoil.

2.5 Dearchthaí i leith na Gaeilge in PÉ

Is cartlann iontach luachmhar iad na suirbhéanna náisiúnta ar dhearchthaí an phobail i leith na Gaeilge a rinneadh le leathchéad bliain anuas le tuisceant a fháil ar an ngaol casta idir teanga, féiniúlacht agus beartas stáit in Éirinn. Tríd an taighde faightear léargas ar an teannas leanúnach idir cumas teanga, úsáid teanga, agus dearchthaí teanga i leith na Gaeilge, chomh maith leis an ról siombalach agus uirliseach a shílítear a bheith ag an teanga i sochaí na hÉireann. Tugadh cuntas cheana féin sa chaibidil réamhráiteach den tuarascáil seo ar shuirbhéanna dearcadh a rinneadh le caoga bliain anuas. Anseo, díritear aird ar phríomhthorthaí an bhailiúcháin thábhachtaigh taighde sin.

Rinneadh staidéar sochtheangeolaíoch ceannródaíoch ar dhearchthaí an phobail i leith na Gaeilge in 1972–1975. Chuir Comhairle na Gaeilge an Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge (CILAR) ar bun in 1970 d'fhonn sonraí bunúsacha a bhailiú ar shaincheisteanna sochtheangeolaíocha i gcomhair beartas cuimsitheach teanga a cheapadh. Ar an gcoiste bhí scoláirí mór le rá ó Éirinn agus ón gcoigríoch i réimsí ar nós na teangeolaíochta, na sochtheangeolaíochta, na socheolaíochta, na pleanála, na hantraipeolaíochta agus na síceolaíochta, agus leagadh de chúram orthu imscrúdú a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge, tacaíocht an phobail di, dearchthaí i leith beartas, cumas sa teanga agus úsáid na teanga (Walsh, 2022).

Mar a dhoiciméadaigh Ó Riagáin (1997) agus daoine eile go fairsing, léiríodh i dtuarascáil CILAR gur thacaigh an pobal go mór leis an teanga mar chomhartha ar shainiúlacht náisiúnta, cé gur thug siad droim láimhe di den chuid ba mhó mar mheán cumarsáide ina saol laethúil. Nocht an neamhréiteach sin idir dílseacht shiombalach láidir don teanga agus fonn lag í a úsáid go feidhmiúil na teorainneacha a bhain le beartas stáit a bhí róspiléach ar an oideachas éigeantach agus a bhí fréamhaithe sa náisiúnachas cultúir.

Mar gheall ar rath thionscadal CILAR agus tionchar na tuarascála, réitíodh an bealach do shuirbhéanna a tháinig ina ndiaidh. Thart ar an am céanna ar bunaíodh CILAR, bhí Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ) ina tús chomh maith. Ghlac ITÉ freagracht as na suirbhéanna náisiúnta ar dhearchthaí i leith na Gaeilge agus rinne ceann a réachtáil go luath sna 1980idí agus arís go luath sna 1990idí. Deimhníodh sna tuarascálacha a foilsíodh bunaithe ar shuirbhéanna 1983 agus 1993 (Ó Riagáin agus Ó Glasáin, 1984, 1994) na torthaí ó 1973 den chuid ba mhó (CILAR, 1975), rud a léirigh nach raibh mórán athraithe tagtha ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge, fhoghlaim na teanga ná úsáid na teanga le tríocha bliain anuas.

Le linn na tréimhse seo, cé go raibh an dáimh shiombalach leis an teanga ard i gcónaí, bhí úsáid laethúil na teanga fós teoranta go geografach den chuid ba mhó i measc mionlach beag. Rinneadh amach go raibh ról tábhachtach ag aicme shóisialta i ndearchthaí i leith na Gaeilge. Mar shampla, is iad daoine ó chúlaí lucht oibre a raibh dul chun cinn sóisialta déanta acu, go mór mór trí oideachas, a léirigh na tuairimí dearfacha ba láidre i leith na Gaeilge. Is gnách go raibh ardleibhéal oideachais fhoirmiúil agus inniúlacht láidir sa teanga bainte amach ag an ngrúpa. Maidir le hoideachas, cheap tromlach gur cheart go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar éigeantach i gcónaí. Cheap tromlach freisin go labhródh ní ba mhó daoine Gaeilge dá dteagascfaí ní b'fhearr í, agus gur cheart iarracht níos mó a dhéanamh na modhanna teagasc a fheabhsú. Níor léirigh ach mionlach dearcadh dearfach i leith éifeachtacht theagasc na Gaeilge

ar scoil agus cheap formhór acu nach raibh teagasc na Gaeilge éifeachtach. Bhí tromlach den tuairim nár fhoghlaim formhór na bpáistí a ndóthain Gaeilge le hí a úsáid lasmuigh den scoil (CILAR, 1975).

Sa suirbhé a rinneadh in 2001, arna choimisiúnú agus arna mhaoiniú ag Foras na Gaeilge, taifeadh dearccháí nach raibh chomh dearfach céanna i leith na Gaeilge ná mar a taifeadh sna suirbhéanna roimhe sin. Dúirt Ó Riagáin (2007) gur thug fianaise le fios go raibh lagú ag teacht i bPoblacht na hÉireann ar an ngaol a síleadh a bheith idir an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht náisiúnta nó eitneach. Bíodh sin mar atá, ní raibh aon laghdú suntasach le sonrú ar an tacaíocht do bheartas láidir teanga don Ghaeilge. Cuir i gcás, i ngach suirbhé suas go dtí an pointe sin, gur thacaigh tromlach mór le teagasc na Gaeilge mar ábhar i scoileanna i bPoblacht na hÉireann: 71% in 2001, 72% in 1983 agus 69% in 1993. Ina ainneoin sin, bhí an tacaíocht don oideachas dátheangach mar ghnáthchleachtas sa tír imithe i léig, ó 21% in 1983 go 10% in 2001 (Ó Riagáin, 2007).

Thug Ó Riagáin (2007) hipitéis chomh maith go mbeadh dearccháí teanga in PÉ ag brath ar chúrsaí aicme, cé gur mó a bheidís ag brath ar chúrsaí reiligiúin agus féiniúlachta in TÉ. Tharla sé go raibh an ceart aige agus bhí suirbhé 2001 ina dhearbhu ar an méid sin den chuid ba mhó.

Rinneadh an chéad suirbhé eile ar dearccháí teanga ar fud na hÉireann sa bhliain 2013 (Darmody & Daly, 2015). Is iad an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Amárach Research a thug faoi, agus is é Foras na Gaeilge a choimisiúnaigh agus a mhaoinigh é. Maidir le cumas sa Ghaeilge, thuairiscigh na freagróirí ar an suirbhé in PÉ in 2013 gur mar seo a leanas a bhí a leibhéal cumais sa Ghaeilge: gan líofacht: 43%; líofacht bhunúsach: 43%; ardlíofacht: 14%. Maidir le húsáid na teanga, fuarthas amach sa suirbhé gur labhair 32% de na daoine Gaeilge, agus gur labhair siad go laethúil (6%), go seachtainiúil (7%) nó ní chomh minic sin (19%) í. Thuairiscigh an chuid eile nár labhair siad Gaeilge riamh. Fuarthas amach sa suirbhé freisin go raibh tionchar ag labhairt na Gaeilge sa bhaile san óige ar úsáid reatha na teanga i measc na bhfreagróirí fásta, is é sin le rá go raibh seans ní ba mhó ann go n-úsáidfí siúd a tógadh le Gaeilge an teanga (56%) i gcomparáid leo siúd nár labhair an teanga sa bhaile ach go hannamh nó riamh (18%).

Arís, léiríodh sa suirbhé sin go raibh tacaíocht láidir ann do theagasc na Gaeilge mar ábhar i scoileanna in PÉ. Agus, cé gur léirigh formhór na bhfreagróirí gur cheart scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil sna háiteanna a bhfuil éileamh orthu, ní raibh ach líon beag den tuairim gurbh é an t-oideachas lán-Ghaeilge an clár ab oiriúnaí d'fhormhór na bpáistí.

Taifeadh sa suirbhé go raibh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag tromlach 67% de na freagróirí in PÉ. Chreid tromlach (64%) freisin go gcaillfeadh Éire a féiniúlacht gan an Ghaeilge a bheith ann. Léirigh tromlach mór tuismitheoirí (78%) gur cheap siad go raibh sé tábhachtach go bhfásadh a bpáiste aníos leis an nGaeilge, agus bhí tromlach ní ba lú (53%) den tuairim gur cheart don rialtas a chinntiú go dteagascar an Ghaeilge go maith i scoileanna.

Ba é tátal na tuarascála, i gcomparáid leis an suirbhé in 2001, go raibh roinnt forbairtí dearfacha ann i ndáil le dearccháí i leith na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge. D'áitigh na húdair gur chosúil gurbh í an timpeallacht bhaile an phríomhthoisic a d'imir tionchar ar dearccháí i leith na Gaeilge, i.e., an raibh Gaeilge á labhairt sa bhaile agus an raibh na freagróirí den tuairim gur theastaigh óna dtuismitheoirí go bhfoghlaiméoidís ar scoil í (Darmody & Daly, 2015).

2.6 Achoimre

Is éard b'aidhm leis an gcaibidil seo ná bonn comhthéacs a chur faoi thorthaí an tsuirbhé ó PÉ a chuirfear i láthair i gCaibidil 6. Rinneadh cur síos gairid ar stair an aistrithe teanga agus na hathbheochana teanga, agus ina dhiaidh sin rinneadh plé ar líon na gcainteoirí atá ann faoi láthair agus ar phróifíil déimeagrafacha na gcainteoirí sin. Pléadh ansin an creat dlí agus beartais ina bhfeidhmíonn an Ghaeilge in PÉ, mar aon le stair agus seasamh reatha na Gaeilge sa chóras oideachais. Mar chlabhsúr, tugadh breac-chuntas ar an suirbhé is déanaí ar dearccháí i leith na Gaeilge sa dlínse. Díreofar sa chéad chaibidil eile ar anailís ar staid reatha na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.



An Ghaeilge i
dTuaisceart Éireann

3. An Ghaeilge i dTuaisceart Éireann

3.1 Réamhrá

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar chomhthéacs na Gaeilge i dTuaisceart Éireann (TÉ). Ar dtús, déantar cur síos gairid ar threocht an aistrithe teanga ón nGaeilge chuig an mBéarla mar theanga an phobail sula bpléitear an ghníomhaíocht athbheochana teanga a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin. Leagtar amach líon reatha na gcainteoirí agus breathnaítear go mion ar na sonraí sin de réir tosa déimeagrafacha ar nós aoise, reiligiúin, féiniúlacht pholaitiúil agus oideachais. Pléitear an creat dlíthiúil agus an comhthéacs beartais don Ghaeilge mar atá faoi láthair in TÉ. Ar deireadh, déantar athbhreithniú ar sheasamh na Gaeilge sa chóras oideachais sula dtugtar an chaibidil chun críche le forbheathnú ar thaighde a rinneadh roimhe seo ar dhearchthaí i leith na Gaeilge in TÉ.

3.2 Aistriú agus athbheochan teanga in TÉ

Fearacht Phoblacht na hÉireann, bhí an Ghaeilge go hiomlán i réim tráth den saol sa limistéar a dtugtar Tuaisceart Éireann anois air. Ó thús agus lár na chéad mhílaoise AD, bhí an Ghaeilge bunaithe agus seanbhunaithe ó cheann ceann an oileáin (Stifter et al., 2023). Tugann fianaise ón tréimhse sin le tuiscint gurbh í an Ghaeilge teanga an phobail sa limistéar ina bhfuil Tuaisceart Éireann anois (Ó Dochartaigh, 1992). Is beag a thugann le fios gurbh ann d'aon teanga dhúchais eile (Ó hUiginn 2008; Stifter et al., 2023) nó go raibh teanga ar bith eile in úsáid go forleathan an tráth sin (Mac Giolla Chríost, 2005; Stifter et al., 2023).

Le teacht na Lochlannach agus na Normannach ina ndiaidh, d'éirigh cúrsaí teanga beagán ní ba chasta. Bíodh sin mar atá, níor mhair an tionchar ó thaobh aistriú teanga de ach ar feadh scaithimh agus is sna ceantair uirbeacha i mbéal forbartha a bhí sé dírithe den chuid ba mhó. Ag an am céanna, ba í an Ghaeilge teanga fhormhór mór an phobail go fóill. Thosaigh athrú ag teacht ar an scéal sa 16ú haois agus sa 17ú haois, áfach. D'fhág Concas na dTúdarach sa 16ú haois gur spreagadh na Gaeil a bhí ann cheana, nó gur cuireadh iallach orthu, glacadh le dlí, teanga agus cultúr Shasana, agus d'fhág Plandáil Uladh agus na lonnaíochtaí a d'eascair aisti gur thosaigh athruithe ag teacht ar bhraistintí maidir le féiniúlacht eitneachta, reiligiúin agus teanga (Mac Giolla Chríost, 2005). Thug lonnaitheoirí Sasanacha agus Albanacha i gCúige Uladh an Béarla isteach arís, le gné láidir den Albainis ísealchríche le sonrú agus beagán de Ghaeilge na hAlban leis. Maidir le féiniúlacht reiligiúin agus eitneachta, thug na daoine nua an tAnglacánachas agus an Preispitéireachas leo, chomh maith le féiniúlacht Shasanach, Albanach agus/ nó Bhriotanach. Sa lá atá inniu ann, tá comhghaol fós le brath sa dlínse idir na hathruithe féiniúlachta sin agus an cumas atá ag daoine sa Ghaeilge, mar aon lena ndearcchaí i leith na teanga.

Faoi dheireadh an 17ú haois, is dócha gurb é an Béarla an teanga ba mhó a bhí i réim i gceantair thart ar Bhéal Feirste, Inis Ceithleann, Doire agus Cúil Raithin (Mac Giolla Chríost, 2005). Cé go raibh an Ghaeilge fós ann sna dúichí idir na ceantair sin, bhí úsáid na hAlbainise agus an Bhéarla ag leathadh. Ag an am céanna, tá an seans ann go raibh Gaeilge na hAlban á labhairt freisin sna ceantair sin (Mac Giolla Chríost, 2005). Is dócha go raibh an Ghaeilge i réim lasmuigh de na réigiúin sin, lena n-áirítear i ndeisceart agus in oirdheisceart Chontae Dhoire an lae inniu, cuid mhaith de Chontae Thír Eoghain an lae inniu, deisceart Ard Mhacha, chomh maith le hoirthuaisceart Chontae Aontroma (FitzGerald, 1984). Bhí méid na tíre a raibh an Ghaeilge á labhairt ann tite ar gcúl faoi dheireadh an 18ú haois agus an t-aistriú teanga ag dul ar aghaidh ar luas measartha, ach d'fhan an Ghaeilge sách láidir sa Srath Bán Uachtarach i dTír Eoghain, i ndeisceart Ard Mhacha agus i nGlinnte Aontroma (FitzGerald, 1984). Fiú lasmuigh de na príomhcheantair sin, agus gan formhór Chontae Aontroma agus Chontae an Dúin, tuaisceart Ard Mhacha ná an chuid thoir thuaidh de Dhoire a áireamh, tá fianaise ann go mbíodh an Ghaeilge á sealbhú ag grúpaí beaga daoine óga suas go dtí deireadh an 18ú haois (FitzGerald, 1984).

Le teacht an 19ú haois, tháinig an tréimhse chinniúnach maidir le haistriú teanga ar an oileán. Mar sin féin, agus é ag déanamh anailíse ar thuairisceáin ó Dhaonáireamh 1911, bhain FitzGerald (2003) tátal astu go raibh Gaeilge fós ag gach duine ar Reachlainn sa tréimhse díreach roimh an nGorta Mór agus go raibh Gaeilge fós ag ar a laghad trian den phobal feadh stráice cúig mhíle dhéag ar chósta thoir Aontroma. I dTír Eoghain agus i nDoire, thug sé faoi deara gur dócha go raibh Gaeilge fós á labhairt, go pointe áirithe ar a

laghad, i gcuid mhaith de leath thuaidh Thír Eoghain agus in oirdheisceart Dhoire, lena n-áirítear stráice cúig mhíle dhéag ó thuaidh d'Ómaigh, áit nach raibh ach Gaeilge ag cuid mhaith den phobal, is cosúil. Tá an chuma ar an scéal freisin go raibh an Ghaeilge fós in úsáid ar leibhéal íseal i gcuid de dheisceart Thír Eoghain, agus go raibh an Ghaeilge fós ag líon suntasach daoine i ndeisceart Ard Mhacha, áit a raibh idir leath agus dhá thrían den phobal i roinnt ceantar fós ina gcainteoirí Gaeilge.

Mar gheall ar an aistriú go Béarla a bhí ag leanúint ar aghaidh, áfach, faoi dheireadh an 19ú haois, meastar nach raibh an Ghaeilge á labhairt go rialta ach i gceantair bheaga i dTír Eoghain agus in Aontroim, ceantair a bhí scoite ó thaobh teanga de (Mac Giolla Chríost, 2005). Tá taifead i nDaonáireamh 1911 ar beagnach 29,000 cainteoir Gaeilge sna contaetha siúd atá anois in TÉ. Sna ceantair a luadh thuas a bhí siad lonnaithe den chuid ba mhó, is iad sin Aontroim, tuaisceart Thír Eoghain, oirdheisceart Dhoire, deisceart Ard Mhacha agus cuid de dheisceart an Dúin. Is léiriú é an figiúr sin ar mhéadú breis is 7,000 cainteoir i gcomparáid le Daonáireamh 1901. Ní dócha gur mar gheall ar athruithe ar shealbhú na Gaeilge sa bhaile agus sa phobal a tharla sé sin, ach mar gheall ar mhéadú a bhí tagtha ar fhoghlaím na Gaeilge i gcomhthéacs Athbheochan na Gaeilge. Bhí an t-atmaisféar ní b'fhabhraí freisin, rud is dócha a d'fhág nach raibh drogall ar dhaoine inniúlacht sa Ghaeilge a nochtadh. Deich mbliana roimh bhunú Thuaisceart Éireann, mar sin, is cinnte go raibh pobail iarmharacha Ghaeilge ann, ach bhí na cainteoirí dúchais ag dul in aois (McKendry, 2007).

Tá staid na Gaeilge agus an aistrithe teanga in TÉ sa 20ú haois thar a bheith doiléir toisc a laghad sonraí atá ar fáil. Tar éis bhunú Thuaisceart Éireann in 1921, níor cuireadh ceist faoin nGaeilge san áireamh sa Daonáireamh arís go dtí 1991². Fuarthas réidh leis an gceist ar dtús sna 1920idí mar chuid de neamhshuim ghinearálta sa teanga i ndiaidh na críochdheighilte, agus níor tugadh ar ais í go dtí go bhfuarthas iarratas ó Rialtas na hÉireann chuige sin faoi fhorálacha an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh 1985 (Cooley, 2022). Is gá a bheith cúramach agus comparáidí díreacha á ndéanamh idir torthaí Dhaonáirimh 1911 agus 1991 toisc na hathruithe a tháinig ar fhocláíocht na gceisteanna, ar theorainneacha an Daonáirimh, agus ar chomhthéacs sochpholaitiúil na Gaeilge sa dlínse idir an lá linn. Bíodh sin mar atá, is fiú an chomparáid a dhéanamh toisc gur féidir léi léargas a thabhairt dúinn ar roinnt pointí tábhachtacha.

Ar dtús, nochtann sé méadú suntasach ar líon na ndaoine a thuairiscigh cumas éigin sa Ghaeilge, go 142,003 (8% den daonra) (Registrar General Northern Ireland, 1993). Tá an figiúr sin inchurtha i bpáirt i leith ardú suntasach ar shealbhú na Gaeilge tríd an scolaíocht, i gceantair uirbeacha go príomha, i ndiaidh leathnú teoranta ar sholáthar na Gaeilge i scoileanna. Faoi 1991, bhí briseadh nach mór iomlán tagtha freisin ar an leanúnachas i dtaobh shealbhú agus úsáid fhorleathan na Gaeilge mar ghnáthchleachtas sna ceantair siúd ina raibh bonn suntasach faoin teanga in 1911. Go luath sna 1950idí, mar shampla, rinne Wagner (1958) trácht ar na “fothracha teanga” a chonaic sé in Oirthear Chúige Uladh. Mar sin féin, luann Mac Giolla Chríost (2005) go faichilleach go bhféadfadh sé go raibh leanúnachas teoranta ann sna pobail Ghaeilge a taifeadadh in 1911 agus 1991. Tugann sé faoi deara gur taifeadadh cion comparáideach níos airde de dhaoine scothaosta le Gaeilge in 1991 sna ceantair siúd a fhreagraíonn go dlúth do na ceantair ina raibh bonn suntasach faoin teanga mar theanga phobail in 1911.

Rinneadh an Daonáireamh is déanaí i dTuaisceart Éireann i mí an Mhárta 2021 agus, i gcomhthéacs na tuarascála seo, is díol spéise trí cheist a bhain le teanga. Ar an gcéad dul síos, fiafraíodh de na freagróirí cén phríomhtheanga a bhí acu, agus an rogha acu ‘Béarla’ a phiocadh, nó ‘Eile’ a phiocadh agus ansin ainm na teanga eile sin a scríobh isteach³. Ar an dara dul síos, fiafraíodh de na freagróirí an raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh nó a thuiscint, agus an rogha acu ‘Gan cumas ar bith’, ‘Tuiscint’, ‘Labhairt’, ‘Léamh’ agus/nó ‘Scríobh’ a phiocadh. Ar an tríú dul síos, más rud é gur thaifead freagróirí go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, iarradh orthu a chur in iúl cé chomh minic agus a labhair siad í, agus an rogha acu ‘Gach lá’, ‘Gach seachtain’, ‘Ní chomh minic sin’, nó ‘Choíche’ a phiocadh. Cé gur cuireadh ceist i nDaonáireamh 2021 in TÉ faoi cé chomh maith agus a labhair na freagróirí Béarla (‘An-mhaith’, ‘Go maith’, ‘Ní go maith’, ‘Ní labhraíonn’), níor cuireadh aon cheist choibhéiseach faoina gcumas labhartha sa Ghaeilge ná i dteangacha eile.

² Cé go dtugann Mac Giolla Chríost faoi deara gur roimhe seo in 1988 a tháinig an chéad fhoilseachán ar an nGaeilge ó Rialtas na Breataine, is é sin Sweeney (1988).

³ Tugtar faoi deara go gcuirtear an Béarla i láthair mar rogha réamhshocraithe i bhfoirmiú na ceiste seo. Níl sé ag teacht le dinimic an dátheangachais/ilteangachais ach an oiread, toisc nach gá go mbeadh príomhtheanga ar leith ann nó toisc go bhféadfadh ní ba mhó ná príomhtheanga amháin a bheith ann.

⁴ I gcás go dtugtar céatadáin, tagraíonn siad do chéatadán na ndaoine atá 3 bliana d'aois agus os a chionn a bhfuil gnáthchónaí orthu sa dlínse. Déantar céatadáin níos mó ná 1% a shlánú go dtí an céatadán iomlán is gaire. Déantar céatadáin níos lú ná 1% a shlánú go dtí an chéad phointe deachúil.

Léiríonn tuairisceáin an Daonáirimh (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde, 2021) gur thuairiscigh 5,972 duine gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu, líon arbh ionann é agus 0.3%⁴ den daonra. Cé go dtugann an figiúr sin le fios gur mheas líon measartha beag daoine gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu, tagann scéal níos leithne chun cinn nuair a bhreathnaítear ar chumas teanga. Thuairiscigh thart ar 12% den daonra (228,617) go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge, lena n-áirítear an cumas an teanga a labhairt, a léamh, a scríobh nó a thuiscint, nó meascán éigin de na scileanna sin. Is é an grúpa is mó i measc na ndaoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge ná an grúpa freagróirí a thuairiscigh go raibh siad in ann Gaeilge a thuiscint ach nach raibh siad in ann an teanga a labhairt, a léamh ná a scríobh (90,801 duine, 5% den daonra). As na freagróirí a thuairiscigh go raibh cumas éigin acu sa Ghaeilge, thuairiscigh beagnach an tríú cuid acu (71,872 duine, 4% den daonra) go raibh siad in ann an teanga a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint.

Is léir bearna idir na leibhéil chumais sa Ghaeilge a tuairiscíodh agus cé chomh minic agus a labhraítear an teanga. Thuairiscigh 43,557 duine (2%) sa Daonáireamh gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad, thuairiscigh 26,285 (1%) gur labhair siad an teanga go seachtainiúil, agus thuairiscigh 47,143 (3%) nár labhair siad chomh minic sin í. Thuairiscigh thart ar 9,758 duine (0.5%) go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt ach nár labhair siad riamh í.

Na daoine a thuairiscigh gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu, a thuairiscigh go raibh siad an-inniúil sa Ghaeilge agus a thuairiscigh gur labhair siad an teanga ní ba mhinice, ní raibh siad scaipthe go cothrom ar fud na dlínse. Ina áit sin, is i gceantair gheografacha ar leith a bhí siad cruinnithe. Is i gceantair in Iarthar Bhéal Feirste ab airde a bhí stádas na Gaeilge mar phríomhtheanga, go comhréireach agus i dtéarmaí absalóideacha, áit a raibh an céatadán i gcuid mhaith bardaí daonáirimh ag druidim le 3% den daonra nó ní ba mhó ná sin. Bhí inniúlacht sa Ghaeilge agus úsáid níos minice na teanga labhartha comhchruinnithe ar an gcaoi chéanna i gceantair áirithe. Thuairiscigh idir 10–14% den daonra i gceantair in Iarthar Bhéal Feirste, Contae Thír Eoghain, an tLú, Cathair Dhoire agus Carn Tóchair go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint. Maidir le labhairt na Gaeilge go laethúil, is in Iarthar Bhéal Feirste agus i gceantair in oirthear Thír Eoghain agus in oirthear Chontae Dhoire a bhí an cion ab airde de chainteoirí laethúla Gaeilge, áiteanna ar tuairiscíodh raon idir 10–14% de chainteoirí laethúla Gaeilge.

Léiríonn anailís ar na sonraí de réir tosa sochdhéimeagrafacha gur i measc daoine óga, Caitliceach, daoine nár shainaithin iad féin ach mar Éireannach, agus daoine a raibh leibhéil ní b'airde oideachais fhoirmiúil bainte amach acu ba mhó a tuairiscíodh stádas na Gaeilge mar phríomhtheanga, cumas sa Ghaeilge, agus labhairt rialta na teanga. I measc na ndaoine a mhaígh gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu, is fíorbheagán acu a bhain le creideamh Protastúnach/Críostaí eile nó a shainaithin iad féin mar Bhriotanach, Éireannach Tuaisceartach nó náisiúntacht eile.

Ó thaobh féiniúlacht náisiúnta de, shainaithin 5,746 (96%) de na daoine sin arbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu iad féin mar Éireannach amháin, shainaithin 95 (2%) díobh iad féin mar Éireannach Tuaisceartach amháin, agus shainaithin 8 (0.1%) díobh iad féin mar Bhriotanach amháin. Ar cheist an reiligiúin, as na daoine a thuairiscigh gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu, thuairiscigh 5,155 (86%) go raibh siad Caitliceach, thuairiscigh 75 (1%) go raibh siad Protastúnach/Críostaí eile, thuairiscigh 729 (12%) nach raibh reiligiún acu, agus thuairiscigh 12 (0.2%) go raibh reiligiún eile acu.

Mar a luadh, thuairiscigh 71,872 (4%) go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint, thuairiscigh 43,553 (2%) gur labhair siad Gaeilge go laethúil, agus thuairiscigh 26,289 (1%) eile gur labhair siad Gaeilge go seachtainiúil. Is léir codarsnacht ghéar arís nuair a bhreathnaítear ar na figiúirí seo i gcomhthéacs féiniúlacht náisiúnta agus reiligiúin, áfach. Thuairiscigh 11% díobh siúd a shainaithin iad féin mar Éireannach amháin, 1% díobh siúd a shainaithin iad féin mar Bhriotanach amháin go raibh cumas acu sna ceithre scil go léir i nGaeilge. Maidir le labhairt na Gaeilge go laethúil agus go seachtainiúil, ba iad 7% agus 4% faoi seach na figiúirí i gcás na ndaoine a roghnaigh Éireannach amháin, 0.5% agus 0.6% faoi seach i gcás na ndaoine a roghnaigh Bhriotanach amháin, agus 0.1% agus 0.1% faoi seach i gcás na ndaoine a roghnaigh Bhriotanach amháin.

Ag breathnú ar na torthaí ó thaobh reiligiúin de, tuairiscíodh go raibh 8% de Chaitlicigh in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint, agus ba é 0.3% an figiúr a bhain le Protastúnaigh agus le reiligiúin Chríostaí eile. I measc na gCaitliceach, ba iad 5% agus 3% na figiúirí maidir le labhairt na Gaeilge go laethúil agus go seachtainiúil faoi seach, agus ba iad 0.2% agus 0.1% na figiúirí a bhain le Protastúnaigh/reiligiúin Chríostaí eile. Cé gur i measc na ndaoine a shainaithin iad féin mar Éireannach agus na ndaoine a shainaithin iad féin mar Chaitliceach ba choitianta a luadh Gaeilge mar phríomhtheanga, cumas sa teanga agus labhairt na teanga go rialta, is díol suntais mar sin féin an líon foriomlán daoine ó chúlaí Bhriotanacha agus Protastúnacha/Críostaí eile a bhí sna catagóirí sin. I measc

na ndaoine a shainaithin iad féin mar Bhriotanach amháin, mhaígh 1,517 go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint, mhaígh 647 gur labhair siad Gaeilge go laethúil, agus mhaígh 374 eile gur labhair siad Gaeilge go seachtainiúil. I measc na ndaoine a raibh creideamh Protastúnach/ Críostaí eile acu, bhí cumas ag 2,357 sna ceithre scil teanga go léir i nGaeilge, labhair 1,128 Gaeilge go laethúil agus labhair 512 eile go seachtainiúil í. In ainneoin na figiúirí foriomlána seo a bheith íseal go comhréireach, tá siad an-suntasach i gcomhthéacs teanga mhionlaigh ar nós na Gaeilge.

Mar a luadh cheana, ba láidre an Ghaeilge i measc daoine óga. Is i measc an lucht freastail scoile ba láidre í go ginearálta, agus chuaigh an figiúr i laghad de réir a chéile mar a chuaigh na haoisghrúpaí in aois. San aoisghrúpa 3–15 bliana, tuairiscíodh gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga ag 0.6% acu. San aoisghrúpa céanna, bhí cumas sna ceithre scil teanga ag 5% agus labhair 4% acu Gaeilge go laethúil. Seasann an aoisghrúpa 16–24 bliana amach mar eisceacht ó thaobh cumas teanga de: is sa ghrúpa seo a bhí an céatadán ab airde (6%) a bhí in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint. An eisceacht sin as an áireamh, is léir an treocht ghinearálta: tagann laghdú ar an nGaeilge mar phríomhtheanga, ar chumas sa Ghaeilge, agus ar úsáid laethúil na Gaeilge de réir aoise. San aoisghrúpa 75+, mar shampla, níorbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga ach ag 0.1%, ní raibh cumas sna ceithre scil teanga ach ag 2%, agus níor labhair ach 1% Gaeilge go laethúil.

Lena chois sin, is láidre a bhí an Ghaeilge mar phríomhtheanga, cumas sna ceithre scil teanga, agus úsáid laethúil na Gaeilge i measc na ndaoine siúd a raibh ardcháilíochtaí oideachais fhoirmiúil acu. I measc na ndaoine a raibh cáilíocht ag Leibhéal 4 nó os a chionn acu ar an gCreat Rialáilte Cáilíochtaí (Cáilíochtaí Gairme, Teicniúla agus Gairmiúla, nó Ardteastas Náisiúnta), tuairiscíodh gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga ag 0.4%, go raibh 6% acu in ann Gaeilge a labhairt, a léamh, a scríobh agus a thuiscint, agus gur labhair 3% acu Gaeilge go laethúil. Dá laghad cáilíochtaí oideachais fhoirmiúil a bhí ag duine, is ea is laige a bhí an Ghaeilge mar phríomhtheanga, cumas sna ceithre scil teanga, agus úsáid laethúil na teanga—agus ba laige ar fad na céatadáin sin i measc na ndaoine gan aon cháilíocht ar bith, ag 0.1%, 1% agus 1% faoi seach.

Tá na treochtaí ginearálta atá le brath i nDaonáireamh 2021 ag teacht le sonraí ó na Daonáirimh a rinneadh roimhe sin agus le torthaí ó staidéir eile (m.sh., Mac Giolla Chríost, 2005; Shuttleworth et al., 2022). Cuirtear roinnt sonraí fiúntacha breise ar fáil i staidéir Nelde et al. (1996) agus Mac Giolla Chríost (2001), cé gur cheart a lua go bhfuil nach mór 30 bliain caite anois ó foilsíodh iad agus nár úsáideadh samplaí dóchúlacht-bhunaithe sna suirbhéanna a bhfuil siad bunaithe orthu. Maidir le cumas féinmheasta, mheas 60% de na freagróirí i suirbhé Nelde et al. (1996) go raibh a gcumas labhartha sa Ghaeilge an-mhaith nó maith go leor. I Mac Giolla Chríost (2001), thug 10% de na daoine óga (16–18 mbliana d'aois) a ndearnadh suirbhé orthu an rátáil ab airde dá gcumas labhartha féin sa Ghaeilge, agus mhaígh 38% eile go raibh cumas ní b'fhearr ná an meán acu sa teanga. I measc ghrúpa na dtuismitheoirí sa suirbhé céanna, thug 16% an rátáil ab airde dá gcumas labhartha féin sa Ghaeilge agus mhaígh 33% go raibh cumas labhartha ní b'fhearr ná an meán acu sa teanga.

De réir an dá shuirbhé seo, is beag duine a labhraíonn Gaeilge sa bhaile. I suirbhé Nelde et al. (1996) ar dhaoine fásta le Gaeilge, níor luaigh ach 7% de na freagróirí gurbh í an Ghaeilge an t-aon teanga amháin a labhraíodh sa bhaile. De réir Mac Giolla Chríost (2001), tuairiscíodh gur úsáid 10% agus 13% de dhéagóirí le Gaeilge an teanga go minic nó i gcónaí lena dtuismitheoirí agus lena ndeartháireacha/ndeirfiúracha faoi seach. B'fhéidir nach aon ionadh é, mar sin, gur mhaígh tromlach na rannpháirtithe (80%) i suirbhé Nelde et al. (1996) ar dhaoine fásta le Gaeilge gur fhoghlaim siad a gcuid Gaeilge ar scoil. Léiríonn Mac Giolla Chríost (2001), lena chois sin, a thábhachtaí atá an t-oideachas aosach do thuismitheoirí ar mhaith leo Gaeilge a fhoghlaim toisc go bhfuil a gcuid páistí á dtógáil le Gaeilge. Is i líonraí dlútha soiléire—daoine muinteartha, cairde, an scoil, an eaglais agus an t-ionad oibre—a úsáidtear Gaeilge den chuid is mó (Mac Giolla Chríost, 2001, 2005).

3.3 Reachtaíocht agus beartas in TÉ

Tháinig éabhlóid ar sheasamh na Gaeilge i dTuaisceart Éireann ó thaobh reachtaíochta agus beartais de agus ar an gcur chuige oifigiúil i leith na teanga i gcaitheamh na dtrí phríomhthréimhse de shocruithe bunreachtúla agus rialachais sa dlínse: Parlaimint agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann (1921–1972); Riail Dhíreach ó Westminster (1972–1998); agus Comhroinnt Cumhachta Cineachta faoi Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) (1999–go dtí seo). Le linn gach ceann de na tréimhsí sin, bhí na páirtithe Náisiúnacha i bhfabhar tionscnamh le tacú leis an nGaeilge den chuid ba mhó, agus na páirtithe Aontachtacha ina gcoinne, rud a d'fhág comhthéacs neamhfhabhrach beartais do reachtaíocht agus beartas láidir a fhorbairt ar son na Gaeilge (Ó Murchadha, 2021).

I ndiaidh bhunú Thuaisceart Éireann in 1921, ba léir go raibh drochmheas mar bhonn faoin dearcadh oifigiúil i leith na Gaeilge (Crowley, 2016). Coinníodh an teanga amach as córais inmheánacha riaracháin an stáit agus as idirghníomhaíochtaí an stáit leis an bpobal (Ó Laighin, 2022). Maítear go raibh sé mar chuid den aidhm shainráite Thuaisceart Éireann a bhunú mar stát lán-Bhéarla (Crowley, 2005). Seasann stádas na Gaeilge i dThuaisceart Éireann i gcaitheamh na tréimhse sin i gcodarsnacht leis an seasamh feiceálach a tugadh don teanga i Saorstát Éireann, nach raibh ach ina thúis an tráth sin, agus leis na tacaíochtaí oifigiúla a tugadh níos déanaí do Ghaeilge na hAlban agus, go háirithe, don Bhreatain sa Bhreatain (Committee on the Administration of Justice, 1993). Bíodh is nár tugadh aon reachtaíocht nua isteach i dThuaisceart Éireann a bhain go sonrach leis an nGaeilge sa tréimhse sin, rinneadh foráil in Alt 19 den Public Health and Local Government (Miscellaneous Provisions) Act (Northern Ireland) 1949 nach gcuirfí comharthaí sráide suas in aon teanga seachas an Béarla. Ba é an toradh air sin gur cuireadh cosc ar chomharthaí sráide poiblí i nGaeilge.

Le linn thréimhse na Rialach Dírí, meastar go raibh Rialtas na Breataine ní b'fhabhraí i leith na Gaeilge ná mar a bhí an réimeas in Stormont roimhe sin (McCoy, 1997a). Sa bhliain 1989, cuir i gcás, bunaíodh Grúpa na dTraidisiún Cultúrtha agus Iontaobhas ULTACH, a rinne plé leis na traidisiúin chultúrtha éagsúla agus leis an nGaeilge in TÉ faoi seach, agus a mhaoinigh tionscnaimh Ghaeilge. Bliain ina dhiaidh sin, in 1990, cuireadh an Ghaeilge le curaclam Thuaisceart Éireann freisin. I lár na 1990idí, ceadaíodh leis an Local Government (Miscellaneous Provisions) (Northern Ireland) Order 1995 léiriú ainmneacha sráide in aon teanga bhreise eile le taobh an leagain riachtanaigh i mBéarla, rud a réitigh an bealach d'úsáid na Gaeilge ar chomharthaí go pointe áirithe.

Ó tháinig na Socruithe Comhroinnte Cumhachta Cineachta i bhfeidhm i dThuaisceart Éireann in 1999, tá an Ghaeilge ina cnámh spairne pholaitiúil idir na páirtithe Náisiúnacha agus Aontachtacha i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann. Is nós le páirtithe Aontachtacha cur i gcoinne aon bheartais a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge. Tá dul chun cinn déanta ina leith sin, áfach. Ba chor cinniúnach é Comhaontú Bhéal Feirste maidir le seasamh na Gaeilge in TÉ. Mar chuid den Chomhaontú, gheall Rialtas na Breataine úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, iarracht a dhéanamh fáil réidh le bacainní ar fhorbairt na teanga, dualgas reachtúil a leagan ar an Roinn Oideachais oideachas trí mheán na Gaeilge a éascú, agus léiriú na scannánaíochta agus na teilifíse Gaeilge, agus rochtain orthu, a mhéadú in TÉ (Government of the United Kingdom & Government of Ireland, 1998). Bunaíodh Foras na Gaeilge in 1999, faoi Chomhaontú Bhéal Feirste freisin, mar an comhlacht uile-oileáin a bheadh freagrach as cur chun cinn na Gaeilge i dThuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon.

Nuair a dhaingnigh Rialtas na Breataine an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i ndáil leis an nGaeilge i dThuaisceart Éireann in 2001, measadh gur bealach é leis na gealltanais i gComhaontú Bhéal Feirste a bhaint amach. Ba thuair dóchais é go raibh TÉ ar an mbóthar ceart le bonn dlí a chur faoi chur chun cinn na Gaeilge (Walsh, 2022). Dála Ghaeilge na hAlban agus na Breataine, tugadh cosaint don Ghaeilge i dThuaisceart Éireann faoi Chuid 3 den Chairt, an leibhéal cosanta is airde. B'amhlaidh fós é, áfach, gur lú tacaíocht reachtach a bhí ag an nGaeilge sa Ríocht Aontaithe ná mar a bhí ag Gaeilge na hAlban agus ag an mBreatain (Committee on the Administration of Justice, 1993). Ní hé sin le rá nach raibh tábhacht le síniú na Cairte, áfach, sa mhéid gur chuir sé tús le plé ar chearta teanga an duine chomh fada is a bhain siad le ceist na Gaeilge i dThuaisceart Éireann (Mac Giolla Chríost, 2012) agus gur leag sé síos creat tagartha le haghaidh reachtaíochta agus beartais.

Ina chuid de Chomhaontú Chill Rímhinn, 2006, bhí gealltanas ó Rialtas na Breataine Acht Gaeilge a thabhairt isteach i dThuaisceart Éireann. Tháinig an Northern Ireland (St Andrews Agreement) Act 2006 as síniú an chomhaontaithe sin. Leagadh amach in Alt 28D den Acht, a tháinig i bhfeidhm in 2007, go nglacfaidh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann straitéis le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint. Níor tháinig aon bhun ar an straitéis sin sna deich mbliana dár gcionn agus rialaigh Ard-Chúirt Thuaisceart Éireann in 2017, tar éis do Chonradh na Gaeilge dul chun dlí, go raibh an ceanglas sin den Acht á shárú ag an bhFeidhmeannas. In ainneoin gurb é an Feidhmeannas ar theip air straitéis a thabhairt isteach, is ar Rialtas na Breataine a bhí an fhreagracht as Acht Gaeilge a thabhairt isteach, de réir an chomhaontaithe bunaidh. Tugann Ó Laighin (2022) le fios, i gcomhréir le téarmaí tagartha Pharlaimint na Breataine, gur cheart go gcuirfí tús foirmiúil le dul chun cinn Bille tríd an bParlaimint nuair a tugadh an gealltanas Acht a thabhairt isteach. Áitíonn Ó Laighin ansin gur féidir an mhoill ar thabhairt isteach an Achta tar éis an gealltanas a thabhairt a mheas mar shárú ar an dlí idirnáisiúnta.

Maidir le comharthaíocht, tar éis thabhairt isteach an Local Government (Miscellaneous Provisions) (Northern Ireland) Order 1995, is iad na comhairlí áitiúla atá anois freagrach as beartas a cheapadh maidir leis an teanga ar chomharthaí sráide. Ní hionann na beartais ag comhairlí éagsúla. Tá foráil déanta ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, cuir i gcás, trína bhféadann cónaitheoirí aonair ar shráid comhartha a iarraidh i dteanga bhreise le taobh an leagain Béarla (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste,

2022). Ina theannta sin, faoin tionscadal comharthaí sráide don Cheathrú Ghaeltachta in Iarthar Bhéal Feirste, tugadh cead ‘foriomlán’ le haghaidh comharthaí sráide dátheangacha ar fud shráideanna an cheantair (Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, 2022). Tá ceist na comharthaíochta poiblí fós ina húdar conspóide, áfach, mar is léir ón díospóid faoi chomharthaíocht i Mórstáisiún Bhéal Feirste, mol iompair nua i gCrois an Fhíodóra sa chathair. Nuair a osclaíodh an stáisiún in 2024 – stáisiún atá á reáchtáil ag Translink (cuideachta phoiblí faoi úinéireacht an Rialtais) – fuarthas gearáin faoin easpa comharthaíochta i nGaeilge sa stáisiún agus thart air. Nuair a cheadaigh an tAire Bonneagair comharthaíocht agus meaisíní ticéad i nGaeilge agus i mBéarla sa stáisiún i mí an Mhárta 2025, chuir páirtithe Aontachtacha ina choinne. Tá stad curtha leis an obair le Gaeilge a chur leis na comharthaí agus na meaisíní ag an stáisiún ó shin tar éis tuairiscí go raibh imeachtaí dlí tionscanta le hathbhreithniú breithiúnach a lorg ar an gcinneadh.

Sa bhliain 2020, foilsíodh an comhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua (New decade, new approach) (Government of the United Kingdom & Government of Ireland, 2020) leis an rialtas cineachta i dTuaisceart Éireann a thabhairt ar ais. Áiríodh sa socrú comhaontú go gcruthófaí post mar Choimisinéir na Gaeilge, go dtabharfaí aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann agus go ndéanfaí an Administration of Justice (Language) Act (Ireland) 1737 a aisghairm. Is díol suntais é nár cruthaíodh aon chearta do chainteoirí Gaeilge faoin gcomhaontú (Walsh, 2022). Dhá bhliain ina dhiaidh sin, ritheadh Identity and Language (Northern Ireland) Act 2022 tríd an bparlaimint agus tugadh éifeacht dhlíthiúil ina dhiaidh sin do na forálacha a comhaontaíodh i Ré Nua, Cur Chuige Nua. Ní dheachaigh an t-acht chomh fada leis an nGaeilge a leagan síos mar theanga oifigiúil sa dlínse, ach is é ba chuspóir leis ná aitheantas oifigiúil a thabhairt do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann (Government of the United Kingdom & Government of Ireland, 2020). Leis an méid sin a bhaint amach, bhí Coimisinéir Gaeilge le ceapadh, soláthar le déanamh d’fhorbairt caighdeán dea-chleachtais maidir le húsáid na Gaeilge ag údaráis phoiblí, agus ceangal le cur ar údaráis phoiblí aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin sin (Government of the United Kingdom & Government of Ireland, 2020).

Níor aisghaireadh the Administration of Justice (Language) Act (Ireland) 1737 go dtí Feabhra 2025. Is san acht sin a rinneadh foráil gurbh é an Béarla amháin teanga na gcúirteanna. Nuair a leagadh síos é, is é ba chuspóir leis ná an Laidin agus an Fhraincis go sonrach a eisiamh, gan an Ghaeilge ná teangacha eile a lua. Tugadh isteach é, más fíor, ionas nach gcuirfí daoine ar a dtriail i dteanga nach raibh acu. Mar sin féin, cé gur roimh bhunú an Stáit a ritheadh an tAcht, bhí cosc ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna dá bharr go dtí gur aisghaireadh é. Agus é aisghairthe, bhíodhas in ann treoirínte a dhréachtú maidir le húsáid na Gaeilge i gcúrsaí dlí agus os comhair cúirteanna agus binsí. Faoi mhí an Mhárta 2025, ní raibh Coimisinéir na Gaeilge ceaptha fós agus luaigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (Committee on Economic, Social and Cultural Rights, 2025) gur trua leo go raibh na hinstiúidí a cruthaíodh chun an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn fós le bunú. Níos déanaí sa mhí chéanna, fógraíodh post Choimisinéir na Gaeilge agus chuaigh an t-iarratasóir ar éirigh leis i mbun oifige i mí na Samhna 2025.

3.4 An Ghaeilge san oideachas in TÉ

Le himeacht aimsire, d’eascair as críochdheighilt an oileáin gur tháinig éabhlóid ar an nGaeilge sa chóras oideachais ar bhealaí difriúla i dTuaisceart Éireann agus i Saorstát Éireann/i bPoblacht na hÉireann. Go dtí mí an Mhárta 1922, bhí na socrúithe céanna i bhfeidhm go hoifigiúil ar fud an oileáin. Rinne na socrúithe sin foráil d’úsáid na Gaeilge mar an meán teagasc i gceantair inarbh í an Ghaeilge teanga an phobail (faoi gClár Teagasc Dhátheangaigh), do theagasc na Gaeilge mar ghnáthábhar le linn na n-uaireanta scoile, nó do theagasc na Gaeilge mar ábhar breise lasmuigh de na huaireanta scoile.

Ar Lá Fhéile Pádraig 1922, tháinig Fógra Poiblí Uimh. 4 (Rialtas Sealadach na hÉireann, 1922a) i bhfeidhm ar an taobh theas den teorainn agus éilíodh leis go dteagascfaí nó go n-úsáidfí an Ghaeilge mar an meán teagasc ar feadh uair an chloig ar a laghad sa lá i ngach scoil náisiúnta, ach na hacmhainní teagasc a bheith ann chuige sin. Rinneadh iarrachtaí suntasacha freisin le cur le scolaíocht trí mheán na Gaeilge sa stát nua. Ba léiriú iad na tionscnaimh sin ar an ról lárnach a bhí ag an nGaeilge sa tógáil náisiúin a bhí ag dul ar aghaidh ar feadh na mblianta roimh bhunú Shaorstát Éireann agus a lean ar aghaidh ina dhiaidh freisin (McMonagle, 2010; Walsh, 2023).

Tuairim is seachtain tar éis fhógairt Fhógra Poiblí Uimh. 4 ar an 1 Feabhra 1922, tuairiscíodh go ndúirt an tAire Oideachais i dTuaisceart Éireann go raibh an Ghaeilge á teagasc i scoileanna áirithe i dTuaisceart Éireann agus go leanfadh an socrú sin ar aghaidh i gcás gur mhian é agus ar chuntar go raibh fáil ar mhúinteoirí a bhí inniúil go cuí (The Weekly Freeman, 1922). Tuairiscíodh, áfach, gur chuir sé i gcoinne aon iallach a thabhairt isteach maidir le teagasc na Gaeilge, rud a réitigh an bealach do na réimsí difríochta a d’fhás sa bheartas oifigiúil maidir le seasamh na Gaeilge san oideachas foirmiúil sa dá

dhlínse. Sna cásanna inar leanadh de theagasc na Gaeilge i scoileanna i dTuaisceart Éireann, is iondúil go raibh sí á teagasc mar ábhar i scoileanna Caitliceacha amháin, agus srianta ama agus maoinithe i gceist. Is é fírinne an scéil go raibh an teanga coinnithe amach as an earnáil scoileanna stáit, is iad sin na scoileanna ar fhreastail Protastúnaigh orthu den chuid ba mhó (Zenker, 2013).

Arís, téann sé sin go croí an scéil maidir le féiniúlacht an stáit nuabhunaithe TÉ. I measc na dtuairimí a bhí ag comhaltai Aontachtacha den rialtas i leith na Gaeilge bhí idir neamhaird ar thaobh amháin agus amhras agus naimhdeas ar an taobh eile, agus an nós ann i gcónaí an Ghaeilge a cheangal le náisiúnachas agus treascart fhéideartha. Tá sé maíte gur féidir a mheas, ar bhealach, go raibh an rialtas cineachta sách fabhrach i leith na Gaeilge ar dtús (McGrath, 2000). Mar sin féin, cé gur cuireadh suas leis an teanga san oideachas, ní hin le rá gur cuireadh chun cinn í, agus is iomaí bealach ar cuireadh srian léi i ndáiríre (Maguire, 1991; McGrath, 2000). D'áitigh Andrews (1993) go raibh na bearta a rinne Rialtas nua TÉ i ndáil leis an nGaeilge ceaptha le damáiste a dhéanamh do na struchtúir tacaíochta a bhí ann cheana don teanga. Tar éis beartas an dá dhlínse maidir leis an nGaeilge san oideachas a scaradh sna 1920idí, thug TÉ malairt treo air féin i leith an oideachais Gaeilge i gcomparáid le Saorstát Éireann. Fiú sa lá atá inniu ann, leanann an dá stát ar aghaidh ag déanamh a mbealaí féin i leith stádas na teanga i scoileanna.

Suimiúil go leor, cé nár bhain Fógra Poiblí Uimh. 4 le Tuaisceart Éireann, is cosúil gur cuireadh forálacha an fhógra i bhfeidhm i roinnt scoileanna náisiúnta Caitliceacha i dTuaisceart Éireann mar thoradh ar shocrú rúnda a rinne an Rialtas Sealadach i mBaile Átha Cliath. Rinne an Rialtas Sealadach cinneadh i mí Eanáir 1922 (Rialtas Sealadach na hÉireann, 1922b) tuarastal a íoc le suas le 800 múinteoir i suas le 283 scoil náisiúnta (as na 742 scoil Chaitliceach Rómhánach san iomlán, 36%) i dTuaisceart Éireann ó mhí Feabhra na bliana sin (Andrews, 1993; de Brún, 2010; Lindsay, 2023; Maguire, 1991; Ó Laighin, 2022). Bhí na múinteoirí sin ag obair i scoileanna náisiúnta Caitliceacha nach raibh na múinteoirí ná na bainisteoirí iontu sásta Rialtas Thuaisceart Éireann a aithint. Tháinig deireadh leis an socrú sin i mí na Samhna 1922 nuair a scoireadh de na híocaíochtaí ón Rialtas Sealadach agus nuair a thosaigh an Aireacht Oideachais tuilleadh brú a chur ar mhúinteoirí agus ar scoileanna an curaclam a bhí i bhfeidhm sa Tuaisceart a theagasc agus glacadh lena dtuarastal ón Aireacht Oideachais sa dlínse sin.

Seachas an socrú rúnda sin, tráth ar bunaíodh Tuaisceart Éireann, bhí an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach i ngach rang agus mar ábhar breise íochta lasmuigh de na huaireanta scoile ó Rang III ar aghaidh (Andrews, 1993). Ó lár na 1920idí ar aghaidh, áfach, d'fhág an timpeallacht bheartais go raibh srian ní ba mhó agus ní ba mhó á chur le scóip an teagaisc sa Ghaeilge. Go deimhin, i rith ré Pharlaimint agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann (1921-1972), is amhlaidh go raibh sé de bheartas ag Aontachtaithe srian a chur leis an nGaeilge agus í a choinneáil faoi smacht i scoileanna (de Brún, 2010). Faoin Acht Oideachais 1923, cuireadh srian foirmiúil le teagasc na Gaeilge: mar ghnáthábhar, níor ceadáíodh ach 1.5 uair an chloig de theagasc sa tseachtain do dhaltai i scoileanna náisiúnta ó Rang III ar aghaidh; agus mar ábhar breise lasmuigh de na gnáthuaireanta scoile, níor cuireadh ar fáil í ach do dhaltai sna leibhéil chéanna ranga, agus an teagasc sin maoinithe ag an Aireacht Oideachais. Is cosúil, áfach, i gcásanna áirithe ar a laghad, nach gcoití i gcónaí leis an teorainn ama 1.5 uair an chloig sa tseachtain agus go dteagascatá Gaeilge ar feadh uair an chloig gach lá i roinnt scoileanna (McGrath, 2000). Cuireadh srian eile le teagasc na Gaeilge mar ábhar breise in 1926 nuair a scoireadh dá cur ar fáil do dhaltai faoi bhun Rang V, agus nuair a fuarthas réidh leis na deontais faoi chomhair theagasc na Gaeilge i Rang III agus Rang IV (Maguire, 1991).

Tháinig cor cinniúnach eile ag tús na 1930idí. Bhí spéis ag na daltaí sa Ghaeilge fós agus chuaigh 18% de na páistí bunscoile Caitliceacha faoi scrúdú in 1932–33. Lean cion suntasach de scoláirí meánscoile orthu ag gabháil don ábhar, leis (McGrath, 2000). Is é fírinne an scéil, ámh, go ndearnadh ábhar imeallach den teanga a luaithe a cuireadh deireadh leis na deontais speisialta faoi chomhair theagasc na Gaeilge in 1933, agus ba bheag dóchas go seasfadh sí an aimsir i gcuraclam na bunscoile (Andrews, 1993). Bhí thart ar 10,500 dalta ag déanamh staidéar ar an teanga i dtuairim is 140 bunscoil Chaitliceach ag an am sin, líon arbh ionann é agus thart ar 20% de na scoileanna Caitliceacha agus thart ar 5% de na bunscoileanna go léir (McGrath, 2000). Le chéile, d'fhág deireadh na ndeontas, na bacainní riaracháin, agus naimhdeas a bhí ag dul i méid i measc Aontachtach (McGrath, 2000) gur cuireadh tús le tréimhse mharbhántachta bheartais maidir leis an nGaeilge san oideachas. Is beag athrú a thiocthadh ar an scéal sin go ceann dhá scór bliain i ndiaidh 1933 (Andrews, 1993).

In ainneoin na srianta sin, bhí lá eile ag an nGaeilge i gcóras na scoileanna. Taifeadadh go raibh thart ar 12,000 dalta ag gabháil don teanga in 1943 nuair nach raibh sí á cur ar fáil ach i scoileanna Caitliceacha (McGrath, 2000). Léiríodh i bhfreagra ar cheist pharlaiminte ag deireadh na 1940idí go raibh thart ar an ochtú cuid de dhaltai bunscoile agus ní ba lú ná an ceathrú cuid de scoláirí meánscoile idirmheánaí ag foghlaim na Gaeilge, agus na leibhéil i bhfad ní b'airde i scoileanna gramadaí Caitliceacha (McGrath, 2000). Bhí eisiámh na teanga ó scoileanna stáit (is iad sin na scoileanna ar fhreastail agus a

bhfreastalaíonn Protastúnaigh orthu den chuid is mó) seanbhunaithe faoin am sin. Is amhlaidh fós sa lá atá inniu ann go dteagascar an Ghaeilge den chuid is mó i scoileanna Caitliceacha nó comhtháite, agus gurb ar éigean a fheictear san earnáil Phrotastúnach í.

Ó dheireadh na 1940idí go dtí na 1950idí, ba iad agóidí Caitliceacha i gcoinne tarraingt siar deontas faoi chomhair theagasc na Gaeilge ba mhó a mhúnlaigh an díospóireacht pholaitiúil maidir leis an nGaeilge san oideachas, cé gur fhan ceist na Gaeilge go ginearálta imeallach sa díospóireacht náisiúnach (Ní Craith, 2003). Bhí spéis mhór sa Ghaeilge san oideachas de réir mar a tháinig borradh faoin ngluaiseacht um chearta sibhialta le linn na 1960idí, mar is léir ón méadú seasta a tháinig ar líon na bpáistí a bhí ag gabháil don Ghaeilge ag Leibhéal O, ó 667 scoláire in 1957 go 2,131 scoláire faoi 1972 (McManus, 2016). Tháinig forbairtí nua pobail chun cinn i ndeireadh na 1960idí. Cé gur beag athrú a bhí ar an mbeartas oifigiúil den chuid ba mhó agus go raibh an Ghaeilge fós imeallach, thosaigh tionscnaimh athbheochana faoi stiúir an phobail ag athmhúnlú an tírdhreacha oideachais. Tar éis bhunú na chéad Ghaeltachta uirbí ar Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste in 1969, osclaíodh Scoil Ghaeilge Bhéal Feirste (Bunscoil Phobal Feirste ina dhiaidh sin) in 1971 in ainneoin gur bhagair an Aireacht Oideachais an dlí orthu.

Bíodh is go raibh débhríocht pholaitiúil agus tréimhsí naimhdis le sonrú le linn na 1970idí agus na 1980idí, leathnaigh tionscnaimh Ghaeilge go mall sa tréimhse sin. Faoi dheireadh an 20ú haois, bhí méadú tagtha ar an rannpháirtíocht san earnáil seo. Sa bhliain 1988, léirigh suirbhé go raibh Gaeilge éigin ag 11% de leanaí idir 3–15 bliana d'aois, lena n-áirítear 51% de leanaí Caitliceacha idir 11–15 bliana d'aois (Maguire, 1991). Tharla athrú suntasach beartais leis an Education (Northern Ireland) Order 1998, a chuir dualgas reachtúil ar an Roinn Oideachais soláthar trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a éascú. Den chéad uair, chruthaigh sé seo creat dlíthiúil dearfach d'fhorbairt na hearnála.

Maidir leis an nGaeilge mar ábhar ag leibhéal na bunscoile, bunaíodh the Primary Modern Languages Programme sa bhliain 2007 agus cuireadh i bhfeidhm é i níos mó ná leath de bhunscoileanna TÉ. Múineadh Spáinnis, Gaeilge nó Polainnis mar chuid den chlár agus bhí an cur chuige bunaithe ar mhúinteoirí taistil. Cáineadh an clár ar roinnt cúiseanna agus cuireadh deireadh leis sa bhliain 2015 de bharr srianta buiséid, tráth a raibh 84 scoil ag tairiscint na Gaeilge mar ábhar mar chuid den chlár.

Ag leibhéal na bunscoile in TÉ inniu, níl riachtanas reachtúil ann teangacha seachas an Béarla a mhúineadh, nó an Ghaeilge i gcás na hearnála Gaeilge. Is féidir nuatheangacha, an Ghaeilge san áireamh, a mhúineadh fós, ach múintear iad laistigh de chomhthéacs na sé Réimse Foghlama sa Churaclam. Is leis an Réimse Foghlama Teanga agus Litearthachta is mó a thagann múineadh na nuatheangacha agus laistigh den réimse sin spreagtar scoileanna chun teangacha breise a mhúineadh (Council for the Curriculum, Examinations and Assessment, 2007). Ní haon dóithín é líon na scoileanna a mhúineann Gaeilge ag leibhéal na bunscoile a áireamh. Mar sin féin, thuairiscigh suirbhé Language Trends Northern Ireland 2025 (a bhí bunaithe ar 136 bunscoil as líon iomlán de 781 scoil) go múintear nuatheangacha i 65% de scoileanna, agus thuairiscigh 31% de na scoileanna sin go múineann siad an Ghaeilge (Duff & Collen, 2025).

Mar nach bhfuil teangacha eile seachas an Béarla ina n-ábhair reachtúla sa churaclam bunscoile ná in Eochairchéim 4 (iarbhunscoil, aois 14–16 bliana), is ag TÉ atá an tréimhse reachtúil is giorra san Eoraip d'fhoghlaim nuatheangacha. Tugadh suntas don méid sin i staidéar ó 2017 agus moladh go n-áireofaí foghlaim teanga bhreise mar chuid reachtúil den churaclam bunscoile in TÉ (Jones et al., 2017). Luadh soláthar lag teanga TÉ in athbhreithniú oifigiúil ar Churaclam Thuaisceart Éireann leis, áit ar moladh gur cheart múineadh teangacha seachas an Béarla a bheith reachtúil le linn Eochairchéim 2 (Aois 8–11 bliana) (Crehan, 2025). Molann an tuarascáil sin gur cheart go mbeadh an soláthar seo ina phrintíseacht i bhfoghlaim teangacha seachas é a bheith dírithe ar fhoghlaim teanga ar leith (Crehan, 2025).

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, faoi na 1990idí, bhí staidéar á dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar ag timpeall 25,000 dalta (Maguire, 1991). Sa bhliain 1992, cuireadh rialachán i bhfeidhm a d'fhág go mbeadh ar dhaltaí in TÉ staidéar a dhéanamh ar nuatheanga ag Eochairchéim 3 (11–14 bliana d'aois) agus ag Eochairchéim 4 (14–16 bliana d'aois). B'éigean do scoileanna ar a laghad teanga amháin a thairiscint as measc Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis nó Iodáilis, agus ina dhiaidh sin bhíodh an scoil in ann an Ghaeilge a chur ar fáil mar rogha bhreise, agus bheadh saor-rogha ag an dalta a dteanga féin a roghnú (féach McKendry, 2020 le haghaidh plé iomlán). Sa bhliain 2007, cuireadh deireadh leis an riachtanas staidéar a dhéanamh ar nuatheangacha ag Eochairchéim 4 mar chuid d'athbhreithniú curaclaim agus is é an toradh a bhí air sin ná laghdú suaithinseach ar líon na ndaltaí a roghnaigh staidéar a dhéanamh ar nuatheangacha.

San iar-bhunscoil, chuaigh 1,993 scoláire faoin scrúdú Gaeilge GCSE in 2025, an tríú teanga ba mhó tóir ag an leibhéal sin i ndiaidh na Spáinnise agus na Fraincise, ach chun tosaigh ar an nGearmáinis (Joint Council for Qualifications, 2025). Bíodh sin mar atá, is léiriú é an figiúr sin ar laghdú suntasach ó bhí

2004 ann, i dtéarmaí absalóideacha agus i gcoibhneas le líon iomlán na scoláirí a bhíonn ag dul faoi scrúduithe araon. Tuairiscíodh titim 40% ar líon na scoláirí a chuaigh faoin scrúdú GCSE sa Ghaeilge atá deartha do scoláirí i scoileanna Béarla suas go dtí 2024, ó 2,630 scoláire (10%) go 1,572 scoláire (4.9%) (Ní Thuathalláin, 2024). Tharla an titim sin i gcomhthéacs athruithe ar na riachtanais churaclaim maidir le teangacha nua-aimseartha. Cé gur croí-ábhair éigeantacha iad teangacha nua-aimseartha in Eochairchéim 3 (aois 11–14 bliana), ní hamhlaidh atá in Eochairchéim 4 (aois 14–16 bliana, an Eochairchéim ar lena linn a mbíonn na scrúduithe GCSE ar siúl) ó 2008 i leith.

Ag A-leibhéal, bíonn grúpa níos lú ach cobhsaí fós ag gabháil don Ghaeilge. In 2025, chuaigh 287 scoláire faoin scrúdú Gaeilge, an dara teanga ba mhó tóir i ndiaidh na Spáinnise (Joint Council for Qualifications, 2025). Murab ionann agus na figiúirí a bhaineann le GCSE na Gaeilge, tá an figiúr don A-leibhéal réasúnta seasmhach le 25 bliain anuas. Tá sé ag teacht leis an treocht chobhsaí a tugadh faoi deara don Spáinnis ach i gcodarsnacht shoiléir leis an laghdú géar atá tagtha ar líon na ndaoine a bhíonn ag dul faoi scrúduithe Fraincise agus Gearmáinise ar A-leibhéal (Duff & Collen, 2025).

Na laethanta seo, is cuid bheag de chóras scoileanna Thuaisceart Éireann é an t-oideachas trí mheán na Gaeilge, ach is cuid é atá ag fás go seasta. San iomlán, cuirtear oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil ag 90 suíomh ar fud Thuaisceart Éireann. Áirítear leis sin 49 réamhscoil lán-Ghaeilge, 28 bunscoil lán-Ghaeilge agus 7 n-aonad bunscoile lán-Ghaeilge, 2 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, agus 3 aonad lán-Ghaeilge atá ceangailte le hiar-bhunscoileanna Béarla. Léiríonn figiúirí rollúcháin maidir leis an earnáil oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoilbhliain 2024/25 (NISRA, 2025) gur fhreastail 7,598 páiste ar shuíomhanna lán-Ghaeilge, lena n-áirítear naíolanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. As an líon sin: d'fhreastail 602 páiste ar naíolanna lán-Ghaeilge maoinithe (rud is léiriú ar fhás 20% san earnáil seo le 5 bliana anuas); d'fhreastail 4,621 dalta ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge (3,638) nó ar aonaid lán-Ghaeilge (983) (is beag athrú atá tagtha ar an líon seo le 5 bliana anuas); d'fhreastail 2,010 scoláire ar shuíomhanna iar-bhunscoile lán-Ghaeilge, lena n-áirítear 1,366 i scoileanna lán-Ghaeilge agus 644 in aonaid lán-Ghaeilge (rud is léiriú ar mhéadú 52% le 5 bliana anuas, agus an méadú sin scaipthe go cothrom idir scoileanna agus aonaid lán-Ghaeilge). Cé go bhfuil an earnáil oideachais trí mheán na Gaeilge dailte go míchothrom ar fud na bpobal, is léiriú é an fás atá ag teacht uirthi ar iarrachtaí fadbhunaithe an ghnáthphobail agus ar an timpeallacht reachtúil níos tacúla atá tagtha chun cinn ó dheireadh na 1990idí.

3.5 Dearcthaí i leith na Gaeilge in TÉ

Is leis an bpobal Caitliceach/Náisiúnach den chuid is mó a bhaineann an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann agus tá an scéal amhlaidh ó bunaíodh stát Thuaisceart Éireann (McMonagle & McDermott, 2014; Sharma, 2021). Mar sin féin, tá baint ag Eaglais na hÉireann agus ag an Eaglais Phreispitéireach, agus ag daoine aonair de chuid na bpobal sin, leis an nGaeilge le fada an lá (McMonagle, 2010). Dar le McCoy (1997a), téann an stair sin siar go hiarrachtaí iompaithe na n-eaglaisí ón 16ú haois suas go lár an 19ú haois, spéis ársaíochta sa Ghaeilge i measc daoine de chuid na n-eaglaisí sin san 18ú haois agus sa 19ú haois, agus ar aghaidh go dtí an pháirt a ghlac daoine aonair de chuid na n-eaglaisí sin in Athbheochan na Gaeilge ag casadh an 20ú haois. Cé nach raibh dearcadh fabhrach ag gach uile dhuine sna heaglaisí sin i leith na Gaeilge sna tréimhsí sin ar chor ar bith, d'fhág deighilt iomlán i bpolaitíocht Chúige Ulaidh ó lár an 19ú haois ar aghaidh gur leis an gCaitliceachas is mó a cheanglaíttí an Ghaeilge (Andrews, 2000). Tugann Ó Buachalla (1968) faoi deara go raibh athrú suntasach ar dhearcadh na bProtastúnach i leith na teanga i gCúige Uladh ó na 1860idí ar aghaidh, athrú a d'fhág nach raibh Protastúnaigh a raibh suim acu sa Ghaeilge tar éis an phointe sin ar aon phort lena bpobal níos leithne féin. Chuaigh sé sin ar aghaidh sna blianta ina dhiaidh sin agus, nuair a ghlac Conradh na Gaeilge an cinneadh in 1915 díriú go hiomlán ar Éire Ghaelach neamhspleách a bhaint amach, is dócha gur dheimhnigh sé an t-amhras a bhí ar Phrotastúnaigh agus ar Aontachtaithe go ginearálta gur teanga cheannairceach an Náisiúnachais Éireannaigh a bhí sa Ghaeilge. Gach seans gur deimhníodh an tuairim sin go hiomlán nuair a tugadh seasamh suntasach don Ghaeilge le bunú Shaorstát Éireann. Réitigh sé sin an bealach do dhearcadh leanúnach naimhdeach, amhrasach nó fuarchúiseach i leith na Gaeilge i measc an phobail Phrotastúnaigh agus Aontachtaigh go ginearálta, rud atá fós le brath sa lá atá inniu ann.

Cé go dtéann an dearcadh diúltach atá ag go leor Protastúnach agus Aontachtaithe i leith na Gaeilge siar go lár an 19ú haois ar a laghad, is féidir breathnú ar mharthanacht an dearcaidh sin sa lá atá inniu ann mar thoradh ar an easpa rochtana atá ag an bpobal sin ar an nGaeilge tríd an gcóras oideachais (Darmody & Daly, 2015; Mac Giolla Chríost, 2005; Nic Craith, 1999; Ó Murchadha, 2021; Pritchard, 2004). Mar sin féin, is léiriú é an mionlach suntasach daoine le Gaeilge a shainaithníonn iad féin mar Phrotastúnach agus Briotanach agus a úsáideann an teanga go rialta nach dearcadh uilíoch é sin. I gcás go nglacann Protastúnaigh agus Aontachtaithe an Ghaeilge chucu féin, is minic a bhíonn sé fite fuaite le dioscúrsa

oidhreacht, iad ag leagan béime ar oidhreacht chomhroinnte na teanga i dTuaisceart Éireann, stair na teanga i measc an phobail sin agus an nasc atá ag an nGaeilge le teangacha Ceilteacha eile sa Bhreatain (Dunlevy, 2023; Ó Murchadha, 2021). Mar sin féin, feictear gur rud í an spéis sa Ghaeilge i measc roinnt Protastúnach/Aontachtaithe a dtugtar fúithi go discréideach den chuid is mó (Malcolm, 1997; McCoy, 1997b). Is den suntas é sa chomhthéacs seo gur mhaoinigh Foras na Gaeilge staidéar in 2025 ar a indéanta is a bheadh sé lárionad léirmhínte Gaeilge a bhunú i mBéal Feirste. Bheadh sé mar aidhm ag an lárionad sin tuiscint ar an nGaeilge a fhorbairt i measc grúpaí nach bhfuil rochtain éasca acu ar an teanga go traidisiúnta, le béim ar leith ar an bpobal Protastúnach, aontachtach agus dílseánach, chomh maith le grúpaí mionlach i gcoitinne i dTuaisceart Éireann.

Tugann McCoy (1997a) agus O'Reilly (1997, 1999) faoi seach aird ar an dioscúrsa oidhreacht coitinne agus ar an dioscúrsa cultúrtha in TÉ, dioscúrsaí ina meastar gur le gach duine sa dlínse an Ghaeilge, beag beann ar a gcúlra. Tá an seasamh sin le sonrú i measc foghrúpa beag den phobal Protastúnach/Aontachtach agus i measc codanna den phobal Caitliceach/Náisiúnach freisin. Tá na dioscúrsaí sin ann le taobh dioscúrsaí eile mar gheall ar úinéireacht na teanga, áfach. Tá an nasc a mheastar a bheith idir an Ghaeilge agus an náisiúnachas agus an tóraíocht ar son neamhspleáchas polaitiúil na hÉireann neartaithe ag na dioscúrsaí scaraithe (McCoy, 1997a) agus díchoilínithe (O'Reilly, 1997, 1999). I ndioscúrsa an dá chultúr (McCoy, 1997), a d'eascair ina fhoirm oifigiúil as Comhaontú Angla-Éireannach in 1985 agus atá le feiceáil i gcomhaontuithe eile ina dhiaidh sin freisin, socraítear an Ghaeilge arís mar rud a bhaineann leis an bpobal Caitliceach, Náisiúnach. Tá dioscúrsa bunaithe ar chearta teanga maidir leis an nGaeilge aitheanta in TÉ chomh maith. Is aidhm leis an dioscúrsa sin, ar an taobh eile den scéal, fanacht glan ar dhioscúrsaí polaitiúla/neamhpholaitiúla faoi úinéireacht na teanga agus díriú ar chearta sibhialta, cearta an duine agus cearta mionlaigh an duine mar bhealach le dul i mbun feachtasaíochta ar son chur chun cinn na Gaeilge (O'Reilly, 1997, 1999).

Tá imscrúdaithe córasacha á ndéanamh ar dhearcthaí i leith na Gaeilge i measc an phobail i gcoitinne i dTuaisceart Éireann ó thús na haoise seo. Sa bhliain 2001, cuireadh Tuaisceart Éireann san áireamh den chéad uair i suirbhé ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. In 2013, bhí sí san áireamh arís sa suirbhé uile-oileáin ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Déantar athbhreithniú gairid anseo ar thorthaí suirbhé 2013 d'fhonn achoimre a thabhairt ar na dearcthaí a bhí i réim i leith na teanga ag an am sin.

Tríd is tríd, tuairiscíodh tacaíocht shuntasach don Ghaeilge. San iomlán, tacaíonn 45% den daonra leis an teanga (Darmody & Daly, 2015). Tá beagán faoi bhun leath (48%) de dhaoine fásta den tuairim gur cheart an Ghaeilge a theagasc i scoileanna agus tá tromlach (64%) den tuairim gur cheart scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil nuair a bhíonn éileamh ar a leithéid (Darmody & Daly, 2015). Is beag duine fásta a mhothaíonn gur cheart neamhaird iomlán a thabhairt ar an nGaeilge (Darmody & Daly, 2015). Is i measc na ndaoine a raibh leibhéil oideachais ní b'airde acu ba láidre a bhí an tacaíocht ghinearálta don Ghaeilge agus bhí 44% de na daoine a tháinig ó chúla Caitliceach go láidir i bhfabhar na Gaeilge (Darmody & Daly, 2015). Ar an taobh eile den scéal, bhí seans ní ba lú ann go léireodh freagróirí ó chúla Protastúnach tacaíocht láidir don Ghaeilge, agus ní raibh ach 4% acu go láidir i bhfabhar na Gaeilge. Mar sin féin, níor léirigh ach cion réasúnta beag de Phrotastúnaigh dearcadh diúltach i leith na Gaeilge ar an iomlán: d'fhreagair 9% go raibh siad 'rud beag ina coinne' agus 19% go raibh siad 'ina coinne go mór' (Darmody & Daly, 2015). Suimiúil go leor, tá an chuma ar an scéal gur cuma le formhór na bProtastúnach (55%) faoin nGaeilge, agus léirigh siad 'nach raibh aon mhothúcháin ar leith' acu i leith na teanga (Darmody & Daly, 2015), rud atá ag teacht le torthaí McCoy (1997).

Léirigh breis is an ceathrú cuid de thuismitheoirí i dTuaisceart Éireann (28%) go raibh sé tábhachtach go bhfásfadh a gcuid páistí aníos le Gaeilge. Ní cainteoirí Gaeilge amháin a raibh an tuairim sin acu agus bhí an tuairim chéanna ag 21% acu siúd nach raibh líofacht sa Ghaeilge acu, cé gur láidre ar fad a bhí sé i measc na ndaoine a raibh eolas éigin acu ar an teanga (68%). Maidir le todhchaí na Gaeilge, is é an cás ba choitianta a roghnaíodh ná sochaí dhátheangach ina bhfanadh an Béarla ina phríomhtheanga (34%). Ní raibh ach mionlach an-bheag den tuairim gur cheart dearmad a dhéanamh ar an nGaeilge (8%).

Maidir le dearcthaí i leith na Gaeilge san oideachas, léirigh 48% gur cheart Gaeilge a theagasc i scoileanna. Ba é teagasc na Gaeilge mar ábhar amháin an múnla ba choitianta a roghnaigh freagróirí (bunscoil: 42%; iar-bhunscoil: 49%), agus bhí mionlach réasúnta mór ann a chuir in iúl nár cheart í a theagasc ar chor ar bith (bunscoil: 32%; iar-bhunscoil: 28%) (Darmody & Daly, 2015). Is minice a luadh an Ghaeilge a theagasc go maith do pháistí scoile mar an tionscnamh ar cheart don rialtas díriú air agus beartas Gaeilge á fhorbairt (34%). Nuair a fiafraíodh de thuismitheoirí a ghlac páirt sa suirbhé in 2013 an gcuirfidís a bpáiste/a bpáistí chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann suite in aice láimhe, d'fhreagair 12% go gcuirfidís ar leibhéal bunscoile agus d'fhreagair 11% go gcuirfidís ar leibhéal iar-bhunscoile (Darmody & Daly, 2015).

Maidir le dearcthaí i leith bheartas an rialtais i dtaobh na Gaeilge, bhí sciartha cosúla de na freagróirí den tuairim nach ndéanann an rialtas go leor (29%) nó go ndéanann sé go leor (24%). Chreid 16% go ndéanann sé an iomarca agus níor léirigh cuid mhaith acu tuairim ar bith. Bhí 27% i bhfabhar teaghlaigh Ghaeilge a choinneáil i gceantair Ghaeltachta, agus d'aontaigh 30% gur fhreagracht thábhachtach rialtais é seirbhísí poiblí a chur ar fáil i nGaeilge.

3.6 Achoimre

Is éard b'aidhm leis an gcaibidil seo ná bonn comhthéacs a chur faoi thorthaí an tsuirbhé ó TÉ atá curtha i láthair i gCaibidil 5. Rinneadh cur síos gairid ar stair an aistrithe teanga agus na hathbheochana teanga, agus ina dhiaidh sin rinneadh plé ar líon na gcainteoirí atá ann faoi láthair agus ar phróifílí déimeagrafacha na gcainteoirí sin. Pléadh ansin an creat dlí agus beartais ina bhfeidhmíonn an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, mar aon le stair agus seasamh reatha na Gaeilge sa chóras oideachais. Mar chlabhsúr, tugadh breac-chuntas ar an suirbhé is déanaí ar dhearcthaí i leith na Gaeilge sa dlínse. Díreofar sa chéad chaibidil eile ar anailís ar staid reatha teangacha mionlaigh i ndlínse eile.



Comhthéacsanna
inchomparáide: An Bhreatain
Bheag agus Pobal Féinrialaithe
Thír na mBascach

4. Comhthéacsanna inchomparáide: An Bhreatain Bheag agus Pobal Féinrialaithe Thír na mBascach

4.1 Réamhrá

Tugtar sa chaibidil seo léargas ar bheartais agus ar chleachtais a bhaineann le teangacha mionlaigh in dhá dháilínse a bhfuil a bpróifíl agus a gcomhthéacs sochtheangeolaíoch inchomparáide le comhthéacs na hÉireann, eadhon an Bhreatain Bheag agus Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach. Is aidhm leis an gcaibidil seo pointí úsáideacha comparáide a chur ar fáil d'fhonn bonn eolais a chur faoi fhorbairt bheartas na Gaeilge in PÉ agus in TÉ.

4.2 An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag

4.2.1 Comhthéacs agus stádas na teanga

Fearacht na Gaeilge, is teanga Cheilteach í an Bhreatnais. Is leis an mbrainse Briotánach a bhaineann an Bhreatnais, áfach, in éineacht leis an gCoirnis agus an Bhriotáinis. Mheas Ball (2007) go raibh Breatnais ag 80% den daonra sa bhliain 1801 agus 66% sa bhliain 1871, agus taifeadadh go raibh Breatnais ag 55% den daonra sa daonáireamh a rinneadh in 1891, an chéad daonáireamh ar cuireadh ceist faoin mBreatnais ann. Ní raibh stad leis an meath ar líon na gcainteoirí Breatnaise san 20ú haois de réir na ndaonáireamh, agus thit sé ó 50% in 1901 go 19% in 1991 (Ball, 2007). Ach amhail mar a tharla in Éirinn, ní mar an gcéanna a bhí an meath a tháinig ar líon na gcainteoirí ó cheantar go cheantar agus ba mhó i bhfad an t-aistriú teanga a tharla in oirdheisceart na tíre de bharr na Réabhlóide Tionsclaíche. I gceantair cois farraige, bhí tionchar ag forbairt na turasóireachta agus ag imirce isteach ar an teanga freisin (Aitchison & Carter, 2000; Ball, 2007).

Tá an scéal nach mór mar an gcéanna sna daonáirimh a rinneadh le déanaí. Chuir Williams (2023) na figiúirí seo a leanas i láthair: Sa bhliain 1991 bhí 508,000 cainteoir ann, líon arbh ionann é agus 19% den daonra. I ndaonáireamh 2001, tháinig méadú ar líon na gcainteoirí Breatnaise den chéad uair le breis agus 100 bliain, agus mhaígh 575,744 – nó 21% den daonra – go raibh líofacht sa Bhreatnais acu. Bíodh sin mar atá, thit an figiúr sin arís in 2011, tráth ar taifeadadh go raibh Breatnais ag 562,000 duine nó 19% den daonra. De réir na sonraí daonáirimh is déanaí, a bailíodh in 2021, meastar go raibh Breatnais ag thart ar 538,000 duine (18%) de ghnáthchónaitheoirí na Breataine Bige a bhí trí bliana d'aois agus os a chionn (Williams, 2023).

4.2.2 Iarrachtaí athbheochana teanga

Dar le Williams (2023), bhí trí chéim athbheochana teanga ann sa Bhreatain Bheag. Idir 1912 agus 1962, bhí tionscnaimh dírithe den chuid ba mhó ar aitheantas oifigiúil agus poiblí a bhaint amach don Bhreatnais, chomh maith le córas oideachais ar leith a fhorbairt don teanga. Bhí an dara céim ann ó thart ar 1962 go dtí na 1980idí, tráth ar éirigh gluaiseacht na Breatnaise ní ba láidre agus a n-eagraí agóidí go rialta in aghaidh an imeallaithe a bhí á dhéanamh ar an teanga sa saol poiblí agus sibhialta, dar le cuid mhaith daoine ag an am. Le linn na tréimhse sin, bhí iarrachtaí dírithe ar an oideachas trí mheán na Breatnaise a leathnú, ar a chinntiú go soláthrófaí seirbhísí poiblí go dátheangach, agus ar chainéal teilifíse Breatnaise, S4C, a bhunú. Sa tríú céim, is í sin an chéim atá ann faoi láthair, tá dhá dhúshlán leathana agus idirnasctha i gceist. Baineann an chéad cheann le tionchar patrún neamhchothrom imirce ar phobail ina labhraítear Breatnais den chuid is mó, chomh maith le tionscnaimh arb aidhm leo bonn na bhfoghlaimoirí a fhreastalaíonn ar scoilleana trí mheán na Breatnaise a leathnú agus, ar an gcaoi

sin, an Bhreatnais a normalú. Gné ríthábhachtach anseo is ea timpeallacht shochtheangeolaíoch a chruthú ina neartaítear inniúlacht sa Bhreatnais agus ina spreagtar úsáid rialta na teanga lasmuigh de chomhthéacsanna scoile. Baineann an ceann eile le cúrsaí polaitíochta, riaracháin agus dlí, agus is éard atá i gceist leis ná bonneagar náisiúnta a fhorbairt atá in ann deiseanna chun Breatnais a úsáid a chur ar fáil mar dhlúth agus inneach na sochaí. Áirítear leis sin beartas teanga a cheapadh agus a chur chun feidhme, cearta teanga agus seirbhísí do shaoránaigh a leathnú, reachtaíocht nua teanga a achtú, an teicneolaíocht faisnéise a úsáid go straitéiseach chun rochtain a fháil ar réimsí digiteacha agus fíorúla, agus iarrachtaí a dhéanamh chun ról scileanna Breatnaise a neartú laistigh den gheilleagar go ginearálta (Williams, 2023).

4.2.3 Beartas Breatnaise le déanaí

Mar fhreagairt ar an laghdú ar líon na gcainteoirí Breatnaise a pléadh thuas, tugadh isteach dhá thionscnamh beartais, laith Pawb (Welsh Assembly Government, 2003) agus A living language: A language for living — Welsh Language Strategy 2012–17 (Welsh Assembly Government, 2012). Bhí sé mar aidhm ag laith Pawb cur go mór leis na deiseanna le Breatnais a fhoghlaim agus a úsáid. Tugadh gealltanais ann freisin go ndéanfaí príomhshruithú chun a chinntiú go ndéanfaí cúrsaí teanga a chomhtháthú go córasach i bhforbairt beartais agus i seachadadh clár in eagraíochtaí ar fud na Breataine Bige. Bhí an straitéis i leith na Breatnaise dírithe go príomha ar sheachadadh na teanga laistigh den bhaile agus den chóras oideachais, cé gur cuireadh úsáid mhéadaithe na Breatnaise chun cinn i réimsí sóisialta go ginearálta chomh maith (Rialtas Tionóil na Breataine Bige, 2012; féach freisin Ní Dhiorbháin et al., 2023).

Tá an straitéis teanga Cymraeg 2050 (Welsh Government, 2017) seolta ó shin. Tá trí phríomhaidhm sa straitéis sin: (1) líon na gcainteoirí Breatnaise a mhéadú go milliún faoi 2050; (2) céatadán an daonra a labhraíonn Breatnais go laethúil a mhéadú; (3) dálaí fabhracha a chruthú don teanga ó thaobh bonneagair agus comhthéacs de. Rud atá tábhachtach, aithnítear sa straitéis go mbeidh ról lárnach ag an gcóras oideachais sa saothar leis na cuspóirí uailmhianacha a bhaint amach. Aithnítear in Cymraeg 2050 go mbeidh ról ar leith ag an oideachas trí mheán na Breatnaise i dtaca le sealbhú teanga. Tá pleananna chun cur leis an soláthar trí mheán na Breatnaise ag dul i ndéine, agus meastar go n-ardóidh cion na bhfoghlaiméoirí a fhaigheann oideachas trí Bhreatnais ó 22% san am i láthair go 30% faoi 2031, agus go 40% faoi 2050 (Welsh Government, 2017). De réir Shuirbhé Úsáide na Breatnaise, 2019–2020 (Welsh Government, 2022), labhair 16% de na leanaí a bhfuil Breatnais acu Breatnais lasmuigh den scoil agus léigh 40% ábhar i mBreatnais. Is lú úsáid a bhaintear as aipeanna nó cluichí i mBreatnais. I mí na Bealtaine 2025, achtaíodh an Welsh Language and Education (Wales) Act. Leagtar amach sa reachtaíocht sin an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag Rialtas na Breataine Bige milliún cainteoirí Breatnaise a bhaint amach, catagóiriú scoileanna a bhunú, agus sainmhíniú a thabhairt ar na caighdeáin a mbeifear ag súil leo ó gach foghlaiméoir faoi dheireadh na scolaíochta éigeantaí.

4.2.4 Úsáid na Breatnaise agus dearcthaí i leith na teanga

Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí ar dhearcthaí i leith na Breatnaise agus ar úsáid na Breatnaise go bhfuil bearna idir an tacaíocht idé-eolaíoch láidir atá ann don teanga agus an úsáid a bhaintear aisti go laethúil, nach bhfuil chomh láidir céanna. Tugann torthaí Shuirbhé Úsáide na Breatnaise, 2019–2020 le fios go bhfuil dearcthaí i leith na Breatnaise dearfach den chuid is mó. Dúirt breis is dhá thrian de chainteoirí Breatnaise gur gné thábhachtach dá bhféiniúlacht í an teanga (69%) agus gur cheart do chainteoirí Breatnaise an teanga a thabhairt ar aghaidh do na glúnta atá le teacht (90%) (Welsh Government, 2021b).

Mar sin féin, cé gur thuairiscigh ní ba mhó ná leath de na cainteoirí Breatnaise go n-úsáideann siad an teanga gach lá, ní hionann sin ach thart ar 10% den daonra iomlán, rud a léiríonn go bhfuil srian sóisialta agus geografach fós le húsáid rialta na Breatnaise. Bhí céatadán na gcainteoirí Breatnaise idir 3 agus 15 bliana d'aois a labhair Breatnais go laethúil i bhfad ní b'airde ná aon aoisghrúpa eile (67%). Moltar sa tuarascáil gur léiriú é sin go n-úsáideann na daoine óga seo an teanga go rialta ar scoil. I measc na ngrúpaí níos sine (30–44, 45–64, 65+), bhí céatadán na gcainteoirí Breatnaise a labhair an teanga go laethúil idir 53% agus 55%. Níor labhair ach beagán faoi bhun leath (49%) de na cainteoirí Breatnaise idir 16 agus 29 bliain d'aois Breatnais go laethúil (Welsh Government, 2021b).

I dtaighde a rinneadh le déanaí, breathnaíodh go mion ar an ngaol idir teagmháil le teanga agus dearcthaí teanga. Léirigh Gruffydd et al. (2025) go mbíonn tionchar fadtéarmach ag luath-theagmháil leis an mBreatnais ar dhearcthaí, idir fhollasach agus intuigthe, i leith na Breatnaise agus an Bhéarla. Tugann sé sin le fios go mbíonn ról lárnach ag an sóisialú san óige i múnú dearcthaí i leith na Breatnaise agus

na féiniúlachta. Léiríonn taighde comhlántach ar thuairimí daoine óga go mbíonn difríochtaí ann de réir an chomhthéacs oideachasúil: is gnách go bhfeictear d'fhoghlaimeoirí i scoileanna lán-Bhreatnaise nó scoileanna dátheangacha go bhfuil luach leis an mBreatnaise ó thaobh cultúir agus deiseanna fostaíochta de, cé gur dóichí go bhfeictear do dhaltáí i scoileanna Béarla gur rud í an Bhreatnaise nach bhfuil baint aici lena saol laethúil (Taylor et al., 2023). Is léir arís ó thaighde a rinneadh thar ceann Choimisinéir Teanga na Breatnaise go mbíonn bearna de shíor ann idir dearcthaí fabhracha agus fíorchleachtais i leith na teanga. Cé go léiríonn go leor leanaí agus daoine óga bród as an mBreatnaise, is é an Béarla is mó a úsáidtear in idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla idir piaraí, i gcumarsáid dhigiteach agus i dtimpeallachtaí ar líne, rud a chuireann srian ar dheiseanna le Breatnaise a úsáid lasmuigh de chomhthéacsanna foirmiúla (Welsh Language Commissioner, 2025). Gach rud san áireamh, tugann an taighde a rinneadh le déanaí le tuiscint, cé go bhfuil tacaíocht láidir fós ann don Bhreatnaise ó thaobh dearcaidh de, go bhfuil sé ina dhúshlán suntasach maidir le beartas teanga úsáid na teanga a chothabháil agus a normalú ar fud réimsí sóisialta, pobail agus digiteacha.

4.2.5 An Bhreatnaise sa chóras oideachais

Tá an t-oideachas dátheangach ina ghné shuntasach de shochaí na Breataine Bige ó lár an fhichiú haois. Meastar gur sa bhliain 1939 a bunaíodh an chéad scoil lán-Bhreatnaise den ré chomhaimseartha (Duggan et al., 2014). Cuireadh ar bun an chéad scoil státmhaoinithe inar úsáideadh an Bhreatnaise mar an meán teagaisc ina dhiaidh sin sa bhliain 1947 (Lewis, 2006). Ar dtús, bhí sé beartaithe go bhfreastalódh na scoileanna sin ar phobail ina raibh an Bhreatnaise i réim mar mháthairtheanga. Le himeacht ama, áfach, tháinig athrú ar phróifíl theangeolaíoch na ndaltáí, agus tagann formhór na bhfoghlaimeoirí i scoileanna lán-Bhreatnaise sa lá atá inniu ó theaghlaigh ina labhraítear Béarla (Lewis, 2008).

Is ar chrann na n-údarás áitiúil a thiteann sé oideachas a eagrú agus a chur ar fáil, agus éilítear orthu pleananna seachadta oideachais Breatnaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (Welsh Government, 2025a). Maireann na pleananna sin deich mbliana agus féadtar athbhreithniú reachtúil a dhéanamh orthu tar éis cúig bliana. Trí na pleananna seachadta, táthar ag súil go gcuirfidh údaráis áitiúla le líon na múinteoirí atá cáilithe chun teagasc trí mheán na Breatnaise agus go gcuirfidh siad an t-oideachas trí mheán na Breatnaise chun cinn i measc tuismitheoirí agus caomhnóirí. Ina theannta sin, caithfidh údaráis oideachais a chinntiú go mbaineann gach foghlaimeoir, iad siúd a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán an Bhéarla san áireamh, leibhéal B2 ar a laghad amach ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) faoi dheireadh na scolaíochta éigeantaí ag 16 bliana d'aois.

Áirítear leis an airgead a infheistítear £6.7 milliún a chuirtear ar fáil tríd an Deontas um Breatnaise san Oideachas (Welsh in Education Grant) agus £2.5 milliún eile a leithdháiltear tríd an Deontas um Fhoghlaim Ghairmiúil na Breatnaise (Welsh Language Professional Learning Grant) (Welsh Government, 2023). Dírítear tuilleadh maoinithe freisin ar thionscnaimh amhail an Scéim Shabóideach do mhúinteoirí agus an tIonad Náisiúnta um Fhoghlaim na Breatnaise. Is léiriú é sin ar an dearcadh beartais gurb iarracht ar feadh an tsaoil í foghlaim na Breatnaise, seachas ceann nach dtarlaíonn ach i rith na scolaíochta éigeantaí. Aithnítear go dtabhófaí cuid den chaiteachas a bheartaítear chun an t-oideachas trí mheán na Breatnaise a neartú beag beann ar na pleananna seachadta, go háirithe i réimsí amhail soláthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, ar gá iad a mhaoiniú is cuma cén teanga theagaisc atá i gceist (Welsh Government, 2023).

De réir Rialtas na Breataine Bige (Welsh Government, 2025b), bhí 405 scoil lán-Bhreatnaise agus 66 scoil dhátheangach ann i mí Eanáir 2025. Is é an sprioc a leagtar síos in Cymraeg 2050 ná go mbeidh 40% d'fhoghlaimeoirí ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Breatnaise faoi 2050. Ag obair dóibh i dtreo na sprice sin, tá sé mar aidhm acu an rannpháirtíocht reatha a mhéadú 30% as seo go ceann 10 mbliana agus léargas níos soiléire a thabhairt do thuismitheoirí ar an gcéatadán den churaclam agus de na gníomhaíochtaí seach-churaclaim atá á n-éascú trí mheán na Breatnaise (Welsh Government, 2021a). Ina theannta sin, táthar ag spreagadh scoileanna chun an méid a chuireann siad ar fáil trí mheán na Breatnaise a mhéadú. Ó Mheán Fómhair 2022 i leith, is ann do thrí chatagóir bhunscoile agus mheánscoile (Welsh Government, 2021a). Seo a leanas na catagóirí bunscoile:

Catagóir 1: Scoileanna Béarla ina gcaitear 15% den am teagaisc trí mheán na Breatnaise agus ina ndéantar cumarsáid le tuismitheoirí i mBéarla.

Catagóir 2: Scoileanna dátheangacha ina gcaitear 50% den am teagaisc trí mheán na Breatnaise agus ina ndéantar cumarsáid dhátheangach le tuismitheoirí.

Catagóir 3: Scoileanna lán-Bhreatnaise ina mbíonn luath-thumoideachas iomlán i bhfeidhm suas go dtí 7 mbliana d'aois agus ina dteagascstar 80% de na hábhair tar éis an phointe sin trí mheán na Breatnaise. Tá

éiteas láidir Breatnaise ina leithéid de scoileanna.

Seo iad na catagóirí meánscoile:

Catagóir 1: Scoileanna Béarla ina gcaitear 15% den am teagaisc trí mheán na Breatnaise agus ina ndéantar cumarsáid le tuismitheoirí i mBéarla.

Catagóir 2: Scoileanna dátheangacha ina ndéanann 40% de na scoláirí 40% den churaclam agus de na gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí mheán na Breatnaise agus ina ndéantar cumarsáid dhátheangach le tuismitheoirí.

Catagóir 3: Scoileanna lán-Bhreatnaise ina ndéanann 60% de na scoláirí 70% den churaclam trí mheán na Breatnaise. Tá éiteas láidir Breatnaise ina leithéid de scoileanna.

Catagóir 3P: Scoileanna lán-Bhreatnaise ainmnithe ina ndéanann 100% de na scoláirí 90% den churaclam agus de na gníomhaíochtaí seach-churaclaim trí mheán na Breatnaise. Tá éiteas láidir Breatnaise ina leithéid de scoileanna.

Sular tugadh isteach córas nua na gcatagóirí, dhéantaí scoileanna a aicmiú de réir líon mór catagóirí. Bhíodh cúig chatagóir de bhunscoileanna ann, i.e., Scoileanna lán-Bhreatnaise, Scoileanna Dé-shrutha, Scoileanna i mbun Aistriú, Scoileanna Béarla den Chuid is Mó, agus Scoileanna Béarla. Bhíodh ceithre aicme mheánscoile ann, i.e. Scoileanna lán-Bhreatnaise, Scoileanna Dátheangacha (catagóirí A, B, C agus D), Scoileanna Béarla (ach le húsáid shuntasach Breatnaise), agus Scoileanna Béarla (Welsh Government, 2021a). Faoin gcóras sin, bhí easpa soiléireachta ann maidir leis an gcéatadán den am teagaisc a chaithfí trí mheán na Breatnaise. Leagtar níos mó béime anois, áfach, ar an ngá atá le gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus cumarsáid le tuismitheoirí trí mheán na Breatnaise a chur san áireamh (Welsh Government, 2021a).

Chun leathnú an tsoláthair a éascú, is féidir le scoileanna plean aistrithe cúig bliana a fhorbairt. Tugtar faoi sin i gcomhar leis an údarás áitiúil agus leis an gcomhlacht rialaithe d'fhonn na bearta is gá a leagan amach leis an gcéad chatagóir eile a bhaint amach. Tacaítear le scoileanna ó thús deireadh an phróisis sin, agus níor cheart go mbeadh aon institiúid i mbun a haistrithe ar feadh breis is deich mbliana. Is faoi Estyn, cigireacht oideachais agus oiliúna na Breataine Bige, a bhíonn na socruithe aistrithe. Ar leibhéal na bunscoile, is féidir le scoileanna luath-thumoideachas iomlán a thabhairt isteach suas go dtí 7 mbliana d'aois agus, de réir mar a théann na cohóirt sin ar aghaidh tríd an scoil, aistriú de réir a chéile go stádas lán-Bhreatnaise. Déantar soláthar freisin don tumoideachas déanach, rud a ligeann d'fhoghlaimoirí aistriú go dtí an t-oideachas meánscoile trí mheán na Breatnaise fiú murar fheastail siad ar bhunscoil lán-Bhreatnaise roimhe sin (Welsh Government, 2021a; féach freisin Ní Dhiorbháin et al., 2025).

Ar leibhéal na meánscoile, is croí-ábhar í an Bhreatnaise suas go dtí 16 bliana d'aois, deireadh Eochairchéim 4. Mar sin féin, is ar leibhéal na meánscoile is mó atá easpa leanúnachais san oideachas trí mheán na Breatnaise le sonrú. Bogann go leor scoláirí ón gcóras Breatnaise go meánscoileanna Béarla, ó Eochairchéim 2 go hEochairchéim 3 (Duggan et al., 2016). Ar an gcaoi sin, baintear an bonn ó chuid mhaith den dul chun cinn a dhéantar san oideachas bunscoile ó thaobh na Breatnaise de.

Gné thábhachtach eile de bheartas na Breatnaise ná an t-aitheantas follasach atá tugtha aige do ról na bhfoghlaimoirí fásta na teanga. In 2006, bunaíodh sé Ionad Breatnaise do Dhaoine Fásta (Welsh for Adults) i réigiúin éagsúla ar fud na tíre chun an raon leathan soláthair Breatnaise a bhí ann a chomhdhlúthú d'fhonn caighdeán a ardú (Baker et al., 2011).

Sa bhliain 2016, bhunaigh rialtas na Breataine Bige an Lárionad Náisiúnta um Foghlaim na Breatnaise chun ceannaireacht a dhéanamh ar earnáil na 'Breatnaise do Dhaoine Fásta'. Sa bhliain 2023, leathnaigh Rialtas na Breataine Bige sainchúram an ionaid chun soláthar spriocdhírthe saor in aisce a sholáthar do fhoghlaimoirí idir 16 agus 25 bliain d'aois ar mian leo Breatnaise a fhoghlaim agus a gcuid scoileanna teanga a fhorbairt tuilleadh. Tá seirbhísí an ionaid bunaithe ar an gcuraclam náisiúnta um Foghlaim na Breatnaise, atá ailínithe leis an CEFR (National Centre for Learning Welsh, 2025).

Bíodh sin mar atá, is fiú go mór breathnú ar chóras oideachais na Breataine Bige agus ar bheartas teanga na Breatnaise go ginearálta agus comhthéacs na hÉireann á mheas. D'fhéadfadh sé go bhfuil go leor le foghlaim ó thaithí na Breataine Bige chun beartas Gaeilge a fhorbairt agus a neartú in PÉ agus in TÉ.

Comhthéacs sochtheangeolaíoch eile a bhféadfadh eispéireas na hÉireann tarraingt go tairbheach air is ea Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach. Sa chuid eile den chaibidil seo, tugtar léargas ginearálta ar an mBascais sa dlínse sin.

4.3 An Bhascais i bPobal Féinrialaitheach Thír na mBascach

4.3.1 Comhthéacs agus stádas na teanga

Is teanga uathúil, neamh-Ind-Eorpach í an Bhascais a labhraítear go príomha i dTír na mBascach i dtuaisceart na Spáinne, chomh maith le hiardheisceart na Fraince. Is teanga aonraíoch í, rud a chiallaíonn nach bhfuil gaol ag an teanga le haon teanga eile atá ar eolas. Meastar go raibh an Bhascais ann sular thosaigh na teangacha Ind-Eorpacha ag scaipeadh san Eoraip (Lakarra, 2017).

Mar a thug Ortega agus Manterola (2022) le fios, is léiriú é treocht na Bascaise ar phróiseas fadtéarmach aistrithe teanga. Thar na céadta blianta, chuaigh an Bhascais ar gcúl in aghaidh na dteangacha Rómánsacha sna críocha máguaird (Mixelena, 2008). Thosaigh an meath sin ag dul i ndéine ó thús an naoú haois déag de réir mar a d'athraigh an tionsclaíocht agus an t-uirbiú an saol sóisialta agus eacnamaíoch ó bhonn. Chuir sé sin dlús leis an laghdú ar úsáid na Bascaise i gcomhthéacsanna tuaithe agus uirbeacha araon (Urla, 2012). Chomh maith leis na hathruithe sóisialta sin, lagaíodh an Bhascais go mór mar thoradh ar idirghabhálacha stáit a rinneadh d'aon ghnó chun í a chur faoi chois (Ortega & Manterola, 2022). Tháinig a leithéid de bheartais chun cinn ar dtús i ndiaidh Réabhlóid na Fraince in 1789 agus ba ghéire a bhí siad faoi dheachtóireacht an Ghinearáil Francisco Franco sa Spáinn (1939–1975), tráth a raibh cosc ar an teanga i réimsí poiblí agus a raibh géarleanúint á déanamh ar lucht labhartha na teanga (Urla, 2012).

Ait go leor, is sa tréimhse seo de mheath agus de leochaileacht ollmhór, go háirithe i mblianta deiridh réimeas Franco, ar thosaigh na daoine ag troid go láidir ar son na Bascaise. Le linn na 1960idí, bhí gluaiseachtaí freasúra in aghaidh na deachtóireachta ag éileamh aitheantas oifigiúil don teanga. D'éirigh na feachtais sin ar son na Bascaise ní ba láidre tar éis bhás Franco in 1975, le linn na tréimhse a dtugtar an tAistriú Spáinneach anois uirthi (Ortega & Manterola, 2022).

Sa lá atá inniu ann, síneann Euskal Herria, 'Tír na Bascaise', thar thrí dhlínse éagsúla: Tuaisceart Thír na mBascach sa Fhrainc, agus Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach (Euskal Autonomia Erkidegoa – EAE) agus Navarra sa Spáinn. Tá beartais teanga ar leith i bhfeidhm i ngach ceann acu agus tá forbairtí éagsúla tagtha ar an mBascas i ngach dlínse. San iomlán, bhí os cionn 3.2 milliún duine ina gcónaí i dTír na mBascach in 2021. Tá formhór mór de na daoine sin – thart ar 2.2 milliún – ina gcónaí in EAE, arb é an réigiún ina bhfuil na beartais is láidre i bhfeidhm i bhfabhar na Bascaise agus ina bhfuil an dul chun cinn is mó déanta i dtaca le hiarrachtaí athbheochana teanga. Ar an gcúis sin, is í an Bhascais in EAE a bheidh faoi chaibidil againn anseo.

De réir an Seachtú Suirbhé Sochtheangeolaíoch, 2021 (Eusko Jaurlaritza, 2024a), bhí Bascais ag 36% den daonra in EAE a bhí 16 bliana d'aois nó os a chionn, bhí 19% ina gcainteoirí éighníomhacha Bascaise agus ní raibh aon Bhascais ag 45% acu. Is léiriú iad na figiúirí sin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó bhí 1991 ann, nuair nach raibh Bascais ach ag 24% den daonra. Tá an méadú níos suntasaí i measc na nglúnta óga: i measc daoine óga idir 16 agus 24 bliana d'aois, tá Bascais ag 75% acu. Tá cuid den mhéadú sin inchurtha i leith an téarnaimh theoranta atá tagtha ar sheachadadh na teanga ó ghlúin go glúin laistigh den teaghlach. Ach is mó atá sé inchurtha i leith na caoi a bhfoghlaimíonn daoine fásta agus, go háirithe, leanaí an teanga mar chuid den scolaíocht éigeantach, áit a dtugtar tús áite di mar ábhar agus mar mheán teagaisc.

Tá stádas oifigiúil ag an mBascas in EAE ó na 1970idí, nuair a ghlac rialtas na Spáinne cur chuige ní ba thacúla i leith teangacha mionlaigh i mBunreacht 1978. Leagtar síos sa bhunreacht sin gurb í an Spáinnis teanga oifigiúil na Spáinne, ach tugtar cead a gcinn do na pobail fhéinrialaitheacha stádas comhoifigiúil a thabhairt do theangacha réigiúnacha eile. Tá stádas comhoifigiúil tugtha don Bhascais in EAE ó shin. Achtaíodh reachtaíocht teanga ina dhiaidh sin ina leagtar amach mionsonraí faoi impleachtaí stádas comhoifigiúil na Bascaise (Williams, 2023). Áirítear leo sin forálacha tábhachtacha maidir leis an mBascas a bheith ar fáil mar ábhar teagaisc agus mar mheán teagaisc sa chóras oideachais (Schukking et al., 2020).

4.3.2 Iarrachtaí athbheochana teanga

Dar le Williams (2023), is díol suntas iad na hiarrachtaí athbheochana teanga i dTír na mBascach go ginearálta, ó thaobh raon feidhme agus tionchair de, ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, bhí an scéal thar a bheith naimhdeach nuair a cuireadh tús leis an bpróiseas toisc an teanga a bheith á cur faoi chois go struchtúrach faoi dheachtóireacht Franco. Ag an am céanna, tá tionchar ag ilroinnt pholaitiúil agus riaracháin na críche ar an gcaoi a gcuirtear na dúshláin in iúl, rud a fhágann gur deacair teacht ar chomhthuiscint mharthanach ar fud réigiún atá roinnte idir dhá náisiúnta agus trí aonad riaracháin. Ar

an dara dul síos, ní beag an t-éacht an athbheochan toisc go bhfuil tacaíocht na gluaiseachta polaitiúla agus sóisialta ar son na teanga chomh leanúnach sin, dá mhíchothroime í. Tá tiomantas láidir don teanga léirithe ag rialtais agus gluaiseachtaí sóisialta i ndiaidh a chéile (Rodríguez, 2021; Williams, 2023).

4.3.3 Beartas Bascaise le déanaí

Tá beartas teanga na Bascaise dírithe ar an teanga a normalú seachas í a athbheochan. Tá an normalú teangeolaíoch i gcomhthéacs na Bascaise sainmhínithe ag Zalbide mar phróiseas sóisialta atá dírithe ar chainteoirí agus réimsí úsáide na Bascaise a choinneáil agus a aisghabháil, ionas go gcoinneofar an teanga nó go n-éireoidh sí ina gnáththeanga i gcaidrimh inmheánacha an phobail teanga lena mbaineann, i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, agus in idirghníomhaíochtaí ó bhéal nó i scríbhinn (Zalbide, 1998, lch. 365).

Ar an dá phríomhbheartas teanga bhí an Dlí chun Úsáid na Bascaise a Normalú (1982) agus Foraithe an Rialtais maidir le Dátheangachas (1983). Réitigh siad sin an bealach chun an Bhascais a thabhairt isteach i scoileanna, i gcúrsaí riaracháin agus sa tsochaí in EAE. I scoileanna, d'fhág sé sin go raibh an teanga ar fáil mar ábhar curaclaim agus mar mheán teagaisc araon. Níor achtaíodh aon reachtaíocht teanga eile sa réigiún ar feadh 40 bliain eile. Mar sin féin, ritheadh Dlí Oideachais Phobal Féinrialaitheach Thír na mBascach, 2023 ar an 21 Nollaig 2023 agus foilsíodh go luath in 2024 é. Tháinig sé in ionad reachtaíocht oideachais réigiúnach ó na 1980idí agus na 1990idí, agus is ar an 4 Feabhra 2024 a cuireadh chun feidhme é.

Leagtar síos leis an dlí an bunús dlíthiúil chun córas oideachais na mBascach a athrú ó bhonn chun freastal níos fearr ar riachtanais shaol an lae inniu. Is aidhm leis cothromas agus sármhaitheas san oideachas a chur chun cinn, ionchuimsiú agus comhtháthú sóisialta a chinntiú, agus tacú le hoideachas ilteangach agus idirchultúrtha. Leagtar béim ar leith ar an mBascais mar theanga an réigiúin féin, mar aon leis an Spáinnis agus teanga iasachta amháin ar a laghad. Tá sé mar aidhm aige freisin cultúr meastóireachta cáilíochta agus feabhsúcháin leanúnaigh a neartú tuilleadh i scoileanna (Eusko Jaurlaritza, 2024b).

4.3.4 Úsáid na Bascaise agus dearchthaí i leith na teanga

Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon iomlán na gainteoirí Bascaise in EAE le 40 bliain anuas, níl aon mhéadú comhfhreagrach tagtha ar úsáid rialta na teanga (Martinez de Luna, 2020). Sa Seachtú Suirbhé Sochtheangeolaíoch, 2021 (Eusko Jaurlaritza, 2024a), taifeadadh go n-úsáideann 22% de na daoine atá os cionn 16 bliana d'aois in EAE an Bhascais ar a laghad chomh minic le Spáinnis nó teanga éigin eile. Tuairiscíodh go n-úsáideann 12% an Bhascais níos lú ná Spáinnis nó teanga éigin eile, agus gurb annamh a úsáideann 6% an Bhascais. Ní úsáideann an 61% eile ach Spáinnis nó teanga éigin eile. Is fíor é sin fiú i measc daoine óga agus in ainneoin, cuir i gcás, go bhfuil 75% de dhaoine óga idir 16-24 bliain d'aois taifeadta mar chainteoirí Bascaise, mar a luadh thuas (Eusko Jaurlaritza, 2024a).

Maidir le dearchthaí i leith chur chun cinn na Bascaise, bíonn siad fabhrach go ginearálta (Eusko Jaurlaritza, 2024a). Léirigh tromlach mór (67%) de na daoine in EAE a bhí 16 bliana d'aois nó os a chionn go raibh siad ar son chur chun cinn na Bascaise, ní raibh 26% ar a shon ná ina choinne, agus ní raibh ach 7% ina choinne. Is cosúil, mar sin, go bhfuil dearcadh dearfach den chuid is mó in EAE i leith na Bascaise, dála an scéil in PÉ. Ní fhágann sé sin, áfach, go n-úsáidtear an teanga go forleathan, ós rud é nach n-úsáideann ach líon réasúnta beag í mar phríomhtheanga. Ina theannta sin, dála PÉ agus TÉ, níl ach mionlach ann a bhfuil dearcadh go hiomlán diúltach acu i leith chur chun cinn na teanga mionlaigh.

4.3.5 An Bhascais sa chóras oideachais

Cé go raibh roinnt tionscnaimh phobail ar son an oideachais trí mheán na Bascaise ann le linn dheachtóireacht Franco (1937–1975) agus iad faoi stiúir tuismitheoirí agus múinteoirí, níor tháinig oideachas na Bascaise faoi bhláth go dtí gur glacadh le Bunreacht na Spáinne in 1978 (Gardner, 2000). Achtaíodh an Dlí thuasluaite um Úsáid na Bascaise a Normalú (1982) chun na roghanna a shainiú maidir leis an mBascais nó an Spáinnis a úsáid mar an meán teagaisc i scoileanna in EAE. Faoin dlí sin, fágadh roghnú na teanga teagaisc faoi na tuismitheoirí seachas faoin rialtas. Faoin dlí, éilítear ar an rialtas a chinntiú go gcuirfear an ceart sin i bhfeidhm (Zalbide & Cenoz, 2008). Sonraítear sa reachtaíocht freisin gur cheart go mbeadh eolas ar an mBascais ag gach scoláire faoi dheireadh an oideachais éigeantaigh ag

16 bliana d'aois (Aldekoa & Gardner, 2002). Gné thábhachtach eile den dlí is ea go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh in EAE oideachas a fháil trí mheán na Bascaise, rud a cheanglaíonn ar an rialtas scolaíocht trí mheán na Bascaise a chur ar fáil i ngach ceantar.

Le Forairthne Rialtas na mBascach maidir le Dátheangachas (1983), bunaíodh creat chun úsáid na dteangacha oifigiúla san oideachas réamh-ollscoile a rialáil agus a mhaoirsiú trí thrí shamhail teagaisc ina sainítear an teanga theagaisc i gcás gach ceann acu. Faoi Shamhail A, is sa Spáinnis a dhéantar an teagasc, agus cuirtear an Bhascais ar fáil mar dhara teanga. Áirítear le Samhail B teagasc sa Bhascais agus sa Spáinnis araon, agus i Samhail D (ní ann don litir C in aibítir thraidisiúnta na Bascaise) is í an Bhascais an phríomhtheanga theagaisc agus teagasctar an Spáinnis mar dhara teanga. Tá scoileanna ann in EAE freisin nach ndéantar an teagasc iontu ach trí Spáinnis agus nach bhfuil aon áit ag an mBascas iontu. Tugtar scoileanna Shamhail X orthu sin. Is scoileanna idirnáisiúnta iad sin den chuid is mó, agus níl iontu ach cuid an-bheag de na scoileanna sa dlínse (Schukking, 2020). Deimhnítear leis an reachtaíocht freisin go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoirí an tsamhail teagaisc a roghnú dá leanaí. Is díol suntais é anseo go bhfreastalaíonn tromlach an-mhór (thart ar 70%) de na daltaí ar leibhéil na bunscoile agus na meánscoile araon ar scoileanna de chuid Shamhail D, i.e. an tsamhail lán-Bhascaise.

Sa reachtaíocht is déanaí (Eusko Jaurlaritza, 2024b), i.e. Dlí Oideachais Phobal Féinrialaitheach Thír na mBascach, 2023 a luadh thuas, leagtar béim ar thábhacht na smaointeoireachta criticiúla agus an neamhspleáchais i measc foghlaimoirí, ar an ngá atá le hoideachas chun tacú le comhtháthú sóisialta, iolrachas agus luachanna daonlathacha, agus ar inniúlachtaí ilteangacha agus idirchultúrtha. Tugtar aird ar leith ar stádas oifigiúil na Bascaise agus na Spáinnise, ach béim ar leith á leagan ar an mBascas. Ina theannta sin, leagtar síos sa dlí na híosleibhéil teanga ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ba cheart do scoláirí a bhaint amach ag leibhéil éagsúla scolaíochta. Dá réir sin, ba chóir do scoláirí Leibhéal B1 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) a bhaint amach sa Bhascais agus sa Spáinnis araon faoi dheireadh na bunscoile, agus Leibhéal B2 ar an gComhchreat sa dá theanga faoi dheireadh an oideachais éigeantaigh meánscoile. Leagtar síos freisin go mbeidh teanga iasachta ina cuid den eispéireas oideachais agus gur cheart do scoláirí Leibhéal A2 ar an gComhchreat a bhaint amach sa teanga sin faoi dheireadh na bunscoile, agus Leibhéal B1 ar an gComhchreat a bhaint amach sa teanga sin faoi dheireadh an oideachais éigeantaigh meánscoile.

4.4 Achoimre

Tugadh léargas sa chaibidil seo ar dhá chomhthéacs shochtheangeolaíoch atá inchomparáide le comhthéacsanna PÉ agus TÉ, eadhon an Bhreatain Bheag agus Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach. Breathnaíodh ar chúrsaí teanga ó thaobh stádais, beartais, úsáide agus oideachais de sa dá dhlínse. D'fhéadfadh an méid a foghlaimíodh bonn eolais a chur faoi fhorbairt bheartas na Gaeilge in PÉ agus in TÉ.



An Mhodheolaíocht

5. An Mhodheolaíocht

5.1 Réamhrá

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar an modheolaíocht a glacadh le haghaidh an tsuirbhé seo. Ar dtús, déantar cur síos ar an bpróiseas deartha samplaí don dá dhlínse, mar aon leis na nósanna imeachta roghnúcháin rannpháirtithe. Tugtar cuntas ar an ualú ceartaitheach a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí ó Phoblacht na hÉireann agus ó Thuaisceart Éireann faoi seach. Leagtar amach ansin sonraí maidir leis an gceistneoir, oiliúint agallóirí agus an staidéar píolótach, sula ndéantar cur síos ar an teicníc a úsáideadh leis an gceistneoir a riaradh. Tugtar an chaibidil chun críche le forbheathnú gairid ar na próisis eiticiúla, toilithe agus cosanta sonraí a bhí i bhfeidhm sa staidéar. Ós rud é gurb é seo an suirbhé is déanaí i sraith a théann siar go dtí na 1970idí, agus i bhfianaise athruithe atá tagtha sna blianta idir an dá linn ar chomhthéacsanna sochtheangeolaíocha agus beartais na Gaeilge, dearadh an tsuirbhé d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir a chinntiú go mbeadh sé comhsheasmhach go stairiúil agus go mbeadh sé ina léiriú cuí ar dhinimic na Gaeilge i sochaí an lae inniu. Tarraingítear aird ar chásanna ina n-imíonn cur chuige an tsuirbhé seo ó leaganacha roimhe seo den tsuirbhé, agus cuirtear iad sin ina gcomhthéacs.

5.2 Dearadh na samplaí

Is iad baill foirne de chuid Ipsos B&A a leag síos na samplaí le haghaidh an tsuirbhé seo i gcomhairle leis an bhfoireann taighde i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus le Foras na Gaeilge mar mhaoinitheoirí. Glacadh straitéis samplála dhóchúlach nó staitistiúil a bhí ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Leis an gcur chuige sin, úsáideadh sampla randamach den daonra sa dá dhlínse lena chinntiú go mbeadh an sampla ionadaíoch go náisiúnta.

5.2.1 Dearadh an tsampla le haghaidh Phoblacht na hÉireann

Is é GeoDirectory an príomhfhráma samplála a úsáidtear le haghaidh ceistneoirí duine le duine i bPoblacht na hÉireann agus is é an fráma samplála a úsáideadh sa staidéar seo. Is iad An Post agus Tailte Éireann a d'fhorbair GeoDirectory in éineacht, agus cuireann sé liosta ar fáil de na seoltaí go léir i bPoblacht na hÉireann. Déantar idirdhealú ann idir áiteanna cónaithe agus áitribh thráchtála, agus úsáidtear Éirchóid sa chaoi go bhféadtar gach foirgneamh ar leith a shainaithint. Tá úsáid GeoDirectory sa tsuirbhé seo le sampla randamach seoltaí dóchúlacht-bhunaithe a thógáil ag teacht le leagan 2013 den tsuirbhé. Níl sé ag teacht, áfach, leis na suirbhéanna a rinneadh roimh 2013, a bhí bunaithe ar shamplaí dóchúlacht-bhunaithe de dhaoine fásta ó Chlár na dToghthóirí.

Baineadh úsáid as an tsampláil ilchéimneach braislí leis na samplaí a dhearadh, agus is mar seo a leanas a bhí na céimeanna roghnaithe samplaí:

1. **Líon socraithe braislí a roghnú:** Bhí na braislí comhdhéanta de thoghcheantair, a bhfoilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh meastacháin daonra maidir leo. Sular roghnaíodh iad, rinneadh na braislí a shrathú ina 17 réigiún gheografacha.
2. **Seoltaí laistigh de bhraisle a roghnú:** Roghnaíodh an líon céanna seoltaí laistigh de gach braisle le haghaidh agallaimh. Ós rud é gur roghnaíodh na braislí féin le dóchúlacht a bhí i gcomhréir lena méid, baineadh amach sampla EPSEM (Modh Roghnúcháin na Dóchúlachta Comhionainne) ar leibhéal na seoltaí, is é sin le rá go raibh dóchúlacht chomhionann ann go roghnófaí gach seoladh.
3. **An duine aonair sa teaghlach a roghnú le dul faoi agallamh:** I gcomhréir leis an dea-chleachtas, roghnaíodh duine amháin a raibh 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici le dul faoi agallamh i ngach teaghlach de réir theicníc an lae breithe dheireanaigh.

Roghnaíodh líon na mbraislí agus líon na seoltaí in aghaidh an bhraisle d'fhonn an úsáid ab éifeachtaí a bhaint as acmhainní oibre allamuigh agus sampla éifeachtach de 1,000 rannpháirtí a bhaint amach ag an am céanna. Baineadh úsáid as nós imeachta um sampláil ilchéimneach chuóta-rialaithe le hionadaíocht

an tsampla a chinntiú. Le fíor-randamacht a chinntiú, roghnaíodh seoltaí tosaigh go randamach laistigh de phríomhaonaid samplála a bhí srathaithe go geografach. Cuireadh nósanna imeachta um bealaí randamacha i bhfeidhm ina dhiaidh sin do na hagallóirí.

Bhí sampla Phoblacht na hÉireann bunaithe ar 100 pointe samplála a roghnaíodh ar bhonn randamach srathaithe. Rinneadh daonra na tíre a shrathú de réir réigiúin/cúige agus uirbiú: i) bailte móra 10,000+, ii) bailte meánmhéide 5,000–10,000, iii) bailte beaga 1500–5000 agus iv) ceantair thuaithe <1500. Laistigh de gach sraith den mhaitrís sin, liostáladh na toghroinn/toghbhardaí go léir, mar aon leis na daonraí, agus roghnaíodh na pointí samplála i gcomhréir leis an daonra. Agus iad roghnaithe, rinneadh athbhreithniú ar na pointí samplála lena chinntiú go mbainfí an chothromaíocht cheart amach ar fud na gcontaetha ar fad. I gcás gach pointe samplála, bhí liosta 20 seoladh mar bhonn faoin sampla freagróirí, seoltaí a roghnaíodh go randamach ó bhunachar sonraí seoltaí GeoDirectory.

Soláthraíodh ceithre phointe samplála laistigh den Ghaeltacht ar dtús sa roghnú randamach. Bhí trí cinn de na ceithre phointe Gaeltachta a roghnaíodh i gceantair a raibh dlús an-íseal cainteoirí Gaeilge. D'iarr Foras na Gaeilge, mar mhaoinitheoirí, go ndéanfaí athbhreithniú ar na pointí sin d'fhonn an sampla a shrianadh do thoghanna a bhí i gCatagóir A nó i gCatagóir B (féach Ó Giollagáin et al., 2007). Roghnaíodh trí phointe nua, a bhí cosúil leis na pointí bunaidh ó thaobh daonra agus suímh de.

5.2.2 Dearadh an tsampla le haghaidh Phoblacht na hÉireann

I dTuaisceart Éireann, baineadh úsáid as Comhad na Seoltaí Cóid Poist (PAF) le sampla seoltaí a tharraingt. Aithnítear gurb é an PAF an creat samplála is fearr dá bhfuil ar fáil i dTuaisceart Éireann agus úsáidtear i mbeagnach gach suirbhé dóchúlachta ar scála mór sa Ríocht Aontaithe é. Is leis an Royal Mail an PAF agus déanann siadsan é a bhainistiú. Áirítear ann gach pointe seachadta poist sa Ríocht Aontaithe. Baineadh úsáid as leagan Úsáideoirí Beaga an PAF, leagan nach n-áirítear ann seoltaí a bhfuil a gcód poist féin acu toisc gur gnóilachtaí iad den chuid is mó.

Baineadh feidhm as srathú agus an sampla á roghnú lena chinntiú go mbeadh foghrúpaí éagsúla laistigh den daonra ionadaithe go comhréireach sa sampla, rud a d'fheabhsódh beachtas agus cruinneas na dtorthaí. Leis an sampla a tharraingt, rinneadh srathú de réir an 11 Cheantar Rialtais Áitiúil. Laistigh de gach ceantar, rinneadh srathú de réir Criosanna Sárshonraí (SDZanna), arna sórtáil de réir chéatadán na gainteoirí Gaeilge a tuairiscíodh sna sonraí daonáirimh. Toisc go bhfuil an suirbhé ag breathnú ar dheartháirí i leith na Gaeilge, d'fhéadfadh sé go léireodh freagraí ar an gceist daonáirimh faoi chumas agus úsáid na Gaeilge deartháirí difriúla. Ar an ábhar sin, rinneadh srathú de réir cumas labhartha sa Ghaeilge lena chinntiú go mbeadh an sampla ionadaíoch ó thaobh na hathróige tábhachtaí sin. Ba shampla de sheoltaí cónaithe an sampla a roghnaíodh ó PAF. Ag gach seoladh, roghnaíodh duine fásta amháin go randamach le páirt a ghlacadh san agallamh de réir theicníc an lae breithe dheireanaigh.

D'fhonn an 500 agallamh a bhí mar aidhm a bhaint amach, roghnaíodh sampla 1,400 seoladh, bunaithe ar ráta freagartha ionchais 40% agus ráta neamh-incháilitheachta ionchais 11% (mar gheall ar theach a bheith folamh, tréigthe, srl.). Tarraingíodh sampla cúltaca 500 cás ar an mbealach céanna, ionas go mbeadh sé indéanta, dá dtiocfadh aon deacrachtaí chun cinn le linn na hoibre allamuigh, amhail cion níos airde de sheoltaí neamh-incháilithe, an sampla breise a eisiúint go tapa agus cur chuige na dóchúlachta randamaí a choinneáil fós.

5.3 Sampla agus ráta freagartha: Poblacht na hÉireann

Bhí sampla 1,000 rannpháirtí mar aidhm i bPoblacht na hÉireann, mar a bhí i leagan 2013 den suirbhé seo. Earcaíodh 1,000 rannpháirtí san iomlán le haghaidh an tsuirbhé seo i bPoblacht na hÉireann. Tá an sampla randamach dóchúlacht-bhunaithe seo de 1,000 rannpháirtí an-ionadaíoch ar dhaonra iomlán na ndaoine fásta i bPoblacht na hÉireann agus is féidir na torthaí a ghinearálú chuig an daonra sin (lamháil earráide $\pm 3.1\%$, leibhéal muiníne 95%). Bhíothas ag súil le ráta freagartha 50% i bPoblacht na hÉireann agus baineadh amach 50.1%. Tá sé seo i gcodarsnacht le ráta freagartha 73% in 2013 agus 67% in 2001. Bhí an ráta freagartha chomh hard agus a bhféadfaí a bheith ag súil leis sa chineál seo suirbhé sa lá atá inniu ann agus is féidir é a chur i gcomhthéacs trí thagairt do rátaí freagartha atá ag dul i laghad sa tsuirbhéireacht ar fud na hEorpa agus in áiteanna eile (m.sh., Jabkowski & Cichocki, 2025).

5.4 Sampla agus ráta freagartha: Tuaisceart Éireann

De dheasca srianta buiséid a sainaithníodh ag céim tairisceana an tionscadail seo, níorbh fhéidir díriú ar 1,000 rannpháirtí a earcú i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Bhí sampla 500 rannpháirtí mar aidhm i dTuaisceart Éireann dá bhrí sin, i gcomparáid leis an 1,000 rannpháirtí a bhí mar aidhm sna suirbhéanna in 2001 agus 2013. Earcaíodh 498 rannpháirtí san iomlán le haghaidh an tsuirbhé seo i dTuaisceart Éireann. Tá an lamháil earráide beagán níos airde de bharr an sampla a bheith níos lú. Bíodh sin mar atá, tugann an sampla 500 duine a roghnaíodh go cuí anseo meastacháin chruinne fós agus fágann gur féidir na torthaí a ghinearálú chuig an daonra fásta le beagán níos lú cinnteachta ná sampla 1,000 rannpháirtí (lamháil earráide $\pm 4.4\%$, leibhéal muiníne 95%). Ba é 38.5% an ráta freagartha i dTuaisceart Éireann don suirbhé in 2025, i gcomparáid le 63% in 2013 agus 64% in 2001. Mar a luadh thuas, bhíothas ag súil leis go mbeadh an ráta freagartha ní b'ísle ná mar a bhí i suirbhéanna roimhe seo agus bhí sé an-ghar don ráta freagartha 40% a raibh coinne leis don suirbhé seo i dTuaisceart Éireann. Is féidir é a chur i gcomhthéacs rátaí freagartha atá ag dul i laghad sa tsuirbhéireacht ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, agus bhí sé chomh hard agus a bhféadfaí a bheith ag súil leis sa timpeallacht reatha.

5.5 Ualú ceartaitheach

Agus sonraí suirbhé á n-anailísiú, is iondúil go n-úsáidtear an t-ualú le torthaí staidéir a choigeartú le hiad a thabhairt níos gaire don daonra. Glacadh cinneadh i gcomhrá le Foras na Gaeilge, mar mhaoinitheoirí, na sonraí maidir le Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann a ualú de réir inscne, aoise agus réigiúin sa suirbhé seo. Rinneadh an méid sin trí thagairt do mheastacháin daonra sa Suirbhé ar an Lucht Saothair, Ráithe 1, 2025 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2025) agus do Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann (NISRA, 2021). Ní hionann an cur chuige seo agus an cur chuige a glacadh sna leaganacha den suirbhé seo a rinneadh in 2013 agus 2001, tráth ar úsáideadh samplaí neamhualaithe, ach glacadh leis chun leas an tsuirbhé amach anseo.

Leagtar amach sna táblaí thíos céatadáin na rannpháirtithe a ghlac páirt sa suirbhé, de réir inscne, aoise agus réigiúin, mar aon leis an maitrís ualaithe a úsáideadh le hualú ceartaitheach a dhéanamh ar na torthaí.

Tábla 1:
Dáileadh iarbhrí an tsampla vs dáileadh ualaithe an tsampla: Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Sampla gan ualú n=1,000	Daonra Náisiúnta (18+)
Inscne		
Fireann	47%	49%
Baineann	53%	51%
Aois		
18 – 24	6%	11%
25 – 44	32%	36%
45 – 64	35%	33%
65 – 74	15%	11%
75+	12%	9%
Réigiún		
Baile Átha Cliath	32%	29%
An Chuid Eile de Chúige Laighean	26%	27%
Cúige Mumhan	25%	27%
Cúige Chonnacht/Cúige Uladh	18%	17%

Tábla 2:

Dáileadh iarbhír an tsampla vs dáileadh ualaithe an tsampla: Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	Sampla gan ualú n=1,000	Daonra Náisiúnta (18+)
Inscne		
Fireann	44%	49%
Baineann	56%	51%
Aois		
18–24	5%	11%
25–44	30%	34%
45–64	37%	34%
65–74	16%	12%
75+	12%	10%
Réigiún		
Aontroim agus Baile na Mainistreach	7%	8%
Cathair Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon	9%	12%
Béal Feirste	14%	18%
Cósta Chlochán an Aifir agus na Glinnte	8%	7%
Cathair Dhoire agus an Srath Bán	15%	8%
Fear Manach agus an Ómaigh	5%	6%
Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhach	6%	8%
Lár agus Oirthear Aontroma	6%	7%
Lár Uladh	8%	8%
An tIúr, Múrna agus an Dún	12%	10%
An Aird agus Tuaisceart an Dúin	8%	9%

5.6 An ceistneoir

Tá na ceistneoirí i nGaeilge agus i mBéarla do Phoblacht na hÉireann agus do Thuaisceart Éireann san áireamh mar aguisín leis an tuarascáil seo. Dearadh ceistneoir 2025 d'fhonn comhsheasmhacht a choinneáil le téacs cheistneoir 2013, ach nuair ba ghá, ceadaíodh leasú, scriosadh nó breisiú ar an téacs ar mhaithe le soiléireacht nó comhsheasmhacht inmheánach, nó le léiriú ní b'fhearr a thabhairt ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Is i gcomhairle le Foras na Gaeilge, mar mhaoinitheoirí, a rinneadh na hathruithe sin. Is féidir le léitheoirí téacs cheistneoirí 2025, atá san aguisín leis an tuarascáil seo, a chur i gcomparáid le téacs na gceistneoirí a cuireadh ar fáil in Darmody agus Daly (2015).

5.7 Oiliúint agallóirí

Rinne foireann 65 oibrí allamuigh de chuid Ipsos B&A an suirbhé. Bhí oiliúint curtha orthu, ardchumas acu sa teicneolaíocht suirbhéireachta, agus taithí acu mar agallóirí taighde shóisialta. Chuir Ipsos B&A oiliúint ar agallóirí le haghaidh na hoibre allamuigh, le hionchur ón bhfoireann taighde i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge. Fuair na hagallóirí script an cheistneora sular fhreastail siad ar an oiliúint. Mar gheall air sin, bhíothas in ann díriú ar phlé idirghníomhach ar an suirbhé sa seisiún oiliúna. Reáchtáladh aon seisiún oiliúna amháin, a bhí roinnte ina dhá chuid, roimh an suirbhé pólótach. Bhí an chéad chuid dírithe ar fhorbhreathnú a thabhairt ar an staidéar; áiríodh ann réamhrá ó thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Fhoras na Gaeilge maidir le hábharthacht an tsuirbhé sa dá dhlínse agus forbairt beartais fhianaise-bhunaithe. Bhí an dara seisiún dírithe ar shampláil, nósanna imeachta um roghnú freagróirí, an bhileog theagmhála dhigiteach, chomh maith le comhlánú an cheistneora féin.

5.8 Suirbhé píolótach

Rinneadh staidéar píolótach roimh an bpríomhobair allamuigh le foclaíocht an cheistneora duine le duine agus ord na gceisteanna a thástáil. Rinne foireann scoilte agallóirí 30 agallamh le raon freagróirí (sampla cuóta-rialaithe a bhí cothrom ó thaobh déimeagrafaice de) mar chuid den staidéar píolótach sin. Thug an staidéar píolótach deis an clár oiliúna d'agallóirí a thástáil agus sainaithint a dhéanamh ar aon réimsí ba ghá a nuashonrú nó a raibh ionchur breise ón bhfoireann suirbhéireachta ag teastáil ina leith. Ní raibh gá le haon athruithe ar an gceistneoir ná ar an nós imeachta agallóireachta i ndiaidh an staidéir píolótaigh. Cuireadh agallaimh an staidéir píolótaigh san áireamh sa sampla deiridh dá bharr sin.

5.9 Agallóireacht Phearsanta Ríomhchuidithe

Bhain na hagallóirí oilte de chuid Ipsos B&A úsáid as teicníc aghaidh ar aghaidh na hAgallóireachta Pearsanta Ríomhchuidithe (CAPI) leis an suirbhé a dhéanamh. Is é a bhí i gceist leis an dearadh CAPI ná gur chuir na hagallóirí freagraí na rannpháirtithe isteach ar ríomhaire seachas ar fhoirm chlóite, agus is é seo an chéad uair a úsáideadh an teicníc seo sa tsraith seo suirbhéanna ar dhearcchaí i leith na Gaeilge. Baineadh feidhm as teicneolaíocht CAPI agus an suirbhé seo á dhéanamh, agus chuir an teicneolaíocht ar chumas na n-agallóirí script lán-uathobrithe a úsáid. D'fhág sé sin gurbh fhéidir an t-agallamh a chur ar aghaidh go huathobríoch chuig an gcéad cheist ábhartha eile de réir fhreagraí na rannpháirtithe. Rinne sé sin próiseas an cheistneora i bhfad ní ba shimplí, d'fheabhsaigh sreabhadh agus luas an agallaimh, fuair réidh le hearráidí ar thaobh an agallóra, agus laghdaigh an méid sonraí a bhí ar iarraidh.

Rinneadh na hagallaimh duine le duine i dteach na rannpháirtithe, agus an t-agallóir i láthair le treoir a thabhairt don fhreagróir agus na sonraí a iontráil. Bhí sé de rogha ag na freagróirí páirt a ghlacadh sa suirbhé i nGaeilge nó i mBéarla. Níor cuireadh chuig na ceantair Ghaeltachta a bhí san áireamh sa sampla ach agallóirí a raibh Gaeilge ar a dtail acu agus a raibh oiliúint curtha orthu leis an gceistneoir a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Lasmuigh den Ghaeltacht, rinne an t-agallóir an ceistneoir trí Ghaeilge má bhí sé nó sí inniúil sa teanga agus oilte leis an suirbhé a dhéanamh i nGaeilge. Lasmuigh den Ghaeltacht, i gcás nach raibh Gaeilge ar a dtail ag na hagallóirí, bhí sé de rogha ag na freagróirí an leagan Gaeilge den suirbhé a léamh agus a gcuid freagraí a chur in iúl don agallóir. Roghnódh an t-agallóir an freagra cuí thar ceann an rannpháirtí ansin. Ar an meán, thóg sé 15 nóiméad an ceistneoir a chomhlánú.

5.10 Eitic, toiliú agus cosaint sonraí

Rinneadh an staidéar seo i gcomhréir leis an dea-chleachtas taighde. Tá sé ag teacht le Cód Iompair an Chumann Taighde Margaidh agus Chumann na nEagraíochtaí Taighde Margaidh (AMIRO) agus le Beartas Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir leis an Dea-Chleachtas Taighde. Fuair an tionscadal cead eiticíúil ón gCoiste um Eitic Thaighde i Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thug na rannpháirtithe go léir toiliú feasach sular ghlac siad páirt sa taighde. Bhí gach ábhar a bhain le faisnéis, toiliú, príobháideacht agus cosaint sonraí ar fáil do fhreagróirí i nGaeilge agus i mBéarla araon. Rinne Oifigeach Cosanta Sonraí Cholaíste na Tríonóide, Baile Átha Cliath athbhreithniú ar na nósanna imeachta próiseála sonraí a glacadh maidir leis an staidéar agus dheimhnigh sé go raibh an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí á comhlíonadh, go sonrach an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016 ón AE agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988–2018.

5.11 Achoimre

Sa chaibidil seo, rinneadh cur síos ar an modheolaíocht suirbhéireachta a úsáideadh sa staidéar seo. Áiríodh leis sin achoimre ar dhearadh na samplaí agus ar phróisis roghnúcháin na rannpháirtithe, chomh maith le plé ar phróifíl na rannpháirtithe, ar an bpróiseas ualaithe, agus ar an teicníc agallóireachta. Leagadh amach freisin na saincheisteanna eiticíúla agus cosanta sonraí. Ó thús deireadh na caibidle, tugadh aird ar an ngaol idir an mhodheolaíocht a glacadh sa suirbhé seo agus na cinn siúd a glacadh i leaganacha roimhe seo den suirbhé. Réitíonn an fhaisnéis sa chaibidil seo an bealach do chur i láthair na dtorthaí agus don phlé orthu sna caibidlí ina dhiaidh seo.



Torthaí 2025

6. Torthaí 2025

6.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, déantar iniúchadh ar thorthaí An Suirbhé ar Dhearccháí i leith na Gaeilge, 2025 agus cuirtear na torthaí sin i gcomparáid leis na torthaí a bhí ann cheana, nuair is féidir. Tá an chaibidil roinnte ina trí mhórchuid bunaithe ar inniúlacht teanga, úsáid teanga agus dearccháí i leith na teanga. Sa chuid ar inniúlacht teanga, déantar anailís ar inniúlacht sa Ghaeilge de réir aoisghrúpa, inscne, saoránachta, reiligiúin agus leibhéal oideachais. Mar chlabhsúr ar an gcuid seo, pléitear cé acu an ndearna freagróirí iarracht a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus iad ina ndaoine fásta. Breathnaítear ar úsáid teanga de réir aoisghrúpa, inscne, cumas sa Ghaeilge, teagmháil leis an nGaeilge ar scoil, agus tionchar na dtuismitheoirí. Ag deireadh na coda seo, déantar iniúchadh ar a mhéid a bhíonn freagróirí ag gabháil do na meáin Ghaeilge. Sa chuid dheireanach den chaibidil, léirítear dearccháí ginearálta i leith na Gaeilge agus déantar anailís orthu de réir inscne, aoisghrúpa agus féiniúlachta náisiúnta, sula gcuirtear torthaí i láthair maidir le stádas, saineúlacht agus tábhacht na Gaeilge. Tugtar léargas i ndiaidh sin ar dhearccháí i leith na Gaeilge san oideachas agus ar an mbeartas oifigiúil i leith na teanga, sula ndéantar plé ar mhianta na rannpháirtithe don Ghaeilge amach anseo.

6.2 Inniúlacht sa Ghaeilge

6.2.1 Cumas labhartha na Gaeilge (féintuairiscithe)

Mhaígh beagnach an ceathrú cuid de dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann in 2025 (24%) nárbh fhéidir leo Gaeilge a labhairt ar chor ar bith ([Tábla 3](#)). Mhaígh thart ar 26% nach raibh acu ach ‘corrfhocal’ Gaeilge, rud a d’fhág go raibh leath na ndaoine fásta i bPoblacht na hÉireann in 2025 gan líofacht labhartha na Gaeilge. Bhí bunlíofacht sa Ghaeilge ag thart ar 39% de dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann, sa mhéid is gurbh fhéidir leo ‘roinnt abairtí simplí’ (27%) nó ‘codanna de chomhráite’ (12%) a láimhseáil. Mhaígh duine as gach deichniúr de dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann gurbh fhéidir leo Gaeilge a labhairt sa ‘chuid is mó de chomhráite’ (7%), agus mhaígh 3% go raibh cumas cainteora dúchais acu (an grúpa le hardlíofacht).

Bhí cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha i bhfad níos ísle i dTuaisceart Éireann ná mar a bhí i bPoblacht na hÉireann. Mhaígh 81% de dhaoine fásta nach raibh aon líofacht acu sa Ghaeilge; ina measc siúd, ní raibh 59% in ann Gaeilge a labhairt ar chor ar bith agus ní raibh ach ‘corrfhocal’ ag 22%. Mhaígh duine as gach céad duine fásta i dTuaisceart Éireann gurbh fhéidir leo Gaeilge a labhairt sa ‘chuid is mó de chomhráite’, agus thuairiscigh 1% eile go raibh cumas cainteora dúchais acu. Thuairiscigh an 17% eile go raibh bunlíofacht acu sa Ghaeilge.

Tábla 3:

Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann⁵

		PÉ	TÉ
Gan aon líofacht	Gan aon Ghaeilge	24	59
	Corrfhocal	26	22
Bunlíofacht	Roinnt abairtí simplí	27	13
	Codanna de chomhráite	12	4
Ardlíofacht	An chuid is mó de chomhráite	7	1
	Cumas cainteora dúchais	3	1

Nóta: Áirítear sa chatagóir ‘gan aon Ghaeilge’ iad siúd a roghnaigh ‘ní bhaineann’ (2% sa dá dhlíne). Fhioc 0.2% de fhreagróirí i bPoblacht na hÉireann an rogha ‘Níl a fhios agam’ nuair a iarradh orthu a gcumas sa Ghaeilge labhartha a mheas.

Tá na figiúirí do Phoblacht na hÉireann i [dTábla 3](#) beagán difriúil leis na figiúirí a tuairiscíodh sna suirbhéanna in 2013 agus 2001. Bhí an céatadán de fhreagróirí i suirbhé 2025 a mhaígh nach raibh ‘aon Ghaeilge’ acu nó nach raibh acu ach ‘corrfhocal’ ní b’airde ná mar a tuairiscíodh i suirbhéanna

⁵Mura sonraítear a mhalairt, is céatadáin iad na figiúirí uile sna táblaí agus sna cairteacha. De bharr slánú, nó de bhrí gur fágadh catagóirí ar lár nach raibh ach fíorbheagán freagraí iontu, seans nach mbeidh suim iomlán na gcéatadán cothrom le 100% go díreach.

roimhe sin. Ina theannta sin, ba lú an cion de fhreagróirí i bPoblacht na hÉireann a thuairiscigh go raibh ardlíofacht acu sa Ghaeilge ná mar a bhí cheana. Léirigh sonraí 2025 i dTuaisceart Éireann laghdú beag ar líon na bhfreagróirí nach raibh aon líofacht acu, agus méadú beag ar an líon a raibh bunlíofacht acu, i gcomparáid le suirbhéanna roimhe sin.

Níl aon difríochtaí suntasacha idir na hinscní i bPoblacht na hÉireann maidir le cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha; mar sin féin, bhí sé ní ba choitianta i measc na bhfear a thuairisciú nach raibh aon Ghaeilge acu (27% d'fhir, i gcomparáid le 21% de mhná) (Tábla 4).

Maidir le haoisghrúpaí, is i measc daoine 75 bliain d'aois agus os a chionn a bhí an céatadán ab airde de chainteoirí dúchais (5%) i bPoblacht na hÉireann; i gcodarsnacht leis sin, is san aoisghrúpa 45–64 bliain a bhí an céatadán ab ísle (2%). Mar sin féin, má chuirtear iad siúd a bhfuil cumas cainteora dúchais acu agus iad siúd a bhfuil cumas i bhformhór na gcomhráite acu (iad siúd a bhfuil ardlíofacht acu) san áireamh, is i measc an aoisghrúpa 18–24 a bhí an inniúlacht ab fhearr (ardlíofacht ag 17% díobh, i gcomparáid le 11% den aoisghrúpa 25–44, 8% den aoisghrúpa 45–64, 11% den aoisghrúpa 65–74, agus 10% díobh siúd atá 75 bliain d'aois agus os a chionn). Ina theannta sin, ní raibh ach leath an oiread daoine san aoisghrúpa 18–24 a thuairiscigh nach raibh aon Ghaeilge acu i gcomparáid leis an aoisghrúpa 25–44 (14% agus 29%, faoi seach).

Tábla 4:
Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha de réir inscne agus aoise, Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
Gan aon Ghaeilge	27	21	14	29	23	19	21
Corrfhocal	25	27	28	24	26	30	30
Roinnt abairtí simplí	25	30	24	24	33	27	24
Codanna de chomhráite	12	13	18	13	9	12	16
An chuid is mó de chomhráite	7	7	13	7	6	7	5

Nóta: Áirítear sa chatagóir ‘gan aon Ghaeilge’ iad siúd a roghnaigh ‘ní bhaineann’ (2%). I bPoblacht na hÉireann, phioc 0.2% an rogha ‘Níl a fhios agam’ nuair a iarradh orthu a gcumas labhartha Gaeilge a mheas.

Ar nós Phoblacht na hÉireann, níor tugadh aon difríochtaí suntasacha idir na hinscní faoi deara i dTuaisceart Éireann maidir le cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha; mar sin féin, bhí sé ní ba choitianta i measc na mban a thuairisciú nach raibh aon Ghaeilge acu (63% i gcomparáid le 56% d'fhir) (Tábla 5).

Bhí ceangal le feiceáil idir aois agus cumas labhartha na Gaeilge i dTuaisceart Éireann; ní raibh aon duine san aoisghrúpa 75 bliain d'aois agus os a chionn a mhaígh go raibh níos mó ná roinnt abairtí simplí acu sa Ghaeilge. Ba lú seans go dtuairisceadh daoine idir 18–24 bliain d'aois nach raibh aon Ghaeilge acu (45%), agus mhéadaigh an céatadán sin i gcomhréir le haois na bhfreagróirí, go dtí 78% i measc na ndaoine 75 bliain d'aois agus os a chionn (Tábla 5).

Tábla 5:
Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha de réir inscne agus aoise, Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
Gan aon Ghaeilge	56	63	45	57	64	50	78
Corrfhocal	24	19	36	22	19	25	12
Roinnt abairtí simplí	13	12	6	16	11	17	10
Codanna de chomhráite	4	4	9	4	4	5	0
An chuid is mó de chomhráite	2	1	0	0	2	3	0
Cumas cainteora dúchais	1	2	4	1	1	0	0

I dTuaisceart Éireann, shainaithin 45% de na freagróirí mar Éireannach; shainaithin 29% mar Éireannach Tuaisceartach, 13% mar Bhriotanach, 4% mar Bhriotanach uaireanta agus mar Éireannach uaireanta eile, agus dúirt 2% go raibh féiniúlacht Ultach acu. Roghnaigh 8% féiniúlacht náisiúnta eile nó níor thug siad freagra ar bith. Ba i measc na ndaoine a shainithin mar Éireannach an leibhéal líofachta sa Ghaeilge ab airde i dTuaisceart Éireann; thuairiscigh 32% díobh go raibh bunlíofacht acu agus mhaígh 5% go raibh

ardlíofacht acu (Tábla 6). Ní raibh ardlíofacht sa Ghaeilge ag freagróir ar bith a shainaithin mar Éireannach Tuaisceartach, mar Bhriotanach, nó mar 'Eile'. Cé go raibh bunlíofacht ag 6% díobh siúd a shainaithin mar Éireannach Tuaisceartach, ní raibh an leibhéal cumais sin sa Ghaeilge labhartha ag freagróir ar bith a shainaithin mar Bhriotanach nó a raibh féiniúlacht náisiúnta eile acu.

Tábla 6:

Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir féiniúlachta náisiúnta, Tuaisceart Éireann

	Gan aon líofacht	Bunlíofacht	Ardlíofacht
Éireannach	64	32	5
Éireannach Tuaisceartach	94	6	0
Briotanach	100	0	0
Eile	100	0	0

Nóta: Toisc an líon a bheith chomh beag sin, fágadh na foghrúpaí 'Briotanach uaireanta agus Éireannach uaireanta eile' (n=15) agus 'Ultach' (n=8) ar lár sa tábla seo. Nóta: Áirítear sa chatagóir 'eile' iad siúd a shainaithin mar Pholannach, mar Liotúnach, nó mar Indiach, chomh maith le freagróir amháin nár sholáthair freagra.

Thug 73% de na freagróirí i dTuaisceart Éireann le fios go raibh baint acu le reiligiún de shórt éigin. Díobh sin, thug 60% le fios gur Chaitlicigh iad, thuairiscigh 31% go raibh baint acu le sainchreideamh Protastúnach, agus bhain an 9% eile leis an gcatagóir 'eile'⁶. Díobh siúd i dTuaisceart Éireann a shainaithin mar Éireannach agus a raibh baint acu le reiligiún, mhaígh 92% gurbh é an Caitliceachas a reiligiún (3% Protastúnach, 5% eile); i gcás na ndaoine a shainaithin mar Bhriotanach a raibh baint acu le reiligiún, thug 89% le fios gur de shainchreideamh Protastúnach éigin iad (4% Caitliceach; 7% eile). Maidir leo siúd a shainaithin mar Éireannach Tuaisceartach agus a raibh baint acu le reiligiún, shainaithin 36% mar Chaitliceach, 57% mar Phrotastúnach, agus bhain an 7% eile le reiligiún eile.

Mar a léirítear i dTábla 7, níor thug aon fhreagróir a shainaithin mar Phrotastúnach le fios go raibh níos mó ná roinnt abairtí simplí Gaeilge aige.

Tábla 7:

Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir reiligiúin, Tuaisceart Éireann

		Caitliceach	Protastúnach
Gan aon líofacht	Gan aon Ghaeilge	37	88
	Corrfhocal	32	8
Bunlíofacht	Roinnt abairtí simplí	20	4
	Codanna de chomhráite	7	0
Ardlíofacht	An chuid is mó de chomhráite	2	0
	Cumas cainteora dúchais	3	0

Nóta: Toisc a laghad rannpháirtithe i dTuaisceart Éireann (n = 34) a thug le fios go raibh baint acu le reiligiún eile, fágadh an grúpa sin ar lár sa tábla seo.

Tá dlúthbhaint ag an gcumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha le saoránacht Éireannach a bheith ag duine. I gcás na bhfreagróirí gan saoránacht Éireannach, níor thug aon duine le fios go raibh ardlíofacht sa Ghaeilge aige (Tábla 8), i bPoblacht na hÉireann ná i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sin, ní raibh aon fhreagróir i dTuaisceart Éireann gan saoránacht Éireannach a thug le fios gurbh fhéidir leis páirt a ghlacadh i gcodanna de chomhráite Gaeilge, agus níor mhaígh ach 1% de na neamhsaoránaigh i bPoblacht na hÉireann gurbh fhéidir leo amhlaidh a dhéanamh (Tábla 8).

Tábla 8:

Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha, de réir saoránachta, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ Saoránach Éireannach		TÉ Saoránach Éireannach	
	Is féidir (88%)	Ní féidir (11%)	Is féidir (54%)	Ní féidir (46%)
Gan aon Ghaeilge	17	76	40	82
Corrfhocal	27	19	29	13
Roinnt abairtí simplí	31	4	19	5
Codanna de chomhráite	14	1	7	0
An chuid is mó de chomhráite	8	0	2	0
Cumas cainteora dúchais	4	0	2	0

Nóta: I bPoblacht na hÉireann, dúirt beagán faoi bhun 1% 'Níl a fhios agam' nó dhiúltaigh siad an cheist faoi shaoránacht Éireannach a fhreagairt.

⁶Reiligiún eile a lua, 'eile', 'gan reiligiún' nó 'níl a fhios agam' a roghnú.

I gcás na bhfreagróirí a mhaígh go raibh roinnt Gaeilge acu ('corrfhocal' nó níos mó), iarradh orthu an leibhéal deacrachta a bhain le gnéithe éagsúla den teanga a chur in iúl.

Ba lú seans go dtuairisceodh freagróirí a raibh roinnt Gaeilge acu 'a lán deacrachta' leis an bhfoghraíocht ná le haon ghné eile den chaint, i bPoblacht na hÉireann (27%) agus i dTuaisceart Éireann (35%) araon. Sa dá dhlínse, ba mhó seans go dtuairisceodh freagróirí 'a lán deacrachta' maidir le teacht ar na focail chearta le haghaidh ábhair speisialta (45% in PÉ agus 69% in TÉ) (Tábla 9).

Tríd is tríd, ba mhó an cion de fhreagróirí i dTuaisceart Éireann a thuairiscigh 'a lán deacrachta' i gcás na gceithre ghné den teanga labhartha a cuireadh faoina mbráid, i gcomparáid le freagróirí i bPoblacht na hÉireann.

Tábla 9:

Deacrachtaí a tuairiscíodh i ndáil le gnéithe den Ghaeilge labhartha — i measc na bhfreagróirí a dheimhnigh leibhéal éigin líofachta, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

		PÉ	TÉ
Foghraíocht (/fuaimeanna)	A lán deacrachta	27	35
	Méid áirithe deacrachta	44	41
	Deacracht ar bith	30	24
Graiméar ceart a úsáid	A lán deacrachta	41	61
	Méid áirithe deacrachta	43	30
	Deacracht ar bith	16	9
Tú féin a chur in iúl	A lán deacrachta	38	55
	Méid áirithe deacrachta	42	34
	Deacracht ar bith	19	11
An focal ceart a aimsiú le haghaidh ábhar speisialta	A lán deacrachta	45	69
	Méid áirithe deacrachta	42	23
	Deacracht ar bith	13	8

Ceistíodh na freagróirí maidir le haon iarracht a rinne siad an Ghaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú mar dhuine fásta, i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil. Thug 28% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann faoin nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú mar dhuine fásta, i gcomparáid le 21% i dTuaisceart Éireann (Tábla 10).

Tábla 10:

Iarrachtaí ar an nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú mar dhuine fásta

	PÉ	TÉ
Uair amháin	9	8
Roinnt uaireanta	19	13
Riamh	73	80

Léirítear i dTábla 11 an leibhéal oideachais is airde a bhí bainte amach ag na freagróirí in PÉ agus TÉ. Bhí mionlach mór i ngach dlínse a raibh oideachas ag leibhéal céime nó níos airde acu (45% in PÉ; 40% in TÉ).

I bPoblacht na hÉireann, bhí ardinniúlacht sa Ghaeilge ag 13% díobh siúd a raibh céim acu, i gcomparáid le 8% díobh siúd nach raibh céim acu (Tábla 12). I dTuaisceart Éireann, bhí ardinniúlacht sa Ghaeilge ag 4% díobh siúd a raibh céim acu, i gcomparáid le 1% díobh siúd nach raibh céim acu.

Tábla 11:

An leibhéal oideachais is airde i measc na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Bunscoileanna amháin	6	5
Meánscoil shóisearach (m.sh. Teastas Sóisearach/GCSEanna)	13	25
Meánscoil críochnaithe (m.sh., Ardeistiméireacht/A-Leibhéal)	20	14
Gairmoideachas nó breisoideachas iarscoile (m.sh., cúrsa PLC)	8	5
Dioplóma ardoideachais (dhá bhliain de ghnáth)	8	9
Céim Bhaitsiléara	20	20
Teastas nó dioplóma iarchéime	10	10
Céim Mháistir	13	7
Céim Dhochtúireachta (m.sh., PhD)	2	2
Níl a fhios agam	1	2
Cáilíocht eile	0.2	0.6

Tábla 12:

Cumas féintuairiscithe sa Ghaeilge labhartha i measc daoine le céim agus daoine gan chéim, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ		TÉ	
	Daoine gan chéim	Daoine le céim	Daoine gan chéim	Daoine le céim
Gan aon líofacht	54	45	86	73
Bunlíofacht	39	42	13	23
Ardlíofacht	8	13	1	4

6.2.2 Cumas Gaeilge a léamh

Maidir leis na freagróirí a raibh roinnt Gaeilge acu ('corrfhocal' nó níos mó), ceistíodh iad faoina gcumas léitheoireachta sa Ghaeilge freisin. Díobh siúd a raibh roinnt Gaeilge acu i bPoblacht na hÉireann, thug duine as gach ceathrar (25%) le fios go raibh siad in ann Gaeilge a léamh gan mórán cabhrach nó as a stuaim féin. Ní raibh ach 7% i gceist i dTuaisceart Éireann ([Tábla 13](#)).

Bhí leath de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann a raibh corrfhocal Gaeilge acu nach raibh in ann an teanga a léamh (17%) nó nach raibh in ann ach corrfhocal a aithint (33%); bhí na figiúirí sin ag 29% agus 47% faoi seach i dTuaisceart Éireann.

Tábla 13:

Cumas Gaeilge a léamh i measc freagróirí le roinnt Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Ní féidir liom aon Ghaeilge a léamh	17	29
Ní féidir liom ach roinnt focal a aithint	33	47
Is féidir liom léamh le mórán cúnamh	8	8
Is féidir liom léamh le cúnamh	18	9
Is féidir liom léamh gan beagnach aon chúnamh	13	1
Is féidir liom léamh go neamhspleách agus go líofa	12	6

Nóta: Phíoc 0.3% i bPoblacht na hÉireann an rogha 'Níl a fhios agam'.

6.3 Minicíocht labhartha na Gaeilge

Bhí an cion de dhaoine fásta a mhaígh go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil breis agus a dhá oiread níos mó i bPoblacht na hÉireann ná mar a bhí sé i dTuaisceart Éireann (9% agus 4% faoi seach) ([Tábla 14](#)). Níor labhair 81% de dhaoine fásta i dTuaisceart Éireann an Ghaeilge riamh, i gcomparáid le 57% i bPoblacht na hÉireann.

Tábla 14:

Minicíocht labhartha na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Go laethúil	9	4
Go seachtainiúil	7	4
Níos annaimhe	27	10
Riamh	57	81

Ba bheag an difríocht idir na hinscní maidir le minicíocht labhartha na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon, cé go raibh difríocht sa treo a bhí i gceist idir an dá dhlínse. Bhí cion ní b'airde de mhná i bPoblacht na hÉireann a thug le fios go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil (10% le hais 7% d'fhir) ([Tábla 15](#)); i dTuaisceart Éireann, áfach, b'airde an cion i measc na bhfear (6%) ná i measc na mban (3%) ([Tábla 16](#)).

Ba bheag na difríochtaí a léiríodh maidir le minicíocht úsáide i measc na n-aoisghrúpaí i bPoblacht na hÉireann; bhí an úsáid laethúil idir 7% (45–64 bliain) agus 11% (18–24 bliain). Mhaígh níos lú ná leath díobh siúd idir 18–24 bliain nár labhair siad Gaeilge riamh (47%); mhéadaigh an cion sin, áfach, go dtí beagnach dhá thrían (65%) i measc na ndaoine 75 bliain d'aois agus os a chionn. B'airde go mór úsáid laethúil na Gaeilge i dTuaisceart Éireann i measc daoine idir 18–24 bliain d'aois (14%) ná mar a bhí sna haoisghrúpaí eile go léir (idir 2% agus 4%, ag brath ar an aoisghrúpa). Ba i measc an aoisghrúpa 18–24 bliain ab ísle an cion freagróirí i dTuaisceart Éireann nár bhain úsáid as an nGaeilge riamh (67%), fhad is gurbh i measc na ndaoine 75 bliain d'aois agus os a chionn ab airde an cion sin (94%) ([Tábla 16](#)).

Tábla 15:

Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir aoise agus inscne, Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
Go laethúil	7	10	11	10	8	7	8
Go seachtainiúil	6	8	13	6	8	8	5
Níos annaimhe	25	29	30	29	27	23	23
Riamh	61	53	47	55	58	62	65

Tábla 16:


Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir aoise agus inscne, Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
Go laethúil	6	3	14	3	4	3	2
Go seachtainiúil	5	4	2	8	2	2	0
Níos annaimhe	11	10	17	12	7	12	4
Riamh	79	83	67	77	86	83	94

Iarradh ar na freagróirí sin a mhaígh go raibh Gaeilge acu (iad siúd nár mhaígh nár labhair siad an teanga riamh; 43% i bPoblacht na hÉireann agus 19% i dTuaisceart Éireann) a chur in iúl ar chuimhin leo comhrá Gaeilge a bheith acu le linn na seachtaine sin. Thuairiscigh beagáinín níos mó freagróirí i dTuaisceart Éireann (42%) go ndearna siad amhlaidh le hais na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann (37%) ([Fíor 1](#)).

Fíor 1:

Cion na ndaoine a raibh Gaeilge acu agus a raibh comhrá acu sa teanga le linn na seachtaine sin, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



Bhain an cumas labhartha Gaeilge le minicíocht na húsáide sa dá dhlíne. Mar a bhíodas ag súil leis, mhaígh formhór mór na bhfreagróirí gan líofacht i bPoblacht na hÉireann ([Tábla 17](#)) agus i dTuaisceart Éireann ([Tábla 18](#)) araon – iad siúd gan aon Ghaeilge nó gan acu ach corrfhocal - nár labhair siad an teanga riamh (86% agus 91%, faoi seach). Díol suntais ba ea é go raibh an Ghaeilge á labhairt go laethúil ag 9% díobh siúd i bPoblacht na hÉireann agus ag 16% i dTuaisceart Éireann a raibh bunlíofacht acu (an cumas roinnt abairtí simplí nó codanna de chomhráite a láimhseáil). Mhaígh breis is dhá thrian de dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann a raibh ardlíofacht acu (68%) go raibh an Ghaeilge á labhairt acu go laethúil (48%) nó go seachtainiúil (20%). Toisc nach raibh ach líon an-bheag cainteoirí le hardlíofacht i dTuaisceart Éireann (n = 11), ní dhearnadh aon anailís bhreise ar an bhfoghrúpa sin.

Tábla 17:

Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir leibhéal líofachta, Poblacht na hÉireann

	Go laethúil	Go seachtainiúil	Níos annaimhe	Riamh	Líon iomlán
Gan aon líofacht	1	1	12	86	100
Bunlíofacht	9	12	46	33	100
Ardlíofacht	48	20	26	7	100

Tábla 18:

Minicíocht labhartha na Gaeilge, de réir leibhéal líofachta, Tuaisceart Éireann

	Go laethúil	Go seachtainiúil	Níos annaimhe	Riamh	Líon iomlán
Gan aon líofacht	1	2	6	91	100
Bunlíofacht	16	15	27	43	100

Nóta: Toisc a laghad cainteoirí san fhoghrúpa ardlíofachta i dTuaisceart Éireann ($n = 11$), fágadh an cha-tagóir sin ar lár sa tábla.

Mhaígh 8% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann gur tógadh iad le Gaeilge á labhairt go laethúil sa bhaile, i gcomparáid le 2% i dTuaisceart Éireann (Tábla 19). Mhaígh 64% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann nár tógadh le Gaeilge iad, i gcomparáid le 86% i dTuaisceart Éireann.

Tábla 19:

Minicíocht úsáide na Gaeilge sa bhaile le linn óige na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Go laethúil	8	2
Go seachtainiúil	6	4
Níos annaimhe	22	8
Riamh	64	86

I bPoblacht na hÉireann, bhain úsáid na Gaeilge sa bhaile le linn óige na bhfreagróirí le minicíocht na húsáide i ndiaidh sin. Mar shampla, mhaígh 38% díobh siúd a tógadh le Gaeilge go raibh an teanga á labhairt go laethúil acu, i gcomparáid le 12% nár labhair an teanga riamh (Tábla 20). Díobh siúd i bPoblacht na hÉireann nár tógadh le Gaeilge, mhaígh 4% go raibh sí á labhairt go laethúil acu san am i láthair, i gcomparáid le 75% nach labhraíonn an teanga riamh. Toisc a laghad freagróirí i dTuaisceart Éireann a tógadh le Gaeilge á labhairt go laethúil ($n = 11$) nó go seachtainiúil ($n = 19$) sa bhaile, ní sholáthraítear miondealú den chineál céanna don dlínse sin.

Tábla 20:

Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir mhinicíocht úsáide na teanga sa bhaile le linn óige na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann

Minicíocht úsáide na Gaeilge ag duine sa bhaile agus é ag fás aníos					
Frequency of current use		Go laethúil	Go seachtainiúil	Níos annaimhe	Riamh
	Go laethúil	38	21	10	4
	Go seachtainiúil	18	22	9	4
	Níos annaimhe	33	45	49	17
	Riamh	12	12	32	75

I bPoblacht na hÉireann, fuair 10% de na freagróirí a gcuid oideachais i mbunscoileanna inar múineadh roinnt ábhar (5%) nó gach ábhar (5%) trí mheán na Gaeilge; níorbh amhlaidh ach do 3% i dTuaisceart Éireann (2% i gcás roinnt ábhar; 1% i gcás gach ábhar) (Tábla 21). Sa dá dhlínse, ba lú an cion scoláirí a d'fhreastail ar scoileanna ina raibh roinnt ábhar, nó gach ábhar, á dteagasc trí Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhuscoile ná mar a bhí ag leibhéal na bunscoile (Tábla 22). Tá na figiúirí maidir le teagmháil na ndaltaí leis an nGaeilge sa bhunscoil agus san iarbhuscoil in 2025 ag teacht den chuid is mó leis na torthaí a tuairiscíodh cheana. Mar sin féin, taifeadadh céatadán rud beag airde i suirbhé 2025 ar an líon freagróirí i bPoblacht na hÉireann nach raibh focal Gaeilge acu ag ceachtar den dá leibhéal; ba amhlaidh an cás maidir leis an gcatagóir 'eile' chomh maith, i gcomparáid leis na torthaí a bhí ann cheana.

Tábla 21:

Leibhéal teagmhála leis an nGaeilge sa bhunscoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Gan aon Ghaeilge (ach fuair oideachas i bPoblacht na hÉireann/TÉ)	8	82
Gaeilge mar ábhar amháin	68	7
Cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge	5	2
Gach rud trí Ghaeilge	5	1
Eile	15	8

Nóta: Áirítear sa chatagóir ‘eile’ iad siúd nach raibh a fhios acu nó nár chuimhin leo, iad siúd a fuair oideachas lasmuigh den dlínse (PÉ/TÉ), chomh maith leo siúd a roghnaigh ‘ní bhaineann’.

Tábla 22:

Leibhéal teagmhála leis an nGaeilge san iarbhunscoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Gan aon Ghaeilge (ach fuair oideachas i bPoblacht na hÉireann/TÉ)	8	63
Gaeilge mar ábhar amháin	66	28
Cuid de na hábhair trí Ghaeilge	4	0.5
Gach ábhar trí Ghaeilge	4	1
Eile	18	8

Nóta: Áirítear sa chatagóir ‘eile’ iad siúd nach raibh a fhios acu nó nár chuimhin leo, iad siúd a fuair oideachas lasmuigh den dlínse (PÉ/TÉ), chomh maith leo siúd a roghnaigh ‘ní bhaineann’.

Bhí ceangal le sonrú idir an teagmháil a bhí ag freagróirí leis an nGaeilge le linn a gcuid scolaíochta agus an úsáid a bhainidís as an teanga i ndiaidh sin. Maidir leo siúd i bPoblacht na hÉireann nár fhoghlaim an Ghaeilge ach mar ábhar amháin sa bhunscoil, tuairiscíodh go raibh 9% ag labhairt na teanga go laethúil, 8% go seachtainiúil, 31% níos annaimhe ná sin, agus 52% nár labhair an teanga riamh (Tábla 23). Maidir leis an gcion a d’fhoghlaim gach ábhar trí Ghaeilge sa bhunscoil, tuairiscíodh go raibh 45% ag labhairt na teanga go laethúil, 15% go seachtainiúil, agus 30% níos annaimhe ná sin. Ní dúirt ach 11% díobh siúd a d’fhoghlaim gach ábhar trí Ghaeilge sa bhunscoil nach labhraíonn siad an teanga riamh. Ba amhlaidh an cás, den chuid is mó, i gcás na hiarbhunscolaíochta chomh maith (Tábla 24).

Ba bheag freagróir i dTuaisceart Éireann a fuair a gcuid oideachais (i bpáirt) trí mheán na Gaeilge (roinnt ábhar, n=8; gach ábhar, n=6). Dá bhrí sin, ní sholáthraítear táblaí den chineál céanna do Thuaisceart Éireann.

Tábla 23:

Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir leibhéal teagmhála leis an nGaeilge sa bhunscoil, Poblacht na hÉireann

	Gan aon Ghaeilge	Gaeilge mar ábhar amháin	Cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge	Gach rud trí Ghaeilge	Eile
Go laethúil	1	9	8	45	1
Go seachtainiúil	8	8	8	15	3
Níos annaimhe	13	31	43	30	7
Riamh	78	52	42	11	89

Tábla 24:

Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir leibhéal teagmhála leis an nGaeilge san iarbhunscoil, Poblacht na hÉireann

	Gan aon Ghaeilge	Gaeilge mar ábhar amháin	Cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge	Gach rud trí Ghaeilge	Eile
Go laethúil	1	10	7	50	1
Go seachtainiúil	4	8	7	14	3
Níos annaimhe	13	33	46	21	9
Riamh	82	49	41	14	88

Fiafraíodh de na freagróirí an raibh a dtuismitheoirí ag iarraidh orthu Gaeilge a fhoghlaim agus iad ar scoil, chomh fada agus ba chuimhin leo. Thuairiscigh 43% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann go raibh a dtuismitheoirí ag iarraidh orthu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil, figiúr atá breis agus a dhá oiread níos airde ná an 20% i dTuaisceart Éireann (Tábla 25). Thug mionlaigh mhóra sa dá dhlíne le fios gur chuma lena dtuismitheoirí faoi fhoghlaim na Gaeilge ar scoil (35% in PÉ; 49% in TÉ). Tá na figiúirí seo beagán difriúil leis na torthaí ó 2013, nuair a dúirt 57% i bPoblacht na hÉireann agus 17% i dTuaisceart Éireann go raibh a dtuismitheoirí ag iarraidh orthu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. Difríocht eile is ea an líon freagróirí i dTuaisceart Éireann (22%) in 2025 a bhraith nach raibh a dtuismitheoirí ag iarraidh orthu Gaeilge a fhoghlaim ar scoil, i gcomparáid le breis agus 40% in 2013. Tá na figiúirí eile i dTábla 25 ag teacht den chuid is mó le torthaí shuirbhé 2013.

Tábla 25:


Cuimhní na bhfreagróirí i dtaca le dearcadh na dtuismitheoirí ar fhoghlaim na Gaeilge ar scoil, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Bhí, bhí siad ag iarraidh go bhfoghlaiméoinn Gaeilge	43	20
Ní raibh, ní raibh siad ag iarraidh go bhfoghlaiméoinn Gaeilge	7	22
Ba chuma leo	35	49
Ní bhaineann – Ní bhfuair oideachas i bPoblacht na hÉireann/TÉ	15	9

Maidir leis na tuismitheoirí ar theastaigh uathu go bhfoghlaiméodh na freagróirí Gaeilge ar scoil, bhí na cúiseanna leis sin beagán éagsúil sa dá dhlíne. Ba é cabhrú leis an leanbh (an freagróir) pas a fháil i scrúduithe an príomhspreagadh a luaigh tuismitheoirí i bPoblacht na hÉireann (49%), agus an Ghaeilge a bheith acu ar a son féin ina dhiaidh sin (45%) (Fíor 2). I dTuaisceart Éireann, áfach, ba í an Ghaeilge a bheith acu ar a son féin an chúis ba choitianta i bhfad (83%); i gcodarsnacht leis sin, níor luadh pas a fháil i scrúduithe mar an príomhspreagadh ach i gcás líon i bhfad níos lú tuismitheoirí (8%) (Fíor 3). Ba léiriú é an toradh seo ar ról lárnach na Gaeilge i gcóras oideachais Phoblacht na hÉireann.

Fíor 2:


Cúiseanna na dtuismitheoirí le go bhfoghlaiméodh a gcuid leanaí Gaeilge ar scoil (iad siúd i bhfabhar), Poblacht na hÉireann



Bunús: Freagróirí uile ar theastaigh óna dtuismitheoirí go bhfoghlaiméoidís Gaeilge ar scoil (PÉ, n=420)

Fíor 3:

Cúiseanna na dtuismitheoirí le go bhfoghlaimeodh a gcuid leanaí Gaeilge ar scoil (iad siúd i bhfabhar), Tuaisceart Éireann



Bunús: Freagróirí uile ar theastaigh óna dtuismitheoirí go bhfoghlaimeoidís Gaeilge ar scoil (TÉ, n = 99)

Iarradh ar fhreagróirí cumas labhartha Gaeilge a dtuismitheoirí a mheas. Ar aon dul le cumas féintuairiscithe na bhfreagróirí féin, measadh go raibh cumas Gaeilge na dtuismitheoirí i bhfad níos airde i bPoblacht na hÉireann ná mar a bhí i dTuaisceart Éireann. Sa dá dhlínse, áfach, ba mhinice a dúradh nach raibh Gaeilge ar bith ag máithreacha (Tábla 26) ná ag aithreacha (Tábla 27), nó nach raibh acu ach corrfhocal Gaeilge; ní raibh ardliófacht ach ag mionlach réasúnta beag. Bhí torthaí 2025 ar na ceisteanna seo ag teacht den chuid is mó leo siúd a tuairiscíodh in 2001 agus in 2013.

Tábla 26:

Cumas labhartha Gaeilge na máithreacha, de réir na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

		PÉ	TÉ
		%	%
Gan aon líofacht	Gan aon Ghaeilge	36	73
	Corrfhocal	26	12
Bunliófacht	Roinnt abairtí simplí	15	5
	Codanna de chomhráite	7	2
Ardliófacht	An chuid is mó de chomhráite	4	1
	Cumas cainteora dúchais	3	2
Eile	Níl a fhios agam	1	1
	Ní bhaineann	7	5

Tábla 27:

Cumas labhartha Gaeilge na n-aithreacha, de réir na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

		ROI	NI
		%	%
Gan aon líofacht	Gan aon Ghaeilge	38	76
	Corrfhocal	26	8
Bunliófacht	Roinnt abairtí simplí	14	6
	Codanna de chomhráite	6	2
Ardliófacht	An chuid is mó de chomhráite	3	1
	Cumas cainteora dúchais	4	2
Eile	Níl a fhios agam	1	1
	Ní bhaineann	7	5

Rangaíodh freagróirí i bPoblacht na hÉireann freisin de réir chumas Gaeilge na dtuismitheoirí sa bhaile: gan líofacht ag tuismitheoir ar bith (63%), tuismitheoir amháin ar a laghad le bunliófacht (26%), nó

tuismitheoir amháin ar a laghad le hardlíofacht (11%).

Ba iad na freagróirí a raibh tuismitheoir amháin ar a laghad acu le hardlíofacht sa Ghaeilge ba mhó a thuairiscigh go ndéanais an teanga a labhairt go laethúil (24%) nó go seachtainiúil (16%); ba iad siúd nach raibh aon líofacht ag tuismitheoir ar bith acu ba lú a rinne amhlaidh (4% ag labhairt na teanga go laethúil agus 5% go seachtainiúil) (Tábla 28). Arís, bhí torthaí na bliana 2025 ag teacht go mór leis na torthaí a tuairiscíodh in 2001 agus in 2013, agus treisíodh leo an tábhacht a bhaineann le spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí i leith na Gaeilge chomh maith lena gcumas féin sa teanga.

Toisc a laghad freagróirí i dTuaisceart Éireann a raibh tuismitheoir amháin nó níos mó acu le hardlíofacht (n=13), ní sholáthraítear tábla den chineál céanna don dlínse sin.

Tábla 28:

Minicíocht úsáide na Gaeilge faoi láthair, de réir chumas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge, Poblacht na hÉireann

	Gan líofacht ag tuismitheoir ar bith	Tuismitheoir amháin ar a laghad le bunlíofacht	Tuismitheoir amháin ar a laghad le hardlíofacht
Go laethúil	5	13	24
Go seachtainiúil	4	11	16
Níos annaimhe	20	41	40
Riamh	72	36	20

Ceistíodh freagróirí freisin faoi na comhthéacsanna ina labhraíonn siad Gaeilge, go háirithe maidir le minicíocht úsáide na teanga a) sa bhaile agus b) ag an obair. Léirigh na torthaí gur beag úsáid a bhaintear as an nGaeilge sa bhaile (Tábla 29) nó ag an obair (Tábla 30) sa dá dhlínse. Léiríu ba ea é seo ar a laghad a úsáidtear an Ghaeilge i gcoitinne sa saol laethúil. B'fhíorannamh a úsáideadh an Ghaeilge ag an obair, go mór mór i dTuaisceart Éireann.

Tábla 29:

Minicíocht úsáide na Gaeilge sa bhaile, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Go laethúil	6	3
Go seachtainiúil	6	2
Níos annaimhe	17	6
Riamh	72	88

Tábla 30:

Minicíocht úsáide na Gaeilge san ionad oibre, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Go laethúil	7	2
Go seachtainiúil	4	3
Níos annaimhe	10	8
Riamh	78	87

Nóta: Tá an tábla seo bunaithe ar fhreagraí ón dá thrían de dhaoine, beagnach, i ngach dlínse (66% i bPoblacht na hÉireann; 64% i dTuaisceart Éireann) a léirigh go raibh siad i bhfostaíocht íoctha (bíodh siad féinhostaithe, ag obair go lánaimseartha nó ag obair go páirtaimseartha).

D'ainneoin na difríochta suntasaí idir an dá dhlínse maidir le minicíocht úsáide na bhfreagróirí féin, léiríodh torthaí comhchosúla i dtaca le húsáid na Gaeilge i measc lucht aitheantais níos leithne na bhfreagróirí. Tuairiscíodh go raibh beagnach aon trían de na freagróirí i ngach dlínse (32% i bPoblacht na hÉireann; 34% i dTuaisceart Éireann) a raibh lucht aitheantais acu a bhain leas as an nGaeilge (Tábla 31). Tuairiscíodh go raibh mionlaigh mhóra ann a raibh cairde acu a bhí ag tógáil a gcuid leanaí le Gaeilge nó a d'úsáid go leor Gaeilge leo (45% in Pé; 39% in Té); thairis sin, tuairiscíodh go raibh cairde nó gaolta acu a labhair Gaeilge lasmuigh den teaghlach (42% in Pé; 40% in Té). I dtaca leis na trí cheist sin go léir, bhí an ráta freagartha dearfa ní b'airde ná na rátaí a tuairiscíodh in 2001 agus in 2013.

Tábla 31:

Úsáid na Gaeilge i measc phiaraí na bhfreagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
	% tá	% tá
Baineann daoine de mo lucht aitheantais leas as an nGaeilge	32	34
Tá cairde agam atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge sa bhaile nó a úsáideann a lán Gaeilge lena gcuid leanaí	45	39
Tá cairde nó gaolta agam a labhraíonn aon Ghaeilge lasmuigh den bhaile	42	40

B'annamh an rannpháirtíocht i gclubanna nó in imeachtaí a úsáideann an Ghaeilge sa dá dhlínse. Ba lú ná an cúigiú cuid de na freagróirí a thuairiscigh go raibh baint ar bith acu le ceachtar acu sin ó d'fhág siad an scoil ([Tábla 32](#)).

Tábla 32:

Leibhéal na rannpháirtíochta i gclubanna nó in imeachtaí Gaeilge

	PÉ	TÉ
Uair amháin	4	3
Roinnt uaireanta	12	13
Riamh	85	84

Léirítear i [dTábla 33](#) gur annamh, i gcoitinne, a bhaintear úsáid as na meáin Ghaeilge sa dá dhlínse. Is iad an teilifís agus ábhar físe eile is mó a mbaintear úsáid astu. Tuairiscíodh go mbaineann beagnach an ceathrú cuid (22%) de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann úsáid as an teanga go laethúil nó go seachtainiúil trí na meáin sin, i gcomparáid le 10% i dTuaisceart Éireann. Ba lú fós an teagmháil leis an nGaeilge trí mheáin eile (m.sh. ábhar fuaime, irisí, leabhair), agus na torthaí idir 6–11% i bPoblacht na hÉireann agus idir 1–5% i dTuaisceart Éireann.

Tábla 33:

Minicíocht úsáide cineálacha éagsúla meán Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann


		PÉ	TÉ
		%	%
Féachaint ar chlár Ghaeilge ar an teilifís/ ábhar físe eile i nGaeilge	Go laethúil	6	1
	Go seachtainiúil	16	9
	Níos annaimhe	28	16
	Riamh	50	74
Éisteacht le clár Ghaeilge ar an raidió/ábhar fuaime eile i nGaeilge	Go laethúil	4	1
	Go seachtainiúil	7	4
	Níos annaimhe	14	9
	Riamh	75	86
Ábhar Gaeilge a léamh i soláthraithe nuachta Béarla	Go laethúil	4	1
	Go seachtainiúil	4	2
	Níos annaimhe	10	6
	Riamh	83	91
Nuachtáin/suímh nuachta nó irisí Gaeilge a léamh	Go laethúil	2	0.4
	Go seachtainiúil	4	1
	Níos annaimhe	8	6
	Riamh	86	93
Leabhair Ghaeilge a léamh	Go laethúil	3	1
	Go seachtainiúil	3	0.4
	Níos annaimhe	8	5
		86	93

Ina theannta sin, ba fhiorbheagán freagróirí a bhí ag freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha i nGaeilge. I bPoblacht na hÉireann, d'fhreastail 3% ar sheirbhísí den chineál sin go laethúil nó go seachtainiúil, i gcomparáid le 1% i dTuaisceart Éireann.

Ceistíodh freagróirí freisin faoin úsáid a bhaineann siad as na meáin shóisialta nó as ardáin teachtaireachta. Is é WhatsApp is mó a úsáidtear sa dá dhlínse (74% in PÉ; 64% in TÉ), agus Facebook (52% in PÉ; 62% in TÉ) agus YouTube (47% in PÉ; 36% in TÉ) ina dhiaidh sin ([Fíor 4](#)). I bPoblacht na hÉireann, thuairiscigh 14% de na freagróirí nár bhain siad úsáid as ceachtar de na hardáin seo; 17% an figiúr comhfhreagrach i dTuaisceart Éireann. Díobh siúd a bhaineann úsáid as na hardáin seo, thuairiscigh 10% i bPoblacht na hÉireann ([Fíor 5](#)) agus 11% i dTuaisceart Éireann ([Fíor 6](#)) go ndearna siad cumarsáid orthu i nGaeilge.

Fíor 4:


Úsáid na meán sóisialta agus na n-ardán teachtaireachta ag freagróirí, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



Fíor 5:

Cion úsáideoirí na meán sóisialta nó na n-ardán teachtaireachta a rinne cumarsáid as Gaeilge orthu, Poblacht na hÉireann


Poblacht na hÉireann



Fíor 6:

Cion úsáideoirí na meán sóisialta nó na n-ardán teachtaireachta a rinne cumarsáid as Gaeilge orthu, Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann



6.4 Dearcthaí i leith na Gaeilge

6.4.1 Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge

Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl an raibh siad i bhfách leis an nGaeilge nó ina héadan. Tuairiscíodh go raibh 78% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann i bhfách leis an nGaeilge (44% go mór i bhfách; 34% cineál i bhfách). Ba airde an céatadán seo ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2013 (67%). Bhí duine as gach cúigear duine fasta i bPoblacht na hÉireann gan tuairim ar leith ar an nGaeilge in 2025, agus níor mhaígh ach 3% go raibh siad i gcoinne na teanga (2% cineál in éadan; 1% go mór in éadan) (Tábla 34).

Bhí cur in éadan na Gaeilge ní b'airde i dTuaisceart Éireann, d'ainneoin é a bheith íseal i gcónaí; tuairiscíodh go raibh 4% cineál in éadan na teanga, agus 3% eile go mór ina héadan (Tábla 34). Tuairiscíodh go raibh breis is trian de na freagróirí i dTuaisceart Éireann go mór i bhfách leis an nGaeilge (36%), le 19% eile cineál i bhfách léi. Arís, ba airde na céatadán seo ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2013.

Tábla 34:
Dearcadh ginearálta
i leith na Gaeilge,
Poblacht na hÉireann
agus Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Go mór i bhfách	44	36
Cineál i bhfách	34	19
Gan tuairim ar leith	20	38
In éadan go pointe	2	4
Go mór i gcoinne	1	3

Ní raibh difríochtaí suntasacha idir na hinscní maidir le dearcthaí i leith na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann (Tábla 35) ná i dTuaisceart Éireann (Tábla 36).

D'ainneoin gurbh é an t-aoisghrúpa 18–24 bliain d'aois i bPoblacht na hÉireann a thuairiscigh na leibhéil is airde maidir le cumas agus úsáid na Gaeilge, b'ísle an dearcadh báúil don teanga san aoisghrúpa seo (70% i bhfách, i gcomparáid le 79% díobh siúd sna haoisghrúpaí 25–44 agus 45–64 bliain, 80% den aoisghrúpa 65–74 bliain, agus 81% díobh siúd a bhí 75 bliain d'aois agus os a chionn). Ba mhó seans go dtuairisceodh an t-aoisghrúpa 18–24 bliain d'aois go raibh siad in éadan na Gaeilge (5%) ná iad siúd sna haoisghrúpaí níos sine (1–3%, ag brath ar an aoisghrúpa).

Tugadh patrún difriúil faoi deara i dTuaisceart Éireann, áit nár léirigh aon duine san aoisghrúpa 18–24 go raibh siad in éadan na Gaeilge. Tháinig méadú ar an gcur in éadan na Gaeilge i gcomhréir le haois na bhfreagróirí; bhí 4% díobh siúd san aoisghrúpa 25–44 bliain ina héadan, 8% san aoisghrúpa 45–64 bliain, 13% san aoisghrúpa 65–74 bliain, agus 16% díobh siúd a bhí 75 bliain d'aois agus os a chionn.

Tábla 35:
Dearcadh ginearálta
i leith na Gaeilge, de
réir inscne agus aoise,
Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
I bhfách	75	81	70	79	79	80	81
Gan tuairim ar leith	22	18	24	18	20	20	17
In éadan	3	1	5	3	1	1	2

Tábla 36:
Dearcadh ginearálta
i leith na Gaeilge, de
réir inscne agus aoise,
Tuaisceart Éireann

Tuaisceart Éireann	Inscne		Aois				
	Fireann	Baineann	18–24	25–44	45–64	65–74	75+
I bhfách	57	53	64	61	51	57	33
Gan tuairim ar leith	36	40	37	34	41	30	51
In éadan	8	7	0	4	8	13	16

I dTuaisceart Éireann, mhaígh tromlach mór díobh siúd a shainaithin mar Éireannach go raibh siad i bhfách leis an nGaeilge (Tábla 37). Ba é an dearcadh ba choitianta i measc na ndaoine a d'aithin iad féin mar Éireannach Tuaisceartach (60%), mar Bhriotanach (60%), nó mar náisiúntacht eile (55%) ná gan aon dearcadh faoi leith a bheith acu i leith na teanga. Is i measc na mBriotanach ba mhó a bhí daoine in éadan na Gaeilge (23%).

Tábla 37:

Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge, de réir féiniúlachta náisiúnta, Tuisceart Éireann

	I bhfách	Gan tuairim ar leith	In éadan
Éireannach	86	14	0.5
Éireannach Tuaisceartach	30	60	11
Briotanach	17	60	23
Eile	45	55	0

Nóta: Toisc an líon a bheith chomh beag sin, fágadh na foghrúpaí ‘Briotanach uaireanta agus Éireannach uaireanta’ (n=15) agus ‘Ultach’ (n=8) ar lár sa tábla seo. Nóta: Áirítear sa chatagóir ‘eile’ iad siúd a shainaithin mar Pholannach, mar Liotuánach, nó mar Indiach, chomh maith le freagróir amháin a dhiúltaigh an cheist a fhreagairt.

Léiríodh dearcthaí éagsúla i bPoblacht na hÉireann ar a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilge a bheith agat le bheith fíor-Ghaelach; go deimhin, bhí nach mór an líon céanna ag maíomh go raibh sí an-tábhachtach (22%), réasúnta tábhachtach (26%), nach raibh sí an-tábhachtach (26%) agus nach raibh sí tábhachtach ar chor ar bith (22%) ([Tábla 38](#)).

Tábla 38:


An tábhacht a fheictear a bhaineann leis an nGaeilge a bheith agat le bheith fíor-Ghaelach, Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	
An-tábhachtach	22
Réasúnta tábhachtach	26
Gan a bheith an-tábhachtach	26
Gan a bheith tábhachtach ar chor ar bith	22
Ní féidir liom roghnú/dhiúltaigh	4

Iarradh ar na freagróirí a mhéid a d’aontaigh siad le sraith ráiteas faoin nGaeilge a chur in iúl. I bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon, d’easaontaigh dhá thrían de na freagróirí (66%) leis an ráiteas gur teanga mharbh í an Ghaeilge; mheas thart ar dhuine as gach ceathrar go raibh an ráiteas cruinn (26% in PÉ agus 25% in TÉ) ([Fíor 7](#)). Díol spéise ba ea é, áfach, i dtaca lena dtuairimí ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge, gur aontaigh tromlach an dá dhlínse gur cuma leis an gcuid is mó daoine bealach amháin nó eile faoin teanga (67% in PÉ; 59% in TÉ) ([Fíor 8](#)).


Fíor 7:

A mhéid a d’aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur teanga mharbh í an Ghaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



Fíor 8:


A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur cuma leis an gcuid is mó daoine bealach amháin nó eile faoin nGaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



D'aontaigh 70% i bPoblacht na hÉireann gur saintréith de chuid na tíre í pobal na Gaeilge. In TÉ, léirigh mionlach mór (46%) an dearcadh céanna faoi Thuaisceart Éireann (Fíor 9). Ina theannta sin, d'aontaigh thart ar leath de na freagróirí i ngach dlínse (54% in PÉ; 48% in TÉ) nach mór an Ghaeilge a bheith ag duine chun tuiscint cheart a fháil ar thraidisiúin chultúrtha na hÉireann (Fíor 10).


Fíor 9:

A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas nach mbeadh Éire/ Tuaisceart Éireann ann mar atá siad i bhfírinne gan phobal na Gaeilge



Fíor 10:


A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas nach mór an Ghaeilge a bheith ag duine chun traidisiúin chultúrtha na hÉireann a thuiscint i gceart, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



D'aontaigh thart ar thrí cheathrú de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann (76%) agus breis is leath díobh siúd i dTuaisceart Éireann (51%) go gcaillfeadh an dlínse sin a féiniúlacht mar chultúr ar leith in éagmais na Gaeilge.

Fíor 11:

A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas nach mór an Ghaeilge a bheith ag duine chun traidisiúin chultúrtha na hÉireann a thuiscint i gceart, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann




Ar deireadh, d'aontaigh rud beag níos lú ná trí cheathrú de na freagróirí i ngach dlínse (73% in PÉ; 72% in TÉ) gur cuma leo cé acu an Ghaeilge nó an Béarla a bheadh á labhairt ([Fíor 12](#)).

Tá na patrúin freagartha seo an-chosúil leo siúd a tuairiscíodh i suirbhé 2013. Mar sin féin, bhí difríochtaí i bhfreagraí 2013 maidir le cibé an gcaillfeadh gach dlínse a féiniúlacht mar chultúr ar leith in éagmais na Gaeilge. In 2025, d'aontaigh 73% i bPoblacht na hÉireann agus 72% i dTuaisceart Éireann leis an ráiteas sin; ardú suntasach ar fhigiúirí 2013, nuair a d'aontaigh 64% i bPoblacht na hÉireann agus 33% i dTuaisceart Éireann leis. Is cosúil go bhfuil tacaíocht níos láidre don ráiteas sin faoi láthair.

Fíor 12:

A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis an ráiteas gur cuma leis an bhfreagróir cé acu an Ghaeilge nó an Béarla a bheadh á labhairt, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



6.4.2 Dearcadh i leith oideachas na Gaeilge


Iarradh ar na freagróirí a léiriú a mhéid a d'aontaigh siad le ráitis maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sna scoileanna. I bPoblacht na hÉireann, d'aontaigh 87% gur chóir do gach leanbh in Éirinn an Ghaeilge a fhoghlaim mar ábhar scoile (d'aontaigh 56% go láidir; d'aontaigh 31% beagán). Ba é 57% an cion comhfhreagrach i dTuaisceart Éireann (d'aontaigh 25% go láidir leis an ráiteas gur chóir do gach leanbh in TÉ an Ghaeilge a fhoghlaim mar ábhar scoile; d'aontaigh 32% beagán).

I bPoblacht na hÉireann, d'aontaigh 84% gur chóir don rialtas scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthar cibé áit a mbíonn éileamh orthu (d'aontaigh 49% go láidir leis sin; d'aontaigh 35% beagán). D'aontaigh tromlach i dTuaisceart Éireann (67%) freisin gur chóir don rialtas scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthar san áit a bhfuil éileamh orthu (d'aontaigh 36% go láidir leis sin; d'aontaigh 31% beagán).


D'aontaigh thart ar leath de na freagróirí sa dá dhlínse (51% in PÉ; 46% in TÉ) go raibh sé ní ba thábhachtaí do leanbh Gaeilge a fhoghlaim ná teanga iasachta, bíodh is gur cheap mionlach go raibh sé ní ba thábhachtaí Gaeilge a fhoghlaim ar scoil ná eolaíocht (21% in PÉ; 17% in TÉ).

Fíor 13:

*Dearcadh i leith
fhoghlaím na Gaeilge
ar scoil, Poblacht na
hÉireann*

**Fíor 14:**

*Dearcadh i leith
fhoghlaím na Gaeilge ar
scoil, Tuaisceart Éireann*



Ar an iomlán, tá tacaíocht níos láidre do na ráitis seo in 2025 i gcomparáid leis an méid a tuairiscíodh i suirbhé 2013. Léiríonn torthaí shuirbhé 2025 tacaíocht láidir i leith theagasc na Gaeilge sna scoileanna agus i leith sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge san áit a bhfuil éileamh air. D'ainneoin sin, tá i bhfad níos lú tacaíochta d'fhoghlaím na Gaeilge má chuireann sé isteach ar staidéar na heolaíochta. Ar an gcaoi chéanna, tá níos lú tacaíochta i dTuaisceart Éireann don dearcadh gur tábhachtaí don leanbh an Ghaeilge a fhoghlaím ná teanga iasachta.

Ceistíodh na freagróirí maidir leis an gcineál cláir ab oiriúnaí, dar leo, d'fhormhór na ndaltaí scoile inniu i dtaca leis an nGaeilge. Thacaigh breis agus leath de fhreagróirí Phoblacht na hÉireann leis an tsamhail reatha atá i bhfeidhm sa chuid is mó de scoileanna, ina múintear an Ghaeilge mar ábhar i scoileanna Béarla (52% i gcás na bunscolaíochta; 53% ag an leibhéal iarbhunscoile) (Tábla 39). I dTuaisceart Éireann, is iad na céatadáin chomhfhreagracha a chreideann gurb í an tsamhail seo is oiriúnaí don chuid is mó de leanaí an lae inniu ná 44% don bhunscoil agus 47% don iarbhunscoil (Tábla 40).

Níor mheas ach 4% de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann nár chóir aon Ghaeilge a theagasc sna bunscoileanna, agus mheas 6% díobh nár chóir an teanga a theagasc ag leibhéal na hiarbhunscoile. Bhí an cion seo ní b'airde i dTuaisceart Éireann, cé go raibh na figiúirí íseal i gcónaí; mheas 12% nár chóir aon Ghaeilge a theagasc sna bunscoileanna, agus léirigh 10% an dearcadh céanna i leith na n-iarbhunscoileanna.

Tábla 39:

Dearcadh i leith an chláir scoile 'is oiriúnaí do fhormhór mór leanaí an lae inniu; Poblacht na hÉireann

Poblacht na hÉireann	Bunscoil	Iar-Bhunscoil
Lán-Bhéarla le Gaeilge mar ábhar amháin	52	53
Cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge	26	23
Lán-Ghaeilge le Béarla mar ábhar amháin	12	12
Níl a fhios agam/Níl tuairim agam	6	6
Lán-Bhéarla (gan aon Ghaeilge á múineadh)	4	6

Tábla 40:

Dearcadh i leith an chláir scoile 'is oiriúnaí do mhórmhór leanaí an lae inniu; Tuaisceart Éireann


Tuaisceart Éireann	Bunscoil	Iar-Bhunscoil
Lán-Bhéarla le Gaeilge mar ábhar amháin	44	47
Cuid de na hábhair á múineadh trí Ghaeilge	18	19
Lán-Ghaeilge le Béarla mar ábhar amháin	13	13
Níl a fhios agam/Níl tuairim agam	13	12
Lán-Bhéarla (gan aon Ghaeilge á múineadh)	12	10

Ar an iomlán, tá tacaíocht níos láidre do ráitis ar son na Gaeilge in 2025 i gcomparáid leis an méid a tuairiscíodh i suirbhé 2013. Tá níos lú tacaíochta i bPoblacht na hÉireann d'oideachas trí mheán an Bhéarla agus an Ghaeilge ina hábhar amháin i gcomparáid leis an méid a tuairiscíodh san am a chuaigh thart, agus tá níos mó tacaíochta don oideachas lán-Ghaeilge. I dTuaisceart Éireann, tá níos mó tacaíochta don Ghaeilge mar ábhar i scoileanna Béarla, chomh maith le tacaíocht níos láidre don oideachas lán-Ghaeilge ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2013.

Tá leanaí ag tromlach na bhfreagróirí sa suirbhé: 62% i bPoblacht na hÉireann agus 63% i dTuaisceart Éireann. Léirítear i bhFíor 15 go ndúirt 44% de thuismitheoirí i bPoblacht na hÉireann go mbeidís toilteanach a gcuid leanaí a chur chuig bunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann in aice láimhe, agus 40% ag leibhéal na hiarbhunscoile. Chuirfeadh breis is tuismitheoir amháin as gach ceathrar (26%) i dTuaisceart Éireann a gcuid leanaí chuig bunscoil nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, dá mbeadh ceann in aice láimhe. Léiríonn na torthaí seo go bhfuil toilteanas níos mó i measc tuismitheoirí sa dá dhlíne a gcuid leanaí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge ná mar a tuairiscíodh i suirbhé 2001 (13% in PÉ; 5% in TÉ) nó i suirbhé 2013 (23% in PÉ; 12% in TÉ).

Fíor 15:

Toilteanas tuismitheoirí a gcuid leanaí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann in aice láimhe: Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



6.4.3 Dearcadh i leith bheartas an rialtais maidir leis an nGaeilge

Sa dá dhlínse, mheas thart ar leath de na freagróirí nach raibh a ndóthain á dhéanamh ag an rialtas i leith na Gaeilge a chur chun cinn (48% in PÉ; 47% in TÉ) ([Tábla 41](#)). Ba lú an cion a mheas go raibh dóthain á dhéanamh ag an rialtas (29% in PÉ; 27% in TÉ), agus thug mionlaigh shuntasacha le fios nach raibh a fhios acu (22% in PÉ; 16% in TÉ). Ba fhíorbheagán i bPoblacht na hÉireann a mheas go raibh an iomarca á dhéanamh ag an rialtas i leith na Gaeilge a chur chun cinn (2%), i gcomparáid le céatadán ní b'airde, ach a bhí beag i gcónaí, i dTuaisceart Éireann (10%).

Tábla 41:

Dearcadh i leith sheasamh an rialtais reatha i dtaobh na Gaeilge, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann


	PÉ	TÉ
Níl siad ag déanamh go leor	48	47
Go leor	29	27
Níl a fhios agam	22	16
An iomarca	2	10

D'aontaigh tromlach mór i bPoblacht na hÉireann go raibh sé de cheart ag cainteoirí Gaeilge a bheith ag súil leis go mbeadh státseirbhísigh in ann Gaeilge a labhairt leo (agus 70% ar aon intinn leis sin go pointe áirithe) ([Fíor 16](#)). I dTuaisceart Éireann, ba mhionlach mór a bhí den tuairim chéanna (d'aontaigh 46% go pointe áirithe, cé nár aontaigh ach 12% go láidir) ([Fíor 17](#)). Sa dá dhlínse, d'easaontaigh tromlach leis an tuairim nár chóir gurb iad na heagraíochtaí deonacha amháin a bheadh freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn (60% in PÉ; 54% in TÉ). Dhiúltaigh formhór mór na ndaoine don tuairim nár chóir don rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn ar chor ar bith; i bPoblacht na hÉireann, bhí 62% go láidir in aghaidh an ráitis sin (agus 18% eile beagán ina aghaidh), agus i dTuaisceart Éireann, bhí 49% go láidir ina aghaidh (agus 29% eile beagán ina aghaidh).

Ar an iomlán, léiríonn torthaí 2025 tacaíocht níos mó do rannpháirtíocht an rialtais i gcothabháil na Gaeilge ná mar a tuairiscíodh i suirbhéanna 2001 agus 2013. Mar shampla, tá tacaíocht i bhfad níos láidre don ráiteas nach bhfuil a ndóthain á dhéanamh ag an rialtas i leith na teanga a chur chun cinn (PÉ: 48% / TÉ: 47%) ná mar a bhí in 2001 (PÉ: 15% / TÉ: 15%) nó in 2013 (PÉ: 37% / TÉ: 29%).


Fíor 16:

A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis na ráitis ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge, Poblacht na hÉireann



Fíor 17:

A mhéid a d'aontaigh freagróirí leis na ráitis ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge, Tuaisceart Éireann




I bPoblacht na hÉireann, mheas na freagróirí go raibh tábhacht le cothabháil na Gaeilge sa Ghaeltacht (64% an-tábhachtach; 25% réasúnta tábhachtach), chomh maith le teagasc maith na Gaeilge do gach leanbh (58% an-tábhachtach; 31% réasúnta tábhachtach) (Fíor 18). Léiríodh tacaíocht ó thromlach na bhfreagróirí freisin d'infhaighteacht seirbhísí poiblí i nGaeilge (48% an-tábhachtach; 33% réasúnta tábhachtach). Mheas 43% de na freagróirí go raibh na meáin Ghaeilge agus leabhair Ghaeilge araon an-tábhachtach, agus mheas 36% agus 39% faoi seach go raibh siad réasúnta tábhachtach. Mheas an tromlach go raibh tábhacht leis an teicneolaíocht dhigiteach chomh maith, cé go raibh níos lú treise ag gabháil léi ná le tionscnaimh eile (38% an-tábhachtach; 33% réasúnta tábhachtach). Maidir leis na tionscnaimh uile, ba mhionlaigh bheaga i bPoblacht na hÉireann amháin a mheas na bearta seo a bheith 'gan a bheith an-tábhachtach' nó 'gan a bheith tábhachtach ar chor ar bith'.

I dTuaisceart Éireann, bhí níos mó éagsúlachta sna tuairimí, agus ba lú seans go leagfadh na freagróirí tábhacht ar gach ceann de na tionscnaimh a liostaíodh. Mar shampla, mheas 26% nach raibh tábhacht le seirbhísí poiblí do chainteoirí Gaeilge, mheas 36% nach raibh tábhacht leis na meáin Ghaeilge, mheas 35% nach raibh tábhacht le leabhair Ghaeilge, agus mheas 34% nach raibh tábhacht leis an teicneolaíocht dhigiteach i nGaeilge. Ina ainneoin sin, d'aontaigh go leor daoine, agus tromlach i gcásanna áirithe (49–59%) i dTuaisceart Éireann, leis na ráitis maidir le tábhacht bheartas an rialtais chun stádas na Gaeilge a fheabhsú (Fíor 19).


Fíor 18:

An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú, Poblacht na hÉireann



Fíor 19:

An tábhacht a mheastar a bheith ag tionscnaimh rialtais chun staid na Gaeilge a fheabhsú, Tuaisceart Éireann




6.4.4 Todhchaí na Gaeilge

Iarradh ar fhreagróirí a raibh leanaí acu a chur in iúl cén tábhacht a leagadar féin agus a gcéile/páirtí (más cuí) ar an nGaeilge a bheith ag a gcuid leanaí agus iad ag fás aníos. I bPoblacht na hÉireann, thug 80% de na freagróirí le fios go raibh sé tábhachtach dóibh go mbeadh an Ghaeilge ag a gcuid leanaí (38% an-tábhachtach; 42% réasúnta tábhachtach), agus thuairiscigh 66% díobh go raibh sé tábhachtach dá gcéile nó dá bpáirtí (31% an-tábhachtach; 35% réasúnta tábhachtach) (Fíor 20). Ba lú an tábhacht a leagadh i dTuaisceart Éireann ar an nGaeilge a bheith ag leanaí agus iad ag fás aníos; thug 38% de na freagróirí le fios go raibh sé tábhachtach dóibh féin (16% an-tábhachtach; 22% réasúnta tábhachtach) agus thuairiscigh 33% go raibh sé tábhachtach dá gcéile nó dá bpáirtí (15% an-tábhachtach; 18% réasúnta tábhachtach). Maidir leis an suirbhé reatha, bhí patrún na bhfreagraí i bPoblacht na hÉireann ag teacht den chuid is mó leis na torthaí a tuairiscíodh in 2013. I dTuaisceart Éireann, áfach, léirigh rannpháirtithe 2025 dearcadh níos dearfaí (38%) i leith thábhacht na Gaeilge dá gcuid leanaí ná mar a tuairiscíodh in 2013 (28%).

Fíor 20:

An tábhacht a leag tuismitheoirí ar an nGaeilge a bheith ag a gcuid leanaí agus iad ag fás aníos, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann



Ar leibhéal na sochaí, tá tromlach na bhfreagróirí i bPoblacht na hÉireann (55%) i bhfabhar múnla ina bhfanadh an Béarla mar phríomhtheanga in éineacht le tacaíocht don dátheangachas; 44% an figiúr comhfhreagrach i dTuaisceart Éireann. Ní raibh ach fóirbheagán (1% in PÉ agus 2% in TÉ) den tuairim gur chóir an Ghaeilge a chaitheamh i leataobh agus dearmad a dhéanamh uirthi (Tábla 42).

Tábla 42:

An t-aon rogha amháin
is fearr leis na freagróirí
maidir le todhchaí
na Gaeilge, Poblacht
na hÉireann agus
Tuaisceart Éireann

	PÉ	TÉ
Ba cheart Éire/Tuaisceart Éireann* a bheith dátheangach, le Béarla mar phríomhtheanga	55	44
Ba cheart an Ghaeilge a chaomhnú mar oidhreacht thábhachtach stairiúil chultúrtha sa litríocht agus sa cheol, ach ní mar theanga labhartha	14	17
Ba cheart an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga labhartha, ach sa Ghaeltacht amháin	8	13
Ba cheart Éire/Tuaisceart Éireann* a bheith dátheangach, le Gaeilge mar phríomhtheanga	8	8
Ba cheart an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga (mar atá an Béarla anois)	7	3
Níl a fhios agam	4	7
Is cuma liom	3	5
Ba cheart fáil réidh leis an nGaeilge agus dearmad a dhéanamh di	1	2

*Ní raibh i gceist sa mhír seo ach ainm na dlínse (Éire nó Tuaisceart Éireann) inar cuireadh an suirbhé i gcrích.

6.5 Achoimre

Tugadh cuntas sa chaibidil seo ar thorthaí shuirbhé na bliana 2025 i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge, dheimhnigh beagnach leath de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann go raibh cumas labhartha de shórt éigin acu sa teanga. Bhí an inniúlacht sa Ghaeilge ní b'íse i dTuaisceart Éireann. Dheimhnigh beagán faoi bhun duine as gach cúigear freagróirí bunlíofacht sa teanga ar a laghad agus níorbh ann ach do mhionghrúpa beag a mhaígh go raibh ardscileanna labhartha acu. Tugadh difríocht i leibhéal líofachta na Gaeilge faoi deara idir na haoisghrúpaí éagsúla, ar difríocht í a bhí beagáinín éagsúil i bPoblacht na hÉireann i gcodarsnacht le Tuaisceart Éireann. Ba i measc an aoisghrúpa 18–24 bliain i bPoblacht na hÉireann ba threise a bhí an ardlíofacht sa Ghaeilge, cé go raibh an líofacht iomlán ní b'íse go ginearálta i measc na n-aoisghrúpaí níos sine. Mar sin féin, is i measc an aoisghrúpa 75+ ba threise a bhí cumas an chainteora dúchais. I dTuaisceart Éireann, bhí inniúlacht sa Ghaeilge éagsúil de réir aoise freisin. Sa chás seo freisin, ba iad an t-aoisghrúpa ab óige ba lú a bhí gan Gaeilge, agus ba iad an dream ba shine a raibh na leibhéil inniúlachta ab íse acu. Is léir i gcás Thuaisceart Éireann go bhfuil dlúthbhaint ag féiniúlacht na bhfreagróirí lena gcumas sa Ghaeilge, óir is i measc na ndaoine a deir gur Éireannaigh iad agus a mhaíonn gur Chaitlicigh iad is mó a bhí an líofacht sa Ghaeilge le fáil sa dlínse sin.

Sa dá dhlínse, bhí baint ag an gcumas féintuairiscithe sa Ghaeilge le minicíocht úsáide na teanga, sa chaoi is gur chiallaigh leibhéal níos airde inniúlachta go raibh úsáid rialta á baint as an teanga ag go leor freagróirí. Mar fhocal scoir, léirigh na torthaí sa dá dhlínse go raibh dlúthbhaint idir an teagmháil a bhí ag freagróirí leis an nGaeilge sa bhaile agus ar scoil agus úsáid níos rialta na teanga sa lá atá inniu ann.

Sa dá dhlínse, bhí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge i gcoitinne. I bPoblacht na hÉireann, thug 78% de na freagróirí le fios go raibh siad i bhfách leis an nGaeilge. I dTuaisceart Éireann, bhí an cion a bhí i bhfách leis an teanga níos ísele, ach ba thromlach fós é (55%). Ina theannta sin, is den suntas é gur dhiúltaigh dhá thrian de na freagróirí sa dá dhlínse don tuairim gur teanga mharbh í an Ghaeilge, agus d'aontaigh tromlach go gcaillfeadh Éire nó Tuaisceart Éireann a féiniúlacht mar chultúr ar leith in éagmais na Gaeilge.

Ó thaobh na Gaeilge sa chóras oideachais de, d'aontaigh tromlach an-mhór i bPoblacht na hÉireann gur cheart do gach leanbh in Éirinn an Ghaeilge a fhoghlaim mar ábhar, ach d'aontaigh tromlach níos lú i dTuaisceart Éireann. Bhí tacaíocht láidir ann freisin do sholáthar na Gaelscolaíochta do thuismitheoirí ar mian leo é. I measc na bhfreagróirí a raibh leanaí acu, bhí na céatadán díobh siúd a chuirfeadh (nó a bheadh tar éis a gcuid leanaí a chur) chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann in aice láimhe, níos airde ná mar a tuairiscíodh i leaganacha roimhe seo den suirbhé (44% don bhunscoil agus 40% don iar-bhunscoil in PÉ; 26% don dá leibhéal in TÉ).

Meastar i measc an phobail go bhfuil ról tábhachtach ag an rialtas i leith na Gaeilge a chur chun cinn. Sa dá dhlínse, d'aontaigh beagán faoi bhun leath de na freagróirí nach raibh a ndóthain á dhéanamh ag an rialtas i leith na Gaeilge a chur chun cinn, agus mheas idir ceathrú agus trian díobh go raibh a ndóthain á dhéanamh ag an rialtas. Is ábhar suntas é nach raibh ach céatadán an-bheag den tuairim go ndéanann an rialtas an iomarca. Fuair soláthar seirbhísí poiblí i nGaeilge tacaíocht ó thromlach sa dá dhlínse freisin. D'aontaigh formhór mór i bPoblacht na hÉireann, agus mionlach suntasach i dTuaisceart Éireann, go raibh sé tábhachtach dóibh go mbeadh an Ghaeilge ag a gcuid leanaí agus iad ag fás aníos. Mar sin féin, bhí níos mó ná leath de na freagróirí i bPoblacht na hÉireann, agus beagán faoi bhun leath i dTuaisceart Éireann, i bhfabhar múnla ina bhfanadh an Béarla mar phríomhtheanga na dlínse, ach go mbeadh tacaíocht ann don dátheangachas. Déantar mionphlé ar na torthaí seo sa chaibidil dheireanach.



Plé agus tátal

7.1 Réamhrá

Breathnaítear sa taighde seo ar stádas na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus déantar imscrúdú ar chumas sa teanga, ar úsáid na teanga agus ar dhearcthaí i leith na teanga. Tá an anailís bunaithe ar an Suirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025, suirbhé a rinneadh ar dhaoine fásta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. Sa chaibidil roimhe seo, cuireadh torthaí an tsuirbhé sin i láthair agus leagadh amach iad i gcomhthéacs na dtorthaí a tuairiscíodh sna leaganacha den suirbhé a rinneadh in 2001 agus 2013. Sa chaibidil seo, déantar na torthaí a phlé agus cuirtear i gcomhthéacs ginearálta na Gaeilge iad laistigh de chórais shóisialta agus oideachais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Ar dtús, cuirtear i láthair achoimre ar thorthaí shuirbhé 2025, a tuairiscíodh i gCaibidil 6. Ansin déantar plé ar na tosca a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús leis na torthaí a fuarthas i ndáil leis an gcumas teanga, an úsáid teanga agus na dearcthaí teanga a thuairiscigh na freagróirí. Pléitear ansin impleachtaí na dtorthaí sin agus déantar moltaí ó thaobh beartas Gaeilge de. Mar chlabhsúr, déantar moltaí le haghaidh leaganacha eile den suirbhé amach anseo.

7.2 Achoimre ar na torthaí

Léirítear i dtorthaí shuirbhé 2025 gur thuairiscigh beagnach leath de na freagróirí in PÉ (49%) go raibh ar a laghad bunlófacht ó bhéal acu sa Ghaeilge (39% sa chatagóir bhunlófachta agus 10% sa chatagóir ardlófachta). Bhí an cumas sa teanga ní b'íse in TÉ, áit ar thuairiscigh beagán faoi bhun duine as gach cúigear freagróirí (19%) go raibh ar a laghad bunlófacht acu sa teanga (17% sa chatagóir bhunlófachta agus 2% sa chatagóir ardlófachta). Bhí idir an figiúr foriomlán maidir le líofacht agus an figiúr maidir le hardlófacht ní b'íse ná mar a tuairiscíodh sa suirbhé in 2013. In PÉ in 2013, thuairiscigh 57% de na freagróirí go raibh ar a laghad bunlófacht acu, agus thuairiscigh 14% ardlófacht. In TÉ in 2013, thuairiscigh 17% go raibh ar a laghad bunlófacht acu agus 3% go raibh ardlófacht acu.

Maidir le cé chomh minic a labhraítear an Ghaeilge, thuairiscigh 9% de na freagróirí in PÉ agus 4% in TÉ go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil. Ba iad 6% (PÉ) agus 1% (TÉ) na figiúirí a tuairiscíodh i suirbhé 2013. In PÉ agus in TÉ araon, tá dlúthbhaint ag an gcumas féinmheasúnaithe sa Ghaeilge le cé chomh minic a úsáidtear an teanga. Mar shampla, dá airde na leibhéil chumais is ea is rialta a úsáidtear an teanga i measc go leor freagróirí. Thuairiscigh breis is dhá thrían (68%) de na freagróirí a raibh ardlófacht acu in PÉ go raibh Gaeilge á labhairt acu go laethúil nó go seachtainiúil. Ina theannta sin, léiríonn na torthaí sa dá dhlínse go raibh baint shoiléir ag an teagmháil a bhí ag freagróirí leis an nGaeilge sa bhaile agus ar scoil le húsáid níos rialta na teanga amach sa saol. Cuir i gcás, in PÉ, gur thuairiscigh 60% acu siúd a d'fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 64% acu siúd a d'fhreastail ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge go raibh Gaeilge á labhairt acu go laethúil nó go seachtainiúil faoi láthair. Toradh suntasach eile a bhain le cumas sa Ghaeilge ná an toradh nár thuairiscigh freagróir ar bith nach raibh saoránacht Éireannach aige go raibh ardlófacht sa Ghaeilge aige.

Tá tábhacht le dearcadh an phobail i leith teangacha toisc gurb iadsan na daoine ar féidir leo tionchar a imirt ar na teangacha a úsáidtear agus a seachtad, ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a seachtad iad, agus ar an meas a léiríonn daoine aonair, sochaithe agus rialtais orthu. Ó na 1970idí i leith, tá suirbhéanna ar dhearcadh teanga in Éirinn ag cur fianaise ar fáil do rialtais, do ghníomhaireachtaí teanga, d'acadóirí, agus do pháirtithe eile ar an gcaoi a ndéir an pobal a mhothaíonn siad agus ar na mianta a deir siad atá acu i ndáil leis an nGaeilge agus leis an mBéarla. Tá an Suirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025, atá faoi chaibidil sa tuarascáil seo, ag coinneáil leis an traidisiún sin. Tríd is tríd, tá dearcadh dearfach i leith na Gaeilge i measc an phobail sa dá dhlínse agus, in go leor cásanna, tá na figiúirí a tuairiscíodh sa suirbhé seo níos airde ná na cinn siúd a tuairiscíodh sna suirbhéanna a rinneadh in 2001 agus in 2013. Thuairiscigh 78% in PÉ agus 55% in TÉ go raibh siad i bhfách leis an nGaeilge ar an iomlán. Ba iad 67% (PÉ) agus 45% (TÉ) na figiúirí a tuairiscíodh in 2013. Tá tacaíocht ghinearálta ann freisin do bheartas a fhéachann le seasamh na Gaeilge a neartú, ach arís is láidre í sin in PÉ ná in TÉ. Is iondúil gur thuairiscigh freagróirí go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a chothú sa Ghaeltacht, gur cheart an Ghaeilge a theagasc i scoileanna, agus gur cheart seirbhísí – idir sheirbhísí oideachasúla agus seirbhísí eile – a chur ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge. San iomlán, d'aontaigh 87% de na rannpháirtithe in PÉ agus 57% in TÉ gur cheart do gach páiste Gaeilge a fhoghlaim. Tá léirithe arís sa suirbhé seo go bhfuil an tuairim ann i measc na bhfreagróirí go bhfuil sé tábhachtach oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu: d'aontaigh 84% de na rannpháirtithe in PÉ agus 67% in TÉ gur cheart scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthar sna háiteanna a bhfuil éileamh orthu. Anuas air sin, thuairiscigh freagróirí go ginearálta go bhfuil sé tábhachtach freisin an Ghaeilge a theagasc go maith do gach leanbh, iad siúd a fhreastalaíonn ar scoileanna Béarla san áireamh. Maidir le leas a bhaint as oideachas trí mheán na Gaeilge dá bpáistí féin, chuirfeadh 44% de na freagróirí a raibh páistí acu in PÉ a bpáistí chuig bunscoileanna

lán-Ghaeilge agus chuirfeadh 40% a bpáistí chuig iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge dá mbeadh fáil ar a leithéid gar dá mbaile. Ba iad 23% (bunscoil) agus 12% (iar-bhunscoil) na figiúirí a tuairiscíodh in PÉ in 2013. In TÉ, thuairiscigh 26% de na freagróirí a raibh páistí acu go gcuirfidís chuig bunscoileanna nó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge iad dá mbeadh fáil ar a leithéid go háitiúil. In 2013, tuairiscíodh go mbainfeadh 18% (bunscoil) agus 11% (iar-bhunscoil) de na freagróirí in TÉ a raibh páistí acu leas as an tsamhail oideachais sin dá mbeadh fáil uirthi in aice láimhe.

7.3 Comhthéacs thorthaí an tsuirbhé

Is féidir roinnt údar a lua leis na leibhéil chumais réasúnta íseal a thuairiscigh na daoine a d'fhreagair an suirbhé. Nuair a bhreathnaítear ar na húdair sin le chéile, is ionann iad agus eolas cúla lena n-éascaítear léirmhíniú na dtorthaí, seachas sraith gaolta cúiseacha arna ndéanamh amach go heimpíreach. Ar dtús, cé gur ábhar lárnach í an Ghaeilge i gcuraclam náisiúnta PÉ le breis agus 100 bliain anuas, tá roinnt athruithe tagtha ar sheasamh na teanga sa chóras oideachais, go háirithe le 50 bliain anuas. An ceann is mó acu siúd ná an laghdú suntasach atá tagtha ar an am a chaitear ag teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna. Mar a pléadh i gCaibidil 2, forordaíodh in 1922 go dteagascfaí ranganna sóisearacha go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus go dteagascfaí grúpaí ranga eile trí Ghaeilge nuair ab fhéidir. Ar a laghad, áfach, bhíodh uair an chloig le caitheamh gach lá ag teagasc na Gaeilge. Sa dara leath den 20ú haois, caitheadh an beartas páirt-tumoideachais i dtraipisí agus laghdaíodh an uair an chloig in aghaidh an lae go 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Dhoiciméadaigh Harris et al. (2006) go raibh laghdú suntasach tagtha ar an am a chaitear ar an nGaeilge i mbunscoileanna. Thuairiscigh múinteoirí sna 1970idí go raibh siad ag caitheamh ní ba mhó ná cúig uair an chloig sa tseachtain ar an nGaeilge, i gcomparáid le 3.5 uair an chloig i gcuraclam na bunscoile in 1999 (féach freisin Ó Duibhir, 2018). Is é an laghdú sin atá tagtha ar an méid ama a chaitear ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge an t-údar a luaitear leis an meath ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge ar leibhéal na bunscoile (Harris et al., 2006). I gCreaturchaclam na Bunscoile (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2023) atá i bhfeidhm faoi láthair, is é 3 uair an chloig sa tseachtain an t-íosmhéid ama a bhíonn le caitheamh ar an nGaeilge ó rang a haon ar aghaidh agus is ionann sin agus laghdú 30 nóiméad ar an seanchuraclam.

Rud eile a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar na leibhéil chumais sa Ghaeilge is ea caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa teanga. Tá sé tugtha faoi deara le blianta beaga anuas (m.sh., An Chigireacht, 2022) go bhfuil imní mhór ann maidir le leibhéal inniúlachta roinnt múinteoirí sa Ghaeilge, na modhanna teagaisc i leith na Gaeilge, agus an tionchar a bhíonn acu sin ar fhoghlaim na Gaeilge i measc leanaí. Cuir i gcás gurb é tátal na tuarascála cigireachta is déanaí (An Chigireacht, 2025) ná gur mór an t-ábhar imní í an éagsúlacht i gcumas múinteoirí sa teanga. Léirítear i dtuarascálacha cigireachta maidir le scoileanna Béarla nach leor leibhéil líofachta go leor múinteoirí sa Ghaeilge le tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach Churaclam Teanga na Bunscoile. Áitítear go bhfuil leanaí thíos leis sin ó thaobh foghlaim na Gaeilge de. Ina theannta sin, áitítear go ndírítear an iomarca ar fhocail ar leith a fhoghlaim i gcuid mhaith seomraí ranga seachas ar chumarsáid bhríoch. De réir na tuarascála, níl ach úsáid teoranta á baint as príomhchineálacha cur chuige oideolaíoch, amhail an teagasc cumarsáideach teanga agus an fhoghlaim chomhtháite ábhair agus teanga, agus is minic nach mbíonn an measúnú ar dhul chun cinn sa Ghaeilge forbartha a dhóthain.

Is díol suntais é gur tuairiscíodh leibhéil réasúnta ard úsáide Gaeilge sa suirbhé seo, go háirithe i gcomparáid le leibhéil chumais. Mar shampla, in PÉ, thuairiscigh 21% acu siúd nach raibh ach bunlíofacht sa Ghaeilge acu go n-úsáideann siad an teanga go laethúil nó go seachtainiúil. Is féidir nach bhfuil tuiscint shoiléir nó tuiscint choiteann ag gach freagróir ar céard is ciall le Gaeilge a labhairt go laethúil nó go seachtainiúil. D'fhéadfadh sé gurbh ionann cúpla focal a úsáid gach lá agus úsáid laethúil dar le daoine áirithe, cuir i gcás. D'fhéadfadh an tuiscint sin ar úsáid laethúil nó sheachtainiúil a bheith an-éagsúil leis an tuiscint atá ag cainteoirí ardinniúlachta, a bhíonn ag comhrá go hiomlán i nGaeilge go rialta nó ag obair trí mheán na teanga.

Is féidir ciall a bhaint as torthaí na coda den suirbhé a bhain le dearcchá teanga i gcomhthéacs an mhéadaithe atá tagtha ar fheasacht an phobail ar an nGaeilge sa tsochaí chomhaimseartha. Tá an Ghaeilge chun tosaigh sa dioscúrsa poiblí le blianta beaga anuas. Ba san earnáil acadúil agus san earnáil beartais amháin a bhíodh an plé sin tráth dá raibh, ach anois is minic a bhíonn sé sna meáin chumarsáide agus i mbéal an phobail. Tá an seans ann go ndeachaigh an t-ardleibhéal infheictheachta sin i bhfeidhm ar dhearcchá agus ar fhreagraí na rannpháirtithe toisc gur dócha go mbeadh tionchar ag feasacht ar shaincheisteanna teanga ar thuairimí faoi stádas, luach agus todhchaí na Gaeilge.

Gné shuntasach den dioscúrsa sin is ea an chaoi a bhfuil an Ghaeilge i mbaol mar theanga phobail sa Ghaeltacht, rud a ndéantar plé air go minic. Tá béim níos mó agus níos mó á cur sa phlé sin ar a leochailí

atá seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin sa Ghaeltacht agus ar na dúshláin atá roimh phobail labhartha Gaeilge. Tá cúrsaí tithíochta tagtha chun cinn le déanaí mar cheann de na príomhnithe is ábhar imní. Tá an easpa tithíochta agus inacmhainneacht na tithíochta atá ar fáil do chainteoirí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta ina mbagairt ar inbhuanaitheacht na bpobal teanga seo (Ó Murchadha & Smith-Christmas, ag na clódóirí). I bhfianaise go bhfuil an Ghaeltacht go mór chun tosaigh sa dioscúrsa faoin nGaeilge, b'fhéidir gur chuir an plé sin le feasacht na rannpháirtithe ar na brúnna struchtúracha atá roimh chainteoirí Gaeilge agus pobail labhartha Gaeilge sa Ghaeltacht. Seans go raibh tionchar aige sin ar an gcaoi ar ghlac siad páirt sa suirbhé.

Tá aird tarraingthe ar stádas na Gaeilge ag réimse tionscnaimh bheartais a tugadh isteach le déanaí sa dá dhlínse. Gan bacadh le cé chomh héifeachtach is a bhíonn siad i ndáiríre, is dócha go méadaíonn tionscnaimh den sórt sin feasacht an phobail ar staid reatha na Gaeilge mar theanga a bhfuil tacaíocht de dhíth uirthi. In PÉ, le deich mbliana anuas nó mar sin, tugadh isteach Acht na Gaeltachta, 2012, agus an próiseas áitiúil pleanála teanga sa Ghaeltacht a bhaineann leis, chomh maith le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. In TÉ, bhí an Ghaeilge lárnach sa díospóireacht faoi athbhunú Fheidhmeannas Stormont faoin gcomhaontú New Decade, New Approach tar éis chinneadh an Aire Pobal deireadh a chur le maoiniú rialtais do scéim scoláireachtaí Gaeilge Líofa agus tar éis scannal na nDreasachtaí Teasa In-athnuaite. Bhí an Identity and Language (Northern Ireland) Act 2022 ina chuid den chomhaontú sin agus, nuair a tugadh isteach é, thug sé aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge in TÉ. Luaigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha i mí an Mhárta 2025 gur thrua leo go raibh Coimisinéir Gaeilge fós le ceapadh de bhun fhorálacha an Achta sin, agus fógraíodh an ról go gairid ina dhiaidh sin. Cé nach raibh an post sin líonta faoin am ar críochnaíodh an Suirbhé ar Dheartháir i leith na Gaeilge, 2025, d'fhéadfadh sé mar sin féin gur chuir an dioscúrsa poiblí maidir le bunú an róil le hardleibhéal feasachta i measc an phobail i gcoitinne ar stádas na Gaeilge. Rinneadh Administration of Justice (Language) Act (Ireland) 1737 a aisghairm in 2025 chomh maith, is é sin an t-acht lenar cuireadh cosc ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna. Arís, tá an seans ann gur chuir sé sin le feasacht an phobail ar an nGaeilge.

Tá an-chuid airde ar an nGaeilge i réimse an oideachais chomh maith. In PÉ, rinneadh athbhreithniú ar an nGaeilge mar ábhar mar chuid den Chreat athbhreithnithe don tSraith Shóisearach, tá athbhreithniú ag leanúint ar aghaidh ar an nGaeilge mar ábhar mar chuid den athbhreithniú atá á dhéanamh ar an tSraith Shinsearach, rinneadh athbhreithniú ar chóras na ndíolúintí ón nGaeilge agus tháinig méadú dá bharr sin ar líon na ndíolúintí a bhíonn á ndeónú, agus tugadh isteach an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022. In TÉ, luadh an Ghaeilge sa phlé a bhain leis an athbhreithniú ar Churaclam Thuaisceart Éireann, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí isteach (arís) teagasc agus foghlaim teangacha seachas an Béarla ag leibhéal na bunscoile. Sa dá dhlínse, tá an Ghaeilge go mór chun tosaigh sa chur agus cúiteamh faoin nganntanas múinteoirí, i ndáil leis an earnáil lán-Ghaeilge agus i ndáil leis an nGaeilge mar ábhar in iar-bhunscoileanna araon. Tá an-chuid plé déanta sna meáin agus ag an bpobal ar an nganntanas sin agus tá nithe ar údair imní iad maidir le cúrsaí earcaíochta, coinneála agus ualaigh oibre i ngairm na múinteoireachta curtha i láthair mar bhacainní struchtúracha ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna Béarla agus Gaeilge araon.

Tá mórfeachtais leanúnacha chun scoileanna lán-Ghaeilge nua a bhunú, go háirithe ag an leibhéal iar-bhunscoile agus in PÉ, tar éis dioscúrsa poiblí a spreagadh freisin maidir le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge. Is minic a leagtar béim sna feachtais sin ar éileamh tuismitheoirí, cearta oideachais, agus ról na scolaíochta i dtaca le cothabháil agus athbhreithniú teanga. Mar sin, b'fhéidir go raibh siad ina gcúis le feasacht mhéadaithe i measc na rannpháirtithe ar na deiseanna agus ar na teorainneacha a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá seans ann freisin gur bhraith siad go raibh práinn le ceist na Gaeilge nó go raibh dáimh acu leis an teanga dá bharr. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar aige sin ar thuairimí maidir le leibhéal na tacaíochta institiúidí don teanga agus beocht na Gaeilge san am atá le teacht. Le déanaí, bhí an-chuid plé i measc an phobail in PÉ maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge, go háirithe i bhfianaise líon ard na ndaltaí a bhfuil díolúintí ón nGaeilge faighte acu ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Agus díolúintí á bplé, is minic a thagann tuairimí chun cinn atá ag teacht salach ar a chéile maidir le hionchuimsiú, cothrom na Féinne, cearta teanga, agus ualach oideachais. Toisc an t-ábhar sin a bheith i mbéal an phobail, b'fhéidir go raibh tionchar aige ar an gcaoi a ndearna rannpháirtithe coincheapú ar áit na Gaeilge laistigh den chóras oideachais agus laistigh den tsochaí go ginearálta.

Ní cosúil go bhfuil an fás atá ag teacht ar an ilteangachas ar an oileán le déanaí ag déanamh dochar ar bith do na dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge ach an oiread. Ina áit sin, is cosúil go bhfuil caidreamh níos casta ann, ach caidreamh a d'fhéadfadh a bheith comhlántach. Is léiriú iad na torthaí a cuireadh i láthair sa chaibidil roimhe seo gurb ann do thimpeallacht dearcaidh ina mbreathnaítear go fabhrach ar an nGaeilge tríd is tríd. Tá an scéal amhlaidh cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar éagsúlacht teanga

mar gheall ar imirce, ar shoghluaisteacht, agus ar athrú sochaíoch níos leithne. Dúshlán é sin do thuairimí go bhféadfadh leathnú an ilteangachais an tacaíocht don Ghaeilge a laghdú nó fiú an teanga a chur as áit. B'fhéidir gur fíor é sin go háirithe in PÉ, áit a bhfuil áit níos lárnaí ag an nGaeilge i meon an phobail. Go deimhin, de réir mar a ghlactar leis an ilteangachas mar ghnáthrud, is cosúil go bhfuil daoine ag breathnú ar an nGaeilge as an nua, mar theanga amháin i measc go leor teangacha, seachas mar ualach nó riachtanas aisteach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na pobail nua teanga sin daoine a spreagadh chun athmhéasúnú a dhéanamh ar ról siombalach agus ionstraimeach na Gaeilge i sochaí atá ag éirí níos éagsúla. Seachas a bheith in iomaíocht le teangacha eile, d'fhéadfadh an Ghaeilge a bheith ina comhartha ar fhéiniúlacht choiteann i sochaithe ilteangacha PÉ agus TÉ, agus tábhacht nua léi dá réir.

Rud eile a bhaineann le hathruithe déimeagrafacha ar an oileán ná an méadú atá ag teacht ar líon na n-imirceach agus na leanaí imirceacha atá ina gcainteoirí Gaeilge anois. Is fíor é sin fud fad na hÉireann, lena n-áirítear sa Ghaeltacht (Ciribuco et al., 2024; Flynn, 2025; McCubbin, 2008, 2010). Sa taighde a rinne Ciribuco agus a chuid comhghleacaithe, aibhsítear gurb iondúil go n-aithníonn imircigh gur gné thábhachtach den chultúr, den oidhreacht agus den áit áitiúil í an Ghaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht agus i gceantair atá gar don Ghaeltacht. Tuigtear an Ghaeilge a bheith ina cuid siombalach den rud a dhealaíonn ceantar áirithe ón gcuid eile agus is minic a cheanglaíonn imircigh an teanga le féiniúlacht agus muintearas na háite. Cé nach ndéanann gach uile imirceach beart chun Gaeilge a fhoghlaim, déanann cuid acu amhlaidh (Ciribuco et al., 2024; Flynn, 2025). Beag beann ar cé acu a fhoghlaimíonn imircigh Gaeilge nó nach bhfoghlaimíonn, tá sé suntasach gur léiríodh i dtaighde a rinneadh roimhe seo go mbíonn claonadh acu luach siombalach na Gaeilge a aithint, díreach cosúil leis an daonra i gcoitinne.

Maidir le seasamh na Gaeilge sna meáin, go háirithe in PÉ, le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, cuirtear de cheangal ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go ndéantar 20% dá gcuid fógraíochta go léir trí mheán na Gaeilge gach bliain. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar fheiceálacht na Gaeilge sna meáin chumarsáide Bhéarla trí fhógraíocht ar an raidió, ar an teilifís, i bpodchraoltaí agus i nuachtáin. Ar an ábhar céanna, shocraigh an Coimisinéir Teanga in 2018 go raibh an craoltóir náisiúnta RTÉ ag sárú na ndualgas reachtúil a leagtar air faoin Acht Craolacháin 2009 toisc go raibh ag teip air rogha chuimsitheach clár teilifíse nó clár theilifíse cúrsaí reatha a chraoladh i nGaeilge. I ndiaidh na fionnachtana sin, thuairiscigh RTÉ méadú ar chraoltaí teilifíse i nGaeilge ó 123 uair an chloig in 2017 go 1,180 uair an chloig in 2023 (An Coimisinéir Teanga, 2025). Fágann na forbairtí sin gur minic ar fad a bhíonn an Ghaeilge le cloisteáil ar na meáin chumarsáide Béarla in PÉ. Mar sin, tá deiseanna nua ann don phobal i gcoitinne teacht i dteagmháil leis an nGaeilge ina saol laethúil. D'fhéadfadh an príomhshruthú sin, dá theoranta é, normalú na Gaeilge a chur chun cinn. Tugann sé deis do chainteoirí folaithe agus do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu a gcuid eolais ar an teanga agus a gcuid fiosracha ina leith a fhorbairt. D'fhéadfadh sé sin a bheith ar cheann de na tosca ba spreagadh leis na dearcthaí an-dearfach i leith na Gaeilge a tuairiscíodh in PÉ sa suirbhé seo.

Anuas air sin, tá ealaíona na Gaeilge ag dul ó neart go neart ar na hardáin náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, rud is cuid den chomhthéacs leathan inar féidir torthaí an staidéir seo a thuiscint. Tá léiriúcháin chultúrtha iomráiteacha i réimse na scannánaíochta, an cheoil agus na dtaibh-ealaíon tar éis aird pobal atá i bhfad lasmuigh de phobail thraidisiúnta na Gaeilge a tharraingt ar an teanga. D'fhéadfadh sé sin cur le hinfheictheacht na Gaeilge agus leis an ábharthacht chomhaimseartha a mheastar a bheith ag an teanga. Is minic a luaitear saothair ealaíne ar leith (an banna rapcheoil Kneecap agus an scannán Gaeilge An Cailín Ciúin, cuir i gcás) sa chomhthéacs seo, ach is beag seans go bhfuil coibhneas cúisíoch díreach idir rath na saothar sin agus na dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a thuairiscigh an pobal i gcoitinne sa suirbhé seo. Is é fírinne an scéil gur dócha gur féidir rath na n-iarrachtaí ealaíonta Gaeilge sin (agus b'fhéidir iad a bheith ann ar chor ar bith) a thuiscint, go páirteach ar a laghad, mar fheidhm den timpeallacht dearcaidh agus bheartais inar cruthaíodh iad. B'fhéidir nach dtiocfadh aon bhun ar An Cailín Ciúin, cuir i gcás, mar scannán Gaeilge murach an tacaíocht a bhí ar fáil do léiritheoirí scannán Gaeilge mar chuid den tionscnamh Cine 4 a bunaíodh in 2017.

Maidir le húsáid na Gaeilge, is cúis dóchais ó thaobh beartais de gur thuairiscigh líon suntasach daoine go labhraíonn siad Gaeilge go rialta. Is léiríú é sin ar leibhéal áirithe rannpháirtíochta agus dea-thoil i leith na Gaeilge. Bíodh sin mar atá, más é atá i gceist leis an 'úsáid rialta' seo ná úsáid ó am go chéile nó úsáid éighníomhach, ní dócha gur leor an méid sin le beocht na Gaeilge mar ghnáth-theanga laethúil a chinntiú. Ní mór go mbeadh ardleibhéal cumais mar bhonn leis an úsáid sin. Mura bhfuil sin amhlaidh, is deacair a shamhlú go mbeidh an Ghaeilge inmharthana mar theanga bheo ná go mbeidh ról suntasach aici i ngach réimse den tsochaí. Beidh baint amach spriocanna beartais chun úsáid rialta na teanga a mhéadú agus cainteoirí Gaeilge a earcú san earnáil phoiblí ag brath go mór ar na hardscileanna Gaeilge is gá a bheith ag líon criticiúil daoine. De réir torthaí an tsuirbhé seo, is beag duine a bhfuil na hardscileanna sin acu sa Ghaeilge in PÉ agus in TÉ, áfach.

Tá dlúthbhaint idir cumas i dteanga agus beocht na teanga sin. Cé gur féidir le húsáid bhunúsach nó fhoirmleach cur le hinfheictheacht, ní chuireann sí ar chumas cainteoirí páirt a ghlacadh ar bhealach stuama i raon leathan réimsí, amhail comhthéacsanna gairmiúla, dioscúrsa acadúil, nó idirghníomhaíochtaí sóisialta eile. Mar sin féin, tá úsáid rialta na Gaeilge ina táscaire tábhachtach ó thaobh acmhainn fáis de, go háirithe nuair a bhíonn dearcthaí dearfacha ag na daoine siúd a úsáideann an teanga go rialta. Aithnítear go bhfuil tábhacht ag baint le tosca dearcaidh i gcothabháil agus athbheochan teanga (Kircher & Zipp, 2022). Is léir go bhfuil daoine aonair sásta plé leis an nGaeilge, rud a thugann le fios nach bhfuil droim láimhe tugtha don teanga agus nach meastar í a bheith gan tábhacht, ach go mbreathnaítear uirthi mar rud a bhfuil luach cultúrtha, sóisialta, siombalach agus uirliseach leis. Léiríonn an oscailteacht sin go mbeadh an-chuid daoine sásta Gaeilge a úsáid i níos mó cásanna ach deiseanna agus struchtúir bhríocha thacaíochta a bheith ar fáil dóibh.

Ní leor dearcthaí dearfacha leo féin, áfach. Sa chaoi go n-éireoidh le hiarrachtaí athbheochana teanga agus le spriocanna beartais níos leithne, beidh níos mó ná díograis amháin ag teastáil. Caithfear beartas éifeachtach, oideachas ar ardchaighdeán, agus deiseanna úsáide teanga atá idir thumthach agus leanúnach a chur ar fáil ó thús deireadh an tsaoil. Gan na tacaíochtaí sin a bheith ar fáil, tá an baol ann nach mbeidh sa dearfach i leith na Gaeilge ach caint san aer. Faoi láthair, tá timpeallacht thar a bheith fabhrach ann chun stádas na Gaeilge a chur chun cinn, in PÉ agus in TÉ araon. Tá an dearfach dearfach sin atá i réim anois ina bhonn láidir ar a bhféadfar cumas sa Ghaeilge a thógáil. Ach le teacht i dtír air sin, ní mór oideachas teanga éifeachtach a chinntiú, cur le fiordheiseanna cumarsáide, agus an Ghaeilge a normalú i réimsí nach bhfuil ach láithreach theoranta aici faoi láthair. Má thugtar tosaíocht do chumas teanga, féadfar a chinntiú go mbeidh níos mó ná cúpla focal ag daoine agus go mbeidh sciar níos mó den phobal in ann Gaeilge a labhairt go maith agus í a úsáid go rialta.

7.4 Moltaí ó thaobh beartais de

Is cinnte nach bhfuil aon ghanntanas moltaí beartais ann le tacú leis an nGaeilge in PÉ ná in TÉ agus moltar do léitheoirí breathnú ar na foilseacháin a luaitear thíos chun cuntas iomlán a fháil ar na tionscnaimh a bhféadfaí tabhairt fúthu chun beartas a neartú sa dá dhlínse. Tugtar achoimre an-ghearr anseo ar roinnt moltaí ó na foilseacháin sin. Bunaithe ar athbhreithniú ar bheartas teanga i sraith comhthéacsanna ina n-aithnítear teanga mhionlaigh taobh leis an teanga cheannasach (Ceanada, Éire, an Bhreatain Bheag, Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach, agus an Chatalóin), rinne Williams (2025) réimse moltaí foriomlána maidir le beartas teanga i ndlínsí dá sórt. Ina measc, bhí: 1) leathnú a dhéanamh ar thairiscint ghníomhach seirbhísí teanga do lucht labhartha teanga mionlaigh; 2) comhtháthú beartas agus pleanála teanga le pleanáil úsáide talún agus le pleanáil le haghaidh forbairt réigiúnach agus inbhuanaithe; 3) líonraí sóisialta, ionaid phobail agus spásanna sábháilte a bhunú inar féidir teangacha mionlaigh a úsáid gan bhac; agus 4) scileanna teanga a neartú mar shócmhainn eacnamaíoch. Tá bunú spásanna sóisialta nua ag teacht le moltaí a rinneadh i dtuarascáil in 2015 ar nuachaintoirí na Gaeilge (Walsh et al., 2015). Sa tuarascáil cheanna sin in 2015, luaigh na húdair chomh maith na deiseanna atá ann chun nuachaintoirí na Gaeilge a fhorbairt trí pháirt-thumoideachas a sholáthar agus trí chlár athchóirithe oideachais a chur ar fáil do mhúinteoirí (Walsh et al., 2015). Ina theannta sin, tá achoimre an-chuimsitheach déanta ag Ó Laighin (2022) ar mholtaí beartais ar leith do PÉ agus do TÉ araon. Is é príomhphrionsabal na moltaí sin ná gur cheart an Ghaeilge a chur i bhfeidhm mar theanga oibre iomlán taobh le Béarla in institiúidí stáit. I measc na moltaí ar leith tá, inter alia, a chinntiú go bhfuil rannóg Gaeilge i ngach roinn rialtais, go mbunófar ollscoil lán-Ghaeilge, go mbunófar moil dhigiteacha Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus in ionaid uirbeacha eile, agus go ndéanfar an Ghaeilge a chomhtháthú ar bhealach níos iomláine i ngach gné de chúrsaí tithíochta agus pleanála sa Ghaeltacht. In athbhreithniú ar bheartas Gaeilge ó 1922 i leith, luaigh Walsh (2022) roinnt rudaí ar éirigh leo, ach thug aird freisin ar laigí sa soláthar don Ghaeilge in PÉ agus in TÉ araon. D'áitigh sé ansin gur cheart díriú as an nua ar iarrachtaí chun tacú leis na cainteoirí Gaeilge atá ann cheana féin agus daoine eile a spreagadh chun a gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt. Dhéanfaí an méid sin trí chlár beartais a bheadh ní ba láidre ná na beartais a bhí ann i gcaitheamh na mblianta.

Ar bhonn thorthaí an tSuirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge, 2025, tá roinnt moltaí déanta anseo a bhaineann le cúrsaí beartais.

1. Ar dtús, rud atá soiléir ó na sonraí ná gur fiú aird ar leith a thabhairt ar cheist an chumais teanga. Cé go bhfuil na dearcthaí i leith na Gaeilge dearfach tríd is tríd, tugann an bhearna idir dearcthaí fabhracha agus leibhéil chumais le fios go bhfuil gá le hidirghabhálacha níos spriocdhírthe agus níos leanúnaí dírithe ar fhorbairt teanga. Ba cheart, dá réir sin, tús áite a thabhairt i mbearta beartais d'fhorbairt chórasach ar inniúlacht cumarsáide ar fud an chórais oideachais, ón réamhscoil, i rith na scolaíochta éigeantaí,

agus ar aghaidh go deireadh an bhreiseoideachais agus an ardoideachais, chomh maith leis an oideachas aosach agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

2. Is den riachtanas é an croí-am teagaisc don Ghaeilge a chosaint agus a leathnú ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon in PÉ má tá spriocanna chun cumas teanga a fhorbairt i measc an phobail le baint amach. Is léiriú iad na laghduithe atá tagtha le déanaí ar am teagaisc ag an mbunleibhéal in PÉ (Flynn & Singleton, 2025; cf. Harris et al., 2006; Ó Duibhir, 2024) ar a leochailí atá an soláthar sin agus ar an ngá atá le cosaintí beartais i gcoinne tuilleadh laghduithe. In TÉ, tá moltaí ann faoi láthair chun staidéar ar theangacha seachas an Béarla a thabhairt isteach arís ag an mbunleibhéal. Deis atá sna moltaí sin an Ghaeilge a chur ar fáil mar ábhar i líon níos mó scoileanna de gach cineál in TÉ. D'fhéadfaí iarrachtaí a dhéanamh sa dá dhlínse teagmháil leis an nGaeilge a mhéadú, go háirithe i gcás go mbeadh méaduithe den sórt sin ag teacht le cur chuige oideolaíoch feabhsaithe agus le húsáid bhríoch teanga, seachas teagasc atá dírithe ar scrúduithe, m.sh., an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) nó cláir pháirt-tumoideachais (Harris et al., 2006; Harris & Ó Duibhir, 2011). Ar a bharr sin, d'fhéadfaí iarrachtaí a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le hinniúlacht múinteoirí sa Ghaeilge, san oiliúint tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach araon.

3. Is gá a aithint freisin go bhféadfadh sé nach bhfuil córas na ndíolúintí Gaeilge in PÉ ag teacht leis an timpeallacht dearcaidh ar an iomlán, atá go láidir i bhfabhar fhoghlaime na Gaeilge. Is cosúil freisin go bhfuil sé ag teacht salach ar na spriocanna beartais atá luaite go follasach sa dlínse. D'fhéadfaí athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar na critéir dhíolúine agus ar chur i bhfeidhm an chórais ag féachaint le díolúintí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí agus níos comhréirí. Ba cheart breathnú ag an am céanna ar thacaíochtaí malartacha a d'fhéadfadh cur ar chumas foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu dul i ngleic go bríoch leis an nGaeilge, seachas a bheith eisiata ó staidéar na teanga go hiomlán.

4. Ina theannta sin, tugtar le fios le torthaí an tsuirbhé go dtacaíonn an timpeallacht dearcaidh i láthair na huaire le deiseanna foghlama Gaeilge a leathnú taobh amuigh den scolaíocht éigeantach. Tá deis mhór ann cur le soláthar ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, i suíomhanna foirmiúla agus i suíomhanna pobail araon. Aibhsíodh an cheist sin sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010), ach níl aon fhorbairt chórasach déanta uirthi go fóill. Ar thaobh amháin, i gcás daoine nár bhain amach na leibhéil inmhiannaithe chumais sa Ghaeilge agus iad ag gabháil don scolaíocht éigeantach, d'fhéadfadh soláthar den chineál sin deis a thabhairt dóibh a gcumas sa teanga a fheabhsú (Flynn, 2020). Ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé a chur ina luí ar dhaoine gur próiseas a mhaireann ar feadh an tsaoil é cumas sa Ghaeilge a fhorbairt seachas ceann atá teoranta do bhlianta na scolaíochta éigeantaí. Dá bhféadfaí tionscadal den chineál sin a fhorbairt go rathúil, ní hamháin go bhféadfadh sé líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú, ach d'fhéadfadh sé an líonra tacaíochta teanga d'fhoghlaimeoirí a leathnú lasmuigh de shuíomh na scoile (Flynn, 2020; Le teacht ar phlé ar an gceist chéanna i ndáil le teangacha mionlaigh eile féach Baker et al., 2011; MacCaluim, 2007).

Bíodh sin mar atá, ba cheart d'iarrachtaí atá dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta a bheith struchtúrtha agus ba cheart go mbeadh conair chórasach ar fáil dóibh, seachas cúrsaí tosaigh amháin. Tá leithéid de chúrsaí ar fáil in PÉ, ach níl siad eagraithe faoi láthair faoi ghníomhaireacht lárnach cosúil leis an Ionad Náisiúnta d'Fhoghlaim na Breataine sa Bhreatain Bheag. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin deis a thabhairt d'fhostaithe san earnáil phoiblí in PÉ a gcuid scileanna a fhorbairt le linn uaireanta oibre. Ba cheart go gcinnteodh iarrachtaí den sórt sin freisin go gcuirfí deiseanna chun cumas sa Ghaeilge a fhorbairt ar fáil do gach foghlaimeoir ionchasach, lena n-áirítear imircigh fhásta agus daoine eile nach bhfuil saoránacht Éireannach acu ná nach n-aithníonn iad féin mar Éireannach. In TÉ, d'fhéadfaí leathnú a dhéanamh ar na tionscnaimh atá ann cheana a thugann rochtain ar an nGaeilge do dhaoine ó chúlaí Protastúnacha agus Aontachtacha. Tá an seans ann freisin go ndéanfaí dul chun cinn maidir le heolas ar an nGaeilge agus inniúlacht inti a leathnú chuig réimse níos leithne de phobal TÉ leis an togra atá beartaithe ionad léirmhíntithe Gaeilge a bhunú i mBéal Feirste, le béim ar leith ar sciarttha den daonra nach bhfuil rochtain éasca acu ar an nGaeilge de ghnáth.

5. Sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas, d'fhéadfadh soláthar leanúnach feabhsaithe Gaeilge tacaíocht thábhachtach a thabhairt do mhic léinn sna hearnálacha sin a gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt. Is léir ón tsuirbhé go bhfuil dearcthaí dearfacha ag daoine i leith na teanga agus go bhfeictear dóibh gur cheart í a choinneáil mar chuid d'oidhreacht chultúrtha an oileáin, rud a aibhsíonn a thábhachtaí atá sé an Ghaeilge agus litríocht na Gaeilge a choinneáil mar ábhair acadúla ina gceart féin. Ba cheart go mbeadh aon leathnú isteach i réimsí nua soláthair comhlántach leis na láidreachtaí disciplíneacha atá ann cheana laistigh de scoláireacht na Gaeilge, seachas baint díobh. Sampla amháin atá ann cheana féin ná na cláir thraidisiúnta BA agus MA i Léann na Gaeilge a chuirtear ar fáil taobh leis an BA sa Ghnó agus sa Ghaeilge in Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

6. Moltar chomh maith forbairt a dhéanamh ar straitéis fhadtéarmach chun an t-oideachas trí mheán na Gaeilge a leathnú sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas ionas go bhféadfadh mic léinn sna hearnálacha sin leanúint orthu ag forbairt cumas sa Ghaeilge. Níl ann ach dhá chláir a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge in PÉ faoi láthair nach bhfuil dírithe ar an nGaeilge féin ná ar litríocht, cultúr nó teagasc na teanga. D'fhéadfaí leas a bhaint as samhlacha amhail Sabhal Mòr Ostaig in Albain, Coleg Cymraeg Cenedlaethol sa Bhreatain Bheag, agus go deimhin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe agus Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le tacú le forbairt conairí céime agus le modúil a chur ar fáil i nGaeilge i ndisciplíní lasmuigh de na healaíona agus na daonnachtaí. D'fhéadfadh réimsí ar nós an dlí, na hinnealtóireachta agus réimsí gairmiúla eile a bheith i gceist anseo. D'fhéadfadh a leithéid de thionscnaimh réimsí feidhmiúla na Gaeilge a leathnú agus a chur in iúl cé chomh hábhartha is atá an teanga i gcomhthéacsanna gairmiúla agus acadúla comhaimseartha. D'fhéadfadh sé céimithe a chur ar fáil freisin a mbeadh saineolas ábhair agus cumas sa Ghaeilge araon acu, sa chaoi go bhféadfaidís a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge san earnáil phoiblí, rud atá iontach ábhartha i gcomhthéacs na sprice beartais in PÉ le lón na n-earcach nua a bhfuil Gaeilge acu a mhéadú go 20%.

7. Ina theannta sin, d'fhéadfaí deiseanna breise a chruthú sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas do mhic léinn a bhfuil príomhábhar staidéir eile acu ionas go bhféadfaidís leanúint ar aghaidh leis an nGaeilge. Dá gcuirfí modúil chreidiúnaithe Ghaeilge ar fáil — cibé acu mar mhodúil roghnacha nó mar chúrsaí micridhintiúir — d'fhéadfadh mic léinn a gcuid scileanna teanga a chothabháil agus a fhorbairt agus iad ag gabháil dá bpríomhábhar staidéir. Leis sin, chuirfí le stádas na Gaeilge mar theanga bheo atá ábhartha i raon leathan disciplíní acadúla agus gairmiúla. Tá a leithéid ar fáil faoi láthair i roinnt institiúidí ardoideachais, m.sh. Clár Cúrsaí Roghnacha na Tríonóide i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ar an gcaoi chéanna, tugann Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath deis do mhic léinn leanúint leis an nGaeilge trí mhodúil Ghaeilge mar chuid de thionscnamh UCD Horizons. D'fhéadfaí cláir den sórt sin a thairiscint ar bhonn níos leithne agus níos córasaí, iad bunaithe ar struchtúr céimnitheach a chuirfeadh ar chumas mic léinn ardchumas sa Ghaeilge a fhorbairt le linn a gcuid staidéir.

8. Ar an gcaoi chéanna, chuirfeadh sé le forbairt cumais sa Ghaeilge lasmuigh den scolaíocht éigeantach freisin dá gcuirfí tuilleadh deiseanna ar fáil chun Gaeilge a fhoghlaim mar chuid den fhorbairt ghairmiúil leanúnach, go háirithe d'oibrithe san earnáil phoiblí agus d'oideachasóirí. Ba cheart tionscnaimh den sórt sin a bheith fréamhaithe i gcreatlach comhleanúnach a dhéanann contanam d'fhorbairt teanga, ar nós Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Leagfaí síos conairí soiléire dul chun cinn leis sin agus sheachnófaí an t-athrú agus an mharbhántacht is minic a luaitear le soláthar ad hoc. Thacódh an cur chuige sin le forbairt teanga an duine aonair agus le forbairt acmhainne ar bhonn níos leithne in institiúidí a mhaoinítear go poiblí.

9. Tá Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim na Breatnaise le bunú sa Bhreatain Bheag in Lúnasa 2027 mar chomhlacht a bheidh freagrach as tacú le daoine de gach aois chun an Bhreatnais a fhoghlaim. D'fhéadfadh gnéithe de struchtúir agus d'fheidhmeanna na hinstitiúide seo a bheith ábhartha do chomhthéacs na Gaeilge in PÉ agus TÉ agus moltar monatóireacht a dhéanamh ar bhunú agus ar fheidhmiú an chomhlachta bheartaithe seo.

7.5 Moltaí maidir le leaganacha eile den suirbhé amach anseo

Is léir ó staidéar 2025 a luachmhaire is a bhíonn na suirbhéanna náisiúnta seo ar an nGaeilge. Mar sin féin, is fiú machnamh a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí iad a fhorbairt tuilleadh amach anseo. Chuige sin, tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh againn:

1. Rachadh sé chun tairbhe do leaganacha eile den tionscadal amach anseo dá mbeadh tuilleadh acmhainní ar fáil le hiad a dhéanamh ar scála ní ba mhó. Ar a laghad, ba cheart a chinntiú go mbeadh dóthain acmhainní ar fáil chun 1,000 rannpháirtí ar a laghad a earcú i ngach dlínse. Leis sin, laghdófaí an lamháil earráide i sampla TÉ go dtí an leibhéal céanna le sampla PÉ agus neartófaí iontaofacht na dtorthaí. Ina theannta sin, d'fhéadfaí athruithe beaga a rianú le himeacht ama agus tuilleadh anailíse a dhéanamh ar fhoghrúpaí laistigh den dá shampla.

2. Ina theannta sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do róshampláil spriocdhírthe ar cheantair Ghaeltachta. Rinneadh é sin sa suirbhé bunaidh in 1973 (CILAR, 1975). I bhfianaise a leochailí atá na pobail seo ó thaobh sochtheangeolaíochta de agus a lárnaí atá siad do chothabháil na Gaeilge mar theanga phobail, ba cheart machnamh a dhéanamh ar róshampláil sa Ghaeltacht le go bhféadfaí scrúdú ní ba mhionsonraithe a dhéanamh ar chumas, úsáid agus dearchtaí teanga i measc na bpobal seo.

3. Is féidir leas a bhaint as dearadh modheolaíochta an staidéir a rinneadh in 1973 chomh maith mar

shamhail le suirbhéanna comhaimseartha Gaeilge a chur i dtoll a chéile. Bhí an chéad suirbhé sin ar siúl ar feadh trí bliana agus tuairiscíodh go raibh buiséad suntasach thart ar £250,000 aige ag an am (Armstrong, 1975). Dá bharr sin, bhíodhas in ann teicnící breise a úsáid in éineacht leis an ionstraim shuirbhé, amhail teicníc na pearsa comhoiriúnaithe, nó “matched-guise” (CILAR, 1975). Ag tógáil ar an bhfasach sin, d’fhéadfaí bearta breise cainníochtúla a chur san áireamh i leaganacha eile den tionscadal amach anseo (m.sh. tomhais níos intuigthe ar dhearchthaí teanga), chomh maith le gnéithe cáilíochtúla (m.sh. agallaimh dhoimhne le foghrúpa rannpháirtithe a roghnófaí go straitéiseach). Dá bhféadfaí a leithéid de shonraí cáilíochtúla a chomhtháthú, d’fhéadfaí iniúchadh ní ba shuibhreacha a dhéanamh ar chúiseanna agus ar eispéiris na rannpháirtithe agus chuirfí sonraí luachmhara ar fáil freisin faoin gcaoi ar bhain siad ciall as na míreanna suirbhé. Ina theannta sin, mar a luadh i réamhrá na tuarascála seo, tá baint ag na gnéithe éagsúla de dhearchthaí teanga le chéile, ach ní hé sin le rá go mbíonn siad ar aon dul le chéile i gcónaí (Garrett, 2010; Kircher & Zipp, 2022). Tá sé bunaithe agus seanbhunaithe sa taighde ar dhearchthaí teanga go mbíonn neamhréireachtaí idir na tuairimí a léiríonn daoine maidir le teanga agus a ndéanann siad i ndáiríre. Dá mbreathnófaí go mion ar an mbealach a dtagann na neamhréireachtaí sin chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge, d’fhéadfaí léargas tábhachtach a fháil ar shochaí chomhaimseartha PÉ agus TÉ agus ar ról na Gaeilge iontu.

4. Ag an am céanna, moltar ualú ceartaitheach a chur i bhfeidhm i ngach suirbhé amach anseo. Bheadh sé sin ina chuidiú lena chinntiú go mbeadh na torthaí ionadaíoch go hiomlán ar an daonra i gcoitinne agus go bhféadfaí comparáid ní b’fhearr a dhéanamh idir leaganacha éagsúla den suirbhé.

5. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar inrochtaineacht fhadtéarmach na sonraí a ghintear mar thoradh ar an tsraith suirbhéanna seo. Spreagfaí tuilleadh anailíse dá ndéanfaí na sonraí ó gach leagan den suirbhé a thaisceadh i gcartlann a bhfuil fáil ag an bpobal uirthi. D’fhéadfaí treochtaí cumais, úsáide agus dearcaidh a rianú ar bhealach ní b’fhearr le himeacht ama freisin.

6. Ar deireadh, agus rud atá an-tábhachtach go deo, tá bearna shuntasach sa bhailiúchán taighde mar atá faoi láthair, is é sin an easpa sonraí mórsála atá bailithe le gairid ar chumas teanga, ar úsáid teanga, agus ar dhearchthaí teanga i measc daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d’aois. Is den rithábacht go dtabharfaí aghaidh ar an mbearna sin, ní hamháin le tuiscint níos fearr a fháil ar bhunús na saincheisteanna inniúlachta a sainaithníodh sa staidéar seo, ach le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann forbairt ar dhearchthaí i leith na Gaeilge i measc na n-óg. Chuirfeadh taighde dírithe sa réimse sin fianaise rithábachtach ar fáil le bonn eolais a chur faoi bheartas oideachais agus chomhlánódh sé an léargas a fhaightear ó staidéir ar dhaonraí fásta.

7.6 Tatal

Nuair a chuirtear na torthaí agus na ceisteanna comhthéacsúla go léir a pléadh thuas san áireamh, is léir go bhfuil uair na cinniúna buailte linn maidir le beartas teanga ar oileán na hÉireann. Tá fianaise shoiléir ann ar fud an dá dhlínse go bhfuil an timpeallacht dearcaidh fabhrach i leith na Gaeilge ar an iomlán. Tá deis shuntasach le tapú dá bhrí sin, ach is beag toradh a bheidh ar an obair mura gcuirtear na beartais chuí i ngníomh d’aon ghnó agus ar bhealach comhordaithe.

Is léir ón mbearna idir dearthaí dearfacha ar thaobh amháin, agus leibhéil chumais agus úsáide ar an taobh eile, nach leor tacaíocht shiombalach don Ghaeilge inti féin. Caithfear fíordheiseanna a thabhairt do dhaoine an teanga a fhorbairt go leanúnach bríoch ó thús deireadh an tsaoil. Le teacht i dtír ar na dearthaí dearfacha atá i réim faoi láthair, teastaíonn beartais lena dtugtar tús áite do leanúnachas agus leathnú an tsoláthair, do dhul chun cinn bríoch, agus do rochtain ar dheiseanna forbartha Gaeilge ar feadh an tsaoil. Is cosúil go mbeadh an timpeallacht dearcaidh reatha fabhrach go mór dá nglacfaí cur chuige radacach agus láidir i leith beartas agus pleanáil teanga anois.

Tá gá le tuilleadh obair eimpíreach le tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcaoi a bhfoghlaimítear agus a n-úsáidtear an Ghaeilge, agus ar an meas atá ann don teanga i sochaí atá ag éirí níos ilteangaí i gcónaí. Caithfear tuiscint níos fearr a fháil chomh maith ar na cúinsí ina bhféadtar daoine a bhfuil dearthaí dearfacha acu i leith teanga a spreagadh le hí a fhoghlaim nó a úsáid go gníomhach. Ar rud a bheidh rithábachtach le bonn eolais a chur faoi idirghabhálacha beartais tá taighde ina bhfuil cineálacha cur chuige cainníochtúla agus cáilíochtúla fite fuaite ina chéile agus ina dtugtar aird ar ghrúpaí agus ar shuíomhanna nach bhfuil mórán taighde déanta orthu go fóill. Sa deireadh thiar, beidh forbairt agus úsáid na Gaeilge ag brath ar bheartas, ar chleachtas agus ar thaighde a chur ar aon dul le chéile ar bhealach a chuireann san áireamh fírinne an scéil ó thaobh teanga de sa lá atá inniu ann. Faoi láthair, agus an timpeallacht dearcaidh chomh fabhrach agus is cosúil go bhfuil, is mó seans go bhféadfaí an méid sin a bhaint amach.



Tagairtí

8. Tagairtí

- Administration of Justice (Language) Act (Ireland). (1737).
<https://www.legislation.gov.uk/aip/Geo2/11/6/1991-02-01>
- Aitchison, J. W., & Carter, H. (2000). *Language, economy, and society: The changing fortunes of the Welsh language in the twentieth century*. University of Wales Press.
- Aldekoa, J., & Gardner, N. (2002). Turning knowledge of Basque into use: Normalisation plans for schools. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 5(6), 339-354.
<https://doi.org/10.1080/13670050208667766>
- An Coimisinéir Teanga. (2018). *Tuarascáil bhliantúil 2017 / Annual report 2017*. An Coimisinéir Teanga.
https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2017.pdf
- An Coimisinéir Teanga. (2025). *Tuarascáil bhliantúil 2024 / Annual report 2024*. An Coimisinéir Teanga.
<https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/new%20sub/Tuarascail%20Bhliantuil%20OCT%202024%20%20Meitheamh%202024.pdf>
- Andrews, L. S. (1993). *The Irish language in Northern Ireland: The training of primary and post-primary teachers*. Fryske Akademy.
- Andrews, L. S. (2000). Northern nationalism and the politics of the Irish language. In J. Kirk & D. P. Ó Baoill (Eagí.), *Language and politics: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland* (lgh. 45–64). Cló Ollscoil na Banraíona.
- Armstrong, J. (1975, August 15). What the great language survey revealed. *The Irish Times*, 10.
- Baker, C., Andrews, H., Gruffydd, I., & Lewis, G. (2011). Adult language learning: A survey of Welsh for Adults in the context of language planning. *Evaluation & Research in Education*, 24(1), 41–59.
<https://doi.org/10.1080/09500790.2010.526204>
- Ball, M. J. (2007). Welsh. In D. Britain (Eag.), *Language in the British Isles* (lgh. 237–254). Cambridge University Press.
- Belfast City Council. (2022). *Dual language street signs policy*. Belfast City Council.
<https://www.belfastcity.gov.uk/Planning-and-building-control/Building-control/Street-naming-and-building-numbering>
- Bloomfield, L. (1933). *Language*. George Allen & Unwin.
- Bohner, G., & Wänke, M. (2002). *Attitudes and attitude change*. Psychology Press.
<https://doi.org/10.4324/9781315784786>
- Breatnach, R. A. (1964). Irish revival reconsidered. *Studies: An Irish Quarterly Review*, 53(209), 18–30.
<http://www.jstor.org/stable/30088801>
- Brennan, S. C. (2018). Advocating commodification: An ethnographic look at the policing of Irish as a commercial asset. *Language Policy* 17(2), 157–177. <https://doi.org/10.1007/s10993-017-9438-2>
- Central Statistics Office. (2025). *Labour force survey: Quarter 1, 2025*. Central Statistics Office.
<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-lfs/labourforcesurveyquarter12025/>
- CILAR. (1975). *Report*. Stationery Office.
- Ciribuco, A., Rodrigues, P. L., & Andrusiak, I. (2024). *Language and migration in rural areas: Experiences of migrants and refugees with language learning and use in Ireland's rural communities*. University of Galway. <https://doi.org/10.13025/29161>
- Committee on Economic, Social and Cultural Rights. (2025). *Concluding observations on the seventh periodic report of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland*. United Nations Economic and Social Council. <https://digitallibrary.un.org/record/4078754?ln=en&v=pdf#files>
- Committee on the Administration of Justice. (1993). *Staid agus stádas na Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann: The UK Government's approach to the Irish language in light of the European Charter for Regional and Minority Languages*. Committee on the Administration of Justice. <https://caj.org.uk/wp-content/uploads/2017/03/No.-22-Staid-agus-Stadas-Gaeilge-i-dTuaisceart-na-hEireann-1993.pdf>
- Cooley, L. (2022). “It will do no more than annoy the Protestants”: The 1991 Northern Ireland Census and the Irish language. *Nationalism and Ethnic Politics*, 28(3), 269–289.
<https://doi.org/10.1080/13537113.2022.2052594>
- Council for the Curriculum, Examinations and Assessment. (2007). *The Northern Ireland Curriculum: Primary*. CCEA. https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset/Curriculum/The%20Northern%20Ireland%20Curriculum%20-%20Primary_1.pdf
- Crehan, L. (2025). *A strategic review of the Northern Ireland curriculum: A foundation for the future – developing capabilities through a knowledge-rich curriculum in Northern Ireland*. Department of Education Northern Ireland. https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/2025-06/NI%20Curriculum%20Review%20Summary%20Paper_0.pdf
- Crowley, A. E. (2016). Language, politics and identity in Ireland: A historical overview. In R. Hickey (Eag.), *Sociolinguistics in Ireland* (lgh. 198–217). Palgrave Macmillan.
https://doi.org/10.1057/9781137453471_9

- Crowley, T. (2005). *Wars of words: The politics of language in Ireland 1537–2004*. Oxford University Press.
<https://doi.org/10.1093/acprof:oso/9780199273430.001.0001>
- Darmody, M., & Daly, T. (2015). Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland. Foras na Gaeilge/ESRI.
<https://www.esri.ie/publications/attitudes-towards-the-irish-language-on-the-island-of-ireland>
- Davies, A. (2003). *The native speaker: Myth and reality*. Multilingual Matters.
<https://www.multilingual-matters.com/page/detail/The-Native-Speaker/?k=9781853596223>
- de Brún, F. (2010). Ulsteria: The fortunes of the Irish language under Stormont, 1921–72. In A. F. Parkinson & É. Phoenix (Eagí.), *Conflicts in the north of Ireland, 1900–2000: Flashpoints and fracture zones* (lgh. 202–222). Four Courts Press.
- An Roinn Oideachais agus Óige. (2025a). *Action plan for Irish in English-medium schools*. Stationery Office.
https://assets.gov.ie/static/documents/2f2e9823/IrishInSchoolsReportEnglish_s_P.pdf
- An Roinn Oideachais agus Óige. (2025b). *Policy for Irish-medium education outside of the Gaeltacht*. Oifig an tSoláthair. https://assets.gov.ie/static/documents/db58465e/Policy_for_Irish-Medium_Education_outside_of_the_Gaeltacht29.pdf
- An Roinn Oideachais. (2022). *An overview of provision for Irish-medium education outside of the Gaeltacht: Current provision and future projections*. Oifig an tSoláthair. <https://assets.gov.ie/static/documents/an-overview-of-provision-for-irish-medium-education-outside-of-gaeltacht-areas-current.pdf>
- Duff, J., & Collen, I. (2025). *Language trends Northern Ireland 2025*. British Council Northern Ireland.
https://nireland.britishcouncil.org/sites/default/files/language_trends_2025_report_-_embargoed_until_wednesday_4_june_00.01.pdf
- Duggan, B., Thomas, H., & Pritchard Jones, E. (2014). *Evaluation of the Welsh-medium Education Strategy: Interim report*. Welsh Government. <https://www.gov.wales/sites/default/files/statistics-and-research/2019-03/evaluation-of-the-welsh-medium-education-strategy-interim-report.pdf>
- Duggan, B., Thomas, H., & Pritchard Jones, E. (2016). *Evaluation of the Welsh-medium Education Strategy: Final report*. Welsh Government. <https://www.gov.wales/sites/default/files/statistics-and-research/2018-12/160310-evaluation-welsh-medium-education-strategy-final-en.pdf>
- Dunlevy, D. A. (2023). Learning Irish amid controversy: How the Irish Language Act debate has impacted learners of Irish in Belfast. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 44(10), 997–1012.
<https://doi.org/10.1080/01434632.2020.1854272>
- Eagly, A. H., & Chaiken, S. (1998). Attitude structure and function. In D. T. Gilbert, S. T. Fiske, & G. Lindzey (Eagí.), *The handbook of social psychology* (lgh. 269–322). McGraw-Hill.
- Education (Northern Ireland) Order. (1998).
<https://www.legislation.gov.uk/nisi/1998/1759/contents/made>
- Eusko Jaurlaritza. (2024). *Seventh Sociolinguistic Survey 2021*. Vitoria-Gasteiz: Eusko Jaurlaritzaren Kultura eta Hizkuntza Politika Saila.
https://euskarabidea.es/fitxategiak/ckfinder/files/Seventh_Sociolinguistic_Survey_2021.pdf
- Fishbein, M., & Ajzen, I. (1975). *Belief, attitude, intention and behavior: An introduction to theory and research*. Addison-Wesley.
- FitzGerald, G. (1984). Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts: 1771–1781 to 1861–1871. *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature*, 84C, 117–155.
<http://www.jstor.org/stable/25506114>
- FitzGerald, G. (2003). Irish-speaking in the pre-famine period: A study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911. *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature*, 103C(5), 191–283.
<http://www.jstor.org/stable/25506198>
- Flynn, C. J. (2020). *Adult minority language learning: Motivation, identity and target variety*. Multilingual Matters. <https://doi.org/10.21832/FLYNN7031>
- Flynn, C. J. (2025). Adult migrant learners of Irish: An exploration of motivational factors. In J. Simpson & S. Pöyhönen (Eagí.), *Minority language learning for adult migrants in Europe* (lgh. 142–163). Routledge. <https://doi.org/10.4324/9781003342892-7>
- Flynn, C. J., & Singleton, D. (2025). Primary school L2 learning: The general empirical picture and specific policy issues in the Irish context. In M. Nikolov & S. Letica Krevelj (Eagí.), *Early foreign language learning and teaching: Evidence versus wishful thinking* (lgh. 292–307). Multilingual Matters.
<https://doi.org/10.21832/NIKOL08691>
- G. B. Adams. (1973). Language in Ulster, 1820–1850, *Ulster Folklife*, 19, 50–55.
- Gal, S., & Irvine, J. (1995). The boundaries of languages and disciplines: How ideologies construct difference. *Social Research*, 62(4), 967–1001. <http://www.jstor.org/stable/40971131>
- Gardner, N. (2000). *Basque in education in the Basque Autonomous Community*. Eusko Jaurlaritzaren Argitalpen Zerbitzu Nagusia = Servicio Central

- de Publicaciones del Gobierno Vasco.
- Gardner, R., & Lambert, W. (1972). *Attitudes and motivation in second-language learning*. Newbury House Publishers.
- Garrett, P. (2010). *Attitudes to language*. Cambridge University Press.
<https://doi.org/10.1017/CBO9780511844713>
- Gobierno Vasco (2024). “LEY 17/2023, de 21 de diciembre, de Educación de la Comunidad Autónoma del País Vasco”. www.euskadi.eus/gobierno-vasco/-/eli/es-pv/l/2023/12/21/17/dof/spa/html/
- Rialtas na hÉireann. (1965). *Athbheochan na Gaeilge: The restoration of the Irish language*. White Paper presented to Houses of Oireachtas. Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030: 20-year strategy for the Irish Language 2010-2030*. Oifig an tSoláthair. <https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/20-year-strategy-for-the-irish-language-2010-2030/>
- Government of the United Kingdom & Government of Ireland. (1998). *The Belfast Agreement*.
<https://www.ireland.ie/318/good-friday-agreement.pdf>
- Government of the United Kingdom & Government of Ireland. (2006). *The St Andrews Agreement*.
<https://assets.ireland.ie/documents/st-andrews-agreement.pdf> <https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2006/53/contents>
- Government of the United Kingdom & Government of Ireland. (2020). *New decade, new approach*.
<https://assets.gov.ie/static/documents/new-decade-new-approach-8559e5c6-5ee5-40e8-9ba1-b40cfba715c3.pdf>
- Gruffydd, I., Tamburelli, M., Breit, F., & Bagheri, H. (2025). Investigating the relationship between language exposure and explicit and implicit language attitudes towards Welsh and English. *Journal of Language and Social Psychology*, 44(1), 79–106. <https://doi.org/10.1177/0261927X241294031>
- Harris, J. & Ó Duibhir, P. (2011). *Effective language teaching: A synthesis of research*. National Council for Curriculum and Assessment. https://ncca.ie/media/2060/effective_language_teaching_a_synthesis_of_research.pdf
- Harris, J., & Murtagh, L. (1999). *Teaching and learning Irish in primary schools*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann. <https://files.eric.ed.gov/fulltext/ED432150.pdf>
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O’Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
https://linguae-celticae.de/dateien/Irish_in_Primary_Schools.pdf
- Heller, M., & Duchêne, A. (2016). Treating language as an economic resource: Discourse, data and debate. In N. Coupland (Eag.), *Sociolinguistics: Theoretical debates* (lgh. 139–156). Cambridge University Press. <https://doi.org/10.1017/CBO9781107449787>
- Identity and Language (Northern Ireland) Act. (2022).
<https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2022/45/contents>
- An Chigireacht. (2022). *Chief Inspector’s report: September 2016–December 2020*. Department of Education. <https://assets.gov.ie/static/documents/chief-inspectors-report-september-2016-december-2020-bc700874-df7d-46d6-85dd-8b8eae3be.pdf>
- An Chigireacht. (2025). *Inspectorate report (2024) and thematic review*. Department of Education and Youth. https://assets.gov.ie/static/documents/0b599bde/The_Department_of_Education_and_Youth_Inspectorate_Report_2024_and_Thematic_R.pdf
- Jabkowski, P., & Cichocki, P. (2025). Survey response rates in European comparative surveys: A 20-year decline irrespective of sampling frames or survey modes. *Quality and Quantity*, 59(1), 635–655.
<https://doi.org/10.1007/s11135-024-01993-9>
- Joint Council for Qualifications. (2025). *GCSE and Level 1, 2 results – Summer 2025*. Joint Council for Qualifications. <https://www.jcq.org.uk/examination-results/summer-2025-results/>
- Jones, S., Greenwood, R., Purdy, N., & McGuckian, E. (2017). *Review of current primary languages in Northern Ireland*. Stranmillis University College. <https://www.stran.ac.uk/wp-content/uploads/2019/11/Jones-et-al-2016-Review-of-Current-Primary-Languages-in-Northern-Ireland.pdf>
- Joyce, S., Smith-Christmas, C., & Ó hIfeárnáin, T. (2021). *Líon agus lonnaíocht na dteaghlach atá ag tógáil clainne le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht*. Glór na nGael. <https://www.glornangael.ie/wp-content/uploads/2022/04/Lion-agus-Lonnaiocht-na-dTeaghlach-a-labhraionn-Gaeilge-19-Samhain-2021.pdf>
- Kircher, R., & Zipp, L. (2022). An introduction to language attitudes research. In R. Kircher & L. Zipp (Eagí.), *Research methods in language attitudes* (lgh. 1–16). Cambridge University Press.
<https://doi.org/10.1017/9781108867788.002>
- Labov, W. (1966). *The social significance of speech in New York City*. Centre for Applied Linguistics.
- Lakarra, J. (2017). Basque and the reconstruction of isolated languages. In L. Campbell (Eag.), *Language isolates* (lgh. 59–99). Routledge. <https://doi.org/10.4324/9781315750026-3>
- Lewis, W. G. (2006). *Welsh-medium primary education: The challenges and opportunities of the twenty-*

- first century. In W. G. Lewis, S. R. Williams, & J. Laugharne (Eagí.) *Welsh-medium and bilingual education*. (lgh. 21–35). University of Wales.
- Lewis, W. G. (2008). Current challenges in bilingual education in Wales. *AILA Review*, 21(18), 69–86. <https://doi.org/10.1075/aila.21.06lew>
- Lindsay, N. (2023). *A complicated birth: The Northern Ireland Ministry of Education, 1921–1925* [Doctoral dissertation, Mary Immaculate College, University of Limerick]. MIRR – Mary Immaculate Research Repository. <https://dspace.mic.ul.ie/bitstream/handle/10395/3162/Lindsay%2c%20N.%20%282023%29%20A%20complicated%20birth-%20the%20Northern%20Ireland%20ministry%20of%20education%2c%201921-1925.PhD.pdf?sequence=2&isAllowed=y>
- Local Government (Miscellaneous Provisions) (Northern Ireland) Order. (1995). <https://www.legislation.gov.uk/nisi/1995/759/contents>
- Mac Giolla Chríost, D. (2001). Implementing political agreement in Northern Ireland: Planning issues for Irish language policy. *Social & Cultural Geography*, 2(3), 297–313. <https://doi.org/10.1080/14649360120073879>
- Mac Giolla Chríost, D. (2005). *The Irish language in Ireland: From Goídel to globalisation*. Routledge. <https://doi.org/10.4324/9780203504826>
- Mac Giolla Chríost, D. (2012). A question of national identity or minority rights? The changing status of the Irish language in Ireland since 1922. *Nations and Nationalism*, 18(3), 398–416. <https://doi.org/10.1111/j.1469-8129.2011.00508.x>
- Mac Gréil, M. (1977). *Prejudice and tolerance in Ireland: Based on a survey of intergroup attitudes of Dublin adults and other sources*. College of Industrial Relations, Research Section.
- Mac Gréil, M. (1996). *Prejudice in Ireland revisited: Based on a national survey of intergroup attitudes in the Republic of Ireland*. Survey and Research Unit, St. Patrick's College, National University of Ireland.
- Mac Gréil, M., & Rhatigan, F. (2009). *The Irish language and the Irish people: Report on the attitudes towards, competence in and use of the Irish language in the Republic of Ireland in 2007–08*. Survey and Research Unit, Department of Sociology, National University of Ireland. <https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/PDFFile%2C15645%2Cen.pdf>
- Mac Murchaidh, C. (2014). Aspects of language shift and the decline in Irish in County Cavan in the eighteenth and nineteenth centuries. In J. Cherry & B. Scott (Eagí.), *Cavan: History and society* (lgh. 381–400). Geography Publications.
- MacCaluim, A. (2007). *Reversing language shift: The social identity and role of adult learners of Scottish Gaelic*. Cló Ollscoil na Banríona.
- Maguire, G. (1991). *Our own language: An Irish initiative*. Multilingual Matters.
- Malcolm, I. (1997). Living with Irish. In A. Mac Póilín (Eag.), *The Irish language in Northern Ireland* (lgh. 7–30). ULTACH Trust.
- Martinez de Luna, I. (2020). The contemporary flourishing of the Basque Language. *Linguistic Minorities in Europe Online*. <https://doi.org/10.1515/lme.10540802>
- McCoy, G. (1997a). *Protestants and the Irish language in Northern Ireland* [Doctoral dissertation, Queen's University Belfast]. Queen's Research Portal. https://pureadmin.qub.ac.uk/ws/portalfiles/portal/428002398/Protestants_and_the_Irish_language_in_Northern_Ireland.pdf
- McCoy, G. (1997b). Protestant learners of Irish in Northern Ireland. In A. Mac Póilín (Eag.), *The Irish language in Northern Ireland* (lgh. 131–169). ULTACH Trust.
- McCubbin, J. (2008). Inimircigh in Éirinn agus an Ghaeilge: Ról na heitneachta agus na dteorainneacha cultúrtha san aisghabháil teanga. *Taighde agus Teagasc*, 6, 48–63.
- McCubbin, J. (2010). Irish-language policy in a multiethnic state: Competing discourses on ethnocultural membership and language ownership. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 31(5), 457–478. <https://doi.org/10.1080/01434632.2010.502966>
- McGrath, M. (2000). *The Catholic Church and Catholic schools in Northern Ireland: The price of faith*. Irish Academic Press.
- McKendry, E. (2007). Minority-language education in a situation of conflict: Irish in English-medium schools in Northern Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4), 394–409. <https://doi.org/10.2167/beb451.0>
- McKendry, E. (2020). *Irish and other languages in Northern Ireland's education system*. Gael Linn.
- McLeod, W., MacCaluim, A., & Pollock, I. (2010). *Adult Gaelic learning in Scotland: Opportunities, motivations and challenges*. Bòrd na Gàidhlig. <https://www.gaidhlig.scot/wp-content/uploads/2016/12/CR09-04-GfA-Gaelic-for-Adults-2010-English.pdf>
- McManus, C. (2016). Irish language education and the national ideal: The dynamics of nationalism in Northern Ireland. *Nations and Nationalism*, 22(1), 42–62. <https://doi.org/10.1111/nana.12142>
- McMonagle, S. (2010). Deliberating the Irish language in Northern Ireland: From conflict to multiculturalism? *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 31(3), 253–270. <https://doi.org/10.1080/01434632.2010.481766>

- McMonagle, S., & McDermott, P. (2014). Transitional politics and language rights in a multi-ethnic Northern Ireland: Towards a true linguistic pluralism? *Ethnopolitics*, 13(3), 245–266. <https://doi.org/10.1080/17449057.2013.858935>
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2023). *Primary Curriculum Framework*. National Council for Curriculum and Assessment. <https://curriculumonline.ie/getmedia/84747851-0581-431b-b4d7-dc6ee850883e/2023-Primary-Framework-ENG-screen.pdf>
- National Centre for Learning Welsh. (2025). Annual Report of the National Centre for Learning Welsh: 2024–2025 Academic year: <https://learnwelsh.cymru/media/nn3jp0fo/gdcg-nclw-adroddiad-blynyddol-2024-25.pdf>
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2025). *Background paper and brief for the review of Leaving Certificate Irish*. National Council for Curriculum and Assessment. <https://ncca.ie/media/hxhpaxzm/background-paper-and-brief-for-the-review-of-leaving-certificate-gaeilge.pdf>
- Nelde, P., Strubell, M., & Williams, G. (1996). *Euromosaic: The production and reproduction of the minority language groups of the EU*. Publications offices.
- Ní Chéilleachair, S. (2025). *Daonáireamh 2016–2022: Teaghlach, páistí agus daoine óga sa Ghaeltacht*. Tuismitheoirí na Gaeltachta. <https://tuismitheoiri.ie/wp-content/uploads/2025/12/Tuarascail-Daonaireamh-2016-2022-Coip-digiteach.pdf>
- Ní Dhiorbháin, A., Ó Duibhir, P., & Ó Floinn, C. J. (2023). *Consultation for the policy on Irish-medium education outside of the Gaeltacht: Report on comparative jurisdictions*. An Roinn Oideachais. <https://assets.gov.ie/static/documents/report-on-comparative-jurisdictions.pdf>
- Ní Thuathalláin, M. (2024, August 22). Titim 40% ar líon na ndaltaí ó thuaidh a roghnaíonn ‘GCSE Irish’ le scór bliain [40% drop over 20 years in the number of pupils up north who choose ‘GCSE Irish’]. *Tuairisc.ie*. <https://tuairisc.ie/lion-na-ndaltai-a-roghnaionn-gcse-irish/>
- Nic Craith, M. (1999). Irish speakers in Northern Ireland, and the Good Friday Agreement. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 20(6), 494–507. <https://doi.org/10.1080/01434639908666386>
- Nic Craith, M. (2003). *Culture and identity politics in Northern Ireland*. Palgrave. <https://doi.org/10.1057/9781403948113>
- Northern Ireland Statistics and Research Agency. (2021). *Census 2021: Information on Census 2021 in Northern Ireland – Flexible Table Builder*. NISRA. <https://www.nisra.gov.uk/statistics/census/census-2021>
- Northern Ireland Statistics and Research Agency. (2025). *Annual enrolments at schools and in funded pre-school education in Northern Ireland, 2024–25*. NISRA. <https://datavis.nisra.gov.uk/DEstatistics/annual-enrolments-schools-and-funded-pre-school-education-northern-ireland-202425-revised.html#tables>
- Ortega, A., & Manterola, I. (2022). 40 años de revitalización del euskera: Investigación y cultura lingüística. In E. Eggert, & B. Peter (Eagí.), *Kultur(en) der regionalen Mehrsprachigkeit / Culture(s) du plurilinguisme régional / Cultura(s) del plurilingüismo regional. Kontrastive Betrachtung und Methoden ihrer Untersuchung und Bewertung* (lgh. 267–307). Peter Lang. https://www.uibapuntebankua.com/uploads/9/8/1/6/98160710/2-ortega_eta_manterola_argitaratzear.pdf
- Ó Buachalla, B. (1968). *I mBéal Feirste cois cuain*. An Clóchomhar Tta.
- Ó Buachalla, S. (1984). Educational policy and the role of the Irish language from 1831 to 1981. *European Journal of Education*, 19(1), 75–92. <https://doi.org/10.2307/1503260>
- Ó Ceallaigh, B. (2020). Neoliberal globalisation and language minoritisation: Lessons from Ireland 2008–18. *Language & Communication*, 75, 103–116. <https://doi.org/10.1016/j.langcom.2020.09.004>
- Ó Ciardha, P. (2026, February 3). An céatadán is lú daltaí ó 2013 ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge [The lowest percentage of pupils attending Irish-medium schools since 2013]. *Tuairisc.ie*. <https://tuairisc.ie/an-ceatadan-is-lu-daltai-o-2013-ag-freastal-ar-scoileanna-lan-ghaeilge/>
- Ó Ciosáin, S. (1988). Language planning and Irish: 1965–74. *Language, Culture and Curriculum*, 1(3), 263–279. <https://doi.org/10.1080/07908318809525045>
- Ó Cuív, B. (1951). *Irish dialects and Irish-speaking districts*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Dochartaigh, C. (1992). The Irish language. In D. MacAuley (Eag.), *The Celtic languages* (lgh. 11–99). Cambridge University Press.
- Ó Dochartaigh, C. (2006). Ireland, Republic of: Language situation. In K. Brown (Eag.), *Encyclopedia of language and linguistics*, Vol 6 (2nd ed., p. 24). Elsevier Science. <https://doi.org/10.1016/b0-08-044854-2/01803-4>
